

**An Ghaeilge sna Bunscoileanna:
Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in
Inniúlacht**

**An Ghaeilge sna Bunscoileanna:
Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha
in Inniúlacht**

John Harris

COLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA CLIATH

Patrick Forde

An Foras Taighde ar Oideachas

Peter Archer

An Foras Taighde ar Oideachas

Siobhán Nic Fhearaile

Institiúid Teangeolaíochta Éireann

Mary O’Gorman

An Foras Taighde ar Oideachas

17 Samhain 05

CLÁR

	Liosta de na Táblaí agus Fíoracha.....
	Buíochas
Caibidil 1	Réamhrá
	Inniúlacht sa Ghaeilge i ngnáthscoileanna
	Fachtóirí a bhaineann le hinniúlacht sa Ghaeilge i ngnáthscoileanna
	Inniúlacht i scoileanna Lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta
	Staidéir ar inniúlacht in ábhair seachas Gaeilge.....
	Conclúid
Caibidil 2	Nósanna Imeachta an tSuirbhé
	Ionstraimí.....
	Pobail agus samplaí
	Nósanna imeachta d’obair allamuigh
	Rátaí freagartha
	Ualaí samplála
	Anailís ar na sonraí.....
	Gnéithe de shuirbhé agus de shampla 1985
	Conclúid
Caibidil 3	Inniúlacht Éisteachta na Gaeilge.....
	Tuairisc agus athbhreithniú ar Thriail Éisteachta na Gaeilge.....
	Inniúlacht Éisteachta na Gaeilge
	Fás ar an bpobal Lán-Ghaeilge agus meath ar inniúlacht gnáthscoileanna
	Conclúid
Caibidil 4	Inniúlacht Labhartha na Gaeilge
	Tuairisc agus athbhreithniú ar Thriail Labhartha na Gaeilge.....
	Labhairt na Gaeilge: Máistreacht, dul chun cinn íosta agus teip i 1985 agus 2002.....
	Daltaí le leibhéal an-ísle inniúlachta i nGaeilge: Sainmhínithe agus meastacháin
	Conclúid
Caibidil 5	Inniúlacht Léitheoireachta na Gaeilge
	Forbairt na trialach
	Torthaí
	Tuairisc ar inniúlacht
	Dáileadh na scór scoile.....

	Conclúid
Caibidil 6	Na Gaoil idir Príomhathróa agus Inniúlacht sa Ghaeilge
	Na Príomhathróa.....
	An Modh Anailíse
	Torthaí
	Conclúid
Caibidil 7	Tuairimí agus Cleachtais Mhúinteoirí agus Tuismitheoirí.....
	Tuairimí agus cleachtais Mhúinteoirí.....
	Tuairimí agus cleachtais Tuismitheoirí
	Conclúid
Caibidil 8	Conclúidí agus Moltaí (John Harris).....
	Scoileanna Lán-Ghaeilge.....
	Scoileanna Gaeltachta
	Gnáthscoileanna
	An tábhacht i dtaca le cothabháil oideachais agus teanga de
	Cad ba chúis leis an meath in inniúlacht na Gaeilge?
	Moltaí
Tagairtí

LIOSTA DE NA TÁBLAÍ AGUS FÍORACHA

TÁBLAÍ

Tábla 1.1	Measúnuithe idirnáisiúnta ar inniúlacht a raibh baint ag Éirinn leo (1990-2000).....
Tábla 2.1	An líon scoileanna agus daltaí sa phobal gnáthscoileanna, an líon scoileanna sa sampla, agus an líon measta agus na céatadáin mheasta de scoileanna agus daltaí sa sampla deartha gnáthscoileanna de réir strataim.....
Tábla 2.2	An líon scoileanna agus daltaí sa phobal scoileanna lán-Ghaeilge, an líon scoileanna sa sampla, agus an líon measta agus na céatadáin mheasta de scoileanna agus daltaí sa sampla deartha scoileanna lán-Ghaeilge de réir strataim.....
Tábla 2.3	An líon scoileanna agus daltaí sa phobal scoileanna Gaeltachta, an líon scoileanna sa sampla, agus an líon measta agus na céatadáin mheasta de scoileanna agus daltaí sa sampla deartha scoileanna Gaeltachta de réir strataim.....
Tábla 2.4	An líon scoileanna sa sampla, an líon daltaí i scoileanna roghnaithe sa sampla lúide an líon díolúintí oifigiúla, agus an céatadán den phobal daltaí sa sampla.....
Tábla 2.5	An líon daltaí san fhoshampla deartha agus sprice agus an líon daltaí san fhoshampla sprice a rinne Triail Labhartha na Gaeilge mar chéatadán den líon daltaí sa phobal.
Tábla 2.6	Rátaí freagartha i ngnáthscoileanna maidir le trialacha inniúlachta na Gaeilge agus ceistneoirí daltaí agus tuismitheoirí....
Tábla 2.7	Rátaí freagartha i scoileanna lán-Ghaeilge maidir le trialacha inniúlachta na Gaeilge agus ceistneoirí daltaí agus tuismitheoirí....
Tábla 2.8	Rátaí freagartha i scoileanna Gaeltachta maidir le trialacha inniúlachta na Gaeilge agus ceistneoirí daltaí agus tuismitheoirí....
Tábla 3.1	Liosta de na cuspóirí ar Thriail Éisteachta na Gaeilge agus an líon míreanna a úsáideadh i ngach triail.....
Tábla 3.2	An mheándifríocht céatadáin i ndeacracht míre i ngnáthscoileanna idir 1985 agus 2002.....
Tábla 3.3	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.....
Tábla 3.4	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.
Tábla 3.5	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna ar theip orthu i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Tábla 3.6	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.....
Tábla 3.7	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.
Tábla 3.8	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge ar theip orthu i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.....
Tábla 3.9	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.....
Tábla 3.10	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.
Tábla 3.11	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta ar theip orthu i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.
Tábla 3.12	Na meán-lomscóir de dhaltáí i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002 i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta.
Tábla 3.13	An meán teagaisc i scoileanna de réir an líon scoileanna agus an líon daltaí i ngach catagóir scoileanna
Tábla 3.14	Samhail hipitéiseach den éifeacht ar scóir Thriail Éisteachta na Gaeilge i ngnáthscoileanna i 2002 dá dtabharfaí isteach an athuair na daltaí ard-chumasacha Gaeilge a ‘cailleadh’ chuig scoileanna lán-Ghaeilge sa tréimhse ó 1985.....
Tábla 4.1	Liosta de na cuspóirí ar Thriail Labhartha na Gaeilge agus an líon míreanna a úsáideadh i ngach triail.....
Tábla 4.2	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.....
Tábla 4.3	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.....
Tábla 4.4	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna ar theip orthu i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.....
Table 4.5	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.....
Tábla 4.6	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.
Tábla 4.7	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge ar theip

	orthu i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.
Tábla 4.8	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002
Tábla 4.9	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.
Tábla 4.10	An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta ar theip orthu i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.....
Tábla 4.11	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna i 2002 a bhain máistreacht amach, a rinne dul chun cinn íosta agus ar theip orthu sna cuspóirí <i>Líofacht inste</i> agus <i>Cumarsáid</i> , agus an céatadán de dhaltáí a theip sa dá chuspóir.
Tábla 4.12	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna i 1985 a bhain máistreacht amach, a rinne dul chun cinn íosta agus ar theip orthu na cuspóirí <i>Líofacht inste</i> agus <i>Cumarsáid</i> , agus an céatadán de dhaltáí ar theip orthu sa dá chuspóir.
Tábla 4.13	An céatadán de dhaltáí i ngnáthscoileanna i 1985 agus 2002 ar <i>theip</i> orthu sna cuspóirí <i>Líofacht inste</i> agus <i>Cumarsáid</i> araon.
Tábla 4.14	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna i 2002 a fuair rátáil de 1, 2, 3, 4 nó 5 ar naoi dtopaic (an chéad naoi mír) ar an gcuspóir rang a dó <i>Cumarsáid</i>
Tábla 4.15	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna i 1985 a fuair rátáil de 1, 2, 3, 4 nó 5 ar naoi dtopaic (an chéad naoi mír) i gcuspóir rang a dó <i>Cumarsáid</i>
Tábla 4.16	Comparáid idir an céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a fuair rátáil de 1 ar naoi dtopaic (an chéad naoi mír) i gcuspóir rang a dó <i>Cumarsáid</i>
Tábla 4.17	An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna i 1985 agus 2002 a fuair rátáil sheasta íseal ar naoi dtopaic (an chéad naoi mír) a úsáideadh chun an cuspóir rang a dó <i>Cumarsáid</i> a thástáil...
Tábla 5.1	An meánchéatadán ceart, earráidí caighdeánacha, diallais chaighdeánacha agus comhéifeachtaí iontaofachta Alfa do Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O) agus Nasc25 do ghnáthscoileanna.
Tábla 5.2	Meánchéatadán ceart, meánráta neamhfhreagartha agus an céatadán a fuair náid ar Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O) i ngnáthscoileanna de réir fhormáid ceiste agus inscne daltaí
Tábla 5.3	Scóir i dhá mhéadrach ag cúig phointe cóimheasa ar Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O) do ghnáthscoileanna
Tábla 5.4	An meánchéatadán ceart, earráidí caighdeánacha agus diallais chaighdeánacha do Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (G) agus Nasc25 do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta.
Table 5.5	An meánchéatadán ceart, earráidí caighdeánacha agus diallais

	chaighdeánacha do Thriail Léamhtuisceana na Gaeilge (G) ag baint úsáide as méadrach scór scála IRT do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta.....
Tábla 5.6	Scóir scála ag cúig phointe cóimheasa do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta ar Thriail Léamhtuisceana na Gaeilge (G).....
Tábla 5.7	Céatadán den athraitheas iomlán sa Triail Léamhtuisceana Gaeilge atá idir na scoileanna i ngach ceann de na trí shampla.....
Tábla 6.1	Achoimre ar thorthaí trialacha suntasacha ar na difríochtaí sa mheán-inniúlacht in Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht na Gaeilge i ndáil le cúig athróg i dtrí phobal (gnáthscoileanna, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta).....
Tábla 6.2	Achoimre ar thorthaí trialacha suntasacha ar na difríochtaí sa mheánchéatadán de scór ceart ar bhearta in inniúlacht Gaeilge (Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht) a bhain le cúig phríomhathróg leibhéal scoile i ngnáthscoileanna.
Tábla 6.3	Na meáin, diallais chaighdeánacha agus earráidí caighdeánacha do thrialacha Éisteachta na Gaeilge, Labhartha na Gaeilge agus Léitheoireachta na Gaeilge i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta.....
Tábla 6.4	Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir iinscne.....
Tábla 6.5	Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus an mheándifríocht scóir de réir inscne.
Tábla 6.6	Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an mheándifríocht scóir de réir inscne.
Tábla 6.7	Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir leibhéal oideachais na dtuismitheoirí.
Tábla 6.8	Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus an mheándifríocht scóir de réir leibhéal oideachais na dtuismitheoirí.....
Tábla 6.9	Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an mheándifríocht scóir de réir leibhéal oideachais na dtuismitheoirí.....
Tábla 6.10	Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir cárta leighis.
Tábla 6.11	Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus an mheándifríocht scóir de réir cárta leighis.....
Tábla 6.12	Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an mheándifríocht scóir de réir cárta leighis.....

- Tábla 6.13 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir chumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt.....
- Tábla 6.14 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus an mheándifríocht scóir de réir chumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt.....
- Tábla 6.15 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an mheándifríocht scóir de réir chumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt.
- Tábla 6.16 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir a mhinice a úsáidtear Gaeilge leis an leanbh.
- Tábla 6.17 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus an mheándifríocht scóir de réir a mhinice a úsáidtear Gaeilge leis an leanbh.
- Tábla 6.18 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an mheándifríocht scóir de réir a mhinice a úsáidtear Gaeilge leis an leanbh.....
- Tábla 6.19 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir réigiúin.
- Tábla 6.20 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir mhéid na scoile.....
- Tábla 6.21 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir chomhdhéanamh inscne na scoile.
- Tábla 6.22 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir shuíomh na scoile.
- Tábla 6.23 Meánscóir d'Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an mheándifríocht scóir de réir ainmniú na scoile mar scoil faoi mhíbhuntáiste.....
- Tábla 7.1 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta de réir dhearcadh a múinteora féin i leith na Gaeilge.....
- Tábla 7.2 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta de réir chaighdeán Gaeilge labhartha a múinteora féin
- Tábla 7.3 An céatadán de dhaltáí i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta de réir leagan teanga na gCeistneoirí do na Tuismitheoirí agus don Mhúinteoir a roghnaigh na tuismitheoirí agus na múinteoirí.....
- Tábla 7.4 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir dhearcadh a múinteoirí féin i leith Gaeilge a bheith á múineadh i mbunscoileanna: Comparáid idir 1985 agus 2002.
- Tábla 7.5 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir an

- tsásaimh a bhaineann a múinteoir féin as Gaeilge a mhúineadh: 1985 agus 2002
- Tábla 7.6 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir dhearcadh a múinteoirí féin i leith an méid ama a chaitear ar an nGaeilge ina scoil: 1985 agus 2002.
- Tábla 7.7 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir mheasúnú a múinteoirí féin ar thuairim fhormhór na dtuismitheoirí maidir leis an méid ama a chaitear ar mhúineadh na Gaeilge: 1985 agus 2002.
- Tábla 7.8 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir na bhfachtóirí is mó a dhéanann difear don bhéim a chuireann a múinteoir ar an nGaeilge tríd is tríd sa seomra ranga: 1985 agus 2002.....
- Tábla 7.9 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a múintear ábhair eile, seachas Gaeilge, dóibh trí Ghaeilge ar feadh roinnt ama gach seachtain, nó nach ndéantar sin ar chor ar bith: 1985 agus 2002.....
- Tábla 7.10 An céatadán de dhaltáí rang a sé de réir mheasúnú a múinteoirí féin ar chaighdeán ginearálta oilteacht labhartha na ndaltaí i nGaeilge in imeacht thréimhse 15 bliana: Gnáthscoileanna, scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta.....
- Tábla 7.11 An céatadán de dhaltáí rang a sé de réir mheasúnú a múinteoirí féin ar chaighdeán ginearálta léitheoireachta na ndaltaí i nGaeilge in imeacht thréimhse 15 bliana: Gnáthscoileanna, scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta.....
- Tábla 7.12 An céatadán de thuismitheoirí i dtrí phobal scoileanna de réir a ndearcaidh ghinearálta i leith na Gaeilge anois.....
- Tábla 7.13 An céatadán de thuismitheoirí i dtrí phobal scoileanna de réir a gcumas féin-mheasta i labhairt na Gaeilge.
- Tábla 7.14 An céatadán de thuismitheoirí (freagróra) i dtrí phobal scoileanna de réir a mhinice a labhraíonn siad Gaeilge lena leanbh.
- Tábla 7.15 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir dhearcadh a dtuismitheoirí agus a múinteoirí i leith Gaeilge a bheith á múineadh i mbunscoileanna.
- Tábla 7.16 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna (2002) de réir thuairim a múinteoirí agus a dtuismitheoirí i leith an méid ama a chaitear ar an nGaeilge sa scoil.
- Tábla 7.17 An céatadán de thuismitheoirí i dtrí phobal scoileanna de réir na slí a mothaíonn a leanbh tríd is tríd faoi staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa scoil.
- Tábla 7.18 An céatadán de thuismitheoirí i dtrí phobal scoileanna de réir an dearcadh ghinearálta i leith na Gaeilge a fhéachann siad a spreagadh ina leanbh.
- Tábla 7.19 An céatadán de thuismitheoirí i ngnáthscoileanna de réir chomh minic a mholann siad inniúlachtaí scoile a linbh in ábhair dhifriúla.....
- Tábla 7.20 An céatadán de thuismitheoirí i dtrí phobal scoileanna de réir a

	dheacra a bhíonn ábhair dhifriúla dá leanbh.
Tábla 7.21	An céatadán de thuismitheoirí i scoileanna Gaeltachta de réir “an bhfaigheann siad deontas faoi <i>Scéim Labhairt na Gaeilge</i> agus a gcumas féin Gaeilge a labhairt”.
Tábla 7.22	An céatadán de thuismitheoirí i scoileanna Gaeltachta de réian bhfaigheann siad deontas faoi <i>Scéim Labhairt na Gaeilge</i> agus a mhinice a labhraíonn siad Gaeilge lena leanbh”
Tábla 7.23	Meánscóir d’Éisteacht na Gaeilge, Labhairt na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge do dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an mheándifríocht scóir de réir dheontas <i>Scéim Labhairt na Gaeilge</i> a fháil.
Tábla 7.24	An céatadán de dhaltáí Gaeltachta i ranganna throllach deontais agus i ranganna mhionlach deontais agus céatadán na ranganna throllach deontais/ mhionlach deontais.
Tábla 7.25	An céatadán de dhaltáí Gaeltachta a mhúintear go hiomlán trí <i>Ghaeilge</i> i ranganna throllach deontais agus i ranganna mhionlach deontais.
Tábla 7.26	An céatadán de dhaltáí Gaeltachta a mhúintear go hiomlán trí <i>Bhéarla</i> i ranganna throllach deontais agus i ranganna mhionlach deontais.

FÍORACHA

Fíor 2.1	Foirmlí chun ualaí samplála a ríomh.
Fíor 3.1	Céatadán de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéil dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir <i>Idirdhealú fuaimneanna</i>
Fíor 3.2	Céatadán de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéil dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir <i>Foclóir éisteachta</i>
Fíor 3.3	Céatadán de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéil dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir <i>Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha</i>
Fíor 3.4	Céatadán de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéil dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir <i>Cruinnathint dheilbhíocht na mbriathra san éisteacht</i>
Fíor 4.1	Céatadán de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéil dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir rang a dó <i>Cumarsáid</i>
Fíor 4.2	Céatadán de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéil dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir <i>Líofacht inste</i>
Fíor 4.3	Céatadán de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéil dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir <i>Foclóir cainte</i>
Fíor 4.4	Céatadán de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéil dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir <i>Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint</i>
Fíor 5.1	Téacs ó fhothriail shamplach de Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O).

Liosta de na Táblaí agus Fíoracha

Fíor 5.2	Seacht gceist ón bhfothriail shamplach de Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O).....
Fíor 5.3	Téacs ó fhothriail shamplach de Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (G).....
Fíor 5.4	Sé cheist ón bhfothriail shamplach de Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (G).....

BUÍOCHAS

Chuir líon mór daoine leis an taighde ar a bhfuil an tuarascáil seo bunaithe. Táimid faoi chomaoin, go háirithe, ag foireann, daltaí agus tuismitheoirí na 219 scoil a bhí páirteach sa suirbhé, nach bhféadfaí an obair seo a dhéanamh gan a gcomhoibriú lántoilteanach. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh freisin leis na scrúdaitheoirí a thug cuairt ar na scoileanna agus a bhailigh na sonraí ar a bhfuil an staidéar seo bunaithe.

Táimid go mór faoi chomaoin ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta as maoiniú a chur ar fáil don taighde seo. Tá buíochas ar leith ag gabháil do Ghearóid Ó Conluain, Leas-Phríomhchigire, a thacaigh leis an tionscadal gach bealach a d'fhéadfaí. Táimid buíoch do Sheán Ó Floinn, Príomhchigire Cúnta, don Dr Pádraig Ó Conchubhair, Roinnchigire agus don Dr Eoghan Ó Súilleabháin, Roinnchigire as a gcomhairle agus a dtacaíocht minic go leor.

Ba mhaith le húdar sinsearach na tuarascála, an Dr John Harris, buíochas a ghlacadh lena chomhghleacaithe sa Lárionad do Léann Teanga agus Cumarsáide i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a thug an deis go fial dó leanúint ag obair air seo agus ar roinnt tionscadal eile de chuid ITÉ i rith na bliana. Tá buíochas ar leith ag gabháil don Ollamh David Little, Ceann na Scoile Teangeolaíochta, Eolaíochtaí Labhartha agus Cumarsáide. Táimid freisin faoi chomaoin ag ár n-iarchomhghleacaithe in ITÉ, go háirithe an Dr Lelia Murtagh agus Denise O'Leary, a chuir leis an tionscadal ar bhealaí difriúla.

Chuidigh roinnt dár gcomhghleacaithe san Fhoras Taighde ar Oideachas go mór le tiomsú, bainistiú agus anailísiú sonraí. Táimid go mór faoi chomaoin ag Deirdre Stuart a chuir leis an tionscadal ar roinnt bealaí, lena n-áirítear an obair allamuigh a eagrú agus teagmháil a choinneail leis na scoileanna. Thug an Dr David Millar comhairle agus tacaíocht luachmhar maidir le sampláil agus ualúchán agus d'eagraigh John Coyle iontráil sonraí agus próiseáil sonraí. Táimid buíoch freisin as cúnaimh Mary Rohan, Hilary Walshe, Deirdre Hackett agus Aoife Fitzgerald. Mar fhocal scoir, tá buíochas ar leith ag gabháil don Stiúrthóir, an Dr Thomas Kellaghan, as a chomhairle agus a thacaíocht i rith na hoibre.

1. Réamhrá

Ó dheireadh na 1960idí, tá measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar inniúlacht chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht chórais oideachais ag éirí níos coitianta i go leor tíortha, Éire san áireamh. Ní hionann agus cineálacha eile measúnuithe (m.sh. scrúduithe poiblí), ní ar fheidhmíocht na ndaltaí aonair a bhíonn measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta dírithe ach ar fheidhmíocht an chórais ina iomláine. I gcás measúnuithe náisiúnta, is minic spéis ar leith i mbreathnú ar athruithe in inniúlacht in imeacht ama. I gcás measúnuithe idirnáisiúnta, bíonn spéis freisin i gcomparáid a dhéanamh idir inniúlacht i dtíortha difriúla agus i gcórais oideachais dhifriúla.

Baineann an measúnú náisiúnta is ábhar don tuarascáil seo le hinniúlacht sa Ghaeilge i measc daltaí rang a sé i mbunscoileanna¹. Tá sé níos uailmhianaí ná suirbhéanna náisiúnta roimhe seo ar an nGaeilge, sa mhéid gur baineadh úsáid as trí scrúdú oibiachtúla chun Éisteacht na Gaeilge, Labhairt na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge a thomhas i dtrí phobal scoileanna – gnáthscoileanna, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta. Bhí bailiú sonraí ar chúlra teangeolaíochta, sóisialta agus oideachais ó thuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí i gceist sa suirbhé freisin.

Tá torthaí sa tuarascáil seo a bhaineann le hÉisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht na Gaeilge. Chomh maith leis sin, i gcás Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge áit a bhfuil sonraí comparáideacha againn ó 1985, scrúdaímid treochtaí fadtéarmacha in inniúlacht sna trí chineál scoileanna.

Déantar anailís ar an ngaol idir príomhathróa sóisialta, teanga agus oideachais mar aon le hinniúlacht sna trí ghné den Ghaeilge. Bhain sonraí ar roinnt príomhathróa cúlra le tuairimí tuismitheoirí agus múinteoirí agus cuirtear cleachtais i ndáil leis an nGaeilge i láthair agus déanaimid comparáid idir tuairimí na múinteoirí agus tuairimí na dtuismitheoirí nuair is féidir. Scrúdaímid athruithe i ndearcadh múinteoirí i ndáil leis an nGaeilge idir 1985 agus 2002.

Is é an t-údar sinsearach (John Harris) a scríobh an chaibidil deiridh. Cuireann sé na torthaí i gcomhthéacs athbhreithnithe leathan ar na ceisteanna a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ag an mbunleibhéal le fiche bliain anuas. Tá fócas ar leith ar léirmhíniú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le treochtaí fadtéarmacha in inniúlacht in Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge. Tugtar imlíne ar impleachtaí na dtorthaí, i

¹ De ghrá na caoithiúlachta, tagrófar don suirbhé amanna mar SAIL (*Survey of Achievement in the Irish Language* - Suirbhé ar Inniúlacht sa Ghaeilge)

dtéarmaí oideachais agus chothabhála teanga araon, agus déantar moltaí do ghníomh agus do thaighde amach anseo. Mar gheall ar an méid sonraí a cruthaíodh sa suirbhé, tá staidéir iardain ar roinnt gnéithe breise d'inniúlacht na Gaeilge beartaithe.

Tá an chuid eile den chaibidil seo leagtha amach leis an gcomhthéacs oideachais agus teanga a sholáthar don tuarascáil ar an Suirbhé Inniúlachta sa Gaeilge (SIG) trí chur síos a dhéanamh ar thaighde a rinneadh roimhe sin ar inniúlacht sa Ghaeilge; athbhreithniú a dhéanamh ar litríocht maidir le fachtóirí a bhaineann le hinniúlacht sa Ghaeilge, go háirithe, agus sa dara teanga go ginearálta; agus forléargas a thabhairt ar mheasúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta eile a raibh Éire páirteach iontu nó a bhfuil Éire páirteach iontu.

Inniúlacht sa Ghaeilge i ngnáthscoileanna

Is í an phríomhfhoinsé fianaise d'inniúlacht sa Ghaeilge i mbunscoileanna ná sraith de shuirbhéanna náisiúnta a stiúir Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) i ndeireadh na 1970idí agus sna 1980idí (Harris, 1982, 1983, 1984, 1988; Harris & Murtagh, 1988a,b) a léirigh gur bhain thart ar an tríú cuid de dhaltáí i ngnáthscoileanna máistreacht amach i ngach ceann de roinnt cuspóirí curaclaim sa Ghaeilge (Éisteacht agus Labhairt) ag rang a sé, rang a ceathair agus rang a dó. Baineadh úsáid as scrúduithe critéarthagartha, bunaithe ar *Nuachúrsaí*, cúrsaí oifigiúla comhrá closamhairc na Roinne Oideachais sa Ghaeilge do bhunscoileanna (An Roinn Oideachais, 1978). Rinne thart ar an trian eile de dhaltáí 'dul chun cinn íosta ar a laghad' i ndáil le gach ceann de na cuspóirí ag gach rang, ach níor bhain siad máistreacht amach, agus theip ar thart ar an trian fiú dul chun cinn íosta a dhéanamh i ndáil le gach ceann de na cuspóirí ag gach leibhéal ranga.

Ós rud é gur fhan an cion ag gach leibhéal feidhmíochta (máistreacht, dul chun cinn íosta, agus teip) mórán mar a chéile de réir mar a d'éirigh na cuspóirí níos deacra ag ranganna ina dhiaidh sin, glacadh leis gur chiallaigh sé sin go raibh inniúlacht sa Ghaeilge ag fás le linn bhlianta na bunscoile. Léirigh an cion réasúnta beag a bhain máistreacht sna cuspóirí amach ag gach rang, áfach, go raibh bearna an-substaintiúil idir an leibhéal feidhmíochta sa Ghaeilge labhartha, a raibh Nuachúrsaí dírithe air, agus an leibhéal a bhí bainte amach ag formhór na ndaltaí (Harris, 1984). Áitíodh gurbh ann don bhearna go príomha mar gheall ar ionchais feidhmíochta a bhí neamhréalaíoch seachas fachtóirí ar nós múineadh easnamhach nó cúrsaí agus modhanna mí-oiriúnacha. Bhí an chonclúid seo bunaithe ar chomparáidí idir inniúlacht Gaeilge labhartha na ndaltaí a d'fhoghlaim Gaeilge go díreach mar ábhar agus grúpaí éagsúla eile a bhféadfaí cur síos orthu mar ghrúpaí le buntáiste teanga nó oideachais i ndáil leis an nGaeilge m.sh. daltaí i ngnáthscoileanna inar múineadh roinnt gnéithe den churaclam trí Ghaeilge, daltaí i ngnáthscoileanna ar úsáid a dtuismitheoirí roinnt Gaeilge sa bhaile, daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge agus daltaí ó thithe ina labhraítí Béarla sa bhaile ach a bhíodh ag freastal ar scoileanna Gaeltachta (Harris, 1984).

Tá na comharthaí go bhféadfadh aidhmeanna an churaclaim i ndáil leis an nGaeilge labhartha a bheith beagán uailmhianach ag teacht go mór leis na torthaí ó thaighde eile a rinneadh sna 1970idí. Mar shampla, fuarthas amach gur thug daltaí bunscoile ráta níos ísle dóibh féin i nGaeilge agus i Matamaitic ná i mBéarla i gcoibhneas lena gcomhdhaltáí (Kellaghan, Madaus & Airasian, 1982). Thuairisc Kellaghan, Macnamara agus Neuman (1969) níos túisce go mba dhóchúla go mbreithneodh na múinteoirí go mbeadh níos mó deacrachta ag daltaí le Matamaitic agus le Gaeilge go ginearálta ná le Béarla. I staidéar eile, a d'iniúch an bhearna inscne i mbunscoileanna na hÉireann, ba iad na hábhair ba mhinice a cheap múinteoirí go mbeadh gá ag daltaí le cúnaimh breise leo ná Matamaitic agus Gaeilge (An Roinn Oideachais, 1994).

Léirigh sonraí a bailíodh idir 1973 agus 1977, mar chuid de chaighdeánú Scrúduithe Gnóthachtála Dhroim Conrach, go raibh caighdeáin inniúlachta sa Ghaeilge tite beagán i ranganna sinsearacha na bunscoile agus ag an leibéal iar-bhunscoile ach go raibh siad ag coinneáil go maith i ranganna sóisearacha na bunscoile (Greaney, 1978). Tháinig torthaí a bhí mórán mar a chéile ó staidéir eile sna 1970idí agus sna 1980idí,

bunaithe ar thabhairt faoi deara na bpríomhoidí scoile agus na múinteoirí ranga, agus ar ghráid scrúduithe poiblí (Bord na Gaeilge, 1986; Fontes & Kellaghan, 1977; INTO, 1976; Ó Domhnalláin & Ó Gliasáin, 1976; Ó Riagáin, 1982). Deir Harris (1984), ag athbhreithniú na dtrí staidéar bunaithe ar bhreithniú na múinteoirí, tríd is tríd, go léiríonn siad go bhfuil meath réasúnta beag tagtha ar chaighdeán na Gaeilge labhartha nó ar oilteacht ghinearálta sa Ghaeilge sna ranganna sinsearacha ach go léiríonn siad feabhsúchán sna ranganna sóisearacha. Léirigh comparáid idir torthaí shuirbhéanna náisiúnta ITÉ ar inniúlacht sa Ghaeilge i ngnáth-bhunscoileanna i 1978 agus 1985, áfach, méadú beag ach méadú suntasach go staitistiúil ar an gcéatadán de dhaltáí a ghnóthaigh máistreacht i ngach ceann de chuspóirí rang a sé in imeacht tréimhse seacht mbliana (Harris & Murtagh, 1988a).

Fachtóirí a bhaineann le hinniúlacht sa Ghaeilge i ngnáthscoileanna

Taispeánann roinnt staidéar a rinneadh i mbunscoileanna comhcheangail dhearfacha shuntasacha idir inniúlacht sa Ghaeilge, inniúlacht in ábhair eile na scoile agus i gcumas acadúil ginearálta, arna thomhas ag triail réasúnaithe briathartha sa Bhéarla (Fontes, Kellaghan, & O'Brien, 1981; Harris & Murtagh, 1988b; Martin & Kellaghan, 1977). Fuarthas amach go mbíonn comhchoibhneas láidir ag réasúnú briathartha le cruthú go maith sa Ghaeilge i scrúduithe poiblí ag leibhéal iar-bhunoideachais (Greaney & Kellaghan, 1984).

Léirigh staidéir éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin go mbíonn ceangal idir torthaí oideachais, lena n-áirítear inniúlacht sa dara teanga agus dearcadh ina leith, agus cúlra socheacnamaíoch (Burstall, 1975, 1979; Hannan, Smyth, McCullagh, O'Leary, & McMahon, 1996; Harris & Murtagh, 1999; Martin & Kellaghan, 1977; Skehan, 1990; Weir, 2001). Agus léirmhíniú á dhéanamh ar thorthaí den sórt sin, ba chóir a mheabhrú gur minic a dhéantar sainmhíniú ar chúlra socheacnamaíoch ó thaobh stádas gairme na dtuismitheoirí de nó ó thaobh gnéithe eile ar nós seilbh ar chárta leighis. Áitítear, áfach, gurb iad na fachtóirí fíorchriticiúla maidir le cruthú go maith ar scoil ná cinn a bhaineann le hathróa próisis ar nós luachanna tuismitheora, dearcaí agus cleachtais teanga (Kellaghan, Sloane, Alvarez, & Bloom, 1993) agus le cineálacha eile de chaipiteal cultúir (Bourdieu, 1986; Kellaghan, 2001b) ar nós leibhéal oideachais na dtuismitheoirí agus fáil a bheith ar leabhair agus ar acmhainní oideachais eile sa bhaile. De réir staidéir a rinne Harris agus Murtagh (1999) bhí baint shuntasach ag roinnt athróg tuismitheoirí le dearcadh i leith na Gaeilge agus inniúlacht.. Shainaithin suirbhéanna náisiúnta ar chumas Gaeilge agus úsáid na Gaeilge i measc daoine fásta comhcheangail dhearfacha shuntasacha idir cúlra sóisialta agus an cumas Gaeilge a labhairt agus an dearcadh i leith na Gaeilge (CLAR, 1975; Ó Riagáin, 1997).

Is fiú idirdhealú a thabhairt isteach idir Oilteacht Chognaíoch Acadúil Teanga (OCAT) – atá comhdhéanta d'eolas teangeolaíoch agus scileanna liteartha a bhíonn riachtanach d'obair acadúil – agus Scileanna Bunúsacha Cumarsáide Idirphearsanta (SBCI) – na scileanna a bhíonn de dhíth i gcomhair líofachta ó bhéal agus caoithiúlachta sochtheangeolaíochta (Cummins, 1984). Is ó staidéir ar chláir tumoideachais a fhaightear an fhianaise chun tacú le bailíocht an idirdhealaithe go príomha (Genesee, 1976, 1987). Tríd is tríd, is í an fhianaise ná go mbíonn forbairt SBCI réasúnta neamhspleách ar an gcumas ginearálta. I ranganna níos airde sa bhunscoil, áfach, de réir mar a bhíonn cláir ag éirí níos acadúla, agus ag éileamh, dá réir, níos mó ar scileanna

OCAT, bíonn cumas ginearálta ina réamhléiriú níos fearr ar inniúlacht an dara teanga. Tugann Ellis (1994) le tuiscint gur i bhfoghlaim teanga fhoirmiúil (OCAT) is dóchúla go bhfeictear uasfheidhmíocht ag grúpaí socheacnamaíochta níos airde seachas i gcásanna a éilíonn scileanna cumarsáide níos bunúsaí (SBCI).

Léiríonn taighde ar dhifríochtaí inscne in inniúlacht dara teanga go gcruthaíonn cailíní, tríd is tríd, níos fearr ná buachaillí chomh fada agus a bhaineann le scileanna briathartha agus inniúlacht sa dara teanga (Burstall, 1975; Maccoby & Jacklin, 1974). I gcás na Gaeilge, deimhníonn scrúduithe léitheoireachta go ndéanann cailíní níos fearr (Martin & Kellaghan, 1977). Léirigh suirbhéanna ITÉ ar Ghaeilge labhartha go seasta gur bhain níos mó cailíní ná buachaillí máistreacht amach i gcás cuspóirí rang-ghaolmhara in Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1988a, 1999). Ag rang a sé, mar shampla, ba 8.1% an difríocht idir an meánchéatadán buachaillí agus cailíní a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir labhartha agus éisteachta a scrúdaíodh i 1978 (Harris, 1984). Taispeánann staitisticí scrúduithe a foilsíodh do na trí bliana 1999/2000, 2000/2001 agus 2001/2002 freisin go gcruthaíonn cailíní níos fearr ná buachaillí go rialta i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2001, 2002, 2003). Roghnaíonn níos mó cailíní ná buachaillí páipéir ardleibhéil, faigheann níos mó cailíní Gráid A, B agus C, agus is lú an líon cailíní a fhaigheann gráid níos ísle ná D.

Thaispeáin an staidéar a luadh níos túisce ina ndearnadh iniúchadh ar dhifríochtaí inscne (An Roinn Oideachais, 1994) go bhfacthas do mhúinteoirí rang a sé i scoileanna measctha gur theastaigh cúnaimh leis an nGaeilge níos minice ó bhuachaillí ná ó chailíní: dúirt 76% de na múinteoirí gur theastaigh cúnaimh breise sa Ghaeilge ó chailíní, ach dúirt 94% gur theastaigh cúnaimh ó bhuachaillí. Léirigh roinnt staidéar difríochtaí inscne i ndearcaí i leith an dara teanga a fhoghlaim (Burstall, 1975; Gardner & Lambert, 1972; Pritchard, 1987). Tríd is tríd, léiríonn na torthaí gur mó an claonadh atá i gcailíní ná i mbuachaillí teanga iasachta a fhoghlaim. Tá baint ag inscne freisin le dearcadh i leith fhoghlaim na Gaeilge. Thug staidéar ar dhaltaí meánscoile i gCathair agus i gContae Chorcaí ar aird gur mó an luí a bhí ag cailíní le foghlaim na Gaeilge ná mar a bhí ag buachaillí (Ó Fathaigh, 1991). Thaispeáin staidéar ar dhaltaí rang a sé i 20 bunscoil ar fud na tíre freisin go bhfuil dearcadh/móitivéisean foriomlán na gcailíní i leith na Gaeilge níos dearfaí go suntasach ná dearcadh/móitivéisean na mbuachaillí (Harris & Murtagh, 1999).

Fuarthas go bhfuil baint ag fachtóirí réigiúnacha/suímh freisin le hinniúlacht. Sa suirbhé i 1978 ar dhaltaí rang a sé maidir le Gaeilge labhartha, thuairisc Harris (1983) go raibh leibhéil inniúlachta Gaeilge a bhí go suntasach níos ísle i réigiún Bhaile Átha Cliath ná i ranganna i réigiúin/áiteanna eile; is fearr ar an iomlán a bhí ranganna i gCúige Mumhan. Chomh maith leis sin, bhí inniúlacht níos airde i ranganna faoin tuath, agus bhí inniúlacht níos ísle i suímh chathracha, ná ranganna eile. Bhí leibhéil inniúlachta a bhí go suntasach níos airde freisin i gcásanna rang a sé a raibh líon beag daltaí iontu.

Tá na deiseanna do leanaí lasmuigh den Ghaeltacht le Gaeilge a úsáid sa bhaile sách teoranta mar is léir ó thorthaí suirbhé náisiúnta ar theangacha in Éirinn i dtús na 1990idí. Tugann torthaí an tsuirbhé sin le tuiscint nach labhraítear Gaeilge riamh in os cionn dhá thrian de thithe na hÉireann (Ó Riagáin & Ó Glasáin, 1994). Mar sin féin, tá léirithe ag suirbhéanna éagsúla de chuid ITÉ go mbíonn éifeachtaí dearfacha

suntasacha ag fiú úsáid mheasartha na Gaeilge sa bhaile ar inniúlacht an dalta sa teanga (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1988a,b, 1999).

Tá fianaise ann go bhfuil comhcheangal idir úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc lasmuigh den cheacht teanga féin agus inniúlacht mhéadaithe. Gan bacadh leis na leibhéil arda inniúlachta a bhíonn i mbunscoileanna lán-Ghaeilge (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1988a), fuarthas amach go raibh leibhéil an-arda d'inniúlacht Gaeilge ag daltaí i ngnáthscoileanna ina raibh roinnt teagaisc ar a laghad trí mheán na Gaeilge i gcomparáid lena raibh ag daltaí i scoileanna nach raibh an Ghaeilge á húsáid beag ná mór mar mheán teagaisc lasmuigh den cheacht Gaeilge féin. I suirbhé rang a sé a rinne ITÉ i 1978, mar shampla, tháinig úsáid a bhaint as roinnt teagaisc trí mheán na Gaeilge i ngnáthscoileanna chun cinn mar réamhléiriú láidir ar inniúlacht sa Ghaeilge labhartha (Harris, 1983). Fuarthas torthaí den sórt céanna i staidéar rang a sé an ITÉ i 1985: bhí an méanchéatadán iomlán de dhaltaí i ngnáthscoileanna a bhain máistreacht amach i gcuspóirí rang a sé difriúil go substaintiúil ag brath ar an méid teagaisc trí mheán na Gaeilge a fuarthas: gan aon teagasc trí mheán na Gaeilge (30.4%, ar an meán, máistreacht i ngach cuspóir); níos lú ná uair an chloig de theagasc trí mheán na Gaeilge sa tseachtain (36.1%, ar an meán, máistreacht i ngach cuspóir); uair an chloig nó níos mó de theagasc den sórt sin (48.7%, ar an meán, máistreacht i ngach cuspóir) (Harris & Murtagh, 1988b; 1999).

Staidéar an Fiche Rang

Tabharfar tuairisc níos mine ar *Staidéar an Fiche Rang* (Harris & Murtagh, 1999) ná ar chuid de na staidéir níos túisce ar dhá chúis: (1) scrúdaíodh an gaol idir réimse mór athróg a bhain leis an nGaeilge sa bhunscoil in aon staidéar amháin agus (2) rinneadh roinnt ionstraimí ón staidéar a oiriúnú do shuirbhé SIG 2002. Cé go raibh gné náisiúnta ag baint le *Staidéar an Fiche Rang*, ní raibh sé bunaithe ar shamplaí a bhí ionadaíoch go náisiúnta. Tugann suirbhé SIG an deis a chruthú an bhfuil cuid de phríomhthorthaí an staidéir a rinneadh níos luaithe fós slán ag leibhéal náisiúnta.

Is Cigirí Bunscoile de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a rinne an obair allamuigh do *Staidéar an Fiche Rang*. Bhí dhá phríomhaidhm leis an staidéar:

1. Tuairisc a thabhairt ar an réimse coinníollacha faoina múintear agus faoina bhfoghlaímítear Gaeilge labhartha ag leibhéal rang a sé trí staidéar a dhéanamh ar líon beag ranganna éagsúla; atá inchurtha go dlúth leis an gcaoi a bhfuil an scéal go náisiúnta
2. Tuairisc a thabhairt ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge sa ghrúpa beag ranganna seo go mion, agus ó roinnt dearcaí difriúla.

B'éigean roinnt ionstraimí agus nósanna imeachta breathnaithe seomra ranga a fhorbairt don staidéar. Sholáthair ionstraim amháin díobh sin tomhas ar ghnéithe difriúla de dhearcaí na ndaltaí ar an nGaeilge agus a spéis i bhfoghlaim na Gaeilge agus teangacha iasachta. D'imscrúdaigh ceann eile dearcadh na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge chomh maith le cleachtais na scoile agus na dtuismitheoirí féin i ndáil le nithe ar nós inniúlacht a leanaí sa Ghaeilge a mholadh agus cabhrú le hobair bhaile Gaeilge. Rinneadh measúnú ar inniúlacht gach dalta i nGaeilge, idir éisteacht agus labhairt, ag baint úsáide as trialacha critéarthagartha ITÉ a bhfuil tagairt thuas dóibh.

Chomh maith leis sin, forbraíodh dhá ionstraim bhreathnadóireachta ranga a chuir ar chumas na gcigirí, le comhaontú an mhúinteora, gníomhaíochtaí, ábhair agus dinimicí

gnáthcheachtanna Gaeilge a thaifeadh. D'oibrigh beirt chigirí taobh le taobh, ach go neamhspleách ar a chéile, i ngach seomra ranga. Thaifead duine díobh gníomhaíochtaí agus próisis an cheachta féin, lena n-áirítear athruithe i spéis ghinearálta an ranga agus aird an ranga de réir mar a nochtadh codanna éagsúla den cheacht. Bhain an cigire eile úsáid as ionstraim bhreathnadóireachta dhifriúil chun iompar ginearálta, rannpháirtíocht agus úsáid teanga thriúr daltaí réamhroghnaithe a rangú. Rinneadh taifeadh clostéipe ar gach ceacht ionas go bhféadfaí é a athscrúdú níos deireanaí chun faisnéis bhreise a fháil agus, dá mba ghá, cuid den chódú a cheartú.

Thaispeáin na torthaí gur bhain an inniúlacht i nGaeilge go mór le raon mór athróg múinte, dearcadh/móitivéisean daltaí agus tuismitheoirí, a bhfuil go leor díobh luaite thíos.

Roinnt torthaí ón staidéar

Dearcadh/móitivéisean na nDaltaí

Bhí bá réasúnta maith ag na daltaí leis an nGaeilge féin agus i dtreo an smaoinimh bheith lánpháirteach sa 'ghrúpa' labhartha Gaeilge. Ach ní raibh móitivéisean, i bhfocail eile, tiomantas d'fhoghlaim na Gaeilge, chomh dearfach. Is fearr a d'éirigh le daltaí a raibh móitivéisean agus dearcadh maith acu i bhfoghlaim na Gaeilge. Sa bhreis air sin, bhí an claonadh i ndaltaí gan mórán misnigh a bheith acu as a gcumas féin sa Ghaeilge i gcomparáid lena dtuiscint féin i ndáil le hábhair eile. Bhí mionlach substaintiúil míshuaimhneach faoi Ghaeilge a labhairt sa rang. Níor chreid mionlach substaintiúil go raibh tacaíocht agus spreagadh a dtuismitheoirí acu i bhfoghlaim na Gaeilge. Sa chás go raibh spreagadh tuismitheoirí ann, bhí éifeacht dhearfach láidir aige ar *inniúlacht* an dalta sa Ghaeilge agus éifeacht níos láidre fós aige ar *dhearcadh móitivéisean* na ndaltaí Gaeilge a fhoghlaim.

Thug anailís ar shonraí ó cheistneoir a riaradh ar na daltaí léargas ar a bhfreagairt ar na ceachtanna agus na cúrsaí Gaeilge ina bhfocail féin. Tríd is tríd, mheas na daltaí go raibh an ceacht Gaeilge agus na hábhair leadránach, seanfhaiseanta agus lán d'athrá. Is éard a thaitneodh leo ná ceachtanna agus cúrsaí a bheadh níos nua-aimseartha, a mbeadh níos mó spraoi ag baint leo agus a bheadh níos réalaíche agus a chuirfeadh níos mó béime ar chomhráite agus ar chluichí. Anuas air sin, bhí daltaí i ranganna a raibh leibhéal ísle inniúlachta Gaeilge acu ag gearán faoi dheacracht leis an gceacht nó an múinteoir a thuiscint agus léirigh siad fuarchúis agus drochmhisneach i leith fhoghlaim na Gaeilge.

Tuairimí agus cleachtais tuismitheoirí.

Bhí tuismitheoirí dearfach go ginearálta faoin nGaeilge agus thacaigh siad leis an smaoineamh go mbeadh an teanga á múineadh dá leanaí ar scoil. I gcleachtas, áfach, is dearcadh patuar a bhíonn ag go leor acu i dtaobh an *fhiontair* iarbhír, sin na leanaí a bheith ag foghlaim Gaeilge. Mar shampla, níor chuir tromlach na dtuismitheoirí dearcadh dearfach i leith fhoghlaim na Gaeilge chun cinn go díreach; ba lú an seans go molfaidís inniúlacht a linbh sa Ghaeilge ná go molfaidís inniúlachtaí in ábhair eile; agus ba lú an seans go gcabhródh siad leis an obair bhaile i nGaeilge ná in ábhair eile. Ní raibh a fhios ag an gceathrú cuid de na tuismitheoirí aon rud faoin tslí a múineadh an Ghaeilge agus bhí leath eile díobh nach raibh a fhios acu ach 'beagáinín' faoi. Bhí na tuismitheoirí sásta go ginearálta le dícheall na scoile áitiúla i leith na Gaeilge.

Scrúdaítear go leor de na saincheisteanna sin sa suirbhé a bhfuil tuairisc anseo air, tugtar deis a fheiceáil an bhfuil dearcaí agus cleachtais den sórt céanna i samplaí atá ionadaíoch ar bhonn náisiúnta.

Breathnuithe díreacha ar mhúineadh na Gaeilge ag Cigirí.

Déanann an staidéar bailíochtú ar an gclaonadh ginearálta faoi mhúineadh na Gaeilge a moladh i gCuraclam na Bunscoile (CNCM, 1999a,b). Chruthaigh ranganna inar cuireadh níos mó béime ar chumarsáid níos fearr ar bhealaí éagsúla ná ranganna nach raibh an claonadh céanna chun na cumarsáide iontu: bhí inniúlacht níos airde acu sa Ghaeilge, léirigh na daltaí leibhéil níos airde maidir le haird agus spéis i rith na gceachtanna agus thuairisc siad leibhéil níos ísle míshuaimhnis faoi labhairt as a stuaim féin sa rang. I gcodarsnacht leis sin, torthaí a bhí diúltach i gcoitinne a bhí comhcheangailte le gníomhaíochtaí traidisiúnta cleachtais teanga (neamhchumarsáideach) ar nós ‘Druileanna’ nó gníomhaíochtaí bunaithe ar athrá.

Léirigh breathnuithe na gCigirí freisin go raibh an claonadh i ranganna inar chaith daltaí go leor ama ar ghnáthléitheoireacht os ard (cineál chleachtadh teanga) inniúlacht níos ísle a bhaint amach i nGaeilge labhartha agus dearcadh níos diúltaí a bheith acu i leith na Gaeilge. Chomh maith leis sin, nuair a caitheadh go leor ama ar ghnáthléitheoireacht os ard, bhí an claonadh sna daltaí leibhéil níos mó míshuaimhnis a léiriú faoin gceacht Gaeilge agus léirigh siad leibhéil níos ísle maidir le haird agus spéis sa cheacht.

Rannpháirtíocht na ndaltaí sa rang Gaeilge.

Léirigh breathnú ag na Cigirí ar dhaltaí *aonair* i ngach rang gurb éard a bhí i thart ar leath ‘d’iompar’ na ndaltaí go léir le linn an cheacht Gaeilge ná an dalta ag labhairt in a (h)aonar i nGaeilge i 91% de na cásanna. Thaispeáin na torthaí sin freisin (i) nach ndearna an dalta caint go minic i gcomhthéacs fíorchumarsáide nó ionramháil brí, (ii) gur annaimhe a labhair daltaí a raibh leibhéil níos ísle cumais Ghaeilge acu ná daltaí eile, (iii) nuair a bhí daltaí le leibhéil ísle cumais Ghaeilge ina dtost, gur lú aird a bhí acu ar an gceacht ná daltaí leibhéil ardchumais a d’fhan ina dtost, agus (iv) gur minice a labhair daltaí agus gur labhair siad ar feadh tréimhsí níos faide i ranganna a chuir béim ar ghníomhaíochtaí múinte cumarsáideacha.

Inniúlacht i scoileanna Lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta

Bhí ár bpríomhfhócas go dtí seo ar inniúlacht na Gaeilge i ngnáthscoileanna agus ar na fachtóirí a bhfuil baint acu leis an inniúlacht sin. Tabharfaimid ár n-aghaidh anois go hachomair ar inniúlacht i scoileanna Lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta. Tugann sonraí a bhailigh ITÉ i 1982 (rang a dó) agus 1985 (rang a sé) fianaise ar inniúlacht sa Ghaeilge labhartha i ngach ceann de na trí phobal scoileanna: gnáthscoileanna, scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1987, 1988a). Thaispeáin na torthaí i gcás gach cuspóra i Labhairt agus in Éisteacht na Gaeilge a tástáladh go raibh an céatadán is airde daltaí a bhaineann máistreacht amach i gcónaí i scoileanna lán-Ghaeilge, an dara leibhéal is airde i scoileanna Gaeltachta agus an leibhéal is ísle i ngnáthscoileanna. I rang a dó, mar shampla, is éard a bhí sa mheánchéatadán de dhaltaí a bhain máistreacht amach i ngach ceann de na deich gcuspóir labhartha agus éisteachta ná 83.8% i scoileanna lán-Ghaeilge, 57.9% i scoileanna Gaeltachta agus 31.1 % i ngnáthscoileanna.

Tá cúiseanna casta leis an bhfeidhmíocht shubstaintiúil níos ísle ar an iomlán i measc scoileanna Gaeltachta i gcomparáid le scoileanna lán-Ghaeilge agus déanann Harris (1984) roinnt mhaith plé orthu i ndáil le rang a dó. I measc na bhfachtóirí atá i gceist tá (i) an cion substaintiúil (45.8%) de dhaltáí ó thithe ina labhraítear Béarla amháin i scoileanna Gaeltachta ag an am agus (ii) nach raibh daltaí le Béarla amháin i scoileanna Gaeltachta baol ar chomh maith le daltaí le Béarla amháin i scoileanna lán-Ghaeilge ó thaobh inniúlacht a bhaint amach sa Ghaeilge labhartha. Is é an míniú a bhí ar an staid seogo príomha, a áitíodh, ná an gaol idir teanga an bhaile agus an meán teagaisc i scoileanna Gaeltachta. Ní raibh ach 41.7% sa meánchéatadán de dhaltáí ó thithe inar labhraíodh Béarla amháin i scoileanna Gaeltachta a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir, agus ba 79.3% an meánchéatadán de dhaltáí ó thithe inar labhraíodh Béarla amháin i scoileanna lán-Ghaeilge a bhain máistreacht amach. Ba i ranganna de mhionlach deontais, is é sin ranganna nach raibh ach mionlach de na daltaí ag fáil an deontais do chainteoirí dúchais, a bhí daltaí Béarla amháin i scoileanna Gaeltachta go hiondúil. Cé go bhfuarthas sa staidéar go raibh ranganna mhionlach deontais ag fáil beagán os cionn leath an teagaisc trí mheán na Gaeilge, bhí sé sin fós i bhfad níos lú ná an méid teagaisc trí mheán na Gaeilge a bhí á fháil i scoileanna lán-Ghaeilge. Thuairisc múinteoirí i ranganna mhionlach deontais i scoileanna Gaeltachta freisin dearcaí tuismitheoirí nach raibh chomh fabhrach i leith na Gaeilge le hais múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge. I gcodarsnacht leis sin, bhí dearcaí níos fabhraí go seasta i leith na Gaeilge agus i leith an teagaisc trí mheán na Gaeilge ag scoileanna lán-Ghaeilge, ós rud é gurb iad na tuismitheoirí féin a bhunaigh na scoileanna (Harris, 1984).

Léirigh staidéar rang a sé 1985 ar dhaltáí lán-Ghaeilge agus Gaeltachta cé go raibh daltaí rang a sé sa dá chineál scoile arís i bhfad níos fearr ná daltaí i ngnáthscoileanna, go raibh feidhmíocht na ndaltaí lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i bhfad níos gaire dá chéile ag rang a sé ná mar a bhí ag rang a dó. Cé gur 83.8% agus 57.9% a bhí sa mheánchéatadán daltaí a bhain máistreacht amach i gcuspóirí Labhartha agus Éisteachta na Gaeilge sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta faoi seach *ag rang a dó*, ba iad 80% agus 73% faoi seach na figiúirí a bhí ann *ag rang a sé*. I bhfocail eile, is dealraitheach gur tháinig feabhas sonrach ar inniúlacht Ghaeilge na ndaltaí Gaeltachta idir rang a dó agus rang a sé.

D'áitigh Harris agus Murtagh (1987) go bhféadfadh roinnt fachtóirí, b'fhéidir fachtóirí idirghníomhacha, a bheith ina mar bhonn leis an bhfeabhsúchán seo. Bheadh sé réasúnta a áiteamh, mar shampla, go bhféadfadh leanaí ó thithe ina labhraítear Béarla i scoileanna Gaeltachta in imeacht ama a bheith spreagtha chun inniúlacht sa Ghaeilge de chineál an chainteora dúchais a bhaint amach má bhíonn líon substaintiúil cainteoirí dúchais Gaeilge i rang nó i gcás gurb í an Ghaeilge an teanga cheannasach sa phobal lasmuigh den teach. D'fhéadfadh tionchar an bhaile ar theanga a bheith níos láidre ag rang a dó ná ag rang a sé, ó thaobh rogha teanga an linbh agus an méid ama a bhíonn an leanbh i dtimpeallacht teanga ar leith. Ar an mbealach céanna, is dócha go bhféadfadh tionchar réasúnta mór a bheith ag teanga piaraí, ag an scoil agus sa phobal araon, de réir mar a théann an dalta ar aghaidh go dtí na ranganna níos sinsearaí sa bhunscoil.

Staidéir ar inniúlacht in ábhair seachas Gaeilge

Fónfaidh athbhreithniú achomair ar shuirbhéanna náisiúnta inniúlachta in ábhair scoile seachas Gaeilge chun suirbhé reatha na Gaeilge a chur i gcomhthéacs níos leithne. In iarracht luath úsáid a bhaint as sonraí eimpíreacha chun feidhmíocht acadúil dhaltáí na

hÉireann a aimsiú, rinne Macnamara (1966) comparáid idir an fheidhmíocht i léitheoireacht an Bhéarla i measc mac léinn in Éirinn agus i Sasana ag baint úsáide as scrúduithe a caighdeánaíodh i Sasana. Fuair sé amach nár chruthaigh leanaí na hÉireann chomh maith lena gcomhleithéidí féin i Sasana. Ag tosú i 1964, rinneadh sraith suirbhéanna tréimhsiúla i mBaile Átha Cliath (McGee, 1877). Bhain siad úsáid as an scrúdú céanna a caighdeánaíodh i Sasana a d'úsáid Macnamara (1966) agus rinne siad iad ag eatrainmh de thart ar chúig bliana. Chomh maith leis sin, rinne an Roinn Oideachais suirbhéanna ar léitheoireacht i 1972, 1980 agus 1988. Thug an dá shraith suirbhéanna feabhsúcháin shuntasacha i gcaighdeáin faoi deara i rith na 1970idí go dtí an pointe go raibh an bhearna idir mic léinn na hÉireann agus mic léinn Shasana cúngaithe go mór. I 1993, glacadh le cur chuige nua maidir le suirbhéireacht a dhéanamh ar caighdeáin léitheoireachta, agus úsáideadh arís i 1998 agus i 2004 é (Cosgrove, Kellaghan, Forde & Morgan, 2000). Léiríonn an fhianaise ó na suirbhéanna is deireanaí nach raibh aon fheabhsúchán inaitheanta sa mheánfheidhmíocht ó thús na 1980idí.

I 1977, d'fhorbair an Roinn Oideachais trialacha critéarthagartha matamaitice agus riaradh iad ar shamplaí náisiúnta de dhaltá i rang a dó agus i rang a ceathair an bhliain sin agus riaradh iad ar shamplaí náisiúnta de dhaltá i rang a sé i 1979 agus i 1984. Léirigh tuarascálacha ar na suirbhéanna sin (An Roinn Oideachais, 1980, 1985) go raibh an fheidhmíocht níos laige i ngnéithe áirithe den churaclam ná i ngnéithe eile. Thug comparáid idir sonraí ó shuirbhéanna 1979 agus 1984, a raibh daltaí rang a sé páirteach iontu araon, le tuiscint go ndearnadh dul chun cinn in inniúlacht i roinnt réimsí agus meath i réimsí eile. Rinneadh mórshuirbhé náisiúnta matamaitice le sampla de dhaltá rang a ceathair i 1999. Tugann na torthaí pointí cóimheasa do shuirbhéanna ina dhiaidh sin. Rinneadh an chéad cheann díobh i 2004 (Shiel & Kelly, 2001).

Bhí Éire rannpháirteach i roinnt measúnuithe idirnáisiúnta, a bhfuil mionsonraí díobh leagtha amach i dTábla 1.1

Tábla 1.1 Measúnuithe idirnáisiúnta ar inniúlacht a raibh baint ag Éirinn leo (1990-2000).

Bliain	Staidéar	Réimsí Measúnaithe	Pobal/Pobail
1991	Staidéar Litearthachta Léitheoireachta an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Inniúlacht Oideachais (IEA/RLS)	Tuiscint ar Insint, Téacsanna Mínitheacha agus Doiciméid	Daltaí 9 agus 14 bliana d'aois
1991	An Dara Measúnú Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn Oideachais (IAEPII)	Matamaitic, Eolaíocht	Daltaí 9 agus 13 bliana d'aois
1994	Suirbhé Idirnáisiúnta ar Litearthacht d'Aosaigh (IALS)	Prós. Litearthacht Chainníochtúil agus Doiciméid	Aosaigh 16-65 bliana
1995	An Tríú Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS)	Matamaitic, Eolaíocht	Rang a 3/4, (Bunscoileanna); Bliain 2/3 (Iar-

			bhunscoileanna)
2000	Clár do Mheasúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn (PISA)	Litearthacht léitheoireachta (mór- réimse), Litearthacht Mhatamaitice agus Litearthacht Eolaíochta	Daltaí 15 bliain
2003	Clár do Mheasúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn (PISA)	Litearthacht Mhatamaitice (mór- réimse), Litearthacht Léitheoireachta agus Litearthacht Eolaíochta	Daltaí 15 bliain

Oiriúnaithe ó Shiel, Cosgrove, Sofroniou agus Kelly (2001).

Sna staidéir idirnáisiúnta scoilbhunaithe roimh PISA (IEA/RLS, IAEP II, TIMSS), fuarthas amach nach raibh aon difríocht shuntasach idir meánfheidhmíocht mhic léinn na hÉireann agus meánfheidhmíocht fhoriomlán na dtíortha rannpháirteacha. Sa mhór-réimse a measadh in PISA i 2000 (litearthacht léitheoireachta) agus i gceann de na mion-réimsí (litearthacht eolaíochta), d'fheidhmigh mic léinn na hÉireann go suntasach os cionn an mheáin do thíortha rannpháirteacha. Sa mhion-réimse eile (litearthacht mhatamaitice), fuarthas nach raibh difríocht shuntasach idir feidhmíocht mhic léinn na hÉireann agus an meán do na tíortha rannpháirteacha (Shiel, Cosgrove, Sofroniou & Kelly, 2001). In PISA i 2003, nuair ba í an mhatamaitic an mór-réimse, bhí mic léinn na hÉireann fós chomh maith is a bhíodh i gcoibhneas le mic léinn i dtíortha eile. Léiríodh meath beag áfach i bhfeidhmíocht na mac léinn Éireannach sa léitheoireacht idir 2000 agus 2003 (Cosgrove, Shiel, Sofroniou, Zastrutke & Shortt, 2004).

Sa Suirbhé Idirnáisiúnta ar Litearthacht d'Aosaigh (Morgan, Hickey & Kellaghan, 1997; OECD/Staitisticí Ceanada, 2000), cuireadh leibhéil litearthachta in Éirinn i gcomparáid le leibhéil i dtíortha eile a bhí páirteach sa suirbhé. Tríd is tríd, chruthaigh aosaigh na hÉireann go dona. Bhí thart ar an gceathrú cuid den sampla ag an leibhéal is ísle litearthachta ar an triail, toradh a chuir Éire síos go maith i dtábla sraithe na dtíortha rannpháirteacha. Mar sin féin, tá aird tugtha ar an gcontúirt a bhaineann le míthuiscint a bhaint as comparáidí den sórt sin (féach freisin Archer, 1999; Kellaghan, 2001a; Morgan, Hickey & Kellaghan, 1997).

Conclúid

Rinneadh measúnuithe náisiúnta ar chaighdeán na Gaeilge i ngnáth-bhunscoileanna sna 1970idí agus sna 1980idí ag baint úsáide as trialacha critéarthagartha éisteachta agus labhartha. Tugann na torthaí le tuiscint cé go raibh inniúlacht sa Ghaeilge ag fás i rith bhlianta na bunscolaíochta, go raibh fianaise ann ar bhearna an-substaintiúil idir an leibhéal feidhmíochta sa Ghaeilge labhartha, a bhí mar sprioc ag na *Nuachúrsaí* (cúrsaí oifigiúla comhrá na Roinne Oideachais), agus an leibhéal a bhí bainte amach ag formhór na ndaltaí (Harris, 1984). Léirigh comparáid idir thorthaí suirbhéanna náisiúnta i rang a sé i ngnáthscoileanna i 1978 agus 1985 méadú beag ach méadú a bhí

suntasach go staitistiúil ar an gcéatadán de dhaltáí a ghnóthaigh máistreacht i ngach ceann de chuspóirí rang a sé in imeacht thréimhse seacht mbliana.

Is í ITÉ an dream is deireanaí a scrúdaigh inniúlacht i nGaeilge do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta i 1982 (rang a dó) agus i 1985 (rang a sé). Léirigh na torthaí, i gcás gach cuspóir Labhartha agus Éisteachta na Gaeilge a scrúdaíodh, gur bhain an céatadán ab airde daltaí a bhain máistreacht amach i gcónaí le scoileanna lán-Ghaeilge. Mar sin féin, bhí feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta i bhfad níos gaire dá chéile i rang a sé ná mar a bhí i rang a dó, rud a léirmhíníodh mar fhianaise ar fheabhsúchán soiléir in inniúlacht Ghaeilge na ndaltaí Gaeltachta idir rang a dó agus rang a sé.

Phléigh roinnt staidéar leis an ngaol idir inniúlacht agus athróga áirithe leibhéal daltaí agus leibhéal scoile. Maidir leis na hathróga leibhéal daltaí, fuarthas comhcheangail idir inniúlacht i nGaeilge agus cumas réasúnaithe briathartha na ndaltaí, a gcúlra socheacnamaíoch agus a n-inscne (bhí leibhéil níos airde inniúlachta ag cailíní). Fuarthas amach freisin go raibh comhcheangal idir cumas Gaeilge an tuismitheora agus/nó úsáid na Gaeilge sa bhaile agus inniúlacht an dalta. Áirítear ar na hathróga leibhéal scoile, ar léiríodh baint a bheith acu le hinniúlacht Gaeilge, suíomh/réigiún na scoile, comhdhéanamh inscne na scoile agus méid na scoile. Tá fianaise freisin ann go bhfuil comhcheangal idir úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc lasmuigh den cheacht teanga féin agus inniúlacht mhéadaithe.

Tá léirithe ag measúnuithe náisiúnta eile in Éirinn go bhfuil inniúlacht i léamh an Bhéarla méadaithe ó na 1960idí go dtí 1980, ach go bhfuil sí fanta seasta ó shin i leith. Tugann measúnuithe sa Mhatamaitic i 1979 agus i 1984 le tuiscint go ndearnadh dul chun cinn in inniúlacht i roinnt réimsí agus gur tharla meath i réimsí eile. Tá léirithe ag staidéir idirnáisiúnta scoilbhunaithe nach raibh aon difríocht shuntasach idir meánfeidhmíocht mhic léinn na hÉireann agus an meán do thíortha rannpháirteacha nó go raibh sí níos fearr ná an meán do thíortha rannpháirteacha.

2. Nósanna Imeachta an tSuirbhé

Sa chaibidil seo, déantar cur síos ar na nósanna imeachta a úsáideadh sa Suirbhé ar Inniúlacht sa Ghaeilge (SIG). Tá an chaibidil roinnte ina seacht roinn. Is éard atá sa chéad roinn ná tuairisc ar phríomhghnéithe na dtrialacha inniúlachta agus na ceistneoirí a úsáideadh chun faisnéis a fháil faoi bhaile, ranganna agus scoileanna na ndaltaí rannpháirteacha. Sa dara roinn, tugtar sainmhíniú ar na spriocphobail agus tugtar tuairisc ar an modh chun samplaí a tharraingt as na pobail sin. Tugtar tuairisc ar an obair allamuigh do SIG sa tríú roinn. Cuirtear na rátaí freagartha ar na hionstraimí éagsúla, mar aon le tuairisc ar na nósanna imeachta chun ualaí samplála a ríomh, i láthair sa cheathrú roinn agus sa chúigiú roinn. Déantar cur síos achomair ar na nósanna imeachta d'anailísiú na sonraí sa séú roinn. Toisc go gcuirfear na sonraí ón suirbhé seo i gcomparáid le sonraí ó shuirbhé ITÉ 1985, tugtar cuntas achomair ar an suirbhé úd (lena n-áirítear tuairisc ar an sampla) sa roinn deiridh den chaibidil seo.

Ionstraimí

Trialacha Gaeilge

Socraíodh go ndéanfaí measúnú ar Labhairt na Gaeilge, Éisteacht na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge in SIG. I gcás an Bhéarla, bhí léitheoireacht ar an ngné d'inniúlacht a bhí ina ábhar do roinnt measúnuithe náisiúnta roimhe sin atá déanta ag an FTO (Cosgrove et al, 2000). Rinneadh éisteacht agus labhairt a mheasúnú i suirbhéanna náisiúnta Gaeilge roimhe sin atá déanta ag ITÉ (Harris, 1982, 1983, 1984; Harris & Murtagh, 1987, 1988a, 1988b, 1999). Socraíodh go ndéanfaí leaganacha modhnaithe de na trialacha a úsáideadh sna suirbhéanna sin a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar scileanna Labhartha na Gaeilge agus Éisteachta na Gaeilge agus go nglacfaidh an FTO freagracht as triail nua Léitheoireachta na Gaeilge a fhorbairt. Ar an tslí sin, ós rud é go raibh dáta inchomparáide ar fáil i gcás na dtrialacha Éisteachta agus Labhartha na Gaeilge, d'fhéadfaí athruithe in imeacht ama sna leibhéil inniúlachta sa dá ghné seo d'inniúlacht na Gaeilge a scrúdú, ach níorbh amhlaidh an cás do Léitheoireacht na Gaeilge.

Cuirfear forléargas achomair ar na trialacha Gaeilge i láthair anois. Tabharfar tuairiscí níos iomláine sa chomhthéacs cuí i gCaibidilí 3 go dtí 5.

Is éard é Triail Éisteachta na Gaeilge ná leagan leasaithe de thriail chritéarthagartha 75 mír a úsáideadh i suirbhéanna náisiúnta i 1978 agus 1985, agus i *Staidéar an Fiche Rang* a bhfuil tuairisc air i gCaibidil a 1. Leagadh amach í chun go léireodh sí an raibh máistreacht i seacht gcuspóir a bhí díortha ó churaclam na Gaeilge do rang a cúig agus do rang a sé bainte amach ag na daltaí. Bhí gach mír den triail i bhfoirm ilrogha agus cuireadh i láthair ar chaiséad do na rang-ghrúpaí daltaí go léir iad. B'éigean roinnt modhnuithe a dhéanamh ar an triail chun athruithe a bhí tarlaithe ón bhforbairt bhunaidh a chur san áireamh, ar nós tabhairt isteach an euro agus athruithe i bhfaiséan maidir le troscán tí agus carranna.

I ndéanamh na n-athruithe sin, ba é an sprioc ná an chomparáid ba bhailí agus ab iontaoifa a d'fhéadfaí a dhéanamh idir inniúlacht in Éisteacht na Gaeilge i suirbhé ITÉ i 1985 agus suirbhé SIG i 2002. Go sonrach, rinneadh gach dícheall aon fhoinsé sheachtrach deacrachta a bheadh ag daltaí maidir le freagra a thabhairt ar na míreanna tástála a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn ar aon chúis idir 1985 agus 2002 a aithint agus a bhaint as. Bhí ocht gcuspóir eile léirithe i dTriail Labhartha na Gaeilge. Déantar é a riaradh ann féin mar agallamh duine le duine le tástálaí oilte agus tá sé comhdhéanta de 65 mhír lena ndeir an tástálaí abairtí, lena gcuireann sé nó sí ceisteanna nó lena dtaispeánann sé nó sí pictiúir. Is focal labhartha, frása, abairt nó tuairisc fhada ó bhéal a bhí i bhfreagraí fhorhmór na ndaltaí agus iad ag freagairt na gceisteanna nó na leideanna ón scrúdaitheoir. I bhfothriail amháin, ghlac an dalta páirt i gcomhrá agus i rólghlacadh leis an scrúdaitheoir.

Leagadh amach na trialacha in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge mar thrialacha critéarthagartha agus ar an tslí sin tuairiscíodh na torthaí a bhain leo de ghnáth i dtéarmaí na gcéatadán de na daltaí a bhain leibhéil shainmhínithe feidhmíochta amach – máistreacht, dul chun cinn íosta agus teip – i ndáil le gach cuspóir. I roinnt staidéar, áfach, baineadh úsáid as meánscóir fhoriomlána ar an dá thriail seo chun gaol idir inniúlacht na Gaeilge agus fachtóirí éagsúla déimeagrafaíochta, scoile agus múinte a iniúchadh (m.sh., Harris, 1983). Agus sinn ag cur torthaí ó SIG i láthair, beidh an deis freisin againn úsáid a bhaint as meánscóir san anailís ar an ngaol idir inniúlacht agus fachtóirí eile. Tríd is tríd, áfach, cuirtear torthaí ó thrialacha Éisteachta na Gaeilge agus Labhartha na Gaeilge i láthair anseo i dtéarmaí leibhéil shainmhínithe den inniúlacht atá luaite thuas.

I gcás mheasúnú ar léamh i SIG, cinneadh go mbeadh an príomhfhócas ar léamhthuiscint a dhéanfaí a mheasúnú trí cheisteanna ar líon beag sleachta. Bhí roghnú na sleachta agus foclaíocht na gceisteanna bunaithe ar anailís ar dhá churaclam ar leithligh, cé go bhfuil siad ag teacht isteach ar a chéile, do bhunscoileanna (ceann do scoileanna arb í an Ghaeilge an príomh-mheán teagaisc agus ceann eile do scoileanna arb é an Béarla an príomh-mheán teagaisc). Ag baint úsáide as an anailís seo mar phointe tosaigh, d'fhorbair an FTO creatlach (tábla sonraíochtaí) don triail nua. Is trasrangú ar inneachear an téacs trí phróiseas atá sa tábla. Tagraíonn an t-inneachear do chineál téacs, mar shampla, a d'fhéadfadh a bheith liteartha (insint de ghnáth) nó faisnéiseach, ina mbíonn téacs leanúnach nó neamhleanúnach. Tagraíonn an próiseas d'fheidhmeanna cognaíocha lena mbaineann brí a bhaint as téacs (m.sh., aisghabháil, tátal, léirmhíniú).

Ar bhonn torthaí réamhthrialach de thart ar 350 mír trialach roimh an suirbhé, socraíodh ar dhá leagan ar leithligh den triail léamhthuiscéana a chur ar fáil (ceann le húsáid i ngnáthscoileanna agus an ceann eile le húsáid i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta). Tá cúig fhothriail sa leagan a úsáideadh i ngnáthscoileanna, áit arb é an Béarla an meán teagaisc. Tá sé fhothriail sa leagan a úsáideadh i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta, áit arb í an Ghaeilge an meán teagaisc. Tá gach fothriail sa dá leagan den triail comhdhéanta de shliocht agus de shraith ceisteanna faoin sliocht. I gcás fhorhmór na hanailíse a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo, áit gur ar Léitheoireacht na Gaeilge atá aird dírithe, tuairiscítear na meánscóir ar na leaganacha ar leithligh den triail léamhthuiscéana i bhfoirm scór scála Theoiric Freagartha Míre (TFM) le meán de 205 agus diallas caighdeánach de 50.

Chomh maith leis an tástáil ar léamhthuisceint a cuireadh orthu mar atá tuairiscithe san alt roimhe seo, rinne daltaí i ngach ceann de na trí shampla fothriail chríochnú abairtí ina raibh 25 mír. Tógadh na míreanna ó roinn stór focal Thrialacha Gnóthachtála Dhroim Conrach a ndearnadh caighdeánú go náisiúnta orthu idir 1973 agus 1976. Arís, bunaithe ar thorthaí promhaidh, socraíodh gur chóir meascán míreanna ó leibhéil dhifriúla de Thrialacha Gnóthachtála Dhroim Conrach a úsáid chun freastal ar raon feidhmíochta daltaí ar fud na ngrúpaí. Ar an tslí sin, baineadh úsáid as 17 mír ó thriail Leibhéal III, caighdeánaithe do dhaltaí i rang a cúig agus rang a sé i mbunscoileanna, agus an chuid eile ó Leibhéal IV go dtí VI, caighdeánaithe do mhic léinn sa tSraith Shóisearach in iarbunscoileanna. De ghrá na caoithiúlachta, tagrófar don triail 25 mír mar Nasc25 agus déanfar é a thuairisciú ar leithligh ón bpríomhthriail léamhthuisceana ag baint úsáide as méadrach den chéatadán ceart.

Ceistneoirí

Tá torthaí anailíse ar an ngaol idir inniúlacht agus athróga comhthéacs a bhaineann le scoileanna agus baile na ndaltaí agus idir inniúlacht agus dearcadh agus móitivéisean na ndaltaí sna tuarascálacha ar an dá mheasúnú náisiúnta is deireanaí ar léitheoireacht an Bhéarla (Cosgrove et al, 2000) agus matamaitic (Shiel & Kelly, 2001). Ceapadh ceistneoirí do thuismitheoirí, do mhúinteoirí ranga, do phríomhoidí scoile agus do dhaltaí chun na críche sin. Rinneadh anailís den sórt céanna i gcás Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge sna 1980idí (Harris, 1983; Harris & Murtagh, 1987). Níos deireanaí, rinneadh forbairt ar roinnt ceistneoirí agus ionstraimí breathnaithe seomra mar atá tuairiscithe in *Teaching and Learning Irish in Primary School* (Harris & Murtagh, 1999), le haghaidh roinnt staidéar chun cur síos a dhéanamh ar na coinníollacha inar tharla múineadh agus foghlaim na Gaeilge agus chun iad sin a cheangal le hinniúlacht in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge. Ag tógáil ar an obair sin, forbraíodh ceistneoirí do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do thuismitheoirí i gcomhair an tsuirbhé seo. Forbraíodh ceistneoir scoile chomh maith. Tá dhá phríomhcheistneoir a sholáthraíonn sonraí agus faisnéis sa tuarascáil seo dírithe ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí. Lorg Ceistneoir don Mhúinteoir faisnéis ar thuairimí agus ar chleachtais na múinteoirí i ndáil le múineadh agus foghlaim na Gaeilge agus lorg Ceistneoir do na Tuismitheoirí faisnéis ar thuairimí agus ar chleachtais na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge tríd is tríd agus i leith na Gaeilge sa chóras oideachais.

Pobail agus samplaí

Socraíodh gur ar na daltaí ag deireadh rang a sé i 2002 a bheadh SIG dírithe. Thabharfadh tástáil ag an tráth seo léargas ar inniúlacht Ghaeilge na ndaltaí ag deireadh a gcuid bunoidreachais. B'argóint eile i bhfabhar tástáil a dhéanamh ag an tráth áirithe seo ná tabhairt isteach an churaclaim leasaithe (CNCM, 1999 a,b,c) agus go raibh an soláthar inseirbhíse a bhain leis fós ar siúl ag tráth an tsuirbhé. Tá sé réasúnta glacadh leis go mbeadh an teagmháil a bheadh ag daltaí rang a sé go ginearálta leis an gcuraclam leasaithe *réasúnta* beag, toisc go mbeifí á múineadh siúd le linn dóibh a bheith ar an mbunscoil de réir churaclam 1971. dá bhrí sin, bheadh a bhfeidhmíocht i 2002 ina bunlíne chiallmhar lena bhféadfaí comparáid a dhéanamh le cóhóirt daltaí ina dhiaidh sin, a mbeadh cur amach ar an gcuraclam leasaithe acu.

Bhí sé tábhachtach go dtabharfadh an suirbhé seo an deis measúnú a dhéanamh ar leibhéil inniúlachta i scoileanna sa Ghaeltacht agus i scoileanna lán-Ghaeilge chomh maith le gnáthscoileanna. Tugadh sainmhíniú ar scoil Ghaeltachta mar scoil a bhí suite laistigh de

theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta, arna n-aithint ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG). Sainmhíníodh scoil lán-Ghaeilge mar scoil, lasmuigh den Ghaeltacht, ina mbíonn an Ghaeilge in úsáid mar mheán teagaisc. Baineadh úsáid as na sainmhínithe sin i saothar roimhe seo ag ITÉ (e.g., Harris & Murtagh, 1999) agus an FTO (e.g., Ó Siaghail & Déiseach, 2004). Tar éis dul i gcomhairle le taighdeoirí eile, cheap an fhoireann suirbhé trí shampla ar leithligh (gnáthscoileanna, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta). Bhí braisleshamplaí dhá chéim srathaithe (i.e., roghnaíodh scoileanna ar dtús agus ansin roghnaíodh rang iomlán lena thástáil) i gceist leis na trí cinn acu. Sainmhíníodh na pobail leasa (daltaí rang a sé i dtrí chineál scoileanna) ag baint úsáide as bunachar sonraí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta do 2000/01 mar nach raibh fáil ar bhunachar sonraí 2001/02, ar léir é a bheith níos oiriúnaí, go dtí níos deireanaí. Dá bhrí sin, measadh an líon daltaí a bhí i rang a sé i 2001/02 ón líon daltaí a bhí i rang a cúig i 2000/01.

Baineadh úsáid as athróg sa bhunachar sonraí do 2001/02 freisin lena dhéanamh amach cad iad na scoileanna a bhain le gach ceann de na trí chatagóir scoile. Tá an athróg sin le feiceáil i réimse sa bhunachar sonraí dar teideal “*Gaelcode*” a bhfuil trí luach aige agus trí thuarascálaí cuideachta: 1 (Gaeltacht), 2 (Lán-Ghaeilge) agus 3 (gnáth). Tar éis na scoileanna a roghnú, fuarthas go raibh an rangú seo ag teacht salach ar rangú i réimse eile dar teideal “Gaeltacht” in 18 cás. Tá 14 scoil a bhfuil Y (le haghaidh tá) acu sa cholún Gaeltacht ach 3 (gnáth) faoi *Gaelcode* agus ceithre scoil a bhfuil N (le haghaidh níl) acu faoi Gaeltacht ach 1 (Gaeltacht) faoi *Gaelcode*. Tar éis dul i gcomhairle le hoifigigh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ón Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta is cosúil nach bhfuil an córas rangaithe go hiomlán cruinn. Ar aon nós, tharla sé nár tháinig aon cheann de na scoileanna a raibh faisnéis chontrárthach fúthu chun cinn sa roghnú randamach de scoileanna le bheith páirteach sa suirbhé.

Ní raibh roinnt daltaí rang a sé incháilithe le roghnú sna trí shampla. Ag an gcéad chéim de roghnú an tsampla, cuireadh scoileanna speisialta agus bunscoileanna príobháideacha as an áireamh. De réir thuarascáil staitisticí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta do 2001/02 bhí 6,982 dalta i 125 scoil speisialta agus 6,381 dalta i 47 bunscoil phríobháideach a chuir filleacháin staitisticí de rollú ar fáil don ROE (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2003). Fágadh scoileanna an-bheaga as an áireamh freisin ag an gcéad chéim de roghnú an tsampla. Tá an t-eisiamh seo coitianta ar an mbunús go mbíonn bailiú sonraí ó scoileanna an-bheaga (a sainmhínítear de ghnáth mar scoileanna a mbíonn níos lú ná sé nó seacht ndalta sa rang leasa iontu) daor agus gur beag a chuireann sé le cruinneas na meastachán pobail. Don suirbhé seo, do b’fhéidir gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge a raibh níos lú ná seisear daltaí i rang a sé iontu a fhágáil as an áireamh ós rud é go bhfuil níos lú ná 4% de na daltaí rang a sé go léir ar an rolla i scoileanna den sórt sin.

Sa Ghaeltacht, áfach, tá os cionn 17% de na daltaí i scoileanna a bhfuil níos lú ná seisear daltaí i rang a sé. Dá bhrí sin, cinneadh úsáid a bhaint as ‘níos lú ná trí’ seachas ‘níos lú ná sé’ mar an tairseach d’eisiamh sna scoileanna sin. Chiallaigh sé sin gurb iad na scoileanna Gaeltachta nach raibh ach dalta amháin nó beirt i rang a sé iontu a rinneadh a eisiamh. Níl ach 2% de dhaltaí Gaeltachta ag freastal ar scoileanna den sórt sin.

Rinneadh daltaí a bhí faoi réir ag díolúine oifigiúil ó fhoghlaim Gaeilge faoi théarmaí Chiorclán 12/96 ROE agus/nó a bhí i rang speisialta i mbunscoil phríomhshrutha a eisiamh freisin ón bpobal leasa. De bhrí nach ann d'aon chlár lárnach de dhaltaí díolmhaithe, ní fhéadfaí na daltaí sin a eisiamh ach amháin tar éis teagmháil thosaigh a dhéanamh leis na scoileanna (féach thíos).

Don chéad chéim samplála (roghnú na scoileanna), bhí na trí ghrúpa scoileanna srathaithe de réir méide. I gcás gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge, baineadh úsáid as trí stratam: mór (níos mó ná 27 dalta i rang a sé), meánmhéid (idir 15 agus 27 dalta) agus beag (idir 6 agus 14 dalta). I gcás na Gaeltachta, baineadh úsáid as ceithre stratam. Sainmhíníodh scoileanna móra agus meánmhéide ar an tslí chéanna leis an dá shampla eile (i.e., níos mó ná 27 dalta agus idir 15 agus 27 dalta). Mar sin féin, sannadh na scoileanna eile chuig dhá stratam: beag (idir 7 agus 14 dalta) agus an-bheag (idir 3 agus 6 dalta).

Bhí na cinntí ar an líon scoileanna le roghnú bunaithe ar mheastachán den líon scoileanna ina bhféadfaí measúnuithe a dhéanamh i dtréimhse réasúnta gearr ama (féach an roinn ar obair allamuigh thíos) agus ar mheastacháin den mhéid athraithe in inniúlacht idir scoileanna, ar a dtugtar comhghaolúchán inranga nó ró-amanna. Is breithniú tábhachtach an t-athraitheas idir scoileanna mar gheall ar an gclaonadh a bhíonn i mic léinn de leibhéal chosúla inniúlachta a bheith braislithe i scoileanna ar leith nó i ranganna ar leith i scoileanna. Mar thoradh ar an gclaonadh sin, caithfidh go mbeidh i bhfad níos mó mac léinn i samplaí ar nós an tsampla a bhí in úsáid in SAIL ná mar a bheadh dá roghnófaí sampla randamach simplí de mhic léinn (i.e., sampla ina mbeadh seans comhionann ag gach dalta sa phobal go roghnófaí é nó í). Is féidir an caillteanas beachtais mar thoradh ar úsáid a bhaint as braisleshampala seachas sampla randamach simplí (iarmhairt an deartha) a chainníochtú sula socraítear an líon scoileanna agus daltaí atá le roghnú más rud é (a) gur féidir luach ró a mheas agus (b) gur fios an meánlíon daltaí i ngach braisle (sa chás seo, rang a sé) i ngach stratam.

Chun an sampla gnáthscoileanna a roghnú don suirbhé seo, léirigh sonraí ó phromhadh ar thriail nua léitheoireachta na Gaeilge agus ó chaighdeánú Thrialacha Gnóthachtála Dhroim Conrach sna 1970idí gur toimhde réasúnach a bheadh i ró=0.3 (i.e., go mbeadh 30% d'athraitheas in inniúlacht idir scoileanna). Measadh meánmhéideanna braisle ansin do gach ceann de na trí stratam (mór, meánmhéid agus beag). Ag baint úsáide as an bhfoirmle chuí (Kish, 1965), rinneadh amach go mbeadh sampla de 140 gnáthscoil comhionann ó thaobh beachtais de le sampla randamach simplí de 427 dalta. Ar an tslí sin, is 427 atá i gceist lena dtugtar “méid éifeachtach an tsampla” don suirbhé seo. D'fhéach measúnuithe náisiúnta roimhe seo méid éifeachtach an tsampla de 400 ar a laghad a bhaint amach.

Ní raibh aon bhunús sásúil ann chun ró a chainníochtú do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna sa Ghaeltacht, cé go raibh fianaise áirithe ann ón bpromhadh ar an triail léitheoireachta go mbeadh ró i scoileanna lán-Ghaeilge níos ísle ná i ngnáthscoileanna, agus go raibh fianaise áirithe i sonraí ITÉ go mbeadh ró i scoileanna Gaeltachta níos airde ná i ngnáthscoileanna. Socraíodh líon níos mó scoileanna Gaeltachta a roghnú ná scoileanna lán-Ghaeilge, bunaithe ar na hionchais faoi na luachanna difriúla de ró atá luaite thuas, agus ós rud é freisin go bhfuil go leor scoileanna Gaeltachta beag. Chomh maith leis sin, chuir breithnithe praiticiúla, lena n-áirítear nach bhféadfaí tástáil a dhéanamh i níos mó ná 220 scoil ar an iomlán, teorainneacha leis an líon scoileanna

lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta a d'fhéadfaí a chur san áireamh. Ag cur na bhfachtóirí sin go léir san áireamh, cinneadh faoi dheireadh 30 scoil lán-Ghaeilge agus 50 scoil Gaeltachta a chur san áireamh sna samplaí iomchuí.

Chun an chéad céim de roghnú an tsampla a thabhairt chun críche, sórtáladh scoileanna i ngach catagóir (i.e., gnáth, lán-Ghaeilge agus Gaeltacht) de réir méide (an líon daltaí i rang a sé) agus de réir an chion de dhaltaí cailíní sa scoil laistigh de gach stratam (mór, meánmhéid, beag agus, i gcás na Gaeltachta, an-bheag). Roghnaíodh scoileanna ansin le dóchúlacht i gcomhréir le méid ag baint úsáide as nós imeachta roghnúcháin eatraimh shocraithe.

Ag an dara céim den roghnúchán, roghnaíodh gach dalta rang a sé i gcás na scoileanna nach raibh ach rang amháin de dhaltaí rang a sé acu. I gcás scoileanna a raibh níos mó ná rang amháin de dhaltaí rang a sé iontu, roghnaigh an fhoireann suirbhé rang iomlán amháin go randamach nuair a bhí sonraí tugtha ag príomhoide na scoile ar an líon ranganna de dhaltaí rang a sé a bhí ann (sular cuireadh tús leis an suirbhé). Sa mheasúnú náisiúnta i 1998 de léamh an Bhéarla (Cosgrove et al., 2000) bhain roghnú randamach daltaí leis an dara céim samplála. I gcás mheasúnú náisiúnta 1999 den mhatamaitic (Shiel & Kelly, 2001) roghnaíodh na daltaí go léir ag an dara céim. Cinneadh nach raibh ceachtar den dá rogha seo praiticiúil don SAIL. Ghlacfaid sé níos mó ama ná mar a bhí ar fáil tástáil a dhéanamh ar gach dalta rang a sé i scoileanna ina raibh níos mó ná rang amháin de dhaltaí rang a sé agus chuirfeadh roghnú randamach isteach an iomarca ar ghnáthamh na scoile. D'éiligh riaradh na dTriailacha Grúpa (léitheoireacht agus éisteacht) agus Ceistneoir an Dalta go mbeadh na daltaí le chéile ar chúig ócáid ar leithligh in imeacht trí lá. Míbhuntáiste a bhain le rang iomlán a úsáid ná gur dócha go mbeadh luachanna níos mó den ró ann ná mar a bheadh ina mhalairt de chás toisc go mbíonn an claonadh i ranganna a bheith níos aonchineálaí ná líon socraithe daltaí a roghnófaí go randamach ar fud na ranganna.

Tá faisnéis i dTáblaí 2.1, 2.2 agus 2.3 de na gnéithe de na trí shampla mar a dearadh iad (na samplaí deartha) agus de na pobail ar roghnaíodh na samplaí sin le bheith mar léiriú orthu.

Tábla 2.1 An líon scoileanna agus daltaí sa phobal gnáthscoileanna, an líon scoileanna sa sampla, agus an líon measta agus na céatadáin mheasta de scoileanna agus daltaí sa sampla deartha gnáthscoileanna de réir strataim.

Gnáth					
Méid na Braisle	An líon scoileanna sa phobal	An líon scoileanna sa sampla deartha	An líon daltaí incháilithe sa phobal	An líon measta daltaí incháilithe sa sampla deartha	An céatadán measta daltaí incháilithe sa sampla deartha
Mór	540	70	26,843	2,100	7.8%
Meánmhéid	602	35	11,923	693	5.8%
Beag	1,073	35	10,372	336	3.2%
Iomlán	2,215	140	49,138	3,129	6.4%

Mór = níos mó ná 27 dalta, meánmhéid = 15-27 dalta, beag = 6-14 dalta.

Tábla 2.2 An líon scoileanna agus daltaí sa phobal scoileanna lán-Ghaeilge, an líon scoileanna sa sampla, agus an líon measta agus na céatadán mheasta de scoileanna agus daltaí sa sampla deartha scoileanna lán-Ghaeilge de réir strataim.

Lán-Ghaeilge					
Méid na Braisle	An líon scoileanna sa phobal	An líon scoileanna sa sampla deartha	An líon daltaí incháilithe sa phobal	An líon measta daltaí incháilithe sa sampla deartha	An céatadán measta daltaí incháilithe sa sampla deartha
Mór	32	12	1,156	360	31.1%
Meánmhéid	29	11	643	253	39.3%
Beag	19	7	210	77	36.7%
Iomlán	80	30	2,009	690	34.4%

Mór = níos mó ná 27 dalta, meánmhéid = 15-27 dalta, beag = 6-14 dalta.

Tábla 2.3 An líon scoileanna agus daltaí sa phobal scoileanna Gaeltachta, an líon scoileanna sa sampla, agus an líon measta agus na céatadán mheasta de scoileanna agus daltaí sa sampla deartha scoileanna Gaeltachta de réir strataim.

Gaeltacht					
Méid na Braisle	An líon scoileanna sa phobal	An líon scoileanna sa sampla deartha	An líon daltaí incháilithe sa phobal	An líon measta daltaí incháilithe sa sampla deartha	An céatadán measta daltaí incháilithe sa sampla deartha
Mór	6	6	196	180	91.8%
Meánmhéid	17	9	321	175	54.5%
Beag	42	24	423	228	53.9%
An-bheag	46	11	209	51	24.4%
Iomlán	111	50	1,149	634	55.2%

Mór = níos mó ná 27 dalta, meánmhéid = 15-27 dalta, beag = 7-14 dalta, an-bheag = 3-6 dalta.

Ba chóir a thabhairt ar aird gur meastacháin atá sna hiontrálacha sa dhá cholún deiridh (an líon agus na céatadán daltaí sa sampla deartha) bunaithe ar an líon daltaí i rang a cúig an bhliain roimhe sin agus ar thiomhdí den ghnáthlíon daltaí i ranganna rannpháirteacha.

Nuair a rinneadh teagmháil le scoileanna agus nuair a roghnaíodh rang a sé i gcásanna go raibh sin riachtanach, tháinig sé chun solais go raibh an líon iarbhír daltaí ar an rolla sa tacar deiridh de ranganna roghnaithe an-ghar do na meastacháin i dTáblaí 2.1, 2.2 agus 2.3. Nuair a rinneadh teagmháil leis na scoileanna roghnaithe bhíothas in ann a dhéanamh amach freisin go raibh líon iomlán de 99 dalta sna samplaí (95 i ngnáthscoileanna, gan aon duine i scoileanna lán-Ghaeilge agus ceathrar i scoileanna Gaeltachta) díolmhaithe ó Ghaeilge a fhoghlaim faoi théarmaí chiorclán 12/96. Is éard atá sa sampla sprice mar atá taispeánta i dTábla 2.4 ná an líon daltaí a bhí go hiarbhír ar an rolla i ranganna roghnaithe nuair a cuireadh tús leis an tástáil, lúide an líon daltaí a raibh díolúine acu. Ní miste a thabhairt ar aird gur tástáladh cion substaintiúil de phobail dhaltaí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta – an

trian de na daltaí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus os cionn leath dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta.

Tábla 2.4 An líon scoileanna sa sampla, an líon daltaí i scoileanna roghnaithe sa sampla lúide an líon díolúintí oifigiúla, agus an céatadán den phobal daltaí sa sampla.

An Cineál Scoile	An líon scoileanna sa sampla	An líon daltaí sa sampla sprice	An céatadán daltaí
Gnáth	140	3037	6.2%
Lán-Ghaeilge	30	683	34.0%
Gaeltacht	49	615	53.5%
Iomlán	219	4335	8.3%

Léirigh príomhoidí scoile freisin go raibh líon iomlán de 58 dalta ann, cé nach raibh siad faoi réir ag díolúine oifigiúil, nach raibh in ann na trialacha a dhéanamh. Is cuid den sampla sprice iad na daltaí sin, cé nach bhféadfaí iad a thástáil.

Toisc go ndéantar é a riaradh ar gach dalta ina (h)aonar, ní bheadh sé indéanta Triail Labhartha na Gaeilge a chur ar gach dalta sa sampla agus dá bhrí sin b'éigean foshampla a roghnú. Nuair a bhí sceideal don tástáil forbartha ba léir gur seacht ndalta in aghaidh na scoile a bheadh san uasmhéid a bhféadfaí an triail a riaradh orthu. Cinneadh, dá bhrí sin, seachtar daltaí in aon scoil a raibh seachtar ar a laghad i rang a sé iontu a thástáil agus gach dalta i scoileanna a raibh níos lú ná seachtar daltaí iontu a thástáil. Chiollaigh an nós imeachta sin go raibh dóchúlacht de 1 ann go roghnófaí dalta i scoil ina raibh seachtar daltaí nó níos lú sa sampla le haghaidh Triail Labhartha na Gaeilge. I gcás scoileanna níos mó, bhí dóchúlacht an dalta go roghnófaí é nó í le haghaidh Triail Labhartha na Gaeilge i gcoibhneas inbhéartach le méid an ranga.

Rinneadh socruithe d'ionadú randamach ar dhaltaí roghnaithe nach raibh ar fáil ag an am a raibh Triail Labhartha na Gaeilge á riaradh. Rinneadh ionadú freisin ar dhaltaí a bhí roghnaithe do Thriail Labhartha na Gaeilge, ach a bhí as láthair do Thriail Éisteachta na Gaeilge. Bhí sé sin ag teacht le suirbhéanna roimhe sin, áit nár riaradh Triail Labhartha na Gaeilge ach amháin ar dhaltaí a raibh Triail Éisteachta na Gaeilge déanta cheana acu. Ba chóir a thabhairt ar aird, ar ndóigh, nuair is seachtar nó níos lú a bhí i líon an ranga nach bhféadfaí ionadú a dhéanamh ar dhaltaí.

Tá mionsonraí i dTábla 2.5 d'fhoshamplaí do Thriail Labhartha na Gaeilge mar a dearadh iad agus mar a modhnaíodh iad i bhfianaise faisnéise ó scoileanna.

Tábla 2.5 An líon daltaí san fhoshampla deartha agus sprice agus an líon daltaí san fhoshampla sprice a rinne Triail Labhartha na Gaeilge mar chéatadán den líon daltaí sa phobal.

An cineál scoile	An líon daltaí san fhoshampla deartha (Labhairt Gaeilge)	An líon daltaí san fhoshampla sprice (Labhairt Gaeilge)	Céatadán den phobal
Gnáth	980	975	2.0%
Lán-Ghaeilge	210	210	10.5%
Gaeltacht	336	313	27.2%

Nósanna imeachta d'obair allamuigh

Nuair a bhí sampla de scoileanna roghnaithe, scríobh Leas-Phríomhchigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chuig na scoileanna go léir ag iarraidh orthu a bheith rannpháirteach sa suirbhé. Iniata leis an litir bhí foirmeacha ar ar iarradh ar an bpríomhoide na ranganna ina raibh daltaí rang a sé a liostú agus, i gcás gach ranga díobh sin, ainmneacha agus dátaí breithe dhaltaí rang a sé go léir a liostú. Rinne duine den fhoireann taighde teagmháil leis na scoileanna sin nach raibh na foirmeacha curtha ar ais acu laistigh de dhá sheachtain ó eisíodh an litir. Cuireadh in iúl do scoileanna go ndéanfadh oibrí allamuigh teagmháil leo i rith an chúpla seachtain ina dhiaidh sin.

Ceapadh foireann de chigirí bunscoile agus de phríomhoidí bunscoile a bhí éirithe as a gcuid dualgas chun an obair allamuigh a dhéanamh. Chabhraigh 32 duine ar an iomlán le riaradh an tsuirbhé i scoileanna.

Tionóladh cruinniú eolais ag ar tugadh lámhleabhar do gach riarthóir trialach ina raibh cóipeanna de na hionstraimí trialach, na ceistneoirí comhthéacs agus teoracha mionsonraithe maidir le riaradh na dtrialacha agus na gceistneoirí. Tugadh liosta freisin do na hoibríthe allamuigh de na scoileanna a raibh siad sannta chucu. Míníodh na nósanna imeachta a bhí le leanúint i rith riaradh an tsuirbhé. Thug riarthóirí na dtrialacha réamhchuariteanna ar na scoileanna i rith thréimhse an 14 Bealtaine go dtí an 12 Aibreán 2002. Bhí roinnt cuspóirí leis an gcuart sin: (1) casadh leis an bpríomhoide agus le múinteoir rang a sé roghnaithe agus nósanna imeachta an tsuirbhé a mhíniú dóibh; (2) socruithe a dhéanamh maidir le príomhthástáil na ndaltaí i rith thréimhse an 15 Aibreán – 24 Bealtaine; (3) Ceistneoir na nDaltaí a riaradh; (4) an líon daltaí a raibh díolúine acu ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge de réir chiorclán 12/96 a thairfeadh; (5) a dhéanamh amach an mbeadh aon daltaí le tarraingt amach as an triail ar chúiseanna comhaontaithe; agus (6) scaipeadh a dhéanamh ar na ceistneoirí a bheadh le tabhairt ar ais comhlánaithe agus le bailiú ag tráth na príomhthástála. Iarradh ar an bpríomhoide Ceistneoir na Scoile a chomhlánú agus iarradh ar an múinteoir ranga Ceistneoir don Mhúinteoir a chomhlánú. Riar an riarthóir trialach Ceistneoir an Dalta ar na daltaí sa rang a sé roghnaithe. Ar riaradh Cheistneoir an Dalta a chríochnú, thug sé/sí cóip de Cheistneoir na dtuismitheoirí do gach dalta a bhí rannpháirteach sa suirbhé. Bhí litir ina raibh imlíne de chuspóir an tsuirbhé agus inar iarradh comhoibriú na dtuismitheoirí i dteannta leis an gceistneoir, agus iarradh ar na tuismitheoirí an ceistneoir comhlánaithe, a chur ar ais chuig an múinteoir ranga agus é séalaithe sa chlúdach a bhí tugtha,

D'fhill riarthóirí na dtrialach ar gach scoil ar feadh dhá lá ar a laghad chun tabhairt faoin bpríomhchlár tástála. Lá 1, riaradh na trí roinn den Triail Léitheoireachta ar an rang i dtí sheisiún tástála ar leithligh a mhair thart ar 45 nóiméad. Sa bhreis air sin, comhairlíodh do riarthóirí na dtrialach dhá Thriail Labhartha na Gaeilge ar a laghad a dhéanamh ag tráthanna nach raibh grúpthástáil ar siúl leis an rang. Riaradh Triail Éisteachta na Gaeilge le linn na chéad tréimhse den lá ar Lá 2, agus ina dhiaidh sin rinneadh an chuid eile de Thrialacha aonair Labhartha na Gaeilge. Bailíodh na ceistneoirí a bhí comhlánaithe ag an bpríomhoide, ag an múinteoir ranga agus ag na tuismitheoirí. Rinneadh socrúithe chun aon cheistneoir eile a bhailiú ag dáta níos faide anonn, nó iarradh ar an bPríomhoide iad a chur chuig an bhForas Taighde ar Oideachas leis an bpost. I gcásanna nach raibh sé indéanta Trialacha aonair Labhartha na Gaeilge a chríochnú laistigh den sceideal tástála dhá lá, d'fhéadfadh riarthóirí na dtrialach filleadh ar scoil le haghaidh leathlae eile chun an tástáil a chríochnú.

Nuair a bhí an obair allamuigh críochnaithe sna scoileanna, tionóladh cruinniú mioncheistithe leis na riarthóirí trialach i ndeireadh an Mheithimh. Ag an gcruinniú sin, tugadh an deis do na riarthóirí trialach cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar éirigh leo sna scoileanna ar thug siad cuairt orthu agus aon fhaisnéis bhreise a thabhairt a mheas siad a chabhródh le léirmhíniú na sonraí ón suirbhé agus a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair don phleanáil i gcás suirbhéanna amach anseo.

Rátaí freagartha

As an 220 scoil a roghnaíodh ag an gcéad chéim den tsampláil, thoiligh 210 a bheith rannpháirteach. Na scoileanna a roghnaigh gan páirt a ghlacadh, rinneadh ionadú orthu de réir nós imeachta a chinntigh go mbeadh an scoil ionaid chomh gar agus ab fhéidir ó thaobh méide agus comhdhéanamh inscne de leis an scoil a roghnaíodh ar dtús. Maidir le ceann amháin de na scoileanna a dhiúltaigh páirt a ghlacadh, ní raibh sé indéanta ionadaí oiriúnach a aithint ina leith. Dá bhrí sin, bhí 219 scoil rannpháirteach i SIG.

Toisc nach raibh na daltaí go léir i láthair nuair a rinneadh an tástáil, bíonn an líon daltaí dá bhfuil sonraí againn ar gach ionstraim i gcónaí níos ísle ná an líon daltaí sa sampla sprice. Chomh maith leis sin, níor chuir na tuismitheoirí go léir an Ceistneoir do na Tuismitheoirí ar ais. Tá an líon daltaí agus tuismitheoirí dá bhfuil sonraí ar fáil maidir le gach ionstraim i ngach ceann de na trí shampla i dTáblaí 2.6, 2.7 agus 2.8. Taispeánann na táblaí seo freisin an líon daltaí sa sampla sprice agus na rátaí freagartha comhfhreagracha.

Tábla 2.6 Rátaí freagartha i ngnáthscoileanna maidir le trialacha inniúlachta na Gaeilge agus ceistneoirí daltaí agus tuismitheoirí

Ionstraim	An líon daltaí	Sampla Sprice	Ráta freagartha
Triail Léitheoireachta na Gaeilge	2,726	3,037	89.8%
Triail Éisteachta na Gaeilge	2,728	3,037	89.8%
Ceistneoir an Dalta	2,778	3,037	91.5%
Ceistneoir do na Tuismitheoirí	2,744	3,037	90.4%
Triail Labhartha na Gaeilge	950	975	97.4%

Tábla 2.7 Rátaí freagartha i scoileanna lán-Ghaeilge maidir le trialacha inniúlachta na Gaeilge agus ceistneoirí daltaí agus tuismitheoirí

Ionstraim	An líon daltaí	Sampla Sprice	Ráta freagartha
Triail Léitheoireachta na Gaeilge	624	683	91.4%
Triail Éisteachta na Gaeilge	640	683	93.7%
Ceistneoir an Dalta	609	683	89.2%
Ceistneoir do na Tuismitheoirí	609	683	89.2%
Triail Labhartha na Gaeilge	208	210	99.1%

Tábla 2.8 Rátaí freagartha i scoileanna Gaeltachta maidir le trialacha inniúlachta na Gaeilge agus ceistneoirí daltaí agus tuismitheoirí

Ionstraim	An líon daltaí	Sampla Sprice	Ráta freagartha
Triail Léitheoireachta na Gaeilge	547	615	88.9%
Triail Éisteachta na Gaeilge	550	615	89.4%
Ceistneoir an Dalta	573	615	93.2%
Ceistneoir do na Tuismitheoirí	575	615	93.5%
Triail Labhartha na Gaeilge	294	313	93.9%

Ní raibh ach trí príomhoide as na 219 príomhoide scoile (de na trí chineál scoile go léir) nár chuir Ceistneoir Scoile comhlánaithe ar ais. Fuarthas Ceistneoir don Mhúinteoir ó 218 den 219 scoil rannpháirteach.

Ualaí samplála

Lena chinntiú gurbh fhíorléiriú ar na pobail ónar roghnaíodh iad a léirigh anailís sonraí ó shamplaí roghnaithe, ríomhadh sraith ualaí samplála. Tá ualaí riachtanach mar go ndearnadh sampláil ar scoileanna agus ranganna (agus dá réir sin ar dhaltaí) go díréireach ó thaobh a láithreas foriomlán sa phobal. Cinntíonn ualúchán sonraí nach mbíonn tionchar míchuí ag grúpaí daltaí a bhíonn ró-ionadaithe (m.sh. daltaí i scoileanna móra) ar mheastacháin luachanna an phobail agus, dá bhrí sin, nach gclaonann siad na torthaí. Chun claonadh den sórt sin a chosc, déantar scór gach dalta a mhéadú faoi méid atá inbhéartach leis an dhóchúlacht go roghnófaí é nó í don suirbhé. Is é an dochúlacht roghnaithe ná toradh na dóchúlachta go roghnófaí an scoil, an dóchúlacht go roghnófaí

rang áirithe laistigh de scoil roghnaithe, agus (i gcás Thriail Labhartha na Gaeilge) an dóchúlacht go mbeadh dalta ar leith mar chuid den fhoshampla don triail sin.

Bhí dhá ghné eile sa phróiseas ualúcháin. Ba é an chéad ghné ná ceartú chun neamhfhreagairt a chur san áireamh ag gach leibhéal (m.sh. scoil a dhiúltaigh páirt a ghlacadh sa staidéar nó dalta a bheith as láthair lá na tástála) agus sin go simplí an líon scoileanna nó daltaí roghnaithe a roinnt ar an líon scoileanna nó daltaí óna bhfuarthas sonraí. Bhain an dara gné leis na hualaí a ríomhadh ar an modh a bhfuil tuairisc thuas air a mhéadú faoin gcodán foriomlán samplála (an líon daltaí sa sampla roinnte ar an líon daltaí sa phobal). Seachnaíonn an chéim sin mearbhall idir meastacháin an tsampla agus paraiméadair an phobail iomláin.

Chun ualaí samplála a ríomh, féadfar féachaint ar na samplaí ó na trí chineál scoile (gnáth, lán-Ghaeilge agus Gaeltacht) mar shamplaí a tarraingíodh as trí phobal ar leithligh. Éilíonn sé sin, dá bhrí sin, trí thacar ualaí, ceann do gach cineál scoile. Chomh maith leis sin, theastaigh ualaí ar leithligh do gach ceann de na trí thriail (Léitheoireacht, Éisteacht agus Labhairt). Ós rud é go raibh sé beartaithe go ndéanfadh na daltaí go léir Triail Léitheoireachta na Gaeilge agus Triail Éisteachta na Gaeilge, níl de dhifríocht idir na hualaí do na trialacha sin ach amháin ó thaobh ceartúcháin a rinneadh do neamhfhreagairt ag leibhéal an dalta. Is fothacar a roghnaíodh go randamach de na daltaí a bhí roghnaithe cheana do Thrialacha Éisteachta na Gaeilge agus Léitheoireachta na Gaeilge a rinne Triail Labhartha na Gaeilge. Mar sin, cruthaíodh ualach ar leithligh i gcomhair anailís na trialach sin. Tá mionsonraí an phróisis ualúcháin i bhFíor 2.1.

Fíor 2.1 Foirmlí chun ualaí samplála a ríomh

Méadaíodh lomscóir Thrialacha Éisteachta na Gaeilge agus Léitheoireachta na Gaeilge faoi:

$$n/N \text{ (sbw x scnr x cbw x pcnr)}$$

Méadaíodh lomscóir Thrialacha Labhartha na Gaeilge faoi:

$$n/N \text{ (sbw x scnr x cbw x pbw x pcnr)}$$

n	an líon daltaí sa sampla,
N	an líon daltaí sa phobal,
sbw	an bonnualach scoile nó inbhéartach na dóchúlachta go roghnófaí an scoil
scnr	an ceartú do neamhfhreagairt ag leibhéal scoile
cbw	an bonnualach ranga nó inbhéartach na dóchúlachta go roghnófaí rang a sé agus, dá bhrí sin, comhionann leis an líon ranganna de dhailtáí rang a sé sa scoil,
pcnr	an ceartú do neamhfhreagairt ag leibhéal dalta,
pbw	an bonnualach daltaí nó inbhéartach go mbeadh dalta ar dhuine den seachtar daltaí a roghnófaí le Triail Labhartha na Gaeilge a dhéanamh.

Anailís ar na sonraí

Cuireadh na sonraí ó gach ceann de na trí thriail, Ceistneoir don Mhúinteoir agus Ceistneoir do na Tuismitheoirí le hais a chéile ag leibheál an dalta. Ciallaíonn sé singur féidir meán-inniúlacht na ndaltaí a bhfuil saintréith ar leith acu de réir cheann de na ceistneoirí (m.sh., an céatadán daltaí ar cainteoirí dúchais Gaeilge a dtuismitheoirí) a scrúdú. Ciallaíonn sé freisin gur féidir na torthaí a bhaineann le Ceistneoir don Mhúinteoir a thuairisciú i dtéarmaí céatadán daltaí (m.sh., an céatadán daltaí a gcreideann a múinteoirí go bhfuil caighdeán léitheoireachta na Gaeilge íslithe).

Sa tuarascáil seo, bhí earráidí caighdeánacha ríofa ag baint úsáide as pacáiste staitistiúil WesVar (Westat, 2000) i dteannta leis na meáin agus na céatadán. Is éard is earráid chaighdeánach ann ná tomhas ar a mhéid is dócha go mbeidh meastachán sampla nó meán nó céatadán difriúil ón bhfíorluach (nach fios) don phobal as a bhfuil an sampla tarraingthe. Baineann WesVar úsáid as teicníc athshamplála (“jeaicnaidhf”) chun earráid chaighdeánach a chruthú do gach meastachán pobail, ag cur dearadh an tsampla san áireamh (sa chás seo braisleshmpla dhá chéim). Is é an toradh go bhfuil na hearráidí caighdeánacha níos mó sa suirbhé seo ná mar a bheadís dá bhféadfaí sampla randamach simplí de dhaltaí ar fud na scoileanna go léir a úsáid.

Gnéithe de shuirbhé agus de shampla 1985

Tabharfaimid ár n-aird anois ar thuairisc achomair ar shuirbhé 1985 ar inniúlacht in Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge ag rang a sé agus an cur chuige i leith na samplála. Faoi mar a bhí sa suirbhé a bhfuil tuairisc anseo air, bhí suirbhé 1985 bunaithe ar shamplaí ar leithligh de dhaltaí ó ghnáthscoileanna, ó scoileanna lán-Ghaeilge agus ó scoileanna Gaeltachta. Ní hionann agus an suirbhé seo, áfach, áit arbh í an scoil an t-aonad tosaigh samplála, ba é an rang an t-aonad tosaigh samplála i 1985. I gcás gach cineál scoile, liostaíodh gach rang a raibh daltaí rang a sé iontu, gan scoileanna príobháideacha agus scoileanna speisialta a bheith san áireamh. Is de réir uimhir rolla na scoile a bhí ord liostú na ranganna, agus liostaíodh ranganna i scoileanna a raibh níos mó ná rang amháin le daltaí rang a sé iontu i ndiaidh a chéile. Ag tosú le huimhir randamach, roghnaíodh na ranganna ó liosta ag eatrainmh chomhionanna. Mar gheall ar mhéid na n-eatramh roghnúcháin, ní fhéadfaí níos mó ná rang amháin le daltaí ranga a sé a roghnú ó aon scoil. Is é an toradh a bhí ar an nós imeachta sin ná sampla de 129 rang a sé i ngnáthscoileanna, 16 rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus 35 rang a sé i scoileanna Gaeltachta. Is cigirí bunscoile de chuid na Roinne Oideachais a rinne an tástáil go léir. Rinneadh líon beag daltaí nach ndearna staidéar riamh ar an nGaeilge nó nár thosaigh á staidéar go dtí le deireanas a eisiadh ón sampla. Bailíodh sonraí tástála inniúlachta ó 2203 dalta i ngnáthscoileanna, 301 dalta i scoileanna lán-Ghaeilge agus 369 dalta i scoileanna Gaeltachta.

Nuair a dhéanfar comparáidí idir shamplaí 1985 agus 2002 maidir le hinniúlacht Éisteachta na Gaeilge agus Labhartha na Gaeilge, déanfar líon beag ranganna a sé a eisiadh ó shampla 1985 chun an easpa ranganna comhfhreagracha i roghnú sampla 2002 a chothromú. Is iad na ranganna eisiata ná na ranganna a raibh níos lú ná seisear daltaí iontu i rang a sé, i gcás gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge, agus níos lú ná triúr daltaí iontu i gcás scoileanna Gaeltachta. Rinneadh líon iomlán de 50 dalta

a eisiadh ó shampla 1985 ar an tslí seo, 48 ó ghnáthscoileanna agus beirt ó scoileanna Gaeltachta.

Féadfar difríocht níos imeachta amháin idir suirbhéanna 1985 agus 2002 a thabhairt ar aird anseo. I gcás gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge, roinneadh Triail Labhartha na Gaeilge i 1985 ina dhá leath (Cuid a agus Cuid b), gach leath á riaradh ar gach re dalta. Rinneadh deighilt na trialach i dtéarmaí cuspóirí iomlána. Ar an tslí sin, rinneadh gach mír a bhain le cuspóir a shannadh chuig an leath céanna den triail agus laistigh den leath sin den triail, bhí míreanna a bhain le gach cuspóir san ord céanna leis an triail bhunaidh. Chiollaigh leatha malartacha den triail a shannadh gur cruthaíodh sonraí Labhartha na Gaeilge do gach dalta i ngnáthscoileanna agus i scoileanna lán-Ghaeilge i sampla 1985. Ach ní dhearna leath na ndaltaí sin ach míreanna Chuid a agus ní dhearna an leath eile ach Cuid b. I gcás scoileanna Gaeltachta i 1985, rinne na daltaí go léir Triail iomlán Labhartha na Gaeilge (féach Caibidil 4 le haghaidh mionsonraí). I 2002, i gcodarsnacht leis sin, rinne foshamplaí de dhaltaí i ngach ceann de na trí chineál scoile Triail *iomlán* Labhartha na Gaeilge.

Ceann de na hiarmhairtí atá ag an difríocht sin i riaradh Thriail Labhartha na Gaeilge sa dá shuirbhé ná, cé nach bhfuil aon deacracht comparáid a dhéanamh idir sonraí a bhaineann le cuspóirí trialach aonair in imeacht ama, ní féidir comparáid a dhéanamh idir na meánscóir fhoriomlána ar Thriail Labhartha na Gaeilge sa dá thréimhse ama i gcás daltaí gnáthscoileanna agus daltaí scoileanna lán-Ghaeilge. Is féidir comparáid a dhéanamh eatarthu, áfach, i gcás daltaí scoileanna Gaeltachta. Is féidir comparáid a dhéanamh idir na meánscóir fhoriomlána freisin, ar ndóigh, i gcás Éisteacht na Gaeilge do gach ceann de na trí chineál scoile, ó tharla nár bhain sannadh na leath malartach i 1985 ach amháin le Triail Labhartha na Gaeilge.

Bailíodh faisnéis ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge freisin trí Cheistneoir don Mhúinteoir i 1985. Toisc go raibh roinnt ceisteanna iomchuí ar leagan 1985 agus ar leagan 2002 den Cheistneoir don Mhúinteoir, is féidir anailís a dhéanamh ar athruithe i roinnt dearcaí agus cleachtas de chuid na múinteoirí. Bailíodh sonraí an Cheistneora don Mhúinteoir ó mhúinteoirí líon iomlán de 2104 dalta i ngnáthscoileanna i 1985, an t-aon sampla a úsáideadh mar chomparáid le sonraí 2002. Arís eile, chun críocha comparáide, fágadh na scoileanna is lú ar lár.

Conclúid

Tomhaiseadh inniúlacht sa Ghaeilge ag baint úsáide as leaganacha modhnaithe de thrialacha critéarthagartha a bhí in úsáid i suirbhéanna roimhe sin ag ITÉ agus as triail nua léitheoireachta a d'fhorbair an FTO. Baineadh úsáid as sraith ceistneoirí freisin chun faisnéis a fháil ar athróa comhthéacs ar nós tuairimí agus cleachtais mhúinteoirí i ndáil le múineadh agus foghlaim na Gaeilge (Ceistneoir don Mhúinteoir) agus cúlraí oideachais agus socheacnamaíochta na dtuismitheoirí mar aon lena n-eolas ar an nGaeilge agus an úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge chomh maith lena ndearcadh i leith na Gaeilge tríd is tríd agus i leith na Gaeilge sa chóras oideachais (Ceistneoir do na Tuismitheoirí).

Díríodh ar dhaltaí i rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta chomh maith le gnáthscoileanna. Baineadh úsáid as braisleshampálaí dhá chéim chun

samplaí de 140 gnáthscoil, 30 scoil lán-Ghaeilge agus 50 scoil Gaeltachta a roghnú. Tástáladh rang iomlán i ngach scoil rannpháirteach ag baint úsáide as trialacha grúpariartha (Éisteacht agus Léitheoireacht na Gaeilge) agus tástáladh sampla randamach de suas le seachtar daltaí ar Labhairt na Gaeilge.

Is foireann de 32 cigire nó príomhoide scoile a bhí éirithe as dualgas a rinne an obair allamuigh don suirbhé. Thug siad réamhchuart ar gach scoil a bhí sannta dóibh agus ansin d'fhill siad ar an scoil ar feadh dhá lá iomlán tástála ar a laghad.

Bhí 219 scoil ar an iomlán rannpháirteach sa suirbhé. Mar gheall ar neamhláithreachtaí daltaí nuair a rinneadh an tástáil, bíonn an líon daltaí dá bhfuil sonraí ar fáil dóibh ar gach ionstraim i gcónaí níos ísle ná an líon daltaí sa sampla sprice. Réimsigh na rátaí freagartha don cheithre ionstraim ag leibhéal an dalta (trí thriail agus Ceistneoir an Dalta) ó 88.9% go dtí 99.1% ar fud na gcineálacha scoile. Réimsigh an ráta freagartha don Cheistneoir do na Tuismitheoirí ó 89.2% go dtí 93.5%. Fuarthas Ceistneoir don Mhúinteoir ó 218 den 219 scoil rannpháirteach.

Cuireadh ualach samplála i bhfeidhm ar gach scór daltaí chun ró-ionadaíocht grúpaí áirithe (m.sh., iad sin i scoileanna móra) a chur san áireamh chomh maith le neamhfhreagairt ag leibhéal scoile agus daltaí.

Toisc go ndéanann an suirbhé seo macasamhail de go leor gnéithe de shuirbhé ITÉ roimhe seo i 1985, is féidir athruithe a tharla idir an dá linn a scrúdú, maidir le hinniúlacht sna Trialacha Éisteachta agus Labhartha, ach ní féidir i gcás na Trialach Léitheoireachta. Is féidir anailís a dhéanamh ar an athrú i roinnt dearcaí agus cleachtas de chuid na múinteoirí.

3. Inniúlacht Éisteachta na Gaeilge

Tuairisc agus athbhreithniú ar Thriail Éisteachta na Gaeilge

Is leagan athbhreithnithe é Triail Éisteachta na Gaeilge a úsáideadh i 2002 den triail critéarthagartha (*Triail Éisteachta ITÉ – VI*) a úsáideadh roimhe sin i suirbhéanna ITÉ i 1978 agus i 1985 (Harris, 1983; 1984; Harris & Murtagh 1988a; Harris, Murtagh, Hickey, De Nais & Ó Domhnalláin, 1985). Sprioc a bhí tábachtach in úsáid na trialach i suirbhé 2002 ná a dhéanamh amach an raibh aon athruithe suntasacha in inniúlacht éisteachta na Gaeilge ag leibhéal rang a sé ó 1985. Bhí an spéis atá againn in athruithe fadtéarmacha a thomhas ina mhórfhachtóir freisin maidir leis na cineálacha athruithe a shocraíomar a dhéanamh ar an triail bhunaidh. Go bunúsach, bhíomar ag iarraidh a laghad athruithe agus ab fhéidir a dhéanamh ar an ábhar agus ar an riaradh ionas nach mbeadh comparáid idir feidhmíocht daltaí a d’úsáid an triail i 2002 agus feidhmíocht daltaí in *Triail Éisteachta ITÉ – VI* 1985 casta gan ghá. Déanfaimid cur síos ar dtús ar an *Triail Éisteachta ITÉ – VI* bhunaidh agus ansin ar na hathruithe a rinneadh in ábhar agus i riaradh.

Ábhar agus cuspóirí Thriail Éisteachta na Gaeilge

Bhí Triail Éisteachta na Gaeilge bhunaidh a úsáideadh i suirbhé náisiúnta 1978 leagtha amach lena léiriú an raibh máistreacht bainte amach ag daltaí i gcuspóirí ar leith. Is éard a shocraigh na cuspóirí sin ná a raibh in ábhar closamhairc na Roinne Oideachais *Nuachúrsaí* (Éire: An Roinn Oideachais, 1978) do ranganna a cúig agus a sé. Ba iad *Nuachúrsaí* cúrsaí oifigúla na Roinne Oideachais i nGaeilge labhartha, a bhí go mór chun cinn i múineadh na Gaeilge agus in ábhair cheachta go dtí gur eisíodh an curaclam leasaithe i 1999. Mar sin, d’fhoghlaim daltaí rang a sé a ndearnadh tástáil orthu i suirbhé náisiúnta 2002 Gaeilge den chuid is mó faoin ‘sean’ churaclam agus bhí siad faoi réir ag ábhair mhúinte a bhí faoi anáil an churaclaim sin. Sa mhéid sin, measadh gurbh é *Triail Éisteachta ITÉ – VI* a úsáideadh chun éisteacht na Gaeilge a thástáil i 1978/1985 fós go bunúsach an triail ab oiriúnaí chun scileanna éisteachta dhaltaí rang a sé a mheas i 2002, faoi réir ag athruithe forimeallacha áirithe a bhfuil tuairisc thíos orthu. Tá na saincheistanna a bhain le hábhar *Nuachúrsaí* a aistriú isteach i gcuspóirí scil ábhair don *Triail Éisteachta ITÉ-VI* bhunaidh pléite go mion ag Harris (1984).

Tá cuspóirí Thriail Éisteachta na Gaeilge sainaitheanta anseo le hainmneacha a choimre ar nós *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* agus *Cruinnaithe dhéilbhíocht na mbriathra san éisteacht*. Tá liosta de na seacht gcuspóir a tástáladh i dTábla 3.1. Bhí gach mír i bhfoirm ilrogha agus cuireadh i láthair ar chaiséad do na rang-ghrúpaí daltaí go léir iad. D’fhéadfadh na scrúdaitheoirí treoracha a thabhairt i nGaeilge nó i mBéarla, cibé teanga is fearr a chinnteodh go dtuigfeadh an dalta an tasc. Bhí na míreanna iad féin, áfach, go hiomlán i nGaeilge. Cainteoirí dúchais, idir fhir agus mhná, le Gaeilge Chonnacht a bhí ar an gcaiséad. Tugadh freagraí éagsúla ilrogha ó bhéal tar éis gach mír labhartha ar an téip. Dúradh codanna lárnacha roinnt grúpaí míreanna an athuair. Bhí leaganacha clóite de na roghanna freagraí do roinnt míreanna i leabhráin na ndaltaí. Ní fhéadfaí aon mhír a fhreagairt trí léamh amháin, mar sin féin, d’fhéadfaí formhór mór na míreanna a fhreagairt gan aon úsáid a bhaint as an ábhar clóite beag ná mór. Taifeadh na freagraí trí na daltaí

ceann de cheithre litir sa leabhrán trialach a mharcáil. Baineadh úsáid mhór as léaráidí. Riaradh Triail Éisteachta na Gaeilge i bhformhór na gcásanna roimh Triail aonair Labhartha na Gaeilge (féach Caibidil 2).

Tábla 3.1 Liosta de na cuspóirí ar Thriail Éisteachta na Gaeilge agus an líon míreanna a úsáideadh chun gach ceann a thástáil.

Cuspóirí ar Thriail Éisteachta na Gaeilge	An Líon Míreanna
1. Idirdhealú fuaimneanna	10
2. Foclóir éisteachta	20
3. Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	25
4. Cruinnaithint dheilbhíocht na mbriathra	8
5. Cruinnaithint dheilbhíocht na réamhfhocal	4
6. Cruinnaithint dheilbhíocht na gcáilitheoirí	4
7. Cruinnaithint dheilbhíocht na n-ainmfhocal	4

Aithníodh trí leibhéal feidhmíochta i ndáil le gach cuspóir: ‘máistreacht’, ‘dul chun cinn íosta’ agus ‘teip dul chun cinn íosta a dhéanamh’ (féach Harris, 1984). Ba é an céatadán de mhíreanna cearta a chomhair mar mháistreacht ná 75%. I bhfeidhmiú an chritéir sin, rinneadh teascadh ar thorthaí codánacha: is é sin ghlacamar mar rathúil an scór den uimhir iomlán a bhí díreach faoin scór codánach ba chúil don chritéir. Socraíodh an leibhéal seo nuair a bhí an triail á forbairt i dtús ama agus bhí sé bunaithe go príomha ar bhreithnithe grúpa cigirí bunscoile a bhí ag úsáid leagan modhnaithe de mhodh Angoff (Angoff, 1971; Livingston & Zieky, 1982; Harris, 1984). Sainmhíníodh dul chun cinn íosta mar (40%) nó níos mó de fhreagairt cheart, ach níos lú ná an 75% a bhí riachtanach don mháistreacht. Sainmhíníodh ‘teip’ mar níos lú ná 40% den fhreagairt cheart. Sa dá chás seo freisin, rinneadh teascadh ar scóir chritéir ina raibh codáin.

Beidh formhór na sonraí a chuirfimid i láthair faoi fheidhmíocht comhdhéanta den chéatadán daltaí a bhain amach gach ceann de na trí leibhéal feidhmíochta sainmhínithe seo i ngach cuspóir: (i) máistreacht, (ii) dul chun cinn íosta ar a laghad ach gan máistreacht a bhaint amach, agus (iii) teip gan fiú dul chun cinn íosta a dhéanamh.

B’fhéidir go mbeadh sé úsáideach tuairisc a thabhairt ar cheann de na cuspóirí, *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*, mar léiriú ar ár gcur chuige i leith na tástála. Baineadh úsáid as míreanna i dtrí fhormáid dhifriúla nuair a bhí *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* á tástáil. D’iarr grúpa amháin míreanna ar na daltaí a aithint cé acu ceann de cheithre léaráid dhifriúla a chuaigh go díreach leis an gcás a raibh cur síos déanta air in abairt labhartha shimplí. D’iarr an dara grúpa míreanna ar an dalta éisteacht le ráiteas agus ansin ceist ilrogha a dúradh ó bhéal a fhreagairt, ceist a bhain le haithint, suíomh nó mothúcháin an chainteora, aithint an té a rabhthas ag caint leis, an ócáid ag ar dúradh an ráiteas nó a raibh sa ráiteas féin. D’iarr an tríú grúpa míreanna ar an dalta éisteacht le tuairisc ghairid (60+ focal) ó bhéal ar eachtra agus ansin sraith ceisteanna ilrogha a fhreagairt maidir le haithint an eolais nó tát simplí a dhéanamh.²

Athbhreithniú ar an Triail Éisteachta – VI lena húsáid i suirbhé 2002

² Féach freisin an plé ar chuspóirí a bhaineann le deilbhíocht i gCaibidil 4.

Mar a dúradh níos túisce, tá cuspóirí agus inneachar Thriail Éisteachta na Gaeilge an-ábhartha do phobal daltaí rang a sé a bhí rannpháirteach i suirbhé 2002 mar, d'fhorhmór na n-ocht mbliana a raibh siad sa bhunscoil, bheidís ag foghlaim Gaeilge faoi churaclam 1971. Is é sin le rá, bheadh Gaeilge labhartha á múineadh dóibh trí chúrsa closamhairc *Nuachúrsaí* (An Roinn Oideachais, 1978) nó trí cheann de na cúrsaí a cuireadh ar fáil in earnáil na foilsitheoireachta príobháidí a bhí bunaithe ar an siollabas agus an modh múinte céanna sin. Bheadh múinteoirí ag leanúint an tseanchuraclaim go bunúsach go dtí 1999 ar a laghad, nuair a foilsíodh an curaclam leasaithe, *Curaclam na Bunscoile*, (CNCM, 1999a,b,c). Chuir *Clár Tacaíochta Churaclam na Bunscoile* tús le hoiliúint inseirbhíse agus laethanta pleanála scoile don churaclam leasaithe sa Ghaeilge i 2000, agus bhí sé sin fós ar siúl nuair a bhí suirbhé 2002 á dhéanamh. Ba i Meán Fómhair 2003, an dáta oifigiúil tosaithe a moladh chun an curaclam a chur i bhfeidhm, a bhí na chéad chúrsaí nua Gaeilge bunaithe ar an gcuraclam leasaithe do na ranganna sinsearach ar fáil ó cheann de na foilsitheoirí tráchtála. Léirigh freagraí ó mhúinteoirí ar cheistneoir a riaradh mar chuid de shuirbhé 2002 ag am na tástála nach raibh tús curtha fiú ag an gceathrú cuid díobh le feidhmiú an churaclaim leasaithe.

Thairis sin, níl sprioc fhoriomlán mhúineadh na Gaeilge ag an mbunleibhéal – a chur ar chumas na ndaltaí cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge – athraithe ar aon chaoi faoin gcuraclam leasaithe. Is éard atá athraithe ná cur chuige ginearálta i leith múineadh agus foghlaim sa seomra ranga, agus na tascanna agus na gníomhaíochtaí a mbíonn na daltaí páirteach iontu. Ach bheifí ag súil go ngnóthódh daltaí atá ag foghlaim Gaeilge sa timpeallacht nua dearbhchumarsáideach an mháistreacht chéanna ar stór focal, an cumas Gaeilge labhartha a thuiscint agus scileanna cumarsáide agus teanga chéanna eile le daltaí a múineadh faoin seanchur chuige closamhairc agus faoi na seanábhair chlosamhairc. Ar aon nós, tá na feidhmeanna agus na topaicí cumarsáideacha a bhí clúdaithe i *Nuachúrsaí*, ar ndóigh, ag teacht isteach go mór ar na feidhmeanna agus na topaicí atá sa churaclam leasaithe, faoi mar atá go deimhin in aon chlár dara teanga nó teanga iasachta ag an mbunleibhéal.

In ainneoin oiriúnacht ghinearálta *Thriail Éisteachta – VI*, b'éigean roinnt athruithe riachtanacha a dhéanamh chun Triail Éisteachta na Gaeilge 2002 a chur ar fáil ach fós ag an am céanna gan na cuspóirí scil-ábhair ná na míreanna a athrú ar aon slí bhunúsach. Coimeádann leagan 2002 den triail an t-inneachar agus an fhormáid a bhí ag *Triail Éisteachta – VI* bhunaidh 1978, ach corpraíonn sé roinnt athruithe ginearálta in ábhair, chomh maith le roinnt athruithe sainiúla in inneachar nithe ar leith. I ndéanamh na n-athruithe sin, ba é ár gcúram go ndéanfaí an chomparáid ba bhailí agus ab iontaofa a d'fhéadfaí a dhéanamh idir inniúlacht in Éisteacht na Gaeilge i 1985 agus i 2002. Go sonrach, bhíomar ag iarraidh foinsí seachtracha deacrachta a bheadh ag daltaí maidir le freagra a thabhairt ar na míreanna tástála a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn ar aon chúis idir 1985 agus 2002 a bhaint as. Tugann fianaise a cuireadh i láthair níos deireanaí le tuiscint gur éirigh leis na hathruithe a rinneamar.

Rinneadh athruithe sonracha agus ginearálta in ábhair mar seo a leanas:

- (1) B'éigean dúinn na léaráidí agus/nó an t-ábhar teanga a athrú i gcás roinnt míreanna sainiúla chun freastal ar athruithe i gcultúr nó sa timpeallacht fhisiceach idir an dá linn. I measc na gceisteanna den chineál seo bhí an t-athrú ón bpunt go dtí an euro, athruithe i dtoscán tí agus i gcarranna, agus feasacht níos mó ar bhuansamhlú inscne. Is deacair a fheiceáil cén chaoi a n-athródh na

hathruithe a bhaineann leis na topaicí seo iontu féin leibhéal deacrachta na míreanna, ach ar ndóigh caithfear a mheas an bhféadfadh sin tarlú.

- (2) Ar an líon beag athruithe seo a chur i bhfeidhm, ba léir go gcaithfimis na léaráidí eile go léir sa triail bhunaidh a athdhéanamh chun aonfhoirmeacht stíle a chaomhnú.
- (3) Mhóthaíomar nach raibh aon rogha againn ach an téipchaiséid a thairfeadh as an nua chun na míreanna seo a sheachadadh agus úsáid a bhaint as cainteoirí nua toisc go raibh caighdeán na dtairfeadtaí bunaidh imithe chun donais idir an dá linn. Nuair a bhí an t-ábhar á thairfeadh, scrúdaíomar go cúramach am agus luas an tairfeadta bhunaidh agus d'fhéachamar leosan a choinneáil sa leagan nua.

Agus na hathruithe sin á ndéanamh againn, shocraíomar dá dtarlódh aon earráid gur chun éascaíochta a dhéanfaí na míreanna thar mar a bhí siad do dhaltáí i 1985. Thug an réamhthástáil ar na míreanna éisteachta agus labhartha i roinnt scoileanna roimh shuirbhé 2002 le tuiscint go raibh an dóchúlacht ann go raibh na caighdeáin inniúlachta sa Ghaeilge laghdaithe i ngnáthscoileanna ó 1985. Bhí an cinneadh athruithe a dhéanamh ar dócha, dá mbeadh aon tionchar acu, go laghdóidís deacracht na trialach tábhachtach mar sin. Thacaigh tuairimí na múinteoirí agus na bpríomhoidí, faoi mar a thairfeadh iad níos deireanaí sna ceistneoirí a riaradh i rith an tsuirbhé féin, leis an mbreithiúnas seo (féach Caibidil 7). Bhí gearáin faoin easpa ábhair mhúinteoireachta a bheadh oiriúnach don Ghaeilge i rith na 1990idí agus tuiscint i measc múinteoirí gurbh í an Ghaeilge an t-ábhar ba mhó a gcaithfí athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh air (CMÉ, 1996; 1998a, b), ag teacht go mór leis an titim i gcaighdeáin ó 1985. Bhíomar ag iarraidh a chinntiú a mhéid ab fhéidir, dá bhrí sin, go mbainfí aon fhoinsí deacrachta ón taobh amuigh de dhaltáí maidir le nithe mí-oiriúnacha as an triail ionas nach mbeadh sé ina mhíniú inchreidte ar an meath i gcaighdeáin inniúlachta dá mba rud é go léireodh na sonraí torthaí den sórt sin.

Tá roinnt cineálacha sonraí inniúlachta ann ó shuirbhé 2002, chomh maith le sonraí anailíse míreanna ó 1985 agus 2002, a léiríonn gur éirigh linn aon mhórfhoinsé sheachtrach deacrachta do dhaltáí a bhaint amach do na daltaí a bhí ag déanamh na trialach i 2002.

- (1) Déanann daltaí ar dócha *a priori* go mbeidh leibhéal arda d'inniúlacht Éisteachta na Gaeilge acu sa teanga (m.sh., de bhua a bheith ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge) go maith ar an iomlán ó thaobh meánscoir ar an triail i 2002 faoi mar a rinne a gcomhleithidí i 1985. I bhfocail eile, má bhíonn an scil éisteachta riachtanach sa Ghaeilge ag daltaí rang a sé, is dealraitheach nach gcothaíonn leagan 2002 den triail aon deacracht intrinseach dóibh. Méadaíonn sé seo ár muinín chun teacht ar an gconclúid gur fíormheath in oilteacht na Gaeilge é an meath i bhfeidhmíocht daltaí i ngnáthscoileanna idir 1985 agus 2002 atá léirithe inár sonraí agus nach rud atá cruthaithe ag foinsí seachtracha deacrachta é.
- (2) Tá comhcheangal ag an 11 mír a ndearnadh athruithe sainiúla orthu le meánlaghdú (idir 1985 agus 2002) sa chéatadán daltaí i ngnáthscoileanna ar éirigh leo iontu, nach bhfuil difríl go suntasach ón meánlaghdú do nithe *nach* ndearnadh athruithe suntasacha orthu. Is 17.9% (DC=12.89) an mheántitim

sa chéatadán do nithe ‘athraithe’ agus is 17.2% an mheántitim do na 64 mír eile (DC=12.36).

- (3) Tá comhcheangal ag na cúig mhír is mó a athraíodh laistigh den 11 sin le laghdú iomlán *níos lú* i bhfeidhmíocht daltaí idir 1985 agus 2002 ná na míreanna go ginearálta. Tá an meánchéatadán de dhaltaí ar éirigh leo i ngach mír i 1995 níos mó ná sin i 2002 le 17.3%. I gcás na gcúig mhír is mó a athraíodh, áfach, is 13.8% amháin an meánmheath ar gach mír (féach Tábla 3.2). Mar sin, is dealraitheach gur laghdaigh an próiseas athraithe deacracht na míreanna sin i gcoibhneas leis na cinn eile.

Tabla 3.2 An mheándifríocht céatadáin i ndeacracht míre i ngnáthscoileanna idir 1985 agus 2002.

1985-2002	Meándifríocht (DC)
An mheándifríocht i ndeacracht do na 75 mír go léir	17.3% (12.35)
An mheándifríocht i ndeacracht do na míreanna nár athraíodh (n=64)	17.2% (12.36)
An mheándifríocht i ndeacracht do na míreanna a athraíodh (n=11)	17.9% (12.89)
An mheándifríocht i ndeacracht do na 5 mír is mó a athraíodh	13.8% (15.88)

Inniúlacht Éisteachta na Gaeilge

Máistreacht, dul chun cinn íosta agus teip i 1985 agus 2002

Sa roinn seo scrúdaímid feidhmíocht dhaltaí rang a sé i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 2002 agus déanaimid comparáid leis na sonraí combhionanna ó shuirbhé 1985. Is iad ár gceisteanna ginearálta: Conas a dhéanann daltaí i ndáil le cuspóirí éagsúla Éisteachta na Gaeilge i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta? An bhfuil inniúlacht in éisteacht na Gaeilge athraithe go suntasach ó 1985? Cé chomh mór atá an t-athrú? An bhfuil an t-athrú dírithe níos mó ar scileanna áirithe teanga nó éisteachta ná scileanna eile?

Cuirimid na sonraí i láthair i ndáil le gach ceann de na seacht gcuspóir ar an triail do gach aon ceann den dá phointe ama. Tá siad sin comhdhéanta de chéatadáin daltaí go náisiúnta (a) a bhain máistreacht amach, (b) a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad agus (c) ar theip orthu dul chun cinn íosta a dhéanamh i ndáil le gach cuspóir. Léireoidh na sonraí sin freisin an bhfuil athruithe i scileanna Éisteachta na Gaeilge ceangailte níos dlúithe le cuspóirí curaclaim áirithe, nó diminsin feidhmíochta, ná le cinn eile. Cuirfimid meán-lomscóir ar an triail i láthair ina n-iomláine níos deireanaí sa chaibidil.

Gnáthscoileanna

Tá sonraí ar na céatadáin de dhaltaí a bhí ag freastal ar ghnáthscoileanna agus a bhain an leibhéal is airde feidhmíochta (máistreacht) amach le feiceáil i dTábla 3.3.

Taispeánann siad sin go raibh titim shubstaintiúil idir 1985³ agus 2002 sa chéatadán de dhaltáí a bhain leibhéil arda feidhmíochta amach do shé cinn de sheacht gcuspóir Éisteachta na Gaeilge. Tá gach ceann de na sé mheath suntasach go staitistiúil⁴. Mar shampla, bhí titim de 36.1% agus 40.5% faoi seach sna céatadáin daltaí a bhain máistreacht amach sna cuspóirí *Foclóir éisteachta* agus *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*. Fágann sé sin mionlaigh an-bheaga daltaí (5.9% agus 7.8% de na daltaí faoi seach) i ngnáthscoileanna a bhain leibhéil arda feidhmíochta amach ar an dá ábhar sin i 2002. Is cosúil go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an meath i ndáil leis na cuspóirí sin mar go bhfuil siad lárnach d'úsáid na Gaeilge le haghaidh fíorchumarsáide.

Tá comhcheangal idir na cuspóirí a bhaineann le *Cruinnaithe dhéilbhíocht na mbriathra san éisteacht* agus *Cruinnaithe dhéilbhíocht na réamhfhocal san éisteacht* le titim de 24% agus 22.1% faoi seach, gan ach 2.9% agus 11.8% faoi seach fós ag baint máistreachta amach sna cuspóirí sin i 2002. Tá dhá chuspóir eile a bhfuil ceangal acu le meath sa chéatadán a bhain máistreacht amach ag 16.6% agus 13.1% faoi seach. Ba é *Idirdhealú fuaimeanna* an t-aon chuspóir nach raibh an meath i bhfeidhmíocht suntasach go staitistiúil.

Tábla 3.3 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Gnáthscoileanna Cuspóir éisteachta	Bhain máistreacht amach		Difríocht (2002 – 1985)
	1985	2002	
Idirdhealú fuaimeanna	84.7% (1.39)	84.2% (1.41)	- 0.5%
Foclóir éisteachta	42.0% (3.00)	5.9% (1.08)	- 36.1%
Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	48.3% (2.94)	7.8% (1.20)	- 40.5%
Cruinnaithe dhéilbhíocht na mbriathra	26.9% (2.35)	2.9% (0.61)	- 24.0%
Cruinnaithe dhéilbhíocht na réamhfhocal	33.9% (2.43)	11.8% (0.91)	- 22.1%
Cruinnaithe dhéilbhíocht na gcáilitheoirí	30.6% (2.68)	14.0% (1.42)	- 16.6%
Cruinnaithe dhéilbhíocht na n-ainmfhocal	16.8% (1.54)	3.7% (0.49)	- 13.1%

³ Eisíodh líon beag de ranganna a sé i scoileanna beaga ó shampla 1985 (n=50 dalta ar an iomlán) chun inchomparáideacht a choinneáil le sampla 2002 a d'fhág na scoileanna is lú ar lár (i.e. i gcás go raibh níos lú ná 6 daltaí i rang a sé i ngnáthscoileanna nó níos lú ná 3 daltaí i rang a sé i scoileanna Gaeltachta).

⁴ Tástáladh difríochtaí idir péirí céatadán i 1985 agus 2002 trí gach difríocht agus a hearráid chaighdeánach a thagairt do na luachanna criticiúla a ghabhann leis an dáileadh z, seachas leis an dáileadh t, mar go seachnaíonn sé sin na castachtaí a bhaineann leis na céimeanna saoirse a chomhfhreagraíonn do luachanna t a ríomh (Agreisti & Finlay, 1997, pp. 219-222).

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 2155, N (2002) = 2728.

Taispeánann Táblaí 3.4 agus 3.5 an céatadán daltaí i ngnáthscoileanna a bhain *dul chun íosta* amach agus a fuair *teip* faoi seach i 1985 agus 2002. Tugann na táblaí seo an deis dúinn a fheiceáil mar a bhíonn méaduithe sna céatadáin a bhreithnítear a rinne *dul chun cinn íosta* nó a fuair *teip* i 2002 mar thoradh ar an laghdú sna céatadáin de dhaltáí a bhain *máistreacht* amach i 2002. Ag féachaint ar an tríú colún i ngach ceann den dá thábla seo, feicimid, i gcás fhormhór na gcuspóirí, go bhfuil méadú measartha tagtha ar an gcéatadán daltaí a bhain an leibhéal is ísle feidhmíochta a shainmhínítear mar dhul chun cinn íosta amach (nó laghdú iarbhrí i gcás amháin), ach go bhfuil méadú níos mó sa chéatadán a theip. Mar shampla, tá méadú idir 1985 agus 2002 de 27.9% agus 24.4% ag gabháil le *Foclóir éisteachta* agus *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* faoi seach sna céatadáin a theip (Tábla 3.5). Is 8.3% agus 16% faoi seach amháin atá sna méaduithe sna céatadáin a rinne *dul chun cinn íosta* ar a laghad.

Tábla 3.4 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Gnáthscoileanna Cuspóir éisteachta	Dul chun cinn íosta ar a laghad		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Idirdhealú fuaimeanna	11.6% (1.07)	12.8% (1.03)	+1.3%
Foclóir éisteachta	43.5% (2.08)+	51.8% (1.88)	+8.3%
Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	39.9% (2.12)	55.9% (1.74)	+16.0%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na mbriathra	45.4% (1.41)	48.3% (1.30)	+2.9%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na réamhfhocail	56.5% (1.99)	69.3% (1.17)	+12.8%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na gcáilitheoirí	53.7% (1.92)	62.7% (1.11)	+9.0%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na n-ainmfhocail	63.4% (1.21)	58.8% (1.36)	-4.6%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 2155, N (2002) = 2728.

Tábla 3.5 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a fuair teip i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Gnáthscoileanna Cuspóir éisteachta	Teip		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Idirdhealú fuaimeanna	3.9% (0.53)	3.1% (0.66)	- 0.8%

Foclóir éisteachta	14.4% (1.93)	42.3% (2.00)	+ 27.9%
Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	11.8% (1.59)	36.2% (1.75)	+ 24.4%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na mbriathra	27.7% (2.00)	48.7% (1.40)	+ 21.0%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na réamhfhocal	9.6% (0.93)	18.9% (1.09)	+ 9.3%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na gcáilitheoirí	15.7% (1.42)	23.3% (1.22)	+ 7.6%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na n-ainmfhocal	19.7% (1.54)	37.5% (1.54)	+ 17.8%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 2155, N (2002) = 2728.

Scoileanna Lán-Ghaeilge

Bhain céatadán an-ard daltaí máistreacht amach i bhformhór na gcuspóirí i 2002 sna scoileanna lán-Ghaeilge (Táblaí 3.6 go dtí 3.8). Fuarthas máistreacht ar *Fhoclóir éisteachta* agus *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*, mar shampla, le 89.3% agus 96.3% faoi seach. I gcás trí chuspóir eile, ba 86.4% an céatadán ab ísle a bhain máistreacht amach. Ní raibh ach dhá chuspóir a raibh comhcheangal acu le céatadán mháistreachta níos lú ná sin: *Cruinnaithe d'heilbhíocht na mbriathra san éisteacht* (máistrithe ag 61.3% de na daltaí) agus *Cruinnaithe d'heilbhíocht na n-ainmfhocal* (32.1% de na daltaí).

Tábla 3.6 An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir éisteachta i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002

Scoileanna Lán-Ghaeilge Cuspóir éisteachta	Bhain máistreacht amach		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Idirdhealú fuaimeanna	96.0% (1.24)	97.0% (1.06)	+1.0%
Foclóir éisteachta	90.4% (4.04)	89.3% (3.13)	-1.1%
Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	96.4% (1.00)	96.3% (1.92)	-0.1%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na mbriathra	76.1% (3.72)	61.3% (4.02)	- 14.8%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na réamhfhocal	93.0% (1.44)	86.4% (1.57)	- 6.6%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na gcáilitheoirí	80.1% (2.69)	87.8% (2.12)	+ 7.7%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na n-ainmfhocal	56.5% (6.89)	32.1% (3.06)	- 24.4%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 301, N (2002) = 640.

In ainneoin chéatadáin arda tríd is tríd na ndaltaí lán-Ghaeilge a bhain máistreacht amach i gcuspóir Éisteachta na Gaeilge i 2002, tá meath suntasach go staitistiúil ann ó 1985 i gcás trí cinn de na seacht gcuspóir. Péire de na trí chuspóir a léirigh meath suntasach ná an dá chuspóir ab annaimhe máistreacht a bheith bainte amach iontu – *Cruinnaithe dheilbhíocht na mbriathra san éisteacht* (áit a raibh titim de 14.8% ó 1985) agus *Cruinnaithe dheilbhíocht na n-ainmfhocal* (áit a raibh titim de 24.4%). Ba é an tríú cuspóir a raibh céatadán laghdaithe ag gabháil leis ná *Cruinnaithe dheilbhíocht na réamhfhocal san éisteacht* (meath de 6.6%). Tabhair ar aird go raibh dhá chuspóir lárnacha in Éisteacht na Gaeilge, *Foclóir éisteachta* agus *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*, máistríthe ag céatadán an-chosúla daltaí i 1985 agus 2002 agus nach bhfuil na difríochtaí suntasach go staitistiúil.

Níos ginearálta, d'fhéadfaí a thabhairt ar aird i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge go bhfuil méid an mheatha idir 1985 agus 2002 sa chéatadán a bhain leibhéil 'mháistreachta' i bhfeidhmíocht amach i ndáil le sé cinn de na seacht gcuspóir (Tábla 3.6) i bhfad níos lú ná mar atá i ngnáthscoileanna (Tábla 3.3.) agus, ar ndóigh, go bhfuil an titim ó bhonn i bhfad níos airde i 1985 i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá meath suntasach ag gabháil le sé cinn de na cuspóirí i ngnáthscoileanna le hais trí cinn i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge. I gcás cuspóra amháin, *Cruinnaithe dheilbhíocht na gcáilitheoirí san éisteacht* mhéadaigh an céatadán go suntasach (7.7%) sna scoileanna lán-Ghaeilge. Tá méadú sa chéatadán a bhain máistreacht amach i 2002 ag gabháil freisin le cuspóir eile, *Idirdhealú fuaimeanna*, ach níl sé seo suntasach go staitistiúil.

Tábla 3.7 An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Lán-Ghaeilge Cuspóir éisteachta	Dul chun cinn íosta ar a laghad		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Idirdhealú fuaimeanna	3.7% (1.12)	2.7% (1.07)	-1.0%
Foclóir éisteachta	9.0% (3.63)	10.2% (3.03)	+1.2%
Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	3.7% (1.00)	3.7% (1.92)	0%
Cruinnaithe dheilbhíocht na mbriathra	22.9% (3.44)	38.1% (3.85)	+15.2%
Cruinnaithe dheilbhíocht na réamhfhocal	7.0% (1.44)	13.2% (1.46)	+6.2%
Cruinnaithe dheilbhíocht na gcáilitheoirí	19.9% (2.69)	11.9% (2.10)	-8.0%
Cruinnaithe dheilbhíocht na n-ainmfhocal	39.2% (5.51)	61.5% (2.72)	+22.3%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. $N(1985) = 301$, $N(2002) = 640$.

Tábla 3.8 An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge ar theip orthu i ngach cuspóir i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Lán-Ghaeilge	Teip		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Cuspóir éisteachta			
Idirdhealú fuaimeanna	0.3% (0.36)	0.3% (0.23)	0%
Foclóir éisteachta	0.7% (0.45)	0.5% (0.29)	-0.2%
Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	0% (-)	0% (-)	0%
Cruinnaitheacht dheilbhíocht na mbriathra	1.0% (0.53)	0.6% (0.36)	-0.4%
Cruinnaitheacht dheilbhíocht na réamhfhocail	0% (-)	0.4% (0.25)	+0.4%
Cruinnaitheacht dheilbhíocht na gcáilitheoirí	0% (-)	0.3% (0.05)	+0.3%
Cruinnaitheacht dheilbhíocht na n-ainmfhocail	4.3% (1.78)	6.5% (1.32)	+2.2%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. $N(1985) = 301$, $N(2002) = 640$.

Ag déanamh comparáide idir na sonraí i dTáblaí 3.6 agus 3.7, is féidir a thabhairt ar aird go bhfuil comhcheangal ag na trí chuspóir a léiríonn meath suntasach staitistiúil sna céatadáin a bhain máistreacht amach idir 1985 agus 2002 (Tábla 3.6) leis na méaduithe de bheagnach an mhéid chéanna sna céatadáin a rinne dul chun cinn íosta sa tréimhse chéanna (Tábla 3.7), méaduithe atá suntasach go staitistiúil freisin i ngach ceann de na thrí chás. I bhfocail eile, is dealraitheach go bhfuil teascán den phobal scoileanna lán-Ghaeilge tar éis sciorradh siar ó mháistreacht go dtí dul chun cinn íosta sna cuspóirí sin. Ach ní shíneann an titim i bhfeidhmíocht chomh fada le méadú sa líon a fuair teip sna trí chuspóir sin. Tá an teip i ngach ceann de na seacht gcuspóir éisteachta thar a bheith íseal i scoileanna lán-Ghaeilge, agus níor athraigh sé go suntasach iontu go léir ach i gcás amháin, *Cruinnaitheacht dheilbhíocht na gcáilitheoirí san éisteacht* (áit nach raibh ach méadú de 0.3%), ó 1985 (Tábla 3.8).

Ar ndóigh ní chiallaíonn ‘teip’ nach ndearna dalta aon dul chun cinn san inniúlacht éisteachta beag ná mór. De bhrí go mbaineann na tátail faoi chéatadáin daltaí a theip le cuspóirí rang a sé, d’fhéadfadh dalta gan máistreacht a dhéanamh ar chuspóir ag an leibhéal seo ach fós dul chun cinn a bheith déanta aige nó aici sa chuspóir scil eolais sin ag leibhéal ranga níos ísle.

Scoileanna Gaeltachta

Taispeánann Táblaí 3.9 go dtí 3.11 na rátaí máistreachta, dul chun cinn íosta agus teipe i ndáil le gach cuspóir Éisteachta na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta. I gcás gach ceann de na seacht gcuspóir, bhí na céatadáin a bhain máistreacht amach i scoileanna Gaeltachta i 2002 áit éigin idir gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge, cé go raibh siad i bhfad níos gaire do scoileanna lán-Ghaeilge (Tábla 3.9). Mar shampla, is 73.3% a bhí sa chéatadán a bhain máistreacht amach in *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* i scoileanna Gaeltachta i 2002, i gcás gur 96.3% a bhí ann i scoileanna lán-Ghaeilge (Tábla 3.6) agus 7.8% i ngnáthscoileanna (Tábla 3.3).

Tábla 3.9 An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Gaeltachta Cuspóir éisteachta	Bhain máistreacht amach		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Idirdhealú fuaimeanna	82.6% (2.02)	89.8% (1.84)	+7.2%
Foclóir éisteachta	80.1% (3.82)	65.3% (5.66)	-14.8%
Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	84.7% (3.25)	73.3% (5.24)	- 11.4%
Cruinnaitheint dheilbhíocht na mbriathra	60.8% (5.94)	44.7% (5.40)	-16.1%
Cruinnaitheint dheilbhíocht na réamhfhocal	71.7% (5.69)	60.4% (5.33)	-11.3%
Cruinnaitheint dheilbhíocht na gcáilitheoirí	64.6% (5.03)	68.5% (4.88)	+3.9%
Cruinnaitheint dheilbhíocht na n-ainmfhocal	44.1% (6.08)	32.8% (5.37)	-11.3%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 367, N (2002) = 550.

Mar is léir ó Thábla 3.9, bhain níos lú ná 50% de dhaltáí Gaeltachta máistreacht amach ar dhá chuspóir i 2002 – *Cruinnaitheint dheilbhíocht na mbriathra san éisteacht* (44.7%) agus *Cruinnaitheint dheilbhíocht na n-ainmfhocal san éisteacht* (32.8%). Taispeánann Tábla 3.9 go bhfuil comhcheangal ag cúig chuspóir as na seacht gcuspóir le titim i bhfeidhmíocht idir 1985 agus 2002, ach nach bhfuil an titim suntasach ach amháin i gcás dhá chuspóir – *Foclóir éisteachta* (titim de 14.8%) agus *Cruinnaitheint dheilbhíocht na mbriathra san éisteacht* (titim de 16.1%). Is cuid suntasais freisin i gceithre cinn de na cúig chuspóir a raibh meath sa chéatadán daltaí a bhain máistreacht amach ag gabháil leo, gurb éard a bhí de bharr an mheatha sin ná méadú níos mó sa chéatadán a rinne dul chun cinn íosta (Tábla 3.10) ná sa chéatadán a fuair teip (Tábla 3.11) Bhí méadú suntasach (7.2%) ann i gcás *Idirdhealú fuaimeanna*. Léiríonn cuspóir amháin eile *Cruinnaitheint dheilbhíocht na gcáilitheoirí*, méadú sa chéatadán daltaí a bhain máistreacht amach ach níl an méadú sin suntasach.

Tábla 3.10 An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Gaeltachta Cuspóir éisteachta	Dul chun cinn íosta ar a laghad		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Idirdhealú fuaimeanna	12.8% (1.84)	9.2% (1.51)	-3.6%
Foclóir éisteachta	18.5% (3.53)	29.7% (4.75)	+11.2%
Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	13.9% (2.85)	22.4%	+8.5%

		(4.35)	
Cruinnaithe d'heilbhíocht na mbriathra	30.8% (4.41)	41.0% (3.31)	+10.2%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na réamhfhocal	26.7% (5.53)	34.2% (4.09)	+7.5%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na gcáilitheoirí	30.5% (4.00)	26.1% (3.87)	-4.4%
Cruinnaithe d'heilbhíocht na n-ainmfhocal	46.9% (3.87)	49.9% (4.08)	+3.0%

Níl aon cheann de na difríochtaí suntasach. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 367, N (2002) = 550.

Ag féachaint ar gach ceann de sheacht gcuspóir Éisteachta na Gaeilge, tá na rátaí teipe i scoileanna Gaeltachta i 2002 (Tábla 3.11) i bhfad níos gaire dóibh sin i scoileanna lán-Ghaeilge (Tábla 3.8) ná iad sin do ghnáthscoileanna (Tábla 3.5). Mar shampla is 14.3% an céatadán de dhaltáí i scoileanna Gaeltachta ar theip orthu i gCruinnaithe d'heilbhíocht na mbriathra, fad agus gur 0.6% é i scoileanna lán-Ghaeilge agus 48.7% i ngnáthscoileanna. I gcás fhormhór na gcuspóirí, tá athruithe sna rátaí teipe idir 1985 agus 2002 níos gaire dóibh sin i scoileanna lán-Ghaeilge ná i ngnáthscoileanna. Mar shampla, níl na harduithe sna rátaí teipe ó 1985 suntasach ach amháin do chuspóir Éisteachta na Gaeilge amháin i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge, do thrí chuspóir i gcás na scoileanna Gaeltachta agus do shé chuspóir i gcás na ngnáthscoileanna. I gcás fhormhór na gcuspóirí, tá an t-ardú sa chéatadán de dhaltáí Gaeltachta ar theip orthu níos lú ná 4% agus i gcás amháin, *Idirdhealú fuaimeanna* tá laghdú suntasach sa chéatadán ar theip orthu.

Tá ord deacrachta na gcuspóirí éagsúla mórán mar a chéile sna trí phobal scoile. Mar sin, is iondúil go mbíonn na cuspóirí is minice a bhfaightear máistreacht orthu i ngnáthscoileanna ar na cuspóirí is minice a bhfaightear máistreacht orthu i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta freisin. Is iad na ranguithe lán-Ghaeilge agus Gaeltachta de chuspóirí ó thaobh na gcéatadán a fhaigheann máistreacht is gaire dá chéile, mar sin féin, tá cúig chuspóir a bhfuil rangú mar a chéile acu sa dá chineál scoile seo agus tá dhá rangú nach bhfuil de dhifríocht eatarthu ach a haon.

Ar deireadh, agus na himpleachtaí do scoileanna Gaeltachta á mbreithniú, tá sé tábhachtach smaoineamh ar nádúr éagsúil theanga na scoileanna sin ó thaobh chúla teanga baile na ndaltaí agus a mhéid a dhéantar teagasc trí mheán na Gaeilge ar scoil (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1987). Mar sin, éilíonn comparáidí ar na hathruithe in inniúlacht na Gaeilge in imeacht ama i scoileanna Gaeltachta, agus scrúdú ar aon athruithe sa difreáil feidhmíochta idir scoileanna den sórt sin agus gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge in imeacht ama, anailís i bhfad níos mine.. Fillimid chun scrúdú breise a dhéanamh ar inniúlacht i scoileanna Gaeltachta i gCaibidil 7.

Tábla 3.11 An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta ar theip orthu i ngach cuspóir i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002.


Scoileanna Gaeltachta Cuspóir éisteachta	Teip		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Idirdhealú fuaimeanna	4.6%	1.1%	- 3.5%

Foclóir éisteachta	(0.96) 1.4%	(0.42) 4.9%	+ 3.5%
Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha	(0.57) 1.4%	(1.42) 4.3%	+ 2.9%
Cruinnaithint dheilbhíocht na mbriathra	(2.65) 8.5%	(3.00) 14.3%	+ 5.8%
Cruinnaithint dheilbhíocht na réamhfhocal	(0.70) 1.6%	(1.52) 5.4%	+ 3.8%
Cruinnaithint dheilbhíocht na gcáilitheoirí	(1.52) 4.9%	(1.57) 5.4%	+ 0.5%
Cruinnaithint dheilbhíocht na n-ainmfhocal	(2.93) 9.0%	(2.88) 17.3%	+ 8.3%


Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 367, N (2002) = 550.

Tá Fíoracha 3.1 go dtí 3.4 deartha chun na hathruithe, i gcás ceithre chuspóir Éisteachta Gaeilge, idir 1985 agus 2002 sna céatadáin daltaí i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta a bhain máistreacht amach, a rinne dul chun cinn íosta nó ar theip orthu a léiriú. Léiríonn siad freisin na rátaí difreálacha meatha i bhfeidhmíocht sna trí chineál scoile.


Fíor 3.1 Céatadáin de dhaltaí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéal dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir *Idirdhealú fuaimeanna*.




Fíor 3.2 Céatadáin de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéal dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir *Foclóir éisteachta*.



Fíor 3.3 Céatadáin de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéal dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*.



Fíor 3.4 Céatadán de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéal dhifriúla feidhmíochta amach ar an guspóir *Cruinnaithe d'heilbhíocht na mbriathra san éisteacht.*



Fás ar an bpobal Lán-Ghaeilge agus meath ar inniúlacht i ngnáthscoileanna

Breathnóimid anois ar mhíniú amháin a d'fhéadfadh a bheith ar an meath substaintiúil idir 1985 agus 2002 in inniúlacht Éisteachta na Gaeilge i ngnáthscoileanna. Tá an míniú seo bunaithe ar an bhféidearthacht go bhfuil an meath nasctha ar shlí éigin leis an bhfás as cuimse i bpobal na scoileanna lán-Ghaeilge i rith na tréimhse céanna. Cé go gcaithfear a threisiú nach bhfuil anseo ach hipitéis, is fiú é a scrúdú mura mbeadh ann ach ar an gcúis go luaitear go minic é agus gan aon taighde mar thaca leis. Leagan amháin den hipitéis seo gur dócha go mbeadh an cineál cúlra oideachais, teanga nó teaghlach ag na daltaí ar leith a 'cailleadh' ó ghnáthscoileanna i rith na tréimhse seo, agus a 'ghnóthaigh' na scoileanna lán-Ghaeilge, a chothódh leibhéal réasúnta ard

spéise agus inniúlachta sa Ghaeilge ar aon chuma. Deimhníonn sonraí a chuirtear i láthair níos faide anonn i gCaibidlí 6 agus 7 gur ann do dhifriochtaí teanga baile-cúlra idir gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge. Is é an cineál cúlra teanga seo, a áitítear, go díreach a d'fhéadfadh tabhairt ar thuismitheoirí na ndaltaí sin scoil lán-Ghaeilge a roghnú ar an gcéad dul síos seachas gnáthscoil. Ar an gcúis chéanna, is inchreidte a cheapadh go gcuirfeadh na daltaí céanna sin, dá mba rud é go roghnódh siad gnáthscoileanna, go mór le próifíl sheanbhunaithe inniúlacht Gaeilge na ngnáthscoileanna a chothabháil. De ghrá na gontachta, tabharfaimid daltaí 'ard-chumasacha Gaeilge' ar na daltaí sin. Is léir, mar gheall ar an mbearna seacht mbliana déag idir an dá shuirbhé, nach bhfuilimid ag caint anseo ar dhaltaí aonair a bheith ag athrú ó ghnáthscoileanna ar leith go dtí scoileanna lán-Ghaeilge. Táimid ag caint faoin gcaoi go raibh méadú ag teacht idir 1985 agus 2002 ar a mhinice a roghnaigh daltaí ard-chumasacha Gaeilge, ó theaghlach a roghnódh gnáthscoileanna go traidisiúnta, freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge.

Is í an cheist atáimid ag iarraidh a fhreagairt, mar sin, ná cé chomh hinchreidte atá sé gur ann don mheath in inniúlacht i ngnáthscoileanna mar thoradh ar athrú sna pobail a bhíonn ag freastal ar an dá chineál scoile. An bhféadfadh sé go ndeachaigh an oiread sin de dhaltaí ard-chumasacha Gaeilge, a rachadh go traidisiúnta chuig gnáthscoileanna, chuig scoileanna lán-Ghaeilge gur cruthaíodh meath i bhfeidhmíocht den scála ar tugadh tuairisc thuas air? Cé nach bhfuil aon bhealach chun freagra cinnte a fháil ar an gceist sin, tá dhá thriail curtha i dtoll a chéile againn a gcreidimid a thabharfaimid freagra áititheach⁵. Is éard a bhí i gceist leis an gcéad triail ná an líon daltaí ard-chumasacha Gaeilge a bheadh aistriú ó ghnáthscoil go dtí scoil lán-Ghaeilge i rith na tréimhse seacht mbliana déag faoi bhreithniú a mheas chun cuntas a thabhairt ar mheath in inniúlacht i ngnáthscoileanna den mhéid a breathnaíodh. Is féidir an líon measta sin a chur i gcomparáid ansin leis an líon a d'aistrigh go hiarbhír chuig scoileanna lán-Ghaeilge i rith na tréimhse atá i gceist. Is éard atá i gceist leis an dara triail, atá níos díri, ná na daltaí breise sna scoileanna lán-Ghaeilge i 2002 a 'athlonnú' ar shlí chuig gnáthscoileanna. Is féidir linn a mheas ansin a mhéid a dhéantar feidhmíocht 2002 i ngnáthscoileanna a athshuíomh chuig a leibhéal 1985 mar thoradh ar athlonnú na ndaltaí ard-chumasacha Gaeilge.

Sula rachaimid ar aghaidh chuig torthaí an dá thriail seo, caithfimid sonraí a chur i láthair ar fheidhmíocht fhoriomlán in Éisteacht na Gaeilge sna pobail dhifriúla scoileanna. Chun críocha chur i láthair, bheadh an cineál sonraí ar na cuspóirí aonair a cuireadh i láthair níos túsce ró-mhionsonraithe. Ina áit sin, bainfimid úsáid as an lomscór (uimhir-cheart) ar Thriail Éisteachta na Gaeilge mar thomhas cuimsitheach ar inniúlacht an dalta aonair. Tá na meán-lomscóir de dhaltaí i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002 i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta tugtha i dTábla 3.12. I gcomhréir leis na sonraí níos túsce ar mháistreacht, dul chun cinn íosta agus teip, léiríonn na meánscóir go raibh titim as cuimse idir 1985 agus 2002 san fheidhmíocht i ngnáthscoileanna: os cionn 12.9 pointe lomscóir ar thriail 75 mír, beagnach diallas caighdeánach 1985. Chomh maith leis sin, is léir laistigh de ghnáthscoileanna go raibh laghdú gear i scaipeadh na scór, leis an diallas caighdeánach ag titim ó 13.65 i 1985 go dtí 9.35 i 2002. Tá an patrún sin ar a

⁵ Táimid faoi chomaoin ag David Millar ón bhForas Taighde ar Oideachas a chabhraigh linn na trialacha seo a chur i dtoll a chéile agus a rinne an t-ualúchán agus an anailís sonraí ba ghá freisin chun iad a chur i bhfeidhm.

laghad i gcomhréir leis an bhféidearthacht go raibh roinnt daltaí ard-chumasacha Gaeilge a bhí i ngnáthscoileanna i 1985 as láthair as an bpobal seo i 2002. Tá sé i gcomhréir freisin, ar ndóigh, leis an bhféidearthacht ar chúiseanna éagsúla eile go mbaineann cion níos lú de dhaltáí gnáthscoile i 2002 leibhéil níos airde inniúlachta amach ná mar a rinne i 1985.

Tábla 3.12 Na meán-lomscóir de dhaltáí i dTriail Éisteachta na Gaeilge i 1985 agus 2002 i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta.

An cineál scoile	1985 Meán (SE)	Diallas caighdeánach	2002 Meán (SE)	Diallas caighdeánach	Difríocht 2002-1985
Gnáth	46.9 (0.97)	13.65	34.0 (0.47)	9.35	-12.9
Lán-Ghaeilge	66.0 (1.09)	6.95	63.7 (0.71)	6.56	-2.3
Gaeltacht	59.8 (1.46)	11.23	56.1 (1.80)	13.72	-3.7

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach.

Is éard a bhí i gceist lenár gcéad triail, ní miste a thabhairt chun cuimhne ná an líon daltaí ard-chumasacha Gaeilge a mbeadh orthu aistriú ó ghnáthscoil go dtí scoil lán-Ghaeilge a mheas chun cuntas a thabhairt ar mheath i bhfeidhmíocht gnáthscoileanna. Chun an meastachán sin a dhéanamh, glacaimis leis go ndéanann daltaí ard-chumasacha Gaeilge réasúnta maith, ag baint meán-lomscór de 66 as 75 amach i dTriail Éisteachta na Gaeilge (ba é sin meán 1985 do na daltaí lán-Ghaeilge i dTábla 3.12). Glacfaimid leis go mbainfidh na daltaí eile (daltáí nach daltaí ard-chumasacha Gaeilge iad) meán de 34 as 75 amach (is é seo an meán-lomscór daltaí i ngnáthscoileanna i 2002).

Chun meán-lomscór iarbhír de 46.9 a baineadh amach i 1985 (féach Tábla 3.12), a bhaint amach, chaithfeadh an pobal gnáthscoileanna sa bhliain sin a bheith comhdhéanta de 40% a bheadh ina ndaltáí ard-chumasacha Gaeilge agus 60% a bheadh ina ndaltáí nach daltaí ard-chumasacha Gaeilge iad. Agus chun meán-lomscór de 34 a bhaint amach i 2002 (Tábla 3.12), chaithfeadh na céatadáin a bheith athraithe go dtí 3% agus 97% faoi seach. Is é sin le rá, má áitítear gur ann don mheath i bhfeidhmíocht ar Thriail Éisteachta na Gaeilge sna gnáthscoileanna go huile agus go hiomlán mar gheall ar athruithe i bpobal na ndaltáí a bhíonn ag freastal ar an dá chineál scoile, bheadh an céatadán de dhaltáí ard-chumasacha Gaeilge i ngnáthscoileanna tite ó 40% go dtí 3% i rith na tréimhse atá faoi chaibidil.

Ach léireodh sé sin gluaiseacht daltaí ó ghnáthscoileanna agus isteach i scoileanna lán-Ghaeilge atá i bhfad níos mó ná mar a tharla go hiarbhrí. D'éileodh sé go mbeadh 38 faoin gcéad de na daltaí i ngnáthscoileanna i 1985, iad go léir ina ndaltáí ard-chumasacha Gaeilge, athraithe go dtí scoileanna lán-Ghaeilge faoi 2002. I ndáiríre, idir 1985 agus 2002 d'ardaigh an céatadán daltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge ó thart ar 1.1 faoin gcéad go dtí 5.0 faoin gcéad (Tábla 3.13)⁶. Sa

⁶ Bunaithe ar an bpobal mac léinn go léir, Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a 6.

tréimhse chéanna, thit an céatadán daltaí a bhí ag freastal ar ghnáthscoileanna ó 96.9 go dtí 93.2%. Is léir, mar sin, go bhfuil an meath i bhfeidhmíocht Éisteachta na Gaeilge i ngnáthscoileanna idir an dá thréimhse ama i bfad níos mó ná mar a d'fhéadfaí a mhíniú trí ardú iarbhair sa líon daltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. Bunaithe ar an gcéad triail, mar sin, is féidir teacht ar an gconclúid go gcaithfidh go bhfuil fachtóirí seachas gluaiseacht daltaí ard-chumasacha Gaeilge amach as gnáthscoileanna freagrach as an meath in inniúlacht ar an scála a breathnaíodh.

Agus maidir leis sin, tá sé le sonrú freisin ó Thábla 3.13 (féach an tsraith deiridh) gur mhéadaigh an cion de dhaltaí i ngnáthscoileanna inar múineadh na hábhair go léir trí Bhéarla ó 55.7% i 1985 go dtí 64.7% i 2002. Agus dá réir, laghdaigh an cion de dhaltaí i ngnáthscoileanna ina raibh cuid de na hábhair á múineadh trí Ghaeilge ó 40.2% go dtí 28.4% i 2002. Is é an tábhacht atá leis sin ó thaobh an mheatha in inniúlacht in Éisteacht na Gaeilge i ngnáthscoileanna sa tréimhse faoi bhreithniú ná go bhfuil a fhios againn ó thaighde roimhe seo go mbíonn leibhéil shubstaintiúla níos airde inniúlachta sa Ghaeilge ag daltaí i ngnáthscoileanna a múintear roinnt gnéithe den churaclam, seachas Gaeilge, trí Ghaeilge dóibh ná mar a bhíonn ag daltaí eile (Harris, 1983, 1984; Harris & Murtagh, 1988b). Fillfidimid ar an gceist seo a phlé i gCaibidil 8.

Breathnaímid anois ar an dara triail den hipitéis. Is éard atá i gceist leis seo ná an éifeacht ar mheán-lomscór Thriail Éisteachta na Gaeilge i ngnáthscoileanna a mheas dá dtabharfaí isteach an athuair na daltaí ard-chumasacha Gaeilge a 'cailleadh' chuig scoileanna lán-Ghaeilge. Glacaimid leis arís eile chun na críche seo go mbaineann na daltaí ard-chumasacha Gaeilge meán de 66 as 75 amach agus go mbaineann na daltaí eile meán de 34 as 75 amach.

Taispeánann Tábla 3.14 an éifeacht mheasta ar mheánscór Thriail Éisteachta na Gaeilge i ngnáthscoileanna dá dtabharfaí isteach an athuair na daltaí ard-chumasacha Gaeilge a 'cailleadh'. Léiríonn na sonraí sa chéad sraith an bhonnlíne dár meastachán. Taispeánann sé an céatadán de dhaltaí ard-chumasacha Gaeilge i ngnáthscoileanna mar náid (an trí chill ar chlé) agus tógann an meán-lomscór iarbhair do ghnáthscoileanna i 2002 mar scór atá ionadaíoch ar inniúlacht Éisteachta na Gaeilge do na daltaí go léir sna scoileanna sin – arb é sin, tar éis an tsaoil, atá ceaptha a bheith i gceist leis an meán. Taispeánann an dara sraith an éifeacht a bhíonn ag daltaí ard-chumasacha Gaeilge a athlonnú sa phobal gnáthscoileanna agus glacann leis go bhfuil feidhmíocht na ndaltaí sin léirithe ag meánscór de 66.

Tábla 3.13 An meán teagaisc i scoileanna de reir an líon scoileanna agus an líon daltaí i ngach catagóir scoileanna.

An Meán Teagaisc	1984/1985			2001/2002		
	Scoileanna	Daltaí	% Daltaí	Scoileanna	Daltaí	% Daltaí
Lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht	128	11117	2.0	108	7491	1.8
Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	48	6256	1.1	115	20996	5.0
Gnáthscoileanna le roinnt	20	5488	1.0	4	903	0.2

ranganna á múineadh trí Ghaeilge						
Gnáthscoileanna le roinnt ábhar á múineadh trí Ghaeilge	1192	222999	40.2	866	118936	28.4
Gnáthscoileanna leis na ranganna go léir á múineadh trí Bhéarla	1878	309223	55.7	2009	271249	64.7
Iomlán	3266	555083	100.0	3102	419575	100.0

Foinse: Tuarascálacha staitistiúla na Roinne Oideachais agus Eolaíochta do 1984/1985 agus 2001/2002.

Tábla 3.14 Samhail hipitéiseach den éifeacht ar scóir Thriail Éisteachta na Gaeilge i ngnáthscoileanna i 2002 dá dtabharfaí isteach an athuair na daltaí ard-chumasacha Gaeilge a ‘cailleadh’ chuig scoileanna lán-Ghaeilge sa tréimhse ó 1985.

Bliain	An Céatadán daltaí i ngnáthscoileanna			Triail Éisteachta na Gaeilge Meán-Lomscóir (as 75)		
	Daltaí <i>ard-chumasacha Gaeilge</i>	Daltaí <i>eile</i>	Iomlán	Meán <i>ard-chumasacha Gaeilge</i>	Meán <i>daltaí eile</i>	Meán Foriomlán
Bonnlíne 2002*	0	100	100	66	34	34.0
2002: hipitéiseach (<i>daltaí ard-chumasacha Gaeilge athshuite</i>)	4 ⁷	96	100	66	34	35.3

* Mar bhonnlíne againn, thógamar an meán iarbhír i ngnáthscoileanna i 2002 (an chill deiridh ar dheis sa tsraith seo) agus ghlacamar leis nach raibh aon daltaí ard-chumasacha Gaeilge sna scoileanna sin.

Is féidir a fheiceáil, áfach, go n-ardóidh éifeacht an athshuímh seo an meán foriomlán do ghnáthscoileanna go dtí 35.3 amháin (seachas an meán iarbhír de 34 a fuarthas i 2002 agus an 46.9 a fuarthas i 1985). Ar aon nós, trí ghlacadh leis go mbíonn na daltaí seo atá á ‘n-athsuíomh’ againn i 2002 ag feidhmiú ag an meánleibhéal do scoileanna lán-Ghaeilge, táimid ag uasmhéadú a gcumas chun inniúlacht gnáthscoileanna i 2002 a ‘cheartú’ siar go dtí a leibhéal i 1985. I ndáiríre, soláthraíonn tumoideachas leibhéil inniúlachta an dara teanga ar annamh a mbaintear a gcomhleibhéil amach leis an gcur chuige ábhar amháin a bhíonn in úsáid den chuid is mó i ngnáthscoileanna. Is é sin le rá, dá bhfanadh daltaí ard-chumasacha Gaeilge i ngnáthscoileanna, tá sé thar a bheith neamhdhóchúil go mbeadh a n-inniúlacht Gaeilge, fiú sna himthosca is fabhraí, chomh hard agus atá measta againn a bheith ag baint úsáide as meán-lomscór de 66. Ós rud é, fiú de thairbhe an cheartaithe an-fhlaithiúil seo, nach n-ardaíonn an meánscore coigeartaithe d’Éisteacht na Gaeilge i 2002 ach go dtí 35.3, ciallaíonn sé go

⁷ Tabhair ar aird go léireodh 3.7 faoin gcéad de na mic léinn go léir méid breise de thart ar 4 faoin gcéad den 93.2 faoin gcéad a bhí i ngnáthscoileanna i 2002.

gcaithfidimid míniú eile a fháil ar an meath in inniúlacht na Gaeilge i ngnáthscoileanna idir 1985 agus 2002.

Conclúid

Is cuma má scrúdaímid na meánscóir fhoriomlána nó an céatadán a bhaineann máistreacht ar chuspóirí aonair amach, is léir go raibh titim as cuimse i bhfeidhmíocht in Éisteacht na Gaeilge i ngnáthscoileanna idir 1985 agus 2002. Is 12.9 pointe lomscóir atá sa titim sa mheánscór ar Thriail Éisteachta na Gaeilge i ngnáthscoileanna, beagnach diallas caighdeánach 1985. Níl aon difríocht shuntasach idir na meánscóir sa Triail Éisteachta i 1985 agus 2002 do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta.

Bhí titim a bhí substaintiúil agus suntasach go staitistiúil idir 1985 agus 2002 sa chéatadán de dhaltáí i ngnáthscoileanna a bhain leibhéil arda feidhmíochta (máistreacht) amach do shé cinn de sheacht gcuspóir Éisteachta na Gaeilge. Mar shampla, bhí titim de 36.1% agus 40.5% faoi seach sna céatadáin daltaí a bhain máistreacht amach sna cuspóirí *Foclóir éisteachta* agus *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*. Níor bhain ach 5.9% agus 7.8% de na daltaí faoi seach i ngnáthscoileanna máistreacht amach ar an dá chuspóir sin i 2002.

I gcás fhormhór na gcuspóirí, tá comhcheangal idir an meath sa chéatadán daltaí i ngnáthscoileanna a bhain máistreacht amach agus an t-ardú measartha sa chéatadán daltaí a bhain an leibhéal níos ísle feidhmíochta, a shainmhínítear mar dhul chun cinn íosta, amach ach bhí ardú níos mó sa chéatadán ar theip orthu. Mar shampla, tá méadú idir 1985 agus 2002 de 27.9% agus 24.4% ag gabháil le *Foclóir éisteachta* agus *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* faoi seach sa titim sna céatadáin, ní raibh na harduithe sna céatadáin a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad ach amháin 8.3% agus 16% faoi seach.

I scoileanna lán-Ghaeilge fuair céatadán an-arda daltaí máistreacht ar fhormhór na gcuspóirí i 2002. Fuarthas máistreacht ar *Fhoclóir éisteachta* agus *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*, mar shampla, de 89.3% agus 96.3% faoi seach. I gcás trí chuspóir eile, ba 86.4% an céatadán ab ísle a bhain máistreacht amach. In ainneoin na gcéatadán ard go ginearálta de dhaltáí lán-Ghaeilge a fuair máistreacht ar fhormhór chuspóirí Éisteachta na Gaeilge i 2002, agus ós rud é nach bhfuil aon difríocht shuntasach idir an meánscór foriomlán ar an triail i 1985 agus 2002, tá meath suntasach staitisticiúil ann ó 1985 sa chéatadán daltaí a bhain máistreacht amach i dtrí chuspóir – *Cruinnaithe dheilbhíocht na mbriathra san éisteacht* (titim de 14.8%), *Cruinnaithe dheilbhíocht na réamhfhocal san éisteacht* (meath de 6.6%) agus *Cruinnaithe dheilbhíocht na n-ainmfhocal* (titim de 24.4%). Is cuid suntais, gur sciorradh sa dul chun cinn íosta seachas teip atá i gceist leis an meath sna céatadáin a bhaineann máistreacht amach i gcuspóirí sainiúla i scoileanna lán-Ghaeilge, ní hionann agus an scéal i ngnáthscoileanna,. Ba chóir a lua freisin, go raibh an dá chuspóir lárnacha in Éisteacht na Gaeilge, *Foclóir éisteachta* agus *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*, máistríthe ag céatadáin an-chosúla daltaí i 1985 agus 2002 agus nach bhfuil na difríochtaí suntasach go staitistiúil. Is iad na cuspóirí deireanacha seo freisin na cinn a thástáil an líon is mó míreanna. Ar deireadh, maidir leis seo, mhéadaigh an céatadán daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge a bhain máistreacht amach i gceann de chuspóirí Éisteachta na Gaeilge, *Cruinnaithe dheilbhíocht na gcáilitheoirí*, go suntasach idir 1985 agus 2002.

I gcás gach ceann de na seacht gcuspóir, bhí na céatadán daltaí a bhain máistreacht amach i scoileanna Gaeltachta i 2002 leathbhealaigh idir gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge, cé go raibh siad i bhfad níos gaire do scoileanna lán-Ghaeilge. Mar shampla, is 73.3% a bhí sa chéatadán a bhain máistreacht amach in *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* i scoileanna Gaeltachta i 2002, i gcás gur 96.3% a bhí ann i scoileanna lán-Ghaeilge agus 7.8% i ngnáthscoileanna. Bhain níos lú ná 50% de dhaltáí Gaeltachta máistreacht amach ar dhá chuspóir i 2002 – *Cruinnaithe dheilbhíocht na mbriathra san éisteacht* (44.7%) agus *Cruinnaithe dheilbhíocht na n-ainmfhocal san éisteacht* (32.8%).

Cé nach raibh aon difríocht shuntasach idir 1985 agus 2002 maidir leis an meánscór foriomlán Éisteachta Gaeilge i scoileanna Gaeltachta, tá comhcheangal ag dhá chuspóir shainiúla le titim i bhfeidhmíocht sna céatadán daltaí a bhain máistreacht amach – *Foclóir éisteachta* (titim de 14.8%) agus *Cruinnaithe dheilbhíocht na mbriathra san éisteacht* (titim de 16.1%). Bhí *méadú* suntasach (7.2%), áfach, sa chéatadán a bhain máistreacht amach i gcuspóir amháin, *Idirdhealú fuaimeanna*.

Scrúdaíodh an hipitéis gur tharla an meath substaintiúil idir 1985 agus 2002 in inniúlacht na Gaeilge i ngnáthscoileanna mar thoradh ar an bhfás sa líon scoileanna lán-Ghaeilge i rith na tréimhse céanna. Tá an argóint don hipitéis seo bunaithe ar an dóchúlacht go mb'fhéidir go mbeadh an cineál cúlra oideachais, teanga nó teaghlaidh ag na daltaí ar leith a 'cailleadh' ó ghnáthscoileanna i rith na tréimhse seo a chothódh leibhéal réasúnta ard spéise agus inniúlachta sa Ghaeilge ar aon chuma. Is éard a bhí i gceist leis an bpríomhthriail ná ar bhealach na daltaí breise i scoileanna lán-Ghaeilge i 2002 a 'athlonnú' ar ais i ngnáthscoileanna agus a mheas ansin a mhéid a dhéantar feidhmíocht 2002 i ngnáthscoileanna a athshuíomh chuig a leibhéal 1985 mar thoradh ar athlonnú na ndaltaí ard-chumasacha Gaeilge. Ní bhfuarthas aon tacaíocht don hipitéis sin.

Is ábhar inní iad na torthaí do ghnáthscoileanna ó thaobh oideachais agus chothabháil teanga de. Is saincheist amháin nach bhfuil ag éirí baol ar chomh maith a thuilleadh le leanaí inniúlacht i nGaeilge labhartha a bhaint amach sa scoil agus a bhí i lár na 1980idí. Ach d'fhéadfadh na himpleachtaí don fhiontar leathan cothabhála teanga in Éirinn a bheith tromchúiseach freisin. Bhíodh ról lárnach ag gnáth-bhunscoileanna riamh ag cinntiú go ndéanfaí eolas ar an teanga labhartha a tharchur chuig gach glúin nua. Baineann na meastacháin atá tuairiscithe anseo an bonn d'aon nóisean go bhfuil scoileanna lán-Ghaeilge, dhá mhíre dá raibh a bhfás, ag déanamh cúitimh as an meath i gcothabháil teanga i láthair na huaire ar bhonn náisiúnta atá ag tarlú mar gheall ar an titim in inniúlacht i ngnáthscoileanna.

4. *Inniúlacht Labhartha na Gaeilge*

Tuairisc agus leasú ar Thriail Labhartha na Gaeilge

Faoi mar a bhí i gcás Triail Éisteachta na Gaeilge (atá pléite i gCaibidil 3), is éard a bhí i dTriail Labhartha na Gaeilge do rang a sé a úsáideadh ná leagan leasaithe de thriail chritéarthagartha (*Triail Chainte ITÉ – VI*) a úsáideadh i suirbhéanna ITÉ i 1978 agus i 1985 (Harris, 1983; 1984; Harris & Murtagh 1988a: Harris, Murtagh, Hickey, De Nais & Ó Domhnalláin, 1985). Arís, ba spéis linn athruithe fadtéarmacha in inniúlacht Labhartha na Gaeilge idir 1985 agus 2002 a thomhas agus b’shin fachtóir a bhí sa chur chuige a shocraíomar maidir le roinnt athruithe riachtanacha a dhéanamh ar an triail bhunaidh. Go bunúsach, bhíomar ag iarraidh a laghad athruithe agus ab fhéidir a dhéanamh ar inneachar agus ar riaradh *Triail Chainte ITÉ – VI* ionas nach mbeadh comparáid idir feidhmíocht daltaí a d’úsáid an triail i 2002 agus feidhmíocht daltaí i 1985 casta gan ghá. Déanfaimid cur síos ar dtús ar an *Triail Chainte ITÉ – VI* bhunaidh, i bhfoirm 1978 agus 1985, agus ansin ar na hathruithe a rinneadh in inneachar agus i riaradh chun go mbeadh sé oiriúnach do shuirbhé 2002.

Ábhar agus cuspóirí *Triail Chainte ITÉ - VI*

Bhí an *Triail Chainte ITÉ - VI* bhunaidh a úsáideadh i suirbhé náisiúnta 1978 leagtha amach lena léiriú an raibh máistreacht bainte amach ag daltaí i gcuspóirí ar leith (nó leibhéil shainmhínte feidhmíochta eile ina leith). D’fhéadfaí smaoineamh ar na cuspóirí a bheith comhdhéanta den chumas tascanna labhartha sainiúla a dhéanamh i nGaeilge, ar tascanna iad a raibh an cineál eolais agus scile de dhíth lena n-aghaidh a raibh an curaclam ceaptha a fhorbairt. Tá na cuspóirí sainaitheanta anseo le hainmneacha a choimre ar nós *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint*. Is éard a shocraigh na cuspóirí sin ná a raibh i gceachtanna *Nuachúrsaí* do rang a cúig agus do rang a sé. Ba iad *Nuachúrsaí* cúrsaí closamhairc oifigiúla Gaeilge na Roinne Oideachais, a bhí chun cinn i dteagasc na Gaeilge agus in ábhair cheachta go dtí gur eisíodh an curaclam leasaithe i 1999.

Ar na cúiseanna a bhfuil cur síos déanta cheana orthu i gCaibidil a 3 i ndáil le Triail Éisteachta na Gaeilge, is féidir linn a bheith réasúnta cinnte de gur fhoghlaim daltaí rang a sé a ndearnadh tástáil orthu i suirbhé náisiúnta 2002 Gaeilge faoi churaclam 1971 (An Roinn Oideachais, 1971) agus go raibh cur amach acu ar ábhair mhúinte agus ar mhodhanna múinte a bhí go mór faoi anáil an churaclaim sin, fiú sa chás gur úsáid múinteoirí téacsleabhair a bhí curtha ar fáil ag foilsitheoirí na hearnála príobháidí. Sa chás sin, measadh na míreanna agus na cuspóirí a úsáideadh chun Labhairt na Gaeilge a thástáil i 1978 agus i 1985 a bheidh fós oiriúnach chun daltaí rang a sé a mheas in inniúlacht Labhartha na Gaeilge i 2002. Tugtar plé níos iomláine ar na cuspóirí ábhair scile is bonn taca do Thriail Labhartha na Gaeilge in Harris (1984).

I suirbhé 1985 ar labhairt na Gaeilge ag leibhéal rang a sé, cuireadh cuspóir breise le haghaidh *rang a dó, Cumarsáid*, a bhfuil tuairisc níos iomláine thíos air, le leagan 1978 lena dhéanamh amach a mhéid a bhí na scileanna cumarsáide labhartha is bunúsaí sa Ghaeilge bainte amach faoi dheireadh na bunscoile. Cúis eile gur cuireadh an fothriail rang a dó *Cumarsáid* leis an triail ná ionas go bhféadfaí comparáid a dhéanamh le fás in inniúlacht scileanna cumarsáide idir rang a dó agus rang a sé. D'fhéadfaí sin a dhéanamh mar go raibh tástáil déanta roimhe sin againn ar shampla náisiúnta de dhaltáí rang a dó ar na míreanna rang a dó seo i *gCumarsáid* sa bhliain 1982. Leis na míreanna sin a chur i suirbhé 1985 de dhaltáí rang a sé bhíomar in ann an chomparáid sin a dhéanamh, cé go raibh trí bliana eatarthu.

Agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar leagan 1985 de Thriail Labhartha na Gaeilge do shuirbhé 2002, cinneadh gan úsáid a bhaint as míreanna a bhain le dhá chuspóir a thástálar i 1985 agus 1978, *Fuaimniú agus Cruinnúsáid comhréire i gceisteanna*. Chun tuiscint a fháil ar an gcúis nár riaradh na míreanna sin i 2002, caithfeadh a mhíniú nuair a chuireamar cuspóir rang a dó *Cumarsáid* leis i 1985, bhí an triail a bhí mar thoradh air ró-fhada le riaradh go hiomlán ar gach dalta. Mar sin, i suirbhé 1985, roinneadh Triail Labhartha na Gaeilge ina dhá chuid, le ranna malartacha á riaradh ar gach re dalta i ngnáthscoileanna agus i scoileanna lán-Ghaeilge. I gcás scoileanna Gaeltachta, riaradh an triail iomlán ar gach dalta agus rinneadh socrú do shos i lár an tseisiúin thástála.

I 2002, níor rogha indéanta riaradh a dhéanamh go malartach ar leathanna ar roinnt cúiseanna (m.sh. raon na dtrialacha inniúlachta Gaeilge eile agus ceistneoirí a bhí le riaradh agus nach raibh ach seachtar daltaí le tástáil i Labhairt na Gaeilge i ngach scoil). Shocraíomar ina áit, dá bhrí sin, dhá chuspóir a fhágáil ar lár mar chúiteamh ar *Chumarsáid* a chur leis agus Triail Labhartha na Gaeilge ciorraithe a riaradh ina iomláine ar gach dalta a roghnaíodh. Ní rabhamar ag iarraidh deireadh a chur le míreanna *Cumarsáid*, ós rud é go dtomhaiseann siad cuspóir an-tábhachtach agus go bhfuil siad dírithe ar leibhéal ranga réasúnta íseal ó thaobh deacrachta de, toisc iad a bheith bunaithe ar churaclam rang a dó. Tá sé tábhachtach go mbeadh cuspóir le bonn leathan amháin ar a laghad againn, dírithe ar leibhéal réasúnta íseal deacrachta, ó tharla go rabhamar ag súil le meath i gcaighdeáin. Chuirfeadh an cuspóir *Cumarsáid* ar ár gcumas comparáidí úsáideacha a dhéanamh le 1985 fiú i gcás daltaí a bhféadfadh leibhéil an-ísele inniúlachta a bheith acu i labhairt na Gaeilge. Taispeántar na hocht gcuspóir a tástáladh i leagan 2002 de Thriail Labhartha na Gaeilge (díortha ó *Triail Chainte ITÉ-VI*) i dTábla 4.1.

Níl gach ceann de na cuspóirí chomh tábhachtach céanna. Déanaimid cúram go háirithe de chuspóirí lena mbaineann eolas nó scil ar dealraitheach iad a bheith níos gaire don tuiscint ghinearálta a gcuirtear síos air mar ‘a bheith in ann Gaeilge a labhairt’: *Cumarsáid, Líofacht inste agus Foclóir cainte*. Is dócha go bhfeicfí iad sin freisin mar ghnéithe a mbeadh tábhacht ar leith leo sna céimeanna tosaigh d’fhoghlaim na Gaeilge. Tá *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra* tábhachtach freisin ach tá gaol tábhachtach aige le brí i gcomhthéacs cumarsáide idirghníomhaí. Is lú béime a chuirfeadh ar na trí chuspóir a bhaineann le *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra, na gcáilitheoirí agus na réamhfhocal*, ar cuspóirí iad, ar chúiseanna praiticiúla, nach rabhamar in ann a thástáil ach le beagán míreanna.

Tábla 4.1 Liosta de na cuspóirí ar Thriail Labhartha na Gaeilge agus an líon míreanna a úsáideadh chun gach ceann a thástáil.

Cuspóirí ar Thriail Labhartha na Gaeilge	An Líon Míreanna
1. Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	18
2. Líofacht inste	10
3. Foclóir cainte	10
4. Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	8
5. Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocal	4
6. Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	4
7. Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal	4
8. Cruinnúsáid comhréire i ráitis	7

Chun léiriú níos soiléire a thabhairt ar na cineálacha míreanna a bhí i gceist le Triail Labhartha na Gaeilge, tá tuairisc níos mine tugtha thíos againn ar an tslí a ndearnadh tástáil ar *Chumarsáid* agus ar *Líofacht inste*. Tugaimid tuairisc achomair freisin ar roinnt gnéithe de thástáil na gcuspóirí a bhaineann le deilbhíocht.

Cumarsáid (cuspóir rang a dó)

Maidir le *Cumarsáid* (18 mír) bhí an bhéim ar mheasúnú a dhéanamh ar chumas an dalta cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge labhartha simplí, go maith laistigh de na teorainneacha teanga atá sainmhínithe ag *Nuachúrsaí* do leibhéal rang a dó. Leis an modh tástála agus scórála, d'fhéadfadh go n-éireodh le dalta ar mhír fiú dá mbainfí úsáid as roinnt Béarla – chomh fada agus gur cuireadh na príomhsmaointe in iúl i nGaeilge. Roinneadh na míreanna a bhí in úsáid chun an cuspóir seo a thástáil ina dhá ghrúpa de naoi gcinn. Is éard a bhí i gceist leis an gcéad ghrúpa ná daltaí ag insint faoi ghnéithe éagsúla dá saol, de ghnáthchúrsaí an lae, den teaghlach, de mhaoín agus mar sin de mar fhreagra ar cheisteanna a chuir an scrúdaitheoir. Bhí na daltaí ag cur eolais in iúl a bhí nua don scrúdaitheoir, de ghnáth. Bhí gach mír comhdhéanta de roinnt ceisteanna-freagraí i ndiaidh a chéile, agus bhí freagra an dalta á mheas de réir a fheabhas agus a d'éirigh leis nó léi an teachtaireacht a chur in iúl i nGaeilge. Ar chuid de na samplaí a pléadh bhí (1) ainm, aois agus rang an dalta, (2) teaghlach an dalta/daoine sa bhaile, (3) an t-aistear chun na scoile, (4) ag súgradh lasmuigh, (5) sealúchas an dalta, (6) mála scoile an dalta. Seachnaíodh téarmaí ar nós teaghlach agus bréagáin, a d'fhéadfadh deacrachtaí a chothú do dhaltaí a raibh a gcuid Gaeilge teoranta, de réir mar ba ghá ar bhealaí éagsúla – trí thabhairt faoin topaic go hindíreach, trí úsáid a bhaint as samplaí, nó trí thagairt go díreach ar shlí éigin do dhalta ar leith nó do shuíomh láithreach na trialach.

Is tasc ról-imeartha a bhí sa dara grúpa de naoi mír sa *Chumarsáid*. Thaispeáin an scrúdaitheoir sraith pictiúr don dalta ina raibh cur síos ar eachtra shimplí den chineál a léirítear go minic i *Nuachúrsaí* ag rang a dó. Ghlac an scrúdaitheoir agus an dalta ról ceann de na carachtair a bhí léirithe agus labhair siad an pháirt sin. Baineadh úsáid as trí shraith pictiúr, a raibh gach ceann díobh ag seasamh do thrí mhír. Measadh rannpháirtíocht an dalta ar an mbonn ar cuireadh an teachtaireacht ba léir a bheith i gceist in iúl go héifeachtúil (nó gur fhorbair an comhrá ar shlí oiriúnach eile) i nGaeilge intuigthe. I measc na bhfeidhmeanna cumarsáide a bhí ann don dalta bhí eolas a iarraidh, eolas a thabhairt, fíric a dheimhniú, míniú a lorg, míniú a thabhairt, cabhair a thairiscint, buíochas a ghlacadh le duine éigin, moladh a dhéanamh agus ordú a

thabhairt. Níor theastaigh ach na míreanna agus na struchtúir stóir focal ba choitianta atá i *Nuachúrsaí* ag rang a dó chun an tasc a dhéanamh go rathúil.

I gcás na míreanna go léir a úsáideadh chun *Cumarsáid* a thástáil, rinne an scrúdaitheoir an chaint, na ceisteanna nó an ráiteas a athrá ar bhealaí sonraithe cibé uair ba dhealraitheach nár thuig na daltaí cad a bhí i gceist. Mura raibh freagra á thabhairt, tugadh tuilleadh cabhrach trí leideanna nó míreanna, cé gur cuireadh an cúnamh díreach sin san áireamh i scóráil na míre. Níor baineadh úsáid as aon Bhéarla. Scóráil an scrúdaitheoir gach mír ar an bhfothriail *Cumarsáid* de réir scála rátaí 5 phointe:

1. Níor éirigh leis an dalta an teachtaireacht a chur in iúl; níor dhúirt sé nó sí aon rud; thug sé nó sí na príomh-mhíreanna den teachtaireacht i mBéarla; nó dúirt sé nó sí rud éigin gan chiall i nGaeilge.
2. Is ar éigean Dé a éiríonn leis an dalta an teachtaireacht a chur in iúl. Tá an chomhréir, an deilbhíocht agus an fhoghraíocht chomh lochtach go mbeadh deacrachtaí móra ag cainteoir dúchais an teachtaireacht a thuiscint agus go mbeadh air nó uirthi brath go mór ar chomhthéacs. Glactar le roinnt focal Béarla chomh fada is go n-éiríonn leis an dalta cuid éigin den teachtaireacht bhunúsach a thabhairt i nGaeilge.
3. Cuireann an dalta an teachtaireacht in iúl go sásúil. Bíonn an chomhréir, an deilbhíocht agus an fhoghraíocht sách lochtach le cur isteach ar an éisteoir, ach tugtar an bhrí ar shlí go dtuigfeadh cainteoir dúchais í gan an iomarca trioblóide ag baint úsáide as gnáthleidí comhthéacs amháin. Glactar le focail Bhéarla chomh fada agus nach bhfuil siad tábhachtach don teachtaireacht nó gur gnéithe imeallacha den teachtaireacht iad.
4. Tá an dalta láninniúil ar a chuid nó a cuid smaointe a chur in iúl sa teanga, cé gur léir nach cainteoir dúchais é nó í. Is ar éigean a thugtar earráidí i gcomhréir, deilbhíocht agus fuaimniú le linn an chomhrá faoi deara. D'fhéadfadh cainteoir dúchais teachtaireacht bheartaithe an dalta a thuiscint go héasca gan a bheith ag brath ar chomhthéacs. Níl aon imlabhra sa Ghaeilge agus ní bhaintear úsáid as focail Bhéarla.
5. In ann cumarsáid a dhéanamh go lán-éifeachtach ag leibhéal cainteora dúchais.

Áiríodh rátú de 3 nó níos mó a bheith rathúil (comhionann le 'ceart' ar na míreanna a bhí ag tástáil na gcuspóirí eile). Áiríodh rátú de '1' nó '2' mar theip. Sa leagan bunaidh den scála seo a úsáideadh i suirbhé 1985, ní raibh aon chatagóir '5' ann (inniúlacht cainteora dúchais); cuireadh daltaí a bhí ag feidhmiú ag leibhéal cainteora dúchais isteach i rátú de '4'.

Líofacht inste (cuspóir labhartha rang a sé)

Maidir le Líofacht inste, bhí ar an dalta sraith abairtí a raibh ceangal eatarthu a rá gan stad a d'inseodh an scéal a bhí taobh thiar de shraith pictiúr. Rinneadh neamhaird de mhíchruinnis ghramadaí nuair a bhí scór á thabhairt mura raibh siad chomh mór sin nach bhféadfaí na habairtí a thuiscint. Chaithfeadh an habairtí aonair a bheith ag teacht go ginearálta leis na pictiúir, áfach, chaithfeadh siad fás isteach ina scéal comhleanúnach. Níor leor, mar shampla, díreach rud teagmhasach i bpictiúr a ainmniú. Ba chóir a thabhairt ar aird freisin gur dúradh leis an scrúdaitheoir an abairt bheartaithe a thabhairt *tar éis* don dalta a fhreagra nó a freagra a thabhairt, aon uair gur léir don scrúdaitheoir go mba ghá sin a dhéanamh chun leanúnacht an scéil a

chothabháil agus chun míthuiscint a sheachaint. Bhí scór an dalta bunaithe ar 10 mír, ceann díobh ag freagairt do gach pictiúr.

Cuspóirí urlabhra a bhain le deilbhíocht

Bhain ceithre chuspóir le gnéithe éagsúla den deilbhíocht i gcás na trialach éisteachta agus i gcás na trialach labhartha araon. D'iarr na míreanna sna cásanna sin ar na daltaí an *fhoirm* cheart d'fhocal ar leith a bheadh oiriúnach do chomhthéacs labhartha nó pictiúrtha a rá nó a aithint. Go deimhin, áfach, caithfear an téarma deilbhíocht a léirmhíniú go scaoilte anseo, mar in aon chás tástála a bhíonn réasúnta nádúrtha, bíonn sé dodhéanta na cineálacha difriúla d'eolas teangeolaíoch a chuireann le freagra a dheighilt go hiomlán. Beidh sé sin fíor go háirithe i gcás míreanna a thástálann cuspóirí labhartha, áit nach mbíonn freagraí réamhdhéanta tugtha ag an dalta le roghnú astu. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh eolas ar rudaí ar nós an réamhfhocail cheart le húsáid le briathra tugtha, nó an réamhfhocal is gá chun brí ar leith a léiriú, a bheith ag baint le deilbhíocht na réamhfhocal chomh maith le heolas ar fhoirmeacha réimnithe na réamhfhocal.

Tá siad seo a leanas san áireamh san ábhar a ndearnadh sampláil orthu i gcás na gcuspóirí a bhain le deilbhíocht na réamhfhocal, na gcáilitheoirí agus na n-ainmfhocal: forainmneacha réamhfhoclacha agus forainmneacha a bhíonn in úsáid le briathra; tuiseal agus foirmeacha comparáideacha na n-aidiachtaí, orduimhreacha agus foirmeacha pearsanta na n-uimhreacha, agus dobhriathra suímh agus treorach; agus tuiseal agus foirmeacha iolra na n-ainmfhocal. Díríonn gach mír a úsáidtear chun na gnéithe sin den deilbhíocht ar nithe a thiocthadh chun cinn go rialta i *Nuachúrsaí* agus i gceachtanna Gaeilge go ginearálta ag an leibhéal ranga sin.

Athbhreithniú ar an *Triail Chainte* – VI lena húsáid i suirbhé 2002

Choinnigh na míreanna i leagan 2002 de *Thriail Labhartha na Gaeilge (Triail Chainte ITÉ-VI)* ábhar agus formáid an leagain bhunaidh. Mar sin féin, b'éigean líon an-bheag mionathruithe a dhéanamh a bhí cosúil leo sin a rinneadh do *Thriail Éisteachta na Gaeilge* i gcomhthéacs nithe ar leithligh chun claonadh inscne a bhaint amach agus chun athruithe sóisialta idir 1985 agus 2002 a léiriú. Níor athraíodh ábhar bunúsach teangeolaíoch ná comhthéacs teangeolaíoch ar aon slí. Chuathas i gcomhairle le múinteoirí a raibh taithí as cuimse acu i múineadh ag leibhéal bunoidreachais i ndéanamh na n-athruithe sin agus chomhaontaigh siad gurbh athruithe íosta iad agus nár athraigh siad deacracht na míreanna. Rinneadh athruithe freisin sna léaráidí.

Riaradh *Triail Labhartha na Gaeilge*, a rinneadh ar bhonn aonair, i bhformhór na gcásanna tar éis *Triail Éisteachta na Gaeilge*, a rinneadh i ngrúpa. Riaradh *Triail Labhartha na Gaeilge* ar gach dalta in agallamh duine le duine le scrúdaitheoir. Is iarchigirí scoile de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, nó iar-phríomhoidí scoile, a rinne an tástáil go léir. D'fhéadfadh na scrúdaitheoirí treoracha a thabhairt i nGaeilge nó i mBéarla agus iad ag cur gach tasc nua nó sraith míreanna i láthair, cibé teanga is fearr a chinnteodh go dtuigfeadh an dalta an tasc. Bhí na míreanna iad féin, áfach, go hiomlán i nGaeilge. Dúradh leis an scrúdaitheoir ábhar na trialach a choigeartú lena chur in oiriúint do ghnáthphatrúin labhartha na háite.

Cé gur riaradh na míreanna go léir ar gach dalta a roghnaíodh don tástáil, tríd is tríd, rinneadh socrúithe i riarachán na bliana 2002 go bhféadfadh an scrúdaitheoir deireadh a chur le grúpaí míreanna a thástáil i gcásanna inar léir ó fheidhmíocht an dalta nach raibh bealach ar bith go n-éireadh leis nó léi iontu. Bhí an cineál sin solúbthachta indéanta i gcás *Triail Labhartha na Gaeilge* mar, ní hionann agus *Triail Éisteachta na Gaeilge*,

riaradh ar an duine aonair é. Cheadaigh riaradh aonair don scrúdaitheoir freisin spreagadh agus moladh flaitiúil a thabhairt don dalta as a d(h)ícheall. Léirigh mionteoracha do scrúdaitheoirí ar na himthosca ina gcuirfí deireadh le haon tástáil bhreise, go bhféadfaí míreanna 1-38 (go dtí deireadh *Foclóir cainte*), ach amháin in imthosca eisceachtúla, a riaradh ar na daltaí go léir a bhí cáilithe le cur sa suirbhé ó tharla gur dócha go mbeadh ar a gcumas tabhairt faoi roinnt míreanna sa ghrúpa sin ar a laghad. Sna cásanna go bhfuair na daltaí Triail Labhartha na Gaeilge deacair go ginearálta, cibé má cuireadh deireadh leis nó nár cuireadh, dúradh leis na scrúdaitheoirí deireadh a chur leis an seisiún le cúpla ráiteas an-simplí i nGaeilge leis an dalta chun inniúlacht reatha an dalta sa Ghaeilge a dheimhniú ionas go gcríochnódh an ócáid go dearfach agus go spreagúil.

Faoi mar a bhí le Triail Éisteachta na Gaeilge, aithníodh trí leibhéal feidhmíochta i ndáil le gach cuspóir labhartha: ‘máistreacht’, ‘dul chun cinn íosta’ agus teip dul chun cinn íosta a dhéanamh. Bhí an céatadán míreanna ceart a bhí ag gabháil leis na leibhéil feidhmíochta sin mar a chéile le Triail Éisteachta na Gaeilge (75% do mháistreacht; 40% do dhul chun cinn íosta). Beidh formhór na sonraí a chuirfimid i láthair faoi fheidhmíocht comhdhéanta den chéatadán daltaí a bhain amach gach ceann de na trí leibhéal feidhmíochta seo i ngach cuspóir.

Labhairt na Gaeilge: Máistreacht, dul chun cinn íosta agus teip i 1985 agus 2002

Féachaimid anois ar scrúdú d’fheidhmíocht dhaltaí rang a sé i dTriail Labhartha na Gaeilge i 2002 agus, nuair is indéanta sin, déanaimid comparáid idir é agus na sonraí comhionanna ó shuirbhé 1985. Ar chuid de na ceisteanna ginearálta ba mhaith linn a fhreagairt tá:

- Cad é an leibhéal iomlán feidhmíochta i dTriail Labhartha na Gaeilge i ngach cineál scoile – gnáth, lán-Ghaeilge agus Gaeltacht.
- Cén céatadán daltaí a bhain máistreacht amach i bhformhór na gcuspóirí i 2002? Cad é an cineál cuspóra is mó ar baineadh máistreacht amach ann?
- An bhfuil inniúlacht i Labhairt na Gaeilge athraithe go suntasach ó 1985? Cé chomh mór atá an t-athrú? San áit a bhfuil athrú, an féidir é a fheiceáil níos mó i gcás chuid de na cuspóirí ná a chéile? An bhfuil an t-athrú dírithe níos mó ar scileanna áirithe teanga nó labhartha/cumarsáide ná scileanna eile?
- An bhfuil difríochtaí idir gnáthscoileanna, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta ó thaobh mhéid na n-athruithe in inniúlacht ó 1985?
- Cad é an céatadán de dhaltaí i 1985 agus i 2002 a raibh leibhéal an-ísla acu d’inniúlacht i labhairt na Gaeilge? Cad iad na topaicí ar leith a raibh na daltaí ba laige in ann labhairt fúthu, agus cé chomh maith a bhí siad in ann labhairt faoi gach ceann de na topaicí sin?

Labhairt na Gaeilge i ngnáthscoileanna

Taispeántar an céatadán de dhaltaí rang a sé a bhain máistreacht amach i ngach ceann de chuspóirí Labhartha na Gaeilge i 1985 sa cholún ar chlé i dTábla 4.2 agus na céatadán chomhfhreagracha ó shuirbhé 2002 sa cholún láir⁸. Tá na difríochtaí idir céatadán 1985 agus 2002 sa tríú colún. Scrúdóimid na sonraí sin ó dhá thaobh ginearálta – an treocht iomlán in inniúlacht idir 1985 agus 2002 agus cobhsaíocht na feidhmíochta i ndáil le cuspóirí ar leith agus grúpaí cuspóirí.

⁸ Cuireadh líon beag de ranganna de dhaltaí rang a sé i scoileanna beaga as an áireamh ó shampla 1985 (n=50 dalta ar an iomlán) chun inchomparáideacht le sampla 2002 a choimeád (féach Caibidil 2).

Is léir go bhfuil an treocht in inniúlacht ag dul síos go seasta. I gcás gach ceann de na hocht gcuspóir, léirítear laghdú sa céatadán daltaí a bhain máistreacht amach idir an dá phointe ama, agus tá na laghduithe sin suntasach go staitistiúil⁹ i ngach cás ach amháin aon chás amháin (*Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí sa chaint*). Tá cuid de na laghduithe an-mhór – tá difríocht de 20.4% idir pobail 1985 agus 2002 i gcás *Líofacht inste*, mar shampla, agus difríocht de 21.1% i gcás an chuspóra *Cumarsáid* (rang a dó). Tá an meath *coibhneasta* an-substaintiúil freisin. Mar shampla, cé go bhfuair beagán os cionn leath na ndaltaí i 1985 máistreacht ar *Líofacht inste* agus in *Cumarsáid* i 1985, ba lú ná an tríú cuid a fuair máistreacht air i 2002. Is cuid suntas freisin gurb iad na cuspóirí sin na cuspóirí lena mbaineann cumas labhartha an-ghinearálta agus ar an tslí sin tá an laghdú sna céatadán daltaí a bhain leibhéil arda feidhmíochta amach iontu sin an-tábhachtach. Níos ginearálta, is féidir a fheiceáil i 2002 gur lú ná 20% de na daltaí a bhain máistreacht amach i gcúig cinn de na hocht gcuspóir agus i 1985 nach raibh ach dhá chuspóir den ocht gcinn a bhfuair céatadán chomh beag sin máistreacht iontu. Is i *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra* agus *Cruinnúsáid comhréire i ráitis* is lú atá céatadán daltaí a bhain máistreacht amach iontu i 2002 (3.7% agus 7.5% faoi seach).

Tábla 4.2 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Gnáthscoileanna Cuspóirí Labhartha na Gaeilge	Bhain máistreacht amach		Difríocht 2002 –1985
	1985	2002	
Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	54.0% ^a (2.98)	32.9% (2.80)	-21.1%
Líofacht inste	50.3% ^a (2.69)	29.9% (2.69)	-20.4%
Foclóir cainte	22.8% ^b (2.56)	8.8% (1.27)	-14.0%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	12.1% ^b (1.71)	3.7% (1.06)	-8.4%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfocal	28.0% ^b (2.30)	14.1% (1.84)	-13.9%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	27.3% ^b (2.52)	21.6% (2.74)	-5.7%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfocal	21.9% ^b (2.17)	15.8% (2.12)	-6.1%
Cruinnúsáid comhréire i ráitis	19.7% ^a (1.92)	7.5% (1.24)	-12.2%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N 1985: a = 1043, b = 1112; N 2002 = 950. Bhí Triail Labhartha na Gaeilge roinnte ina dhá leath, agus gach leath á riaradh ar gach re dalta i 1985. Féach an téacs i gcomhair mionsonraí.

Tríd is tríd, tá an patrún torthaí ar fud na gcuspóirí mórán mar a chéile ag an dá thréimhse ama. Is iad na cuspóirí a bhfuair cion réasúnta ard de na daltaí i 1985 máistreacht orthu na cuspóirí céanna a bhfuarthas máistreacht réasúnta minic orthu i

⁹ Féach an fonóta ar thástáil thábhacht na ndifríochtaí idir péirí céatadán i 1985 agus i 2002 ar leathanach 33.

2002. Mar shampla, is iad *Líofacht inste* agus *Cumarsáid* (rang a dó) an dá chuspóir ba mhinice a bhfuarthas máistreacht orthu, agus ba é *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint* an cuspóir ba lú a bhfuarthas máistreacht air i 1985 (12.1%) agus i 2002 (3.7%) araon. Má dhéantar rangú ar na céatadáin de dhaltáí a bhain máistreacht amach i ngach ceann de na hocht gcuspóir i 1985 agus 2002, baineann an rangú céanna le ceithre cinn de na cuspóirí.

Anois scrúdaímid an meath as cuimse sa chéatadán de dhaltáí a bhain máistreacht amach i ngach aon cuspóir idir 1985 agus 2002 a rinne difear do na céatadáin atá le fáil sna hearnálacha ‘dul chun cinn íosta’ (i.e. gan máistreacht a bhaint amach) agus ‘teip’. Má dhéantar comparáid idir an tríú colún i dTáblaí 4.2, 4.3 agus 4.4, is féidir a fheiceáil gur minice gur méadú i 2002 de na céatadáin a fuair *teip* seachas méadú sna céatadáin a rinne dul chun cinn íosta atá sa titim i gcéatadáin de na daltaí a bhain máistreacht amach i ngach ceann de na cuspóirí labhartha Gaeilge idir 1985 agus 2002. Go deimhin, i gcás sé cinn de na hocht gcuspóir, *laghdaigh* an céatadán daltaí a rinne dul chun cinn íosta idir 1985 agus 2002 (cé nach raibh aon cheann acu laghdaithe go suntasach go staitistiúil) *chomh maith* le laghdú a bheith sna céatadáin a bhain máistreacht amach, mar atá luaite cheana. Níor léirigh ach dhá chuspóir, *Líofacht inste* agus *Cumarsáid* (rang a dó), ardú sna céatadáin a rinne dul chun cinn íosta idir an dá thréimhse ama. Is ionann na harduithe sin agus 6.2% agus 8.2% faoi seach agus tá an dá cheann acu suntasach go staitistiúil (Tábla 4.3). Fiú i gcás an dá chuspóir sin, áfach, bhí na harduithe sna céatadáin a theip (Tábla 4.4.) idir 1985 agus 2002 (14.3% agus 12.9% faoi seach) suntasach go staitistiúil.

Tábla 4.3 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Gnáthscoileanna Cuspóirí Labhartha na Gaeilge	Dul chun cinn íosta ar a laghad		Difríocht 2002 -1985
	1985	2002	
Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	14.3% ^a (1.25)	22.5% (1.77)	+8.2%
Líofacht inste	22.6% ^a (1.62)	28.8% (1.98)	+6.2%
Foclóir cainte	28.8% ^b (2.14)	25.3% (2.39)	-3.5%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	24.6% ^b (2.14)	19.8% (2.12)	-4.8%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocal	45.2% ^b (1.81)	40.5% (2.25)	-4.7%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	46.8% ^b (2.33)	45.1% (2.49)	-1.7%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal	48.1% ^b (2.29)	42.4% (2.29)	-5.7%
Cruinnúsáid comhréire i ráitis	32.4% ^a (1.84)	28.4% (2.60)	-4.0%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N 1985: a = 1043, b = 1112; N 2002 = 950.

I bhfocail eile, is ann an laghdú idir 1985 agus 2002 sna céatadáin a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir mar thoradh ar mhéadú sa líon a ‘theip’ seachas mar mhéadú ar an líon a bhain dul chun cinn íosta amach. Is féidir na patrúin sin a fheiceáil i bhFíoracha 4.1 go dtí 4.4 a thaispeánann athruithe idir 1985 agus 2002 sna céatadáin i

ngnáthscoileanna a bhain na trí leibhéal sainmhínithe feidhmíochta amach do cheithre chuspóir lárnach Labhartha na Gaeilge. Fillfidimid níos deireanaí ar an bpatrún feidhmíochta do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta – a léirítear freisin i bhFíoracha 4.1 go dtí 4.4 – nuair a phléifear cur i láthair tháblach níos mine ar na sonraí a bhaineann le gnóthachan sna scoileanna sin.

Ag féachaint arís ar Thábla 4.4, is féidir a fheiceáil go bhfuil arduithe suntasacha sna céatadáin a theip idir 1985 agus 2002 ag gabháil le gach ceann de chuspóirí Labhartha na Gaeilge go léir cé is moite de cheann amháin. Réimsíonn an céatadán a theip i 2002 ó 33.3% i gcás *Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí sa chaint* go dtí 76.5% i gcás *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint*. B'fhéidir gur ábhar inmí níos mó na céatadáin an-suntasacha a theip i gcás dhá chuspóir lenar bhain scoileanna labhartha ginearálta atá lárnach in úsáid na Gaeilge i suíomh comhrá: *Líofacht inste* inar theip 41.3% agus *Cumarsáid* (rang a dó) inar theip 44.6%.

Tábla 4.4 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a theip i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Gnáthscoileanna Cuspóirí Labhartha na Gaeilge	Teip		Difríocht 2002 -1985
	1985	2002	
Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	31.7% ^a (2.86)	44.6% (2.90)	+12.9%
Líofacht inste	27.0% ^a (2.25)	41.3% (3.03)	+14.3%
Foclóir cainte	48.5% ^b (3.21)	65.9% (2.74)	+17.4%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	63.4% ^b (3.04)	76.5% (2.48)	+13.1%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocal	26.8% ^b (2.60)	45.4% (2.62)	+18.6%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	25.9% ^b (2.76)	33.3% (2.78)	+7.4%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na n- ainmfhocal	30.0% ^b (3.07)	41.8% (2.88)	+11.8%
Cruinnúsáid comhréire i ráitis	47.9% ^a (2.87)	64.1% (2.93)	+16.2%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N 1985: a = 1043, b = 1112; N 2002 = 950..


Tá sé tábhachtach a threisiú ag an tráth seo, go háirithe ó tharla go bhfuil na rátaí teipe sin chomh hard, go mbaintear léirmhíniú an-bheacht as an téarma ‘teip’ ó thaobh cuspóra de. Is leis an bhfeidhmíocht a bhaineann le cuspóir a ndearnadh tástáil air ag leibhéal ranga áirithe amháin atá feidhm leis na tátail atá ráite againn. Ní hionann a rá gur theip ar dhaltá i gcuspóirí labhartha áirithe agus a rá nach bhfuil ar a chumas nó ar a cumas Gaeilge a labhairt beag ná mór. D’fhéadfadh daltaí ar theip orthu dul chun cinn a dhéanamh ar *Líofacht inste* do rang a sé, mar shampla, leibhéil fiúntacha feidhmíochta a bheith bainte amach acu i ndáil leis an gcuspóir comhfhreagrach ag leibhéal ranga níos ísle.

Caithfear a rá, áfach, go ndéantar an argóint sin a lagú le feidhmíocht na ndaltaí ar an gcuspóir *Cumarsáid*, áit a sainmhíntear an ghné ábhair/scile mar leibhéal rang a dó.


Meabhraítear gur cláraíodh gur *theip* ar 44.6% de dhaltáí rang a sé dul chun cinn íosta a dhéanamh sa chuspóir sin. Chun fócas níos géire a thabhairt ar shainmhíniú na teipe i ndáil le cumas labhartha na Gaeilge, agus chun é a chur ar chaoi phraiticiúil, níos soiléire, féachfaimid go mion níos deireanaí sa chaibidil seo ar fheidhmíocht na ndaltaí a raibh leibhéil an-íse inniúlachta acu sa Ghaeilge labhartha, go háirithe ina gcumas tabhairt faoi chumarsáid labhartha ar roinnt topaicí an-bhunúsacha.

Ag féachaint ar na torthaí do ghnáthscoileanna ar bhonn níos ginearálta, is deacair gan teacht ar an gconclúid go raibh laghdú suntasach agus substaintiúil idir 1985 agus 2002 sna céatadáin de dhaltáí rang a sé a bhain leibhéil arda feidhmíochta ('máistreacht') amach i ndáil le raon leathan cuspóirí Labhartha na Gaeilge agus go raibh ardú suntasach ag teacht leis sin, a bhí níos mó go minic, sna céatadáin ar theip orthu dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le formhór na gcuspóirí sin .


Fíor 4.5 Céatadáin de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéil dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir rang a dó *Cumarsáid*.




Fíor 4.2 Céatadáin de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéal dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir *Líofacht inste*.



Fíor 4.3 Céatadáin de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéal dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir *Foclóir cainte*.



Fíor 4.4 Céatadáin de dhaltáí rang a sé i 1985 agus 2002 a bhain leibhéal dhifriúla feidhmíochta amach ar an gcuspóir *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint*.



Labhairt na Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge

I gcomparáid le gnáthscoileanna, fuair céatadán arda de dhaltaí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge máistreacht amach i ngach ceann de na cuspóirí labhartha Gaeilge i 1985 agus 2002 (Táblaí 4.5 go dtí 4.7). Mar shampla, i 2002, bhain níos mó ná 50% de na daltaí máistreacht amach ar na cuspóirí go léir. Meabhraítear gurb é an céatadán *is airde* d’aon chuspóir i ngnáthscoileanna ná 32.9% (*Cumarsáid*). Níos sonraí, i gcás dhá chuspóir lárnacha Labhartha na Gaeilge *Líofacht inste* agus *Cumarsáid* (rang a dó), ba 95.2% agus 99.3% faoi seach a bhí sna céatadán a bhain máistreacht amach i scoileanna lán-Ghaeilge i 1985 agus is 87.6% agus 94.6% faoi seach a bhí ann i 2002. Cé go bhfuil na céatadán don dá chuspóir sin níos ísle i 2002, níl na difríochtaí suntasach go staitistiúil.

Go deimhin, as ocht gcuspóir Labhartha na Gaeilge a measadh, níl ach aon cheann amháin, *Cruinnúsáid comhréire i ráitis*, a bhfuil meath atá suntasach go staitistiúil ag gabháil leis na céatadán de dhaltaí lán-Ghaeilge a bhain máistreacht amach idir 1985 agus 2002 – titim de 34.2%, ó 93.8% go dtí 59.6%. D’fhéadfaí a thabhairt ar aird go bhfuil an meath i gcéatadán do scoileanna lán-Ghaeilge níos lú ná do ghnáthscoileanna i

sé cinn de na hocht gcuspóir (Táblaí 4.2 agus 4.5). Is iad na heisceachtaí *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint* agus *Cruinnúsáid comhréire i ráitis*.

Tábla 4.5 An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Lán-Ghaeilge Cuspóirí Labhartha na Gaeilge	Bhain máistreacht amach		Difríocht 2002 -1985
	1985	2002	
Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	99.3% ^a (0.67)	94.6% (3.59)	-4.7%
Líofacht inste	95.2% ^a (2.21)	87.6% (5.0)	-7.6%
Foclóir cainte	72.0% ^b (5.17)	66.4% (6.44)	-5.6%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	65.0% ^b (5.73)	50.2% (6.32)	-14.8%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocail	85.4% ^b (2.81)	78.7% (5.48)	-6.7%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	68.2% ^b (7.95)	66.5% (5.25)	-1.7%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocail	49.0% ^b (9.87)	50.3% (5.48)	+1.3%
Cruinnúsáid comhréire i ráitis	93.8% ^a (2.94)	59.6% (4.51)	-34.2%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N 1985: a = 145, b = 156, N 2002 = 208.

Ní mór cuimhneamh ar dhá fhachtóir faoin meath i bhfeidhmíocht i ndáil le *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint* i scoileanna lán-Ghaeilge. Ar an gcéad dul síos, tá an titim sna céatadáin daltaí a bhain máistreacht amach anseo (agus go deimhin i ngach cuspóir eile) ó bhonn i bhfad níos airde i 1985 i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge. Mar shampla, cé nach bhfuil an meath i gcéatadáin a bhain máistreacht amach i *gCruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra* ach ag 8.4% i ngnáthscoileanna, caithfear é sin a léirmhíniú i bhfianaise nár bhain ach 3.7% de na daltaí i ngnáthscoileanna máistreacht amach i 2002. Ar an dara dul síos, tá an meath i bhfeidhmíocht a bhaineann le *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint* i scoileanna lán-Ghaeilge comhdhéanta de chuid réasúnta beag den chóhórt daltaí rang a sé a d'athraigh ó mháistreacht i 1985 go dtí dul chun cinn íosta i 2002. Níl aon chliseadh ginearálta ar fheidhmíocht. Den 14.8% de dhaltáí nár bhain máistreacht amach a thuilleadh sa chuspóir sin i 2002, thit 13.4% go dtí an leibhéal dul chun cinn íosta, agus níor aistrigh ach 1.4% go dtí an earnáil teipe (Táblaí 4.6 agus 4.7).

Tábla 4.6 An céatadán de dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Lán-Ghaeilge Cuspóirí Labhartha na Gaeilge	Dul chun cinn íosta ar a laghad		Difríocht 2002 -1985
	1985	2002	
Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	0.7% ^a (0.67)	5.0% (3.57)	+4.3%

Líofacht inste	2.1% ^a (1.40)	4.8% (2.00)	+2.7%
Foclóir cainte	23.6% ^b (5.05)	24.2% (4.00)	+0.6%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	27.4% ^b (5.10)	40.8% (4.96)	+13.4%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocal	13.4% ^b (2.91)	17.6% (4.74)	+4.2%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	29.9% ^b (7.69)	28.8% (4.52)	-1.1%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal	45.2% ^b (8.08)	43.0% (4.89)	-2.2%
Cruinnúsáid comhréire i ráitis	6.2% ^a (2.94)	33.1% (3.90)	+26.9%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N 1985: a = 145, b = 156, N 2002 = 208.

Tábla 4.7 An céatadán de dhaltaí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge a theip i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Lán-Ghaeilge Cuspóirí Labhartha na Gaeilge	Teip		Difríocht 2002 -1985
	1985	2002	
Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	0% ^a	0.4% (0.41)	+0.4%
Líofacht inste	2.8% ^a (1.47)	7.6% (4.22)	+4.8%
Foclóir cainte	4.5% ^b (1.72)	9.4% (3.52)	+4.9%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	7.6% ^b (1.82)	9.0% (3.2)	+1.4%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocal	1.3% ^b (0.84)	3.7% (1.94)	+2.4%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	1.9% ^b (1.08)	4.7% (1.37)	+2.8%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal	5.7% ^b (3.12)	6.8% (2.50)	+1.1%
Cruinnúsáid comhréire i ráitis	0% ^a	7.3% (3.26)	+7.3%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N 1985: a = 145, b = 156, N 2002 = 208.

Cé nach bhfuil an t-athrú i bhfeidhmíocht sna scoileanna lán-Ghaeilge i ndáil le *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra* suntasach go staitistiúil, is dócha go mbeidh sé ina ábhar inní nár bhain ach díreach leath na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge máistreacht amach sa chuspóir sin (Tábla 4.5). Toisc go bhfuil ról seimeantach ríthábhachtach ag deilbhíocht na mbriathra sa chumarsáid, mheasfaí máistreacht a bhaint amach sa chuspóir sin a bheith ina thoradh níos tábhachtaí i gclár tumoideachais d'fhoghlaimoirí óga ná a bheadh máistreacht ar chuid de na cuspóirí eile a bhaineann le cruinneas in úsáid na teanga. Ar an lámh eile, is cuspóir é sin a chruthaigh dúshlán d'fhoghlaimoirí, fiú i scoileanna Gaeltachta, de réir na suirbhéanna eile go léir roimhe sin. Fillimid chuig scrúdú níos ginearálta ar an gceist seo i gCaibidil 8.

Tá *ardú* neamhshuntasach ag gabháil le cuspóir amháin, *Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal sa chaint*, idir an dá phointe ama sa chéatadán de dhaltaí lán-Ghaeilge a fuair máistreacht air.

Faoi mar a bhí i gcás na ngnáthscoileanna, tá an patrún torthaí do chuspóirí Labhartha na Gaeilge do scoileanna lán-Ghaeilge mórán mar a chéile ag an dá phointe ama: is iad na cuspóirí ar bhain cion réasúnta ard de dhaltaí máistreacht amach iontu i 1985 na cuspóirí arís ar baineadh máistreacht amach go réasúnta minic orthu i 2002.

Faoi mar a tugadh ar aird níos túisce, ba é an cuspóir amháin a raibh meath suntasach go staitistiúil ag gabháil leis sna céatadán de dhaltaí lán-Ghaeilge a bhain máistreacht amach ná *Cruinnúsáid comhréire i ráitis*. Roinneann an meath de 34.2% idir 1985 agus 2002 (Tábla 4.5) isteach ina arduithe atá suntasach go staitistiúil sa chéatadán a rinne dul chun cinn íosta (26.9%) agus sa chéatadán a theip (7.6%) (Táblaí 4.6 agus 4.7). Is cuid suntasach, áfach, go bhfuil an t-ardú sa chéatadán a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad i bhfad níos mó ná an t-ardú sa líon a theip.

Ag féachaint ar an teip go ginearálta i scoileanna lán-Ghaeilge (Tábla 4.7), is féidir a fheiceáil nach bhfuil aon chuspóir ann, seachas an ceann atá díreach luaite, lena bhfuil ardú suntasach ag gabháil ó 1985. Níor bhain na rátaí teipe do 2002 leibhéal 10% amach i gcás aon chuspóra. Tá suntas ar leith le tabhairt don ráta teipe de níos lú ná leath faoin gcéad don *Cumarsáid (rang a dó)*. Mar sin féin, is lú dóchas atá leis na rátaí teipe de 7.6% do *Líofacht inste* agus 9.4% d'*Fhoclóir cainte* i scoileanna lán-Ghaeilge. Arís, ní mór a threisiú anseo go dtagraíonn 'teip' do leagan leibhéal rang a sé de na cuspóirí sin; is maith a d'fhéadfadh dul chun cinn a bheith déanta ag na daltaí i ndáil leis na cuspóirí sin ag leibhéal ranganna níos ísle.

Ar deireadh, is fiú comparáid a dhéanamh, i gcás scoileanna lán-Ghaeilge agus i gcás gnáthscoileanna, idir scála an mheatha idir 1985 agus 2002 sna céatadán a bhain máistreacht amach i gcuspóirí Labhartha na Gaeilge agus an líon cásanna ina bhfuil na hathruithe sin suntasach go staitistiúil (Táblaí 4.2 agus 4.5). Mar shampla, tá meath suntasach sna céatadán daltaí a bhain máistreacht amach ag gabháil le seacht gcinn d'ocht gcuspóir Labhartha na Gaeilge i ngnáthscoileanna. I scoileanna lán-Ghaeilge, níl meath suntasach go staitistiúil ag gabháil ach le cuspóir amháin. Is féidir iarmhairt chontrártha a fheiceáil ar an fhás sna céatadán a theip i ngach cuspóir sa dá chineál scoile (féach Táblaí 4.4 agus 4.7).

Is léir, cé go raibh meath substaintiúil i bhfeidhmíocht Labhartha na Gaeilge i gcás daltaí i ngnáthscoileanna in imeacht na tréimhse seacht mbliana déag a scrúdaíodh, go raibh feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge fós cobhsaí den chuid is mó in ainneoin, faoi mar a léiríodh i gCaibidil a 3, gur mhéadaigh an líon daltaí a bhí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge ó 1.1% de phobal na ndaltaí bunscoile go dtí 5%. Léiríonn Fíoracha 4.1 go dtí 4.4, a thaispeánann an cion de dhaltaí a bhain na trí leibhéal sainmhínithe feidhmíochta amach do cheithre chuspóir lánacha Labhartha na Gaeilge i bpobail dhifriúla scoile, na torthaí difriúla sa dá chineál scoile.

Labhairt na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta

Tá sonraí faoi na trí leibhéal sainmhínte feidhmíochta (máistreacht, dul chun cinn íosta agus teip) maidir le Triail Labhartha na Gaeilge do dhaltaí i scoileanna Gaeltachta curtha i láthair i dTáblaí 4.8, 4.9 agus 4.10. Ag breathnú ar na céatadáin a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir i scoileanna Gaeltachta i 2002, is é an chéad rud a ritheann le duine, faoi mar a bhí i gcás Éisteacht na Gaeilge, go bhfuil na torthaí do scoileanna Gaeltachta áit éigin idir gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge, cé go bhfuil siad i bhfad níos gaire do scoileanna lán-Ghaeilge.

Deimhnítear an tuairim tosaigh sin trí chomparáid níos mionsonraithe a dhéanamh de na sonraí máistreachta i ngach ceann de na trí chineál scoile i dTáblaí 4.8, 4.5 agus 4.2. Is fíor an patrún go bhfuil na céatadáin do scoileanna Gaeltachta idir na céatadáin sin do scoileanna lán-Ghaeilge agus do ghnáthscoileanna, ach níos gaire do scoileanna lán-Ghaeilge, i gcás seacht gcinn de na hocht gcuspóir labhartha. Is í an eisceacht ná *Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal sa chaint*, áit a bhfuil an céatadán de dhaltaí a bhain máistreacht amach i scoileanna Gaeltachta (51.1%) beagán níos airde ná sin do scoileanna lán-Ghaeilge (50.3%). Sampla níos tipiciúla, áfach, ná *Foclóir cainte* áit arb é an céatadán de dhaltaí Gaeltachta a bhain máistreacht amach ná 59.2% (Tábla 4.8), go bhfuil an céatadán de dhaltaí lán-Ghaeilge beagán níos airde ag 66.4% (Tábla 4.5), agus go bhfuil an céatadán do ghnáthscoileanna ag 8.8% (Tábla 4.2). Sampla eile ná *Cumarsáid (rang a dó)* áit a bhfuil an céatadán a bhain máistreacht amach i scoileanna Gaeltachta ag 85.2% (Tábla 4.8), agus gur 94.6% atá i scoileanna lán-Ghaeilge (Tábla 4.5) agus 32.9% i ngnáthscoileanna (Tábla 4.2).

Tábla 4.8 An céatadán de dhaltaí rang a sé i Scoileanna Gaeltachta a bhain máistreacht amach i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Gaeltachta Cuspóirí Labhartha na Gaeilge	Bhain máistreacht amach		Difríocht 2002 -1985
	1985	2002	
Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	89.1% (2.95)	85.2% (3.68)	-3.9%
Líofacht inste	86.7% (3.39)	72.9% (5.78)	-13.8%
Foclóir cainte	73.6% (4.74)	59.2% (6.67)	-14.4%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	61.9% (6.86)	44.9% (5.44)	-17.0%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocal	73.8% (5.76)	60.0% (5.64)	-13.8%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	77.4% (5.51)	55.1% (5.46)	-22.3%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal	67.3% (6.16)	51.1% (4.23)	-16.2%
Cruinnúsáid comhréire i ráitis	75.5% (4.50)	58.7% (6.10)	-16.8%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N (1985) = 367, N (2002) = 294.

Ba iad an dá chuspóir Labhartha na Gaeilge ba mhinice ar baineadh máistreacht amach iontu i scoileanna Gaeltachta i 2002 ná *Cumarsáid (rang a dó)* (85.2%) agus

Líofacht inste (72.9%) – an dá chuspóir céanna ba mhinice ar baineadh máistreacht amach iontu i scoileanna lán-Ghaeilge agus i ngnáthscoileanna. Níos ginearálta, tá deacracht choibhneasta na gcuspóirí Labhartha Gaeilge éagsúla mórán mar a chéile sna trí phobal scoile. Is iondúil go mbíonn na cuspóirí is minice a bhfaightear máistreacht orthu i ngnáthscoileanna ar na cuspóirí is minice a bhfaightear máistreacht orthu i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta freisin. Tá scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta cosúil lena chéile ó thaobh ranguithe na gcuspóirí de réir na gcéatadán a fhaigheann máistreacht, agus tá cúig chuspóir a bhfuil rangú mar a chéile acu sa dá chineál scoile seo, agus tá dhá rangú eile nach bhfuil de dhifríocht eatarthu ach a haon.

Níl ach cuspóir labhartha Gaeilge amháin ann a bhfuair níos lú ná 50% de na daltaí i scoileanna Gaeltachta máistreacht ann – *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint* (44.9%). Fuair 50.2% de na daltaí sna scoileanna lán-Ghaeilge máistreacht ar an gcuspóir sin, agus bhí sé ar an gcuspóir Labhartha Gaeilge ab annaimhe a bhfuarthas máistreacht air sna scoileanna sin freisin.

Taispeánann Tábla 4.8 freisin go bhfuil titim idir 1985 agus 2002 ag gabháil leis na céatadán daltaí i scoileanna Gaeltachta a bhain leibhéal arda feidhmíochta (máistreacht) amach i ngach ceann de na hocht gcuspóirí Labhartha Gaeilge. Tá an titim suntasach go staitistiúil i gcás ceithre chuspóir – *Líofacht inste* (titim de 13.8%), *Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí sa chaint* (titim de 22.3%), *Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal sa chaint* (titim de 16.2%), agus *Cruinnúsáid comhréire i ráitis* (titim de 16.8%). Is cuid suntasach go bhfuil cuspóir lárnach *Líofacht inste* ar cheann de na meathanna sin. Chun críocha comparáideachta, is fiú a lua freisin nár léirigh ach cuspóir Labhartha Gaeilge amháin i scoileanna lán-Ghaeilge meath suntasach sa chéatadán daltaí a bhain máistreacht amach agus gur léirigh seacht gcuspóir i gcás ngnáthscoileanna meath den sórt sin. I gcás na gcuspóirí go léir i scoileanna Gaeltachta, tá an titim i gcéatadán a bhain máistreacht amach roinnte i bpáirt ar mhéadú sa dul chun cinn íosta (Tábla 4.9) agus i bpáirt ar mhéadú i dteip (Tábla 4.10).

Tábla 4.9 An céatadán de dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta a rinne dul chun cinn íosta ar a laghad (ach nár bhain máistreacht amach) i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Gaeltachta Cuspóirí Labhartha na Gaeilge	Dul chun cinn íosta ar a laghad		Difríocht 2002 -1985
	1985	2002	
Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	5.5% (1.55)	7.1% (2.24)	+1.6%
Líofacht inste	9.5% (2.56)	14.2% (3.70)	+4.7%
Foclóir cainte	17.7% (3.19)	24.0% (4.92)	+6.3%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	20.2% (3.28)	27.3% (4.91)	+7.1%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocal	18.8% (4.11)	25.8% (4.61)	+7.0%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	20.7% (4.96)	36.7% (5.18)	+16.0%

Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal	27.8% (5.50)	37.4% (3.97)	+9.6%
Cruinnúsáid comhréire i ráitis	14.7% (1.87)	24.3% (4.75)	+9.6%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N (1985) = 367, N (2002) = 294.

Nuair a scrúdaímid an taobh eile den speictream feidhmíochta, teip (Tábla 4.10) seachas máistreacht, tá na scoileanna Gaeltachta arís níos cosúla le scoileanna lán-Ghaeilge ná le gnáthscoileanna. Tá sé seo fíor má bhreathnítear ar na rátaí teipe do gach ceann d'ocht gcuspóir Labhartha na Gaeilge i 2002, nó ar an *ardú* i rátaí teipe ó 1985.

Ag féachaint ar dtús ar Thábla 4.10, is féidir a fheiceáil i 2002 go bhfuil na céatadán daltaí i scoileanna Gaeltachta a mbíonn ag teip orthu níos gaire dóibh sin do dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge (Tábla 4.7) ná dóibh sin i ngnáthscoileanna (Tábla 4.4). Ar an tslí sin, réimsíonn rátaí teipe do chuspóirí Labhartha Gaeilge ó 0.4% go dtí 9.4% i scoileanna lán-Ghaeilge, ó 7.7% go dtí 27.9% i scoileanna Gaeltachta agus ó 33.3% go dtí 76.5% i ngnáthscoileanna.

Réimsíonn *na harduithe* rátaí teipe ó 0.4% go dtí 7.3% i scoileanna lán-Ghaeilge, ó 2.2% go dtí 9.9% i scoileanna Gaeltachta agus ó 7.4% go dtí 18.6% i ngnáthscoileanna (Táblaí 4.4, 4.7, 4.10). Ag teacht leis an bpatrún sin, níl na harduithe sna rátaí teipe suntasach go staitistiúil ach amháin do chuspóir Labhartha na Gaeilge amháin i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge, tá siad suntasach do dhá chuspóir i gcás na scoileanna Gaeltachta, ach tá siad suntasach do sheacht gcinn de na hocht gcuspóir i gcás na gnáthscoileanna.

Tábla 4.10 An céatadán de dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta ar theip orthu i ngach cuspóir i dTriail Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Scoileanna Gaeltachta Cuspóirí Labhartha na Gaeilge	Teip		Difríocht 2002 -1985
	1985	2002	
Cumarsáid (cuspóir rang a dó)	5.5% (2.08)	7.7% (3.08)	+2.2%
Líofacht inste	3.8% (1.94)	12.9% (3.87)	+9.1%
Foclóir cainte	8.7% (2.62)	16.8% (4.67)	+8.1%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra	18.0% (4.43)	27.9% (5.80)	+9.9%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocal	7.4% (2.25)	14.2% (4.53)	+6.8%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí	1.9% (0.93)	8.2% (2.92)	+6.3%
Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal	4.9% (2.02)	11.5% (3.71)	+6.6%
Cruinnúsáid comhréire i ráitis	9.8% (3.17)	17.1% (4.99)	+7.3%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N (1985) = 367, N (2002) = 294.

Ní féidir linn na meánscoir iomlána ar Labhairt na Gaeilge i 1985 agus i 2002 a scrúdú ach amháin i gcás scoileanna Gaeltachta (mar cuireadh Triail Labhartha na Gaeilge ina iomláine ar na daltaí i 1985). Taispeánann na torthaí titim shuntasach go staitistiúil de 10.1% sa mheánchéatadán ceart do scoileanna Gaeltachta – ó 81% i 1985 go dtí 70.9% i 2002. Is ionann an meath agus beagán níos lú ná leath den diallas caighdeánach ar Thriail Labhartha na Gaeilge do scoileanna Gaeltachta.

Agus impleachtaí na dtorthaí Gaeltachta á mbreithniú, cibé d'Éisteacht na Gaeilge nó do Labhairt na Gaeilge, tá sé tábhachtach go smaoinois ar nádúr éagsúil teanga na scoileanna Gaeltachta ó thaobh chúlra teanga baile na ndaltaí agus a mhéid a dhéantar teagasc trí mheán na Gaeilge ar scoil (Caibidlí 6 agus 7 den tuarascáil seo; Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1987). Ar an ábhar sin, tá eolas cúlra i bhfad níos mine faoin gcineál scoileanna Gaeltachta a bhí i gceist riachtanach chun comparáid a dhéanamh ar athruithe in inniúlacht Gaeilge in imeacht ama má tá na sonraí ar an athrú le bheith faisnéiseach. Fillimid ar scrúdú ar na ceisteanna sin i gcaibidlí 6 agus 7 nuair a chóimheasfaimid inniúlacht na ndaltaí in Éisteacht na Gaeilge agus Labhairt na Gaeilge le fachtóirí ar nós deontas *Scéim Labhairt na Gaeilge*¹⁰ (cainteoirí dúchais) a fháil, úsáid na Gaeilge sa bhaile agus cumas an tuismitheora Gaeilge a labhairt. I gCaibidil a 7 freisin, cuirimid sonraí i láthair ar a mhéid teagasc trí mheán na Gaeilge a bhíonn i scoileanna Gaeltachta nuair a bhíonn cainteoirí dúchais sa mhionlach agus nuair a bhíonn siad sa tromlach.

Daltaí le leibhéal an-íse inniúlachta i nGaeilge: Sainmhínte agus meastacháin

Is léir ó na torthaí atá curtha i láthair cheana go dteipeann ar cion substaintiúil daltaí rang a sé i ngnáthscoileanna go leor cuspóirí *aonair* de chuid Éisteacht na Gaeilge agus Labhairt na Gaeilge a bhaint amach. Ardaíonn an toradh sin roinnt ceisteanna breise nach féidir a fhreagairt go héasca. Cá mhéad dalta i ngnáthscoileanna a bhíonn lag *go seasta* sa Ghaeilge – ar réimse tascanna éisteachta agus/nó labhartha – agus conas ar cheart dúinn an grúpa sin a shainmhíniú? An bhfuil aon bhealach chun sainmhíniú níos mine, níos praiticiúla a fháil ar an gcineál inniúlachta sa Ghaeilge labhartha a bhíonn ag na daltaí is laige agus cad iad na cineálacha topaicí ar féidir leo labhairt orthu? Sa roinn seo, déanaimid iarracht réamhfhreagra a thabhairt ar na ceisteanna sin ar dhá phríomhshlí. Ar dtús, scrúdaímid comhsheasmhacht na teipe ag daltaí i ngnáthscoileanna ar réimse cuspóirí Éisteachta na Gaeilge agus Labhartha na Gaeilge. Ansin, cuirimid sonraí i láthair, bunaithe ar mhíreanna aonair ón bhfothriail *Cumarsáid*, maidir le roinnt daltaí nach raibh ar a gcumas labhairt i gcomhthéacs comhrá faoi *gach ceann* de naoi dtopaic shainiúla, agus an méid daltaí nach raibh ar a gcumas labhairt ar *aon cheann* de na topaicí sin, beag ná mór. Déanfaimid comparáid idir cuid de shonraí 2002 agus na sonraí comhfhreagracha ó 1985 agus déanfaimid trácht achomair ar na leibhéal íse inniúlachta i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta.

¹⁰ Is scéim í *Scéim Labhairt na Gaeilge* chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc mhuintir na Gaeltachta sa bhaile agus go ginearálta. Faoin Scéim féadfaidh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (CRGA) deontas de €260 a íoc in aghaidh na scoilbhliana le teaghlaigh sa Ghaeltacht ar deimhin leis an Roinn ina leith gurb í an Ghaeilge a ngnáth-teanga labhartha. Mura n-éiríonn le teaghlach an méid líofachta is gá faoin Scéim a léiriú, féadfaidh an Roinn CRGA deontas laghdaithe 50% a íoc, más dócha gur féidir leis an teaghlach an caighdeán iomchuí a bhaint amach taobh istigh de thréimhse trí bliana.

Sainmhíniú a thabhairt ar ghrúpa ísealinniúlachta Gaeilge

Níl aon bhealach soiléir chun grúpa sainiúil daltaí i ngnáthscoileanna a aithint a bhfuil leibhéil an-ísle inniúlachta acu i nGaeilge labhartha, grúpa atá ar leithligh ann féin ó gach grúpa eile. Má thógaimid tomhas cuimsitheach de chineál éigin, ar nós an lomscóir ar Thriail Éisteachta na Gaeilge nó ar Thriail Labhartha na Gaeilge, is éard a fheicimid ná meath réasúnta réidh ar fheidhmíocht ag an gcuid is ísle den scála inniúlachta. Má mheasaimid na cuspóirí aonair, bíonn an fhadhb ann maidir le cad iad na cuspóirí a thógtar chun sainmhíniú a thabhairt d'inniúlacht an-íseal. Tá sé beagnach cinnte go ndéanfaí cuspóirí áirithe a mheas a bheith níos tábhachtaí ná cinn eile. Is mó an t-eolas a bheadh ag gabháil le fios a bheith agat go ndearna duine dul chun cinn íosta ar a laghad i ndáil le, mar shampla, *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* faoina gceapfadh formhór na ndaoine a bheith ina inniúlacht ar Ghaeilge labhartha ná fios a bheith agat go ndearnadh dul chun cinn íosta i ndáil le *Cruinnaithe d'heilbhíocht na n-ainmfhocail*. Chomh maith leis sin, tá fadhbanna ag baint le glacadh glan díreach le haon shainmhíniú a bhíonn bunaithe go huile agus go hiomlán ar chuspóirí Éisteachta na Gaeilge. An chúis shimplí leis sin ná go ndéantar tástáil ar chuspóirí éisteachta (ach ní hamhlaidh le cuspóirí labhartha) trí mhíreanna ilrogha. I dtrialacha ilrogha, d'fhéadfadh buille faoi thuairim a thabhairt cur go mór leis na torthaí nuair (a) go mbíonn an scór critéir an-íseal (faoi mar a bhíonn i gcás dul chun cinn íosta) agus (b) nuair a bhíonn leibhéil an-ísle inniúlachta san ábhar atá i gceist ag na daltaí iad féin. Mar sin, agus sinn ag iarraidh daltaí a aithint a raibh leibhéil an-ísle inniúlachta sa Ghaeilge labhartha acu, b'fhearr linn gan a bheith ag brath go huile agus go hiomlán ar fhigiúirí bunaithe ar chuspóirí éisteachta.

Teip seasta ghrúpaí difriúla de chuspóirí éisteachta agus labhartha

Mar thoradh air sin, thugamar faoin gceist trí bhreathnú ar an gcion de dhaltaí rang a sé a raibh leibhéil an-ísle inniúlachta sa Ghaeilge labhartha acu. Ar ndóigh, braitheann an cion de dhaltaí a chomhaireann mar 'inniúlacht íseal' ar an tslí a dtugaimid sainmhíniú go hoibríochtúil ar an nóisean sin. Tá aird ar leith againn ar chomhsheasmhacht na teipe ar raon cuspóirí.

Fuaireamar amach, i 1985 agus i 2002, nach raibh aon dalta nár éirigh leis nó léi dul chun cinn íosta a dhéanamh ar *gach ceann de na cuspóirí éisteachta agus gach ceann de na cuspóirí labhartha*. Ag breathnú ar na cuspóirí Éisteachta Gaeilge ar leithligh ó chuspóirí Labhartha na Gaeilge, fuaireamar amach nach raibh aon dalta ar theip air/uirthi i *ngach ceann de chuspóirí Éisteachta na Gaeilge* i 1985; agus i 2002, d'fhéadfaí neamhaird a dhéanamh den líon daltaí ar theip orthu i *ngach ceann de chuspóirí Éisteachta na Gaeilge*.

Theip ar dhalta as gach seisear (16.6%) i 2002 ar *gach ceann de chuspóirí Labhartha na Gaeilge*. Bheadh sé sin ar an sainmhíniú is cúinge, nó an ceann is caomhnaí, den ghrúpa inniúlachta ísle Gaeilge. Míbhuntáiste atá leis an sainmhíniú, áfach, ná nach bhfuil sonraí inchomparáideacha ann do 1985. Is é an deacracht ná i 1985, rinne daltaí difriúla Cuid A agus Cuid B, agus mar sin ní féidir linn aon rud a rá faoi chomhsheasmhacht na teipe do chuspóirí Labhartha na Gaeilge sa bhliain sin. Sainmhíniú eile ar inniúlacht íseal ná teip ar an dá chuspóir labhartha is ginearálta – cuspóir rang a dó *Cumarsáid* agus cuspóir rang a sé *Líofacht inste*. Tá cur síos mion déanta ar an dá chuspóir sin thuas. Ceann de na pointí atá i bhfabhar na gcuspóirí sin mar bhunús chun leibhéil ísle inniúlachta a shainmhíniú ná go bhfuil teaghlaim níos leithne scileanna teanga agus cumarsáide i gceist leo ná le haon cuspóir eile. Seans go bhfuil siad níos gaire ná na cuspóirí eile don rud a mheasfadh formhór na ndaoine a bheith ina inniúlacht ghinearálta

ar Ghaeilge labhartha agus go deimhin ar an mórsprioc i múineadh na Gaeilge ag leibhéal bunscoile – a chur ar chumas na ndaltaí cumarsáid a dhéanamh i Gaeilge labhartha ar thopaicí a bhfuil spéis acu iontu. Ós rud é go ndéantar na daltaí a thástáil ina nduine agus ina nduine ar an dá chuspóir Labhartha Gaeilge sin, ciallaíonn sé go bhféadfaidh an scrúdaitheoir measúnú díreach a dhéanamh ar inniúlacht labhartha dalta, ag cur fachtóirí móitivéisín, canúna agus sóisialta san áireamh ar shlí nach bhféadfaí a dhéanamh i dtríail ghrúpa.

Buntáiste eile ná go soláthraíonn an cuspóir *Cumarsáid*, mar gheall ar é a bheith bunaithe ar churaclam rang a dó, bonn cuí chun sainmhíniú a thabhairt do leibhéal an-ísele de chumas cumarsáide ginearálta i measc daltaí rang a sé, agus na leibhéil sin a thomhas. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an scála rátaithe 5 phointe don chuspóir sin íomhá níos grinne agus níos mine de na leibhéil ísele feidhmíochta ná mar a bheadh le cinneadh simplí ceart-mícheart a bhíonn in úsáid le míreanna eile. Ar deireadh, toisc go bhfuil cuid de na míreanna a úsáideadh chun an cuspóir *Cumarsáid* a thástáil – na chéad naoi mír – comhdhéanta d’fhíorchomhrá, más gearr féin sin, ar thopaicí a bhfuil cur amach orthu, ba chóir go mbeadh tuairisciú mír ar mhír ar fheidhmíocht fhaisnéiseach. Is féidir leis an tuairisciú mír ar mhír seo, nuair a dhéantar é a nascadh leis na gnáthshonraí máistreachta agus dul chun cinn íosta do na cuspóirí ar an iomlán, cabhrú le nádúr agus caighdeán na Gaeilge a bhí ar chumas daltaí níos laige a úsáid sa chumarsáid a dhéanamh níos trédhearcaí.

Taispeánann Tábla 4.11 na céatadáin de dhaltaí rang a sé i 2002 a bhain máistreacht amach, a rinne dul chun cinn íosta agus ar theip orthu i gcás na gcuspóirí *Líofacht inste* agus *Cumarsáid*. Tugann Tábla 4.12 sonraí comhfhreagracha do 1985.

Tábla 4.11 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna i 2002 a bhain máistreacht amach, a rinne dul chun cinn íosta agus ar theip orthu sna cuspóirí *Líofacht inste* agus *Cumarsáid*, agus an céatadán de dhaltaí ar theip orthu sa dá chuspóir.

2002	Líofacht inste	Cumarsáid
Leibhéal feidhmíochta	N = 950	N = 950
Máistreacht	29.9% (2.69)	32.9% (2.80)
Dul chun cinn íosta gan mháistreacht	28.8% (1.98)	22.5% (1.77)
Teip	41.3% (3.03)	44.6% (2.90)
Teip sa <i>dá</i> chuspóir	32.4% (2.79)	

Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach.

Ag féachaint ar dtús ar shonraí 2002 (Tábla 4.11), is féidir a fheiceáil gur 58.7% (i.e. 29.9% + 28.8%) é an céatadán nasctha de dhaltaí a bhain máistreacht amach nó a rinne dul chun cinn íosta i *Líofacht inste*, agus gur 55.4% (i.e. 32.9% + 22.5%) é an céatadán nasctha comhfhreagrach do *Cumarsáid*. I 1985 (Tábla 4.12), ba 72.9% (i.e. 50.3% + 22.6%) a bhí sa chéatadán nasctha do mháistreacht agus dul chun cinn íosta do *Líofacht inste* agus is 68.3% (i.e. 54% + 14.3%) a bhí ann do *Cumarsáid*.

Tábla 4.12 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna i 1985 a bhain máistreacht amach, a rinne dul chun cinn íosta agus ar theip eip orthu na cuspóirí *Líofacht inste* agus *Cumarsáid*, agus an céatadán de dhaltaí a theip sa dá chuspóir.

1985	Líofacht inste	Cumarsáid
Leibhéil feidhmíochta	N = 1043	N = 1043
Máistreacht	50.3% (2.69)	54.0% (2.98)
Dul chun cinn íosta gan mháistreacht	22.6% (1.62)	14.3% (1.25)
Teip	27.0% (2.25)	31.7% (2.86)
Teip sa <i>dá</i> chuspóir	22.7% (2.28)	

Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach.

Tabhair ar aird i 2002 agus i 1985 go mbaineann an céatadán níos ísle le *Cumarsáid* seachas le *Líofacht inste*, fiú agus an difríocht a bheith réasúnta beag. D'fhéadfadh cuma pharadacsa a bheith air sin ar dtús, ós rud é go bhfuil an cuspóir *Cumarsáid* bunaithe go teangeolaíoch ar churaclam níos teoranta rang a dó, agus go bhfuil *Líofacht inste* bunaithe ar churaclam rang a sé. D'fhéadfaimis a bheith ag súil le rathúlacht níos airde (na céatadáin mháistreachta móide dul chun cinn íosta) ag an gcuspóir do leibhéal ranga níos ísle *Cumarsáid*.

Is éard a chaithfear a mheabhrú, áfach, ná nach mbaineann raon chomh leathan scileanna leis an gcuspóir áirithe rang a sé atá á bhreithniú agus a bhaineann le cuspóir rang a dó. Is léir é sin ón modh tástála do gach cuspóir, a bhfuil tuairisc thuas air. Ní bhíonn i gceist le *Líofacht inste* ach go mbíonn ar na daltaí abairtí a chruthú chun teacht leis an scéal is bonn taca do shraith pictiúr. Níl aon mhír de thuiscint ar an teanga labhartha agus níl aon idirghníomhú cumarsáide díreach i gceist. I gcodarsnacht leis sin, baineann tuiscint ar an teanga labhartha agus idirghníomhú dinimiceach cumarsáide leis na míreanna *Cumarsáid*. Mar thoradh air sin, bíonn gá ag an dalta le níos mó scile in eagrú agus in úsáid láithreach a (h)acmhainní teanga do na míreanna is deireanaí atá luaite.

Is cuid suntais freisin go raibh laghdú substaintiúil sna céatadáin nasctha de dhaltáí a bhain méid áirithe rathúlachta (máistreacht nó dul chun cinn íosta) amach idir 1985 agus 2002. Tá an laghdú sin le feiceáil sna sonraíthe a thaispeánann *ardú* sna céatadáin *ar theip orthu* i rith na tréimhse céanna. Mar sin, i 1985, theip ar 27% de dhaltáí gnáthscoileanna *Líofacht inste* a bhaint amach, figiúr a d'ardaigh go dtí 41.3% i 2002 (Táblaí 4.11 agus 4.12). I gcás *Cumarsáid*, theip ar 31.7% de na daltaí i 1985, céatadán a d'ardaigh go dtí 44.6% i 2002 (Tábla 4.11 agus 4.12). Mar a tugadh ar aird níos túisce, tá na harduithe sa ráta teipe do gach ceann de na cuspóirí sin suntasach go staitistiúil.

Léiríonn Tábla 4.13, méid suntasach, ag gach aon pointe ama, go raibh forluí ar an líon daltaí ar theip orthu sna cuspóirí sin. Mar sin, theip ar 22.7% de na daltaí i 1985 agus 32.4% de na daltaí i 2002 sa *dá* chuspóir. Is féidir na figiúirí sin a chur i gcomparáid leis na rátaí teipe atá díreach tugtha do gach aon cheann den *dá* chuspóir astu féin – 27%/31.7% i 1985 agus 41.3%/44.6% i 2002 faoi seach (Táblaí 4.11 agus 4.12).

Tábla 4.13 An céatadán de dhaltáí i ngnáthscoileanna i 1985 agus 2002 a theip na cuspóirí *Líofacht inste* agus *Cumarsáid* araon.

Comparáid idir 1985 agus 2002.	An céatadán daltaí ar theip orthu
---------------------------------------	--

	1985	2002	Difríocht
Teip sna cuspóirí <i>Líofacht inste agus Cumarsáid araon</i>	22.7% (2.28)	32.4% (2.79)	9.7%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N 1985 = 1043, N 2002 = 950.

Go hachomair, theip ar 16.6% de na daltaí i ngach cuspóir labhartha, agus theip ar 32.4% sna cuspóirí *Líofacht inste agus Cumarsáid araon*. Tabhair ar aird freisin go léiríonn an 32.4% de dhaltá sa ghrúpa ísealinniúlachta Labhartha na Gaeilge seo ardu atá suntasach go staitistiúil de 9.7% ó níos lú ná an ceathrú cuid de na daltaí go léir i ngnáthscoileanna i 1985 (Tábla 4.13).

Ní miste a lua ag an tráth seo, gur léirigh anailísí den sórt céanna leo sin atá tuairiscithe i dTábla 4.11 agus i dTábla 4.12 do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta chun na céatadáin de dhaltá a bhain máistreacht amach, a rinne dul chun cinn íosta, agus ar theip orthu na cuspóirí *Líofacht inste agus Cumarsáid* a dhéanamh amach, nár theip ar aon dalta scoile lán-Ghaeilge sa dá chuspóir, agus nár theip ach 7.5% de dhaltá scoile Gaeltachta sa dá cheann.

Cumas na ndaltaí i ngnáthscoileanna labhairt ar thopaicí sainiúla

Breathnóimid anois ar an dara cur síos a luadh níos túisce chun an cineál inniúlachta sa Ghaeilge labhartha a bhíonn ag na daltaí is laige i nGaeilge a léiriú. Déanfaimid seo ó thaobh feidhmíocht naoi dtopaic/mír den fhothriail *Cumarsáid*. Taispeánann Táblaí 4.14 agus 4.15 an céatadán de dhaltá rang a sé i ngnáthscoileanna a fuair rátuíthe éagsúla do *Cumarsáid* sa Ghaeilge labhartha ar naoi dtopaic i 2002 agus i 1985. Tagraíonn na rátuíthe 1, 2, 3, 4, agus 5 don scála ar leathanach 48.

Tábla 4.14 An céatadán de dhaltá rang a sé i ngnáthscoileanna i 2002 a fuair rátú de 1, 2, 3, 4 nó 5 ar naoi dtopaic (an chéad naoi mír) ar an gcuspóir rang a dó *Cumarsáid*.

2002		An céatadán de dhaltá rang a sé a bhain amach an rátú de ...				
Topaic		'1'	'2'	'3'	'4'	'5'
1. Ainm, aois agus rang		4.1 (0.78)	13.8 (1.45)	25.0 (2.11)	31.1 (2.44)	25.9 (3.12)
2. Daoine i dteach/dteaghlach an dalta		13.6 (1.65)	28.8 (2.49)	30.0 (2.18)	17.8 (1.91)	7.9 (1.53)
3. Ag súgradh lasmuigh		16.2 (1.37)	32.5 (2.29)	29.8 (2.01)	16.2 (2.03)	5.0 (1.22)
4. Ag súgradh laistigh		20.7 (1.67)	31.3 (2.02)	29.8 (1.81)	14.0 (1.70)	3.7 (1.04)
5. Bréagáin/sealúchais sa bhaile		21.6 (2.04)	34.0 (2.01)	26.6 (1.82)	14.7 (1.78)	2.6 (0.82)
6. Mála scoile an dalta & a bhfuil ann		14.5 (1.70)	28.3 (1.94)	31.5 (2.29)	20.1 (2.15)	5.0 (1.21)
7. Ag taisteal chun na scoile		17.1 (1.92)	27.7 (2.07)	29.8 (2.18)	19.8 (2.14)	4.6 (1.00)
8. Éadaí/bróga a cheannach do dhaltá		22.6 (1.96)	31.1 (1.66)	27.6 (1.86)	14.8 (1.84)	2.6 (0.69)
9. Cuairt ar an dochtúir/bhfiacloir		27.6 (2.03)	34.0 (1.99)	22.5 (1.68)	12.9 (1.63)	2.1

N = 950. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach.

Tábla 4.15 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna i 1985 a fuair rátú de 1, 2, 3, 4 nó 5 ar naoi dtopaic (an chéad naoi mír) ar an gcuspóir rang a dó Cumarsáid.

1985		An céatadán de dhaltáí rang a sé a bhain amach an rátú de ...			
Topaic		'1'	'2'	'3'	'4'
1. Ainm, aois agus rang		7.0 (1.60)	13.1 (1.67)	26.5 (2.21)	53.4 (3.15)
2. Daoine i dteach/dteaghlach an dalta		13.7 (2.19)	24.3 (1.97)	34.8 (1.83)	27.2 (2.58)
3. Ag súgradh lasmuigh		11.5 (2.05)	26.8 (2.10)	35.4 (2.03)	26.3 (2.72)
4. Ag súgradh laistigh		15.3 (2.28)	23.1 (1.83)	35.5 (1.89)	26.2 (2.69)
5. Bréagáin/sealúchais sa bhaile		16.5 (2.22)	23.5 (2.18)	35.2 (2.07)	24.8 (2.71)
6. Mála scoile an dalta & a bhfuil ann		11.5 (1.81)	21.1 (1.80)	35.7 (1.77)	31.8 (2.79)
7. Ag taisteal chun na scoile		12.2 (2.06)	18.7 (1.91)	31.7 (2.12)	37.4 (3.00)
8. Éadaí/bróga a cheannach do dhaltá		16.6 (2.13)	21.1 (2.06)	34.7 (1.98)	27.6 (2.63)
9. Cuairt ar an dochtúir/bhfiaclóir		18.5 (2.44)	24.5 (2.13)	29.8 (1.97)	27.2 (2.80)

N = 1043. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach.

I 2002, ní fhéadfadh tromlach na ndaltáí rang a sé, i suíomh comhrá duine le duine, plé sásúil (rátú '1' nó '2') a dhéanamh ar cheithre cinn de na topaicí atá liostaithe – *Ag súgradh laistigh, Bréagáin/sealúchais sa bhaile, Éadaí/bróga a cheannach do dhaltá agus Cuairt ar an dochtúir/bhfiaclóir* (Tábla 4.14). Theip ar os cionn 40% de na daltaí i 2002 i ngach topaic eile, ach amháin *Ainm, aois agus rang*. I 1985, níor shroich an céatadán de dhaltáí ar theip orthu (rátú '1' nó '2') 50% d'aon cheann den naoi mír sin (Tábla 4.15).

Tabhair ar aird freisin na céatadán shubstaintiúla de dhaltáí i 2002, ag réimsiú ó 20.7% go dtí 27.6%, nach bhféadfadh mórán nó faic a rá i nGaeilge, (rátú de '1') faoin gceithre topaic is deacra a luadh níos túisce – *Ag súgradh laistigh, Bréagáin/sealúchais sa bhaile, Éadaí/bróga a cheannach do dhaltá agus Cuairt ar an dochtúir/bhfiaclóir* (Tábla 4.14). Maidir le ceithre thopaic eile, bhí idir 13.6% agus 17.1% de dhaltáí nach raibh in ann mórán nó faic a rá i nGaeilge fúthu (rátú de '1') – *Daoine i dteach/dteaghlach an dalta, Ag súgradh lasmuigh, Mála scoile an dalta agus a bhfuil ann agus Ag taisteal chun na scoile*.

Tugann Tábla 4.16 sonraí, taobh le taobh, ar na céatadán de dhaltáí a bhain rátú de '1' amach ar an naoi dtopaic seo i 2002 agus i 1985. Tá ardú atá suntasach go staitistiúil sa chéatadán daltaí i 2001 (i gcomparáid le 1985) nach raibh ar a gcumas aon rud ciallmhar a rá i nGaeilge (rátú a '1') ar sé cinn den naoi dtopaic. Réimsigh na harduithe don sé topaic sin ó 4.7% go dtí 9.1%. Níl an difríocht sa chéatadán de dhaltáí nach raibh in ann faic a rá i nGaeilge faoi thrí thopaic – *Ainm, aois agus rang*,

Daoine i dteach/dteaghlach an dalta agus Mála scoile an dalta agus a bhfuil ann – suntasach go staitistiúil.

Tábla 4.16 Comparáid idir an céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna a fuair rátú de ‘1’ ar naoi dtopaic (an chéad naoi mír) ar an gcuspóir rang a dó Cumarsáid.

Topaicí	An céatadán de dhaltaí rang a sé a bhain amach an rátú de ‘1’		Difríocht 2002 -1985
	1985	2002	
1. Ainm, aois agus rang	7.0 (1.60)	4.1 (0.78)	-2.9%
2. Daoine i dteach/dteaghlach an dalta	13.7 (2.19)	13.6 (1.65)	-0.1%
3. Ag súgradh lasmuigh	11.5 (2.05)	16.2 (1.37)	4.7%
4. Ag súgradh laistigh	15.3 (2.28)	20.7 (1.67)	5.4%
5. Bréagáin/sealúchais sa bhaile	16.5 (2.22)	21.6 (2.04)	5.1%
6. Mála scoile an dalta & a bhfuil ann	11.5 (1.81)	14.5 (1.70)	3.0%
7. Ag taisteal chun na scoile	12.2 (2.06)	17.1 (1.92)	4.9%
8. Éadaí/bróga a cheannach do dhalta	16.6 (2.13)	22.6 (1.96)	6.0%
9. Cuairt ar an dochtúir/bhfiacloir	18.5 (2.44)	27.6 (2.03)	9.1%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach. N (1985) = 1043, N (2002) = 950.

Éagumas seasta comhrá a dhéanamh ar réimse topaicí coitianta.

Ní thugann na figiúirí seo, ar ndóigh, aon léiriú ar a mhéid a d’fhéadfadh na daltaí aonair céanna a bheith ag teacht chun cinn arís sa ghrúpa teipe ar mhíreanna i ndiaidh a chéile. I bhfocail eile, tharlódh sé, cé go mb’fhéidir go bhfuil sé neamhdhóchúil, go bhféadfadh teaghlaim an-difriúil de dhaltaí a bheith ag teip i ngach mír. Tugann Tábla 4.17 roinnt eolais ar chomhsheasmhacht na teipe ar fud na naoi mír. Taispeánann an colún ar dheis an céatadán de dhaltaí rang a sé i 2002 ar theip orthu (rátú de ‘1’ agus ‘2’) gach ceann den naoi mír agus an céatadán ar theip orthu i ngach ceann ach

amháin an chéad mhír. Déantar tuairisciú ar shonraí, agus an chéad mhír as an áireamh, go simplí toisc go ndealraíonn sé go bhfuil *Ainm, aois agus rang* chomh bunúsach agus gur fiú é a bhreithniú ann féin. Ag léamh síos an cholúin seo, tá na céatadán ag carnadh, le gach figiúr ag cur na ndaltaí go léir sa chatagóir díreach roimhe san áireamh.

Is léir go dteipeann ar thart ar an gcúigiú cuid (26.1%) de na daltaí *i ngach mír ach amháin an chéad mhír*. Is é sin le rá, nuair a rinneadh iarracht labhairt ar *aon* topaic seachas *ainm, aois agus rang*, ní dúirt na daltaí sin aon rud ábhartha beag ná mór ('1') nó ní raibh ar a gcumas na míreanna lárnacha dá dteachtaireacht a chur in iúl i nGaeilge ('2'). San áireamh leis sin tá grúpa i bhfad níos lú de 5.7% de dhaltaí ná dúirt oiread agus aon rud i nGaeilge (rátú de '1') go seasta in aon cheann den ocht dtopaic.

Tábla 4.17 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna i 1985 agus 2002 a fuair rátú seasta íseal ar naoi dtopaic (an chéad naoi mír) a úsáideadh chun an cuspóir rang a dó *Cumarsáid* a scrúdú.

An rátú a fuarthas ar naoi dtopaic (míreanna 1-9)*	1985**	2002
Rátú '1' ar mhíreanna 1-9	3.8% (1.32)	3.1% (0.66)
Rátú '1' ar mhíreanna 2-9	6.2% (1.63)	5.7% (1.08)
Rátú '1' nó '2' ar mhíreanna 1-9	13.3% (2.10)	14.4% (1.78)
Rátú '1' nó '2' ar mhíreanna 2-9	20.9% (2.66)	26.1% (2.38)

* Topaicí liostaithe i dTábla 4.16. **N (1985) = 1043, N (2002) = 950. Tá earráidí caighdeánacha i gcló iodálach.

Ag féachaint ar an gcolún ar chlé, is féidir a fheiceáil gur 20.9% a bhí sa chéatadán comhfhreagrach do na daltaí ar theip orthu (rátú de '1' nó '2') i ngach mír ach amháin an chéad mhír, agus ná dúirt 6.2% mórán nó faic (rátú de '1') faoi na topaicí céanna.

Ag filleadh ar shonraí 2002, is féidir linn a rá in ainneoin nach bhféadfadh mionlach substaintiúil daltaí tabhairt faoi go leor de na topaicí aonair – rátú de '1' do thopaicí aonair i dTábla 4.15 – nach bhfuil an leibhéal íseal feidhmíochta sin coinnithe go hiomlán ar fud gach topaice ach amháin i gcás 5%-6% de na daltaí (Tábla 4.17).

Chun achoimre a dhéanamh ar ár dtorthaí maidir le daltaí i ngnáthscoileanna a raibh leibhéil ísle inniúlachta acu i labhairt:

- Theip ar 32.4% de na daltaí rang a sé go léir i ngnáthscoileanna i 2002 i *Líofacht inste* agus *Cumarsáid* ar aon.
- Theip ar 16.6% de na daltaí go léir i *ngach ceann* de chuspóirí Labhartha na Gaeilge a tástáladh;
- Ní fhéadfadh 14.4% de na daltaí go léir *cumarsáid* a dhéanamh go rathúil faoi aon cheann de na naoi dtopaic san fhothriail *Cumarsáid* (ag baint rátáil de '1' nó '2' amach iontu go léir);

- (d) Ní fhéadfadh 5.7% de na daltaí go léir aon rud ciallmhar a rá i gcomhrá faoi ocht gcinn de na naoi dtopaic shainiúla (rátáil de '1'); is eisceacht a bhí in ainm, aois agus rang.

Ag féachaint ar na sonraí sin, is beag amhras ná go bhfuil an cumas cumarsáide i nGaeilge ag mionlach substaintiúil de dhaltaí rang a sé lag go leanúnach. Ina ainneoin sin, tá inniúlacht éighníomhach i dtuisceint na Gaeilge labhartha nó i léamh na Gaeilge ag go leor daltaí le hinniúlacht íseal. Meabhraítear, mar shampla, gur féidir neamhaird a dhéanamh den líon daltaí ar theip orthu i *ngach ceann* de chuspóirí Éisteachta na Gaeilge.

Conclúid

I ngnáthscoileanna, bhí titim idir 1985 agus 2002 sna céatadán daltaí rang a sé a bhain leibhéal arda feidhmíochta (máistreacht) amach i ngach ceann de na hocht gcuspóir Labhartha Gaeilge. Tá na laghduithe sin suntasach go staitistiúil iontu go léir ach amháin i gcás amháin. Bhí siad an-substaintiúil i gcás dhá chuspóir lánacha – titim de 20.4% i gcás *Líofacht inste* agus de 21.1% i gcás an chuspóra (rang a dó) *Cumarsáid*. Is lú ná an tríú cuid de na daltaí i 2002 a bhain máistreacht amach i ngach aon cheann den dá chuspóir sin ach bhí máistreacht bainte amach ag beagán os cionn leath na ndaltaí i 1985. Níos ginearálta, bhí níos lú ná 20% de na daltaí i 2002 a raibh máistreacht bainte amach acu ar chúig cinn de na hocht gcuspóir; i 1985 bhain céatadán chomh híseal sin le máistreacht a fháil ar díreach dhá chuspóir. Bhain na céatadán is lú i 2002 le *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra* agus *Cruinnúsáid comhréire i ráitis* – gan ach 3.7% agus 7.5% faoi seach de na daltaí ag baint máistreachta amach.

I gcás an chuid is mó de na cuspóirí, tá an laghdú sna céatadán a bhain máistreacht amach ann mar thoradh ar mhéadú sa líon ar 'theip orthu' seachas mar mhéadú ar an líon a bhain dul chun cinn íosta amach. Go deimhin, i gcás sé cinn de na hocht gcuspóir, laghdaigh an céatadán daltaí a rinne dul chun cinn íosta chomh maith le laghdú a bheith ar na céatadán a bhain máistreacht amach. B'fhéidir gur ábhar áirithe inní na céatadán an-suntasacha ar theip orthu i gcás dhá chuspóir lenar bhain scileanna labhartha ginearálta *Líofacht inste* inar theip ar 41.3%, agus *Cumarsáid* (rang a dó) inar theip 44.6%. Tá sé tábhachtach béim a chur air freisin, áfach, go bhféadfadh dul chun cinn a bheith déanta ag dalta a dteipeann air/uirthi i gcuspóirí Labhartha na Gaeilge rang a sé i ndáil le cuspóirí ag leibhéal ranganna níos ísle – ní chiallaíonn sé nach bhfuil aon chumas labhartha i nGaeilge aige nó aici beag ná mór.

I scoileanna lán-Ghaeilge níl ach aon chuspóir Labhartha na Gaeilge amháin, *Cruinnúsáid comhréire i ráitis*, a bhfuil meath atá suntasach go staitistiúil ag gabháil leis na céatadán de dhaltaí a bhain máistreacht amach, i gcodarsnacht leis an scéal i ngnáthscoileanna áit ar léirigh seacht gcuspóir as ocht meath den sórt sin. Bhain céatadán arda daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge máistreacht amach i ngach cuspóir labhartha na Gaeilge, ag fanacht os cionn 50% i ngach cás. I gcás dhá chuspóir lánacha *Líofacht inste* agus *Cumarsáid* (rang a dó), mar shampla, ba 95.2% agus 99.3% faoi seach a bhí sna céatadán a bhain máistreacht amach i scoileanna lán-Ghaeilge i 1985 agus is 87.6% agus 94.6% faoi seach a bhí ann i 2002. Níl na difríochtaí in imeacht ama suntasach go staitistiúil. Tá suntas ar leith le tabhairt do chobhsaíocht choibhneasta na feidhmíochta i gcás daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge i rith na tréimhse seacht mbliana

déag nuair a chuirtear san áireamh gur mhéadaigh an pobal scoileanna lán-Ghaeilge ó 1.1% go dtí 5% de na daltaí go náisiúnta.

Níl méadú suntasach sa ráta teipe ag gabháil le haon chuspóir, seachas *Cruinnúsáid comhréire i ráitis*, i scoileanna lán-Ghaeilge ó 1985, agus ní bhaineann na rátaí teipe i 2002 10% amach d'aon chuspóir. Tá suntas ar leith le tabhairt don ráta teipe de níos lú ná leath faoin gcéad do *Cumarsáid* (rang a dó). Is lú dóchais, áfach, atá leis na rátaí teipe de 7.6% do *Líofacht inste* agus 9.4% do *Foclóir cainte* i scoileanna lán-Ghaeilge.

Cé nach bhfuil an titim sa chéatadán a bhain máistreacht amach i g*Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint* i scoileanna lán-Ghaeilge suntasach go staitistiúil, is dócha go mbeidh sé ina ábhar inní nuair a smaoinítear air in éineacht leis an titim shuntasach sa chéatadán a bhain máistreacht amach i g*cuspóir dheilbhíocht na mbriathra a chomhfhreagraíonn dó i dtriail Éisteachta na Gaeilge* (Caibidil 3). Ní mór cuimhneamh, áfach, den 14.8% de dhaltaí lán-Ghaeilge nach raibh máistreacht bainte amach acu a thuilleadh i g*Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint* i 2002, go raibh 13.4% díobh tite go dtí 'dul chun cinn íosta ar a laghad', agus nach raibh ach 1.4% díobh aistrithe go dtí an earnáil 'teip'. Níl aon titim ghinearálta i bhfeidhmíocht sna scoileanna lán-Ghaeilge maidir le húsáid na mbriathra sa chaint.

I scoileanna Gaeltachta, tá na torthaí do Labhairt na Gaeilge, díreach mar a bhí siad i gcás Éisteachta na Gaeilge, idir thorthaí gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge, cé go bhfuil siad i bhfad níos gaire do scoileanna lán-Ghaeilge. Tá an ráiteas ginearálta sin fíor do sheacht gcinn de na hocht guspóir labhartha. Is í an eisceacht ná *Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal sa chaint*, áit a bhfuil an céatadán a bhain máistreacht amach i scoileanna Gaeltachta (51.1%) beagán níos airde ná an ceann do scoileanna lán-Ghaeilge (50.3%). Sampla níos tipiciúla ná *Foclóir cainte* áit arb é an céatadán de dhaltaí Gaeltachta a bhain máistreacht amach ná 59.2%, go bhfuil an céatadán de dhaltaí lán-Ghaeilge beagán níos airde ag 66.4%, agus go bhfuil an céatadán do ghnáthscoileanna ag 8.8%. Sampla eile ná *Cumarsáid* (rang a dó) áit a bhfuil an céatadán a bhain máistreacht amach i scoileanna Gaeltachta ag 85.2%, agus gur 94.6% atá i scoileanna lán-Ghaeilge agus 32.9% i ngnáthscoileanna.

Tá titim idir 1985 agus 2002 ag gabháil leis na céatadáin daltaí i scoileanna Gaeltachta a bhain leibhéil arda feidhmíochta (máistreacht) amach i ngach ceann de na hocht guspóir Labhartha Gaeilge. Níl an titim suntasach go staitistiúil, áfach, ach i gcás ceithre chuspóir – *Líofacht inste* (titim de 13.8%), *Cruinnúsáid dheilbhíocht na gcáilitheoirí sa chaint* (titim de 22.3%), *Cruinnúsáid dheilbhíocht na n-ainmfhocal sa chaint* (titim de 16.2%), agus *Cruinnúsáid comhréire i ráitis* (titim de 16.8%). Is cuid suntasach go bhfuil cuspóir lárnach *Líofacht inste* ar cheann de na meathanna sin. Chun críocha comparáideachta, is fiú a lua freisin nár léirigh ach cuspóir Labhartha Gaeilge amháin i scoileanna lán-Ghaeilge meath suntasach sa chéatadán daltaí a bhain máistreacht amach agus gur léirigh seacht guspóir meath den sórt sin i gcás gnáthscoileanna. Tá na torthaí sin ag teacht freisin le meath suntasach sna meánscóir iomlána Labhartha Gaeilge i scoileanna Gaeltachta idir 1985 agus 2002, meath atá comhionann le beagán níos lú ná leath den diallas caighdeánach.

Tá scoileanna Gaeltachta níos cosúla le scoileanna lán-Ghaeilge ná gnáthscoileanna ó thaobh na rátaí teipe do 2002 agus arduithe sna rátaí teipe ó 1985. Réimsigh na rátaí

teipe i 2002 do chuspóirí Labhartha na Gaeilge ó 0.4% go dtí 9.4% i scoileanna lán-Ghaeilge, ó 7.7% go dtí 27.9% i scoileanna Gaeltachta agus ó 33.3% go dtí 76.5% i ngnáthscoileanna. Níl na harduithe sna rátaí teipe ó 1985 suntasach go staitistiúil ach amháin do chuspóir Labhartha na Gaeilge amháin i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge, tá siad suntasach do dhá chuspóir i gcás na scoileanna Gaeltachta, ach tá siad suntasach do sheacht gcinn de na hocht gcuspóir i gcás na ngnáthscoileanna.

Agus na himpleachtaí do na torthaí Gaeltachta á mbreithniú, cibé d'Éisteacht na Gaeilge nó do Labhairt na Gaeilge, tá sé tábhachtach cuimhneamh ar nádúr éagsúil theanga na scoileanna Gaeltachta ó thaobh chúlra teanga baile na ndaltaí agus a mhéid a dhéantar teagasc trí mheán na Gaeilge ar scoil. Fillfimid ar scrúdú na ceiste sin i gcaibidlí 6 agus 7.

Dhá cheist ghaolmhara eile ná (i) cá mhéad dalta i ngnáthscoileanna atá lag *go seasta* sa Ghaeilge i *réimse* cuspóirí éisteachta agus/nó labhartha (de bhrí gur le feidhmíocht ar chuspóirí aonair amháin a bhaineann na sonraí a bhfuil achoimre thuas orthu) (ii) cad iad na cineálacha topaice ar féidir leis na daltaí a bhfuil an smacht is laige ar an nGaeilge acu labhairt fúthu? Ag féachaint ar dtús ar sheastacht na teipe ar fud na gcuspóirí, thaispeáin na torthaí, i 1985 nó 2002, nach raibh aon dalta ann ar theip air/uirthi i *ngach ceann* de na cuspóirí éisteachta agus *gach ceann* de na cuspóirí labhartha. Chomh maith leis sin, níor theip ar aon dalta i *ngach ceann* de na cuspóirí Éisteachta Gaeilge i 1985; agus i 2002, d'fhéadfaí neamhaird a dhéanamh den líon daltaí ar theip orthu i *ngach ceann* de chuspóirí Éisteachta na Gaeilge. Ach theip ar dhalta as gach seisear (16.6%) i 2002 i *ngach ceann* de chuspóirí Labhartha na Gaeilge. Bheadh an sainmhíniú is deireanaí sin ar an sainmhíniú is cúinge, nó an ceann is caomhaí, den ghrúpa inniúlachta ísle Gaeilge.

Sainmhíniú níos leithne eile ar inniúlacht íseal ná teip sa dá chuspóir labhartha is ginearálta – cuspóir rang a dó *Cumarsáid* agus cuspóir rang a sé *Líofacht inste*. I 1985, ba 22.7% a bhí sa chion de dhaltaí i ngnáthscoileanna ar theip orthu sa dá chuspóir sin, agus i 2002 ba 32.4% a bhí ann, ardú atá suntasach go staitistiúil ag 9.7%. I 2002, ní raibh aon dalta scoile lán-Ghaeilge sa chatagóir íseal inniúlachta sin (i.e. ar theip air nó uirthi sa dá chuspóir lárnach Labhartha na Gaeilge sin) agus níl ach 7.5% de dhaltaí scoileanna Gaeltachta ann.

Bhain an dara ceist faoi inniúlacht íseal le cumas na ndaltaí is laige labhairt ar gach ceann den naoi dtopaic/mír san fhothriail *Cumarsáid*. Samplaí de chuid de na topaicí a scrúdaíodh ná *Ainm, aois agus rang an dalta, Ag súgradh laistigh agus Ag taisteal chun na scoile*. I 2002, ní fhéadfadh tromlach de dhaltaí rang a sé, i suíomh comhrá duine le duine leis an scrúdaitheoir, plé a dhéanamh go sásúil ar gach ceann de na cheithre topaic seo: *Ag súgradh laistigh, Bréagáin/sealúchais sa bhaile, Éadaí/bróga a cheannach don dalta agus Cuairt ar an dochtúir/bhfiacloir*. I 1985, níor shroich an céatadán daltaí ar theip orthu in aon cheann de na naoi dtopaic sin 50%. Taispeánann torthaí eile freisin nach féidir le mionlach de dhaltaí (14.4%) i ngnáthscoileanna *aon cheann* de na naoi dtopaic sin a phlé go sásúil beag ná mór. Ina ainneoin sin, fiú amháin i measc daltaí a raibh leibhéil ísle inniúlachta acu i labhairt na Gaeilge, tá inniúlacht éighníomhach éigin ar a laghad i dtuisicint ar Ghaeilge labhartha nó i léamh na Gaeilge ag beagnach gach duine díobh, mar atá léirithe ag líon chomh beag de dhaltaí go náisiúnta ar theip orthu i gcuspóirí Éisteachta na Gaeilge *go léir*, agus go bhféadfar neamhaird a dhéanamh orthu.

5. Inniúlacht Léitheoireachta na Gaeilge

Mar a tugadh ar aird i gCaibidil 2, forbraíodh triail nua léitheoireachta Gaeilge le húsáid sa suirbhé. Dá bhrí sin, ní hionann agus na torthaí sna trialacha Éisteachta agus Labhartha a bhfuil tuairisc orthu sa dá chaibidil roimhe seo, níl aon sonraí againn ar léitheoireacht a fhéadfaidh cur le príomhthéama na tuarascála seo (athruithe in imeacht amach in inniúlacht). Dá réir sin, is féidir leis an gcaibidil seo a bheith réasúnta gearr. Tosaítear le tuairisc ar phróiseas forbartha na trialach. Ansin cuirimid roinnt faisnéise ar fáil maidir le feidhmíocht na trialach nua (m.sh. meáin, dáileadh, iontaofacht) agus, ar an mbunús sin, tugaimid leagan amach ar roinnt pointí cóimheasa a d'fhéadfaí a úsáid do shuirbhéanna amach anseo nó in anailís bhreise ar na sonraí ón suirbhé seo. Mar shlí chun tuiscint a thabhairt ar na cineálacha tascanna léitheoireachta a bhí daltaí in ann a dhéanamh, nó nach raibh siad in ann a dhéanamh, cuirfimid roinnt sonraí i láthair ar mhíreanna ar leith den triail. Críochnaíonn an chaibidil le hanailís ar chéatadán na hathraitheise iomláine in inniúlacht léitheoireachta na ndaltaí atá idir scoileanna. Tá torthaí na n-anailísí seo ábhartha do cheisteanna faoina mhéid ar féidir féachaint ar scoileanna laistigh de gach ceann de na trí chineál scoileanna (gnáthscoileanna, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta) a bheith aonchineálach (Postelthwite, 1995), ceist a ardaítear níos deireanaí nuair a bhreithneofar an gaol idir inniúlacht agus athróa eile.

Forbairt na Trialach

Ba í an phríomhchúis le measúnú ar léitheoireacht a chur sa suirbhé ná chun leibhéil inniúlachta chuspóirí Churaclam na Bunscoile mar atá leagtha amach i leagan 1971 den churaclam a dhéanamh amach. Mar a dúradh sna caibidlí roimhe seo, ba é seo an curaclam a bhí i bhfeidhm do bhunscolaíocht ár spriocphobail (daltaí i rang a sé).

Sna treoirlínte don Ghaeilge i ndoiciméid Churaclam na Bunscoile, saináithnítear dhá churaclam ar leithligh, cé go bhfuil siad ag forluí ar a chéile. Tá an chéad cheann le húsáid i ngnáthscoileanna, áit arb é an Béarla an príomh-mheán teagaisc (Scoileanna Teanga 2 nó T2). Baineann an dara curaclam le scoileanna ina mbíonn an teagasc trí mheán na Gaeilge (scoileanna T1). Mar gheall ar na curaclaim ar leithligh sin agus a bheith ag súil go mbeadh bearna mhór inniúlachta idir scoileanna T2 agus scoileanna T1, cinneadh ar dhá leibhéal ar leithligh den triail léitheoireachta a fhorbairt, ceann do gach grúpa.

Tá príomhbhéim Churaclam na Bunscoile ar fhorbairt inniúlachta sa chumarsáid. I modh na léitheoireachta, má tá teachtaireacht le cur in iúl, caithfidh an léitheoir brí an téacs a dhéanamh amach agus a léirmhíniú. Tá léirmhíniú níos tábhachtaí sa chumarsáid a bhaineann le léitheoireacht ná sa chumarsáid a bhaineann le comhrá, áit a mbíonn níos mó leidí ann don bhrí agus má theipeann ar an gcumarsáid, gur féidir ceist a chur go díreach ar fhoinse na teachtaireachta. Déantar an pointe i ndoiciméid churaclaim nach é amháin go bhfuil an léitheoireacht mar mhodh teanga gabhálach

ach go dtarlaíonn idirghabháil de réir mar a leagann an léitheoir a (h)eolas ar léirmhíniú an téacs. Ag teacht as anailís ar an gcuraclam, rinneadh roinnt cinntí.

Ar dtús, cinneadh gurb éard a bheadh sa phríomhchineál measúnachta ná léamhthuisctint lena gcuirfí sraith sleachta i láthair na ndaltaí, agus go mbeadh roinnt ceisteanna faoin sliocht ag gabháil le gach ceann díobh. Dearadh tábla sonraíochtaí lenar bhain mairís ábhair de réir próisis, chun treoir a thabhairt do roghnú na sleachta agus na gceisteanna. Tá dhá chineál san ábhar (nó an cineál téacs): téacs ina bhfuil scéal nó insint agus téacs a thugann eolas. Bhí an cineál téacs a thugann eolas comhdhéanta de théacs leanúnach den chuid is mó, ach bhí roinnt téacs ann freisin a bhí neamh-leanúnach (m.sh. clár ábhair). Spriocdhíodh ar thrí phríoiseas sa rogha ceisteanna a bhain leis an sliocht. Ba iad sin *aisghabháil*, áit a bhfuil eolas atá de dhíth chun an cheist a fhreagairt luaite go soiléir (go liteartha nó i bhfocail eile) sa téacs – go minic in aon abairt amháin; *tátal*, áit nach bhfuil an t-eolas atá de dhíth chun an cheist a fhreagairt luaite go sonrach sa téacs ach go bhfuil sé le tuiscint as an sliocht; agus *léirmhíniú*, áit a gcaithfear léirmhíniú téacsbhunaithe an léitheora a nascadh lena (h)eolas ginearálta féin.

Rinneadh an dara cinneadh ag an staid luath pleanála agus ba é sin nach mbeadh an triail nua comhdhéanta go hiomlán as míreanna ilrogha áit a mbeadh ar an dalta an freagra ceart a roghnú as líon freagraí féideartha (ceithre cinn de ghnáth). Ceapadh, cé go bhféadfadh formhór na míreanna a bheith san fhormáid sin, gur chóir míreanna a d'éileodh freagra comhthógtha a chur san áireamh freisin. I míreanna den sórt sin, bíonn ar an dalta freagra a scríobh, nach mbeadh ann de ghnáth ach focal amháin nó péire, ar cheist neamhiata. Samhlaíodh freisin, cé gur míreanna ilrogha a bheadh i bhformhór na míreanna sa dá leagan den triail, go mbeadh cion níos mó de mhíreanna a d'éileodh freagra comhthógtha sa leagan do scoileanna T1 (i.e., iad sin arb í an Ghaeilge an meán teagaisc iontu).

Is é an tríú cinneadh a rinneadh ná go soláthrófaí deis do naisc idir an dá leagan den triail. Rinneadh é sin trí fhothriail amháin (i.e., sliocht as foclóir a bhí ann mar aon le sraith ceisteanna) a chur sa dá leagan den triail agus trí thriail críochnú abairte a riaradh ar na daltaí go léir sa suirbhé. Bhí 25 mír sa triail críochnú abairtí (dar teideal Nasc25), ar abairt le focal amháin ar iarraidh a bhí i ngach mír díobh. Ba é an tasc don dalta ná cinneadh a dhéanamh cé acu focal as ceithre cinn ab oiriúnaí chun an abairt a chríochnú agus an focal sin a léiriú. Mar a léiríodh i gCaibidil a 2, roghnaíodh 25 mír ó leibhéil éagsúla de Thriail Gnóthachtála Gaeilge Dhroim Conrach.

Le cabhair ó choiste comhairleach, cuireadh le chéile taise de shleachta a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach mar aon le ceisteanna a bheadh ag gabháil leo agus baineadh triail astu i 25 scoil. Bunaithe ar an triail sin, cuireadh bailchríoch ar na trialacha a bhí le húsáid sa suirbhé. Tá cúig fhothriail sa leibhéal trialach a úsáideadh i ngnáthscoileanna, a dtagrófar dó mar *Triail Léamhthuisceana na Gaeilge (O)*, a bhfuil gach ceann díobh comhdhéanta de shliocht agus sraith ceisteanna tuisceana ina dhiaidh. Ar an iomlán tá 69 ceist den sórt sin ann (50 i bhformáid ilrogha agus 19 i bhformáid a éilíonn freagra comhthógtha). Tagrófar don leibhéal trialach a úsáideadh i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta mar *Scrúdú Léamhthuisceana na Gaeilge (G)*. Tá sé comhdhéanta de shé fhothriail/shliocht agus 90 ceist (66 i bhformáid ilrogha agus 24 i bhformáid freagra comhthógtha). Bhí 16 mír san fhothriail a bhí coitianta don an dá leibhéal.

Ríomhadh lomscóir (i.e., an líon iomlán freagraí cearta, ag tabhairt pointe amháin do gach freagra ceart) don dá leibhéal sa Triail Léamhthuisceana (O agus G). Tiontaíodh an lomscór ansin isteach ina scór den chéatadán ceart. Is é an príomhscála scóir a bhíonn in úsáid don tuairisciú ná scála na Teoirice Freagartha Míre (TFM). Is coincheap lárnach den TFM an tsamhail freagartha míre ar slonn matamaiticiúil é a thugann tuairisc ar an dóchúlacht go dtabharfaí freagra ceart ar mhír thrialach mar fheidhm de chumas nó inniúlacht an fhreagróra sa réimse atá á thomhas (Embretson & Reise, 2000). Ceadáíonn samhail an TFM míreanna agus daltaí a chur ar an scála céanna. Ní hionann agus cuir chuige eile i leith scálaí trialach, ní bhraitheann meastóireacht ar pharaiméadair míre ar shampla ionadaíoch den phobal leasa a bheith ann agus ní athraíonn paraiméadair trasna foghrúpaí den phobal sin. Mar sin, éascaíonn TFM míreanna nó bloic de mhíreanna a athsholáthar. Is gné úsáideach é seo i gcomhthéacs measúnuithe náisiúnta áit ar féidir míreanna nua a thabhairt isteach de réir a chéile in imeacht ama (m.sh., chun athrú curaclaim a chur san áireamh) gan an bonn a bhaint d'inchomparáideacht na feidhmíochta.

Rinneadh scála don Triail Léamhthuisceana ag baint úsáide as samhail trí pharaméadar (deacracht, idirdhealú, agus, mar gheall gur i bhformáid ilrogha a bhí go leor de na míreanna, an dóchúlacht go dtabharfaí freagra ceart trí bhuille faoi thuairim). Cuireadh an tsamhail i bhfeidhm ag baint úsáide as an bhfeidhmchlár ríomhaireachta BILOG-MG (Du Toit, 2003), a úsáideann modh d'uasmhéid imeallach dóchúlachta chun paraiméadair míre a mheas. Tá an chomhréir agus an cód a úsáideadh ar fáil san FTO. Is scála scór caighdeánach é an scála a tháinig chun cinn, atá tógtha ionas go mbíonn meán de 250 agus diallas caighdeánach de 50 ag scóir ualaithe. Is scóir den chéatadán ceart amháin a bhíonn in úsáid chun tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht ar Nasc25 (an triail d'abairtí a chríochnú).

Is meastacháin phobail iad formhór na meánscór agus na coibhneasa a thuairiscítear. Sna cásanna sin go léir, tá na sonraí atá curtha i láthair ualaithe ionas go mbíonn an sampla ar a mbíonn na sonraí bunaithe ionadaíoch ar na paraiméadair phobail. Cuirtear an neamhchinnteacht atá ag gabháil le meastacháin na bparaiméadar pobail i láthair mar earráid chaighdeánach an mheáin (nó earráid chaighdeánach an choibhnis i gcás gur cuí). Sna cásanna go léir, ríomhadh é seo ag baint úsáide as an nós imeachta jeaicnaidhf, a chuireann castacht an tsampla san áireamh.

Torthaí

Daltaí i ngnáthscoileanna

Tugtar na meánscóir do dhaltaí i ngnáthscoileanna ag baint úsáide as an méadracht den chéatadán ceart do Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O) agus do Nasc25 i dTábla 5.1.

Tábla 5.1 Meán den chéatadán ceart, earráidí caighdeánacha, diallais chaighdeánacha agus comhéifeachtaí iontaofachta Alfa do Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O) agus Nasc25 do ghnáthscoileanna.

	An Líon Ceisteanna	Meán den Chéatadán Ceart (EC)	DC	Alfa
Triail Léamhthuisceana na Gaeilge (O)	69	46.9 (0.80)	18.3	0.92
Ceisteanna Ilrogha	50	51.7 (0.68)	16.5	0.85
Ceisteanna Freagra Comhthógtha	19	34.3 (1.15)	25.5	0.88
Nasc25	25	38.9 (0.87)	15.1	0.68

Don Triail Léamhthuisceana Gaeilge (O), is 46.9 meán den chéatadán ceart (DC=18.3; EC=0.80). Faoi mar a bhí in anailís sna caibidlí roimhe seo, ríomhtar earráidí caighdeánacha ag baint úsáide as teicníc athshamplála jeaicnaidhf (Westat, 2000). Léiríonn leibhéal an mheánscóir go raibh an triail níos deacra ná a bheifí ag súil leis, mar shampla, dá mbeadh triail norm-thagartha á forbairt chun idirdhealú a dhéanamh idir daltaí aonair, agus sa chás sin is thart ar 60% a bheadh sa mheán optamach. Mar sin féin, is é cuspóir an tsuirbhé ná meastachán a dhéanamh ar a mhéid atá cuspóirí á mbaint amach ag grúpaí daltaí agus ag an bpobal ina iomláine, ní chun measúnú a dhéanamh ar dhaoine aonair. In ainneoin go raibh an triail deacair, bhí a hiontaofacht (Alfa Cronbach = 0.92) sách sásúil agus bhí sí laistigh den raon iontaofachtaí a fuarthas le hionstraimí a úsáideadh i suirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Gné de Thábla 5.1 ná go soláthraíonn sé sonraí ina gceann agus ina gceann de na 50 mír ilrogha agus de na 19 mír freagra comhthógtha chomh maith lena sholáthar don tacar iomlán de 69 mír. Is 51.7% (DC=16.5) é an meán don 50 mír ilrogha. Tá an earráid chaighdeánach beagán níos lú ná sin don triail iomlán. Tá 19 ceist freagra comhthógtha ann (thart ar an ceathrú cuid de na míreanna). Mar atá le feiceáil i dTábla 5.1, bhí na ceisteanna sin níos deacra ar an meán ná na ceisteanna ilrogha. Ba 23% a bhí sa mheánráta neamhfhreagartha do na ceisteanna freagra comhthógtha, áit gur díreach 2% a bhí ann do na ceisteanna ilrogha. Bhí roinnt daltaí nár fhreagair aon cheann de na ceisteanna a d'éileigh freagra comhthógtha, rud a chruthaigh minicíocht réasúnta mór de scóir náid san fhothacar ceisteanna seo (féach Tábla 5.2 thíos). Léirítear é sin sa diallas caighdeánach mór agus an dáileadh sách sceabhach ar na scóir.

Tá na codarsnachtaí i leibhéal deacrachta na gceisteanna sa dá fhormaid (ilrogha agus freagra comhthógtha) idirghafa ag inscne (Tábla 5.2). Tá difríocht scóir níos mó idir buachaillí agus cailíní ar na ceisteanna a d'éiligh freagra comhthógtha ná ar na ceisteanna ilrogha. Is féidir a fheiceáil ón gcolún don mheán neamhfhreagartha go bhféadfadh an bhearna a bheith ann mar gheall, cuid mhór, ar an gcion réasúnta mór buachaillí nár fhreagair nuair a bhí míreanna neamhiata. I líon réasúnta mór cásanna, shín an neamhfhreagairt sin go dtí gach ceann de na ceisteanna a d'éiligh freagra comhthógtha. De bhrí gur marcáladh gach neamhfhreagairt mar mícheart, is é an toradh a bhí air sin ná céatadán réasúnta mór (10.9%) a fuair náid ar an bhfothacar de cheisteanna freagra comhthógtha. Cé nach léir ó Thábla 5.2 é, is fiú a thabhairt ar aird

go raibh 8% eile de dhaltáí ann nár fhreagair ach ceist amháin a d'éiligh freagtha comhthógtha i gceart. Bhí sé thart ar sé huaire chomh dóchúil go bhfaigheadh buachaillí náid ar cheann de na míreanna sin ná a gheobhadh cailíní.

Faoi mar atá le feiceáil i dTábla 5.1, ba 38.9 (DC = 15.1; EC = 0.87) an meánscór den chéatadán ceart ar na 25 ceist a úsáideadh i Nasc25. Tá an iontaofacht trialach sách ard do thriail ghearr den sórt sin (Alfa Cronbach = 0.68). Is féidir a fheiceáil ón tábla freisin go bhfuil an triail Nasc25 go suntasach níos deacra ná na 50 ceist ilrogha sa phríomhthriail léamhthuisceana. Bhíothas le bheith ag súil leis sin, mar gur dearadh Nasc25 chun raon i bhfad níos leithne inniúlachta a thomhas (i.e., inniúlacht i ngach ceann de na trí phobal sonraithe) fad agus go raibh an leibhéal seo den triail léamhthuisceana (O) bunaithe ar anailís ar na cuspóirí curaclaim do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna.

Tábla 5.2 Meán den chéatadán ceart, meánráta neamhfhreagartha agus an céatadán a fuair náid ar Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O) i ngnáthscoileanna de réir fhormaid ceiste agus inscne daltaí.

Ceisteanna	Inscne	Meán (EC)	DC	Meánráta neamhfhreagartha	% de Scór a Náid
Ilrogha (50/69)	Buachaillí	47.0 (0.94)	16.0	2.2	0
	Cailíní	56.9 (0.64)	15.4	1.8	0
	Iomlán	51.7 (0.68)	16.5	2.0	0
Freagra Comhthógtha (19/69)	Buachaillí	26.6 (1.55)	23.9	31.2	18.1
	Cailíní	42.9 (1.24)	24.4	17.4	2.9
	Iomlán	34.3 (1.15)	25.5	23.0	10.9

Mar a tugadh ar aird cheana, socraíodh an meánscór ualaithe den Scór Scála TFM ag 250 pointe agus an diallas caighdeánach ag 50. Léirítear leibhéal cruinnis an mheánscoir in earráid chaighdeánach de 2.28 pointe scóir. Is 245.3 go dtí 254.5 é an t-eatramh muiníne 95% don mheánscór (díortha ón earráid chaighdeánach). Tá na Scóir Scála TFM ar an bpríomhthriail léitheoireachta dailte thart ar normálta. Réimsíonn siad ó scór scála de 119.0 go dtí 392.0.

Chun tuilleadh eolais a thabhairt ar an raon scóir inniúlachta léitheoireachta, sainithníodh cúig phointe ar an scála ualaithe le húsáid mar phointí cóimheasa i staidéir amach anseo. Comhfhreagraíonn na pointí sin don 10ú, 25ú, 50ú, 75ú agus 90ú peicintíl den inniúlacht léitheoireachta. Tá na scóir ualaithe scála TFM agus an céatadán ceart ag gach ceann de na pointí cóimheasa curtha i láthair i dTábla 5.3.

Tábla 5.3 Scóir i dhá mhéadrach ag cúig phointe cóimheasa ar Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O) do ghnáthscoileanna.

	Scóir ag Peircintílí (EC)				
	10ú	25ú	50ú	75ú	90ú
% Ceart	22.7 (0.85)	32.6 (1.00)	44.7 (0.88)	58.6 (1.30)	71.7 (1.37)
Scór Scála	181.5 (5.26)	219.5 (3.28)	253.9 (2.44)	283.4 (1.96)	310.7 (3.59)

Is mór a léiríonn na pointí cóimheasa den chéatadán ceart ar roinnt bealaí. Mar shampla, is fiú a thabhairt ar aird go bhfuil an méan den chéatadán ceart don 10% is ísle den lucht inniúlachta, ag 22.7, ag thart ar an luach a gheobhadh dalta a thabharfadh buille faoi thuairim i gcás na bhfreagraí go léir ar na ceisteanna ilrogha, ag glacadh leis go mbeadh seans as ceathair ag dalta den sórt sin an freagra ceart a thomhas. Ar an lámh eile, d'fhreagair thart ar leath na ndaltaí beagnach leath na míreanna i gceart (44.7%) agus tá meán den chéatadán ceart de 71.7 ag an 10% is fearr de na daltaí.

Daltaí i scoileanna Lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta

Tá eolas i dTábla 5.4 ar fheidhmíocht na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta maidir leis na trialacha léitheoireachta ag baint úsáide as scálaí den chéatadán ceart. Tugtar scóir don triail chríochnú abairtí (Nasc25) agus don Triail Léamhthuisceana Gaeilge (G) mar aon leis na meánscóir do na comhchodanna ilrogha agus freagra comhthógtha.

Tábla 5.4 Meán den chéatadán ceart, earráidí caighdeánacha agus diallais chaighdeánacha do Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (G) agus Nasc25 do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta.

	An Lón Ceisteanna	Scoileanna Lán-Ghaeilge		Gaeltacht	
		Meán (EC)	DC	Meán EC)	DC
Triail Léamhthuisceana na Gaeilge (G)	90	72.8 (1.32)	16.5	58.1 (2.41)	20.3
Ceisteanna Ilrogha	66	70.9 (1.19)	15.5	57.8 (2.10)	18.3
Ceisteanna Freagra Comhthógtha	24	77.9 (1.73)	21.0	59.0 (3.29)	27.6
Nasc25	25	85.0 (1.24)	14.7	70.9 (2.86)	23.3

Tá na meánscóir den chéatadán ceart do dhaltaí scoileanna lán-Ghaeilge (72.8%) cuid mhór níos airde ná sin do dhaltaí scoileanna Gaeltachta (58.1%), atá ag teacht leis na difríochtaí a fachtas i gcaibidlí 3 agus 4. Ní hionann agus an staid i ngnáthscoileanna, tá leibhéil deacrachta na gceisteanna ilrogha agus na gceisteanna a éilíonn freagra comhthógtha cosúil lena chéile sa dá shampla. Tá an diallas caighdeánach níos mó (sa dá shampla) do na scóir do na ceisteanna a éilíonn freagra comhthógtha ná do na scóir do na ceisteanna ilrogha. Tá iontaofacht Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (G), arna thomhas ag Alfa Cronbach, ard sa dá shampla (0.94 i scoileanna lán-Ghaeilge; 0.90 i scoileanna Gaeltachta).

Chruthaigh Nasc25 a bheith ina thriail éasca do dhaltáí scoileanna lán-Ghaeilge agus do dhaltáí Gaeltachta, le meáin de 85% agus 70.9% faoi seach, rud atá i gcodarsnacht mhór le feidhmíocht na ndaltáí i ngnáthscoileanna a scóráil 38.9% (Tábla 5.1). Is lú atá scóir ar Nasc25 dáilte i measc daltaí scoileanna lán-Ghaeilge (DC = 14.7) ná i measc daltaí scoileanna Gaeltachta (DC = 23.3). Is é iontaofacht na trialach (Alfa Cronbach) ná 0.82 do scoileanna lán-Ghaeilge agus 0.90 do scoileanna Gaeltachta.

Tábla 5.5 Meán den chéatadán ceart, earráidí caighdeánacha agus diallais chaighdeánacha do Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (G) ag baint úsáide as méadrach scór scála TFM do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta.

	An Líon Ceisteanna	Scoileanna Lán-Ghaeilge		Gaeltacht	
		Meán (EC)	DC	Meán (EC)	DC
Triail Léamhthuisceana na Gaeilge (G)	90	263.8 (3.42)	43.4	225.9 (6.02)	51.7

Mar atá mínithe, tá meán agus diallas caighdeánach scóir na gcomhphobal socráithe ag 250 agus 50. Tá na scóir anseo ar scála atá cosúil leis sin a bhí in úsáid sa ghnáthshampla ach rinneadh an scála seo bunaithe ar shraith sleachta agus ceisteanna a bhí i bhfad níos deacra ná iad sin don sampla gnáthscoileanna. Dá bhrí sin, ní féidir scóir TFM don Triail Léamhthuisceana Gaeilge (O) a chur i gcomparáid leis na scóir TFM don Triail Léamhthuisceana Gaeilge (G). Chaithfeadh aon chomparáidí idir daltaí gnáthscoileanna agus daltaí sa dá shampla eile a bheith ag brath ar Nasc25 nó, b'fhéidir amach anseo, ar shliocht amháin/sraith ceisteanna amháin a bheadh coiteann don dá leagan den Triail Léamhthuisceana.

Is 263.8 agus 225.9 na meánscoir mheasta do na pobail scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta faoi seach i dTriail Éisteachta na Gaeilge (Tábla 5.5). Léirítear leibhéal cruinnis na meastachán i ngach pobal le hearráidí caighdeánacha de 3.42 agus 6.02, i dteannta le heatraimh mhúinéine ghaolmhara de 257.1 go dtí 270.5 (i scoileanna lán-Ghaeilge) agus 214.1 go dtí 237.7 (i scoileanna Gaeltachta). Laghdaíonn na luachanna sin, go háirithe na luachanna do na scoileanna Gaeltachta, an cruinneas lenar féidir na paraiméadair dhaonra a mheas ó staitisticí samplacha agus déanann sé deacair é difríochtaí suntasacha san inniúlacht a bhrath idir foghrúpaí nó athruithe i leibhéal inniúlachta in imeacht ama. Tagann an easpa cruinnis seo chun cinn mar go bhfuil na líonta absalóideacha sna samplaí beag agus, mar a thaispeánfar thíos, toisc go bhfuil céatadán mór d'athraitheas iomlán sna scóir trialach idir scoileanna, go háirithe i gcás an tsampla Gaeltachta.

Is 50 pointe scóir é diallas caighdeánach na scór-scálaí don chomhphobal (43.4 do scoileanna lán-Ghaeilge agus 51.7 do scoileanna Gaeltachta). Tá na scóir dáilte thart air go normálta. Sna scoileanna lán-Ghaeilge réimsíonn siad ó scór scála de 74.1 go dtí 358.6, agus i scoileanna Gaeltachta réimsíonn siad ó 77.3 go dtí 360.1.

Chun tuilleadh eolais a thabhairt ar an raon scóir inniúlachta léitheoireachta, sainithníodh cúig phointe ar an scála ualaithe TFM le húsáid mar phointí cóimheasa. Comhfhreagraíonn na pointí sin don 10ú, 25ú, 50ú, 75ú agus 90ú peicintíl den

inniúlacht léitheoireachta do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta ar leithligh (Tábla 5.6).

Tábla 5.6 Scóir scála ag cúig phointe cóimheasa do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta ar Triail Léamhthuisceana na Gaeilge (G).

	Scóir Scála ag Peircintílí (EC)				
	10ú	25ú	50ú	75ú	90ú
Lán-Ghaeilge	209.2 (10.33)	240.9 (4.79)	270.0 (3.02)	295.0 (2.02)	312.9 (1.81)
Gaeltacht	153.8 (8.83)	188.5 (9.12)	230.3 (8.62)	266.1 (5.14)	286.3 (5.04)

Tá feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge níos fearr ná feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta ag gach ceann de na pointí cóimheasa. Tá na difríochtaí níos mó sna pointí cóimheasa íochtaracha ná sna pointí cóimheasa níos airde. Mar shampla, tá an bhearna idir an dá ghrúpa níos lú ag an 90ú peircintíl (26.6) ná mar atá ag an 10ú peircintíl (55.4).

Tuairisc ar inniúlacht

Go dtí seo, sa chaibidil seo, tá inniúlacht léitheoireachta tuairiscithe i dtéamaí céatadán ceart nó ar an scála IRT (meán de 250 agus diallas caighdeánach de 50). Chun na scóir sin a dhéanamh níos intuigthe, tugtar téacsanna cheann de na fothrialacha ó gach ceann den dá leibhéal sa triail léamhthuisceana (O agus G), mar aon le samplaí de na ceisteanna a bhí ag gabháil leo, thíos agus pléitear iad. Ba chóir a thabhairt ar aird go raibh an fhothriail roghnaithe ó leagan na ngnáthscoileanna (O) níos deacra ná na fothrialacha eile agus go raibh an fhothriail roghnaithe don leagan eile (G) réasúnta éasca. Nuair a bheidh triail léamhthuisceana á húsáid, i dtaighde amach anseo, cuirfear fothrialacha eile in áit na bhfothrialacha áirithe seo.

Baineadh úsáid as an modh scórála céanna don dá leibhéal den triail. Sna ceisteanna go léir, lena n-áirítear gach ceann de na ceisteanna freagra comhthógtha, scóráladh ‘1’ le haghaidh ceart agus ‘0’ le haghaidh mícheart. Má chuathas thar cheisteanna freagra comhthógtha (i.e., mura ndearnadh aon iarracht iad a fhreagairt), tugadh scór de ‘0’. De bhrí go bhfuil an triail ceaptha chun léamhthuisceant a thomhas, rinneadh neamhaird d’inniúlacht scríofa an dalta sa scóráil. Mar sin, níor bacadh le cirte litrithe agus/nó gramadaí. Sa bhreis air sin, tugadh creidiúint fiú amháin má bhí an freagra ceart scríofa i mBéarla, rud a tharla i líon beag cásanna.

An Pobal Gnáthscoileanna

I dTriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O), bhí cúig fhothriail ann, gach ceann comhdhéanta de shliocht téacs (téacs leanúnach nó próis ba mhinice), ar leathanach aonair agus bhí idir 13 agus 18 ceist ar an sliocht ina dhiaidh. Tá an chéad leathanach den fhothriail roghnaithe mar shampla agus tugtha i bhFíor 5.1. Tosaíonn an fhothriail (faoi mar bhí i gcás na bhfothrialacha eile) le rúibric i nGaeilge agus i mBéarla, a léigh riarthóir na trialach amach do na daltaí lena chinntiú go dtuigfeadh siad na treoracha go hiomlán. De bhrí go meastar go raibh an triail deacair, rinneadh bearta ag céim an deartha chun cur lena inléiteacht. Tá an scéal roinnte ina cheithre alt an-gherr atá marcáilte go soiléir ionas go n-éascófaí freagairt na gceisteanna atá ag

gabháil leis mar go raibh na ceisteanna grúpáilte de réir an ailt ina raibh an freagra le fáil. Chomh maith leis sin, tá gluais Ghaeilge/Béarla díreach i ndiaidh an scéil chun cúnaimh a thabhairt le cúig fhocal nó frása (marcáilte sa téacs trína bheith i gcló iodálach) a d'fhéadfadh gan a bheith i stór focal léitheoireachta go leor daltaí. Tá an téacs gearr agus is den chineál inste/scéil é. Tá 438 focal agus 25 abairt ann agus is é meánfhad na bhfocal ná 4.2 litir agus meánfhad na n-abairtí ná 9.2 focal.

Bhí 13 ceist san fhothriail, agus bhí ceann díobh sin nár cuireadh sa scála. Den 12 ceist eile, is i bhformáid ilrogha a bhí seacht gcinn agus is i bhformáid freagra comhthógtha a bhí cúig cinn. Déantar na trí phróiseas a bhfuil tuairisc tugtha thuas orthu (aisghabháil, tátal agus léirmhíniú) a thomhas le ceithre cheist an ceann. Fuarthas go raibh an fhothriail ar an gceann ba dheacra a rinne na daltaí sa sampla gnáthscoileanna. Ba é an meán den chéatadán ceart ualaithe ná 37.0. Bhí fothriail eile a bhí díreach beagán níos éasca agus a raibh meán den chéatadán ceart de 37.3 aici. Ba é an meán den chéatadán ceart don trí fhothriail eile ná 48.8, 50.8 agus 58.0. Bhí scaipeadh deacrachta i measc na míreanna san fhothriail atá á breithniú agus ní raibh na míreanna go léir thar a bheith deacair. Mar shampla, bhí mír amháin freagartha i gceart ag díreach os cionn 68% de na daltaí, agus bhí cúig mhír freagartha i gceart ag beagnach leath na ndaltaí.

Fíor 5.1 Téacs ó fhothriail shamplach de Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O).

Plumaí

Ar dtús léigh an “Gluais” ag bun an leathanaigh. Ansin léigh alt 1. Nuair atá seo léite, tabhair freagra ar na ceistanna a bhaineann le halt 1. Déan an rud céanna leis na haltanna eile.

First, read the “Gluais” at the bottom of the page. Then read paragraph 1. When you have read it, answer the questions that deal with paragraph 1. Do the same with the other paragraphs.

1. Fadó fadó, bhí bean, a fear chéile agus a mac Hoi ina gcónaí ar *phort* abhainn an Yangtse sa tSin. Bhí siad an-bhocht ar fad agus ní raibh le n-ithe acu ach rís.
2. Lá amháin, thug bean shaibhir mála plumaí do Hoi. Sula raibh seans aige fú is ceann amháin díobh a ithe, tháinig *bean déirce* go dtí an doras. Chonaic an bhean déirce na plumaí. Gan focal a rá thosaigh sí ag ithe. Bhí Hoi *ro-bhéasach* chun stop a chur léi. Sa deireadh ní raibh fágtha ar an mbord ach *carn* cloch. “Ná caith amach na clocha seo agus lá amháin beidh sibh saibhir” arsa an bhean déirce. As go brách léi ag siúl ansin.
3. Timpeall bliain ina dhiadh sin bhí Hoi agus a mháthair fós an-bhocht. Lá amháin thóg Hoi ceann de na clocha amach. Chuimhnigh sé ar a ndúirt an bhean déirce. Bhris sé an chloch idir a fhiacra. Cad a bhí istigh sa chloch ach péarla? Bhris sé ceann eile. Bhí péarla eile ann. Rith sé amach sa ghéirdín dá mháthair agus thaispeáin sé na péarlaí di. Bhí ionadh an domhain uirthi.
4. Bhrostaigh siad isteach sa chistin. Bhris siad na clocha go léir. Bhí péarla amháin i ngach ceann díobh. Ní raibh focal le rá acu beirt... Ní raibh bochtanas sa teach as sin amach. Ach ní fhaca siad an bhean déirce go deo arís.



Gluais:	<i>port</i>	bank	<i>ro-bhéasach</i>	too polite
	<i>bean déirce</i>	beggar woman	<i>carn</i>	pile
	<i>alt</i>	paragraph		

Tá seacht gcinn den 12 mír ar an sliocht thuas curtha i láthair i bhFíor 5.2. Coinnítear struchtúr agus leagan amach chur i láthair na gceisteanna san fhothriail bhunaidh.

Fíor 5.2 Seacht gceist ón bhfothriail shamplach de Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O).

LEABHRÁN 1: MÍR 3

Triail 6

LEABHRÁN 1: MÍR 3

Ceisteanna ar alt 1

1. Cé mhéad duine a bhí ina gcónaí sa teach?

Ceisteanna ar alt 2

3. Cé thug na plumaí do Hoi?

- (A) a athair
- (B) a mháthair
- (C) an bhean shaibhir
- (D) an bhean déirce

4. Cé a d'ith na plumaí?

- (A) an fear céile
- (B) Hoi
- (C) an bhean shaibhir
- (D) an bhean déirce

Ceisteanna ar alt 3

7. Cad leis a bhris Hoi na clocha?

8. Cén dath atá ar péarlaí, de ghnáth?

- (A) glas
- (B) bán
- (C) dearg
- (D) buí

Ceisteanna ar alt 4

9. Cé mhéad péarla **ar fad** a fuair Hoi agus a mháthair?

- (A) ní bhfuair siad péarla ar bith
- (B) péarla amháin
- (C) dhá phéarla
- (D) a lán péarlaí

11. Ag deireadh an scéil bhí Hoi agus a mháthair saibhir mar ...

- (A) thug an bhean shaibhir airgead dóibh.
- (B) thug an bhean déirce airgead dóibh.
- (C) dhíol siad na péarlaí.
- (D) ní raibh focal le rá acu.

Tá péire de na ceisteanna samplacha i bhformáid freagra comhthógtha (Ceist 1 agus 7). Tugann an ceannteideal os cionn Cheist 1 le fios go bhfuil an freagra le fáil in alt 1. Más féidir an bhrí a bhaint as an gceist, is féidir an freagra a fháil sa chéad abairt agus/nó sa léaráid. Cé gur dealraitheach go bhfuil foclaíocht na ceiste éasca le léamh, ní raibh ach leath na ndaltaí a d'fhreagair i gceart í. Níor bhac díreach faoi 10% de na daltaí leis an gceist (buachaillí a bhí in 81% díobh sin). Ní dócha gur aon deacracht le scríobh ba chúis leis an leibhéal seo nach ndearna an cheist mar gur dúradh leis na daltaí go mbeadh uimhir inghlactha agus go dtabharfaí creidiúint as freagra a thabharfaí i mBéarla. Is mír freagra comhthógtha eile í Ceist 7. Is dealraitheach go bhfuil foclaíocht agus dul na ceiste réasúnta éasca agus tá sé ráite sa cheannteideal go bhfuil an freagra le fáil in alt 3. Tugtar an freagra ansin (cé go bhfuil athleagan beag i bhfréamh na ceiste) in aon abairt ghearr amháin. Sa scóráil ar fhreagraí ar an gceist,

tugadh creidmheas do ‘lena fhiacra’ nó d’abairt iomlán ina raibh an freagra. D’fhreagair 33.0% de na daltaí Ceist 7 i gceart; thug 43.2% de na daltaí freagra mícheart, agus níor bhac 23.9% (buachaillí thart dhá thrian díobh) leis an gceist.

Tomhaiseann trí cinn de na ceisteanna samplacha an próiseas nó scil na haisghabhála. Is iad sin an dá cheist freagra comhthógtha (1 agus 7) a bhfuil tuairisc díreach tugtha againn orthu agus Ceist 3. Tugtar an freagra ar Cheist 3 in athleagan focal beag sa chéad líne den dara alt a bhfuil aird an dalta dírithe air. Is í an cheist seo an ceann is éasca san fhothriail seo agus d’fhreagair díreach os cionn dhá thrian de na daltaí ceart í (68.1%). Bhí na céatadáin a roghnaigh na roghanna míchearta cosúil lena chéile (7.8% do A; 11.8% do B; 11.5% do D).

Bhí Ceisteanna 4 agus 9 rangaithe mar mheasúnú ar thátaí mar go raibh tuiscint ar thagróirí ar nós ‘sí’, ‘siad’, ‘díobh’ agus (i gcás Cheist 9) b’fhéidir ‘go léir’ de dhíth. D’fhreagair 51.9% de na daltaí Ceist 4 i gceart ach roghnaigh mionlach mór (34.0%) Rogha B (Hoi). Roghnaigh níos lú ná an cúigiú cuid de na daltaí (19.5%) an freagra ceart do Cheist 9, agus roghnaigh beagnach a leath (49.7%) Rogha B (péarla amháin).

Tá Ceist 8 ar cheann de dhá shampla de mhíreanna den phróiseas léirmhínithe ar tugadh tuairisc níos túisce air lena mbaineann teaghlaim de thátaí bunaithe ar an téacs agus eolas ginearálta. Sa cheist seo, tá foclaíocht fhréamh na ceiste agus na roghanna simplí, seachas, b’fhéidir, an focal ‘*péarlaí*’ atá an-chosúil lena chomhionann i mBéarla agus a bhfuil leid tugtha faoi, méid áirithe, i roinnt abairtí in Ailt 3 agus 4. Chun an cheist a fhreagairt i gceart, caithfear go dtuigfear an focal agus go gceanglaítear é le heolas cúlra faoi péarlaí, a bheadh ar fáil ag formhór na ndaltaí ag an leibhéal seo. D’fhreagair 50% de na daltaí an cheist i gceart. Chun Ceist 11 a fhreagairt, caithfidh an dalta dul níos faide, cé go bhfuil sin an-teoranta, ná na tátaí is féidir a dhéanamh díreach ón téacs lena thuiscint go gcaithfidh sé gur díoladh na péarlaí. D’éirigh le beagán os cionn an trian (36.8%) de na daltaí sin a dhéanamh.

Scoileanna Lán-Ghaeilge agus Scoileanna Gaeltachta


Tá fothrialacha i dTriail Léamhthuisceana na Gaeilge (G), a riaradh ar na samplaí lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, atá cineál cosúil i bhfoirm leo sin i dTriail Léamhthuisceana na Gaeilge (O), cé go bhfuil na téacsanna agus na ceisteanna níos casta nó níos dúshlánaí. Bhí faid éagsúla sna sé téacs, ag réimsiú ó 140 go dtí 440 focal, agus bhí léaráid amháin nó cúpla léaráid ag gabháil le ceithre cinn acu. Bhí ar an meán 15 ceist ag gabháil le gach ceann de na sé fhothriail. Bhí formáidí ilrogha (66 ceist) agus freagra comhthógtha (24 ceist) ann.

Roghnaíodh ceann de na fothrialacha le cur i láthair anseo chun tuairisc a thabhairt ar inniúlacht an dá phobal daltaí. Tá an sliocht ón bhfothriail seo tugtha i bhFíor 5.3.

Fíor 5.3 Téacs ó fhothriail shamplach de Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (G).

Méara Mine Coirce

Léigh an t-oideas thíos go tapa. Ansin tabhair freagra ar na ceisteanna a leanann é.
Read quickly through the recipe below. Then answer the questions which follow it.



Comhábhair

- 225 gram (8 n-uns) de *min choirce*
- 150 gram (6 unsa) margairín
- 75 gram (3 unsa) de shiúcra mín
- 25 gram (1 unsa) plúir
- 1 spúnóg shíoróipe

Modh

1. Measc an margairín, an siúcra agus an tsíoróip le chéile go mbeidh siad go deas bog.
2. Cuir isteach an plúr agus measc an t-iomlán le chéile.
3. Cuir isteach an *min choirce* agus measc leis na lámha í chun an t-ábhar go léir a cheangal le chéile.
4. Leath an *meascán* ar *stán gréiscthe* agus cothromaigh go maith é.
5. BÁCÁIL in oigheann *measartha* te é go ceann tríocha nóiméad nó mar sin go mbeidh dath órga air.
6. Gearr é ina mhéara agus é te, agus fág sa *stán* iad go mbeidh siad fuar.

NOD: *Go deas i gcomhair lóin scoile!*

GLUAIS	<i>min choirce:</i>	oatmeal
	<i>meascán:</i>	mixture
	<i>stán gréiscthe:</i>	greased tin
	<i>measartha:</i>	moderate

Is faisnéiseach atá an cineál téacs san fhothriail seo. Is í an fhormaid chaighdeánach ‘d’oideas’ í agus gluais díreach faoi ag tabhairt aistriúcháin ar chúig théarma deacra. Tá na focail dheacra ann ionas go mbeadh an téacs níos fíre. Tá 141 focal ar fad sa téacs, an ghluais san áireamh. D’fhéadfadh úsáid an chineál seo téacs ceisteanna a ardú faoi chlaonadh i dtreo cailíní. Tá an difríocht, áfach, sa mheánscór den chéatadán ceart idir buachaillí agus cailíní cosúil leis an difríocht inscne sna fothrialacha eile.

Fuarthas go raibh an fhothriail seo ar cheann de na fothrialacha ab éasca de na sé cinn i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta. Sna scoileanna lán-Ghaeilge agus sna scoileanna Gaeltachta, ba 78.0 agus 65.5 faoi seach a bhí sa mheán den chéatadán ceart don 15 ceist, i gcomparáid le 72.8 agus 58.1 faoi seach don 90 ceist sa triail iomlán.

San fhothriail seo, faoi mar a bhí leis na cinn eile, níl na ceisteanna in ord deacrachta ach tá siad mórán san ord céanna leis an téacs dá dtagraíonn siad. Tá formáidí ceiste idirmheasctha. Tá os cionn leath na gceisteanna (8 de 15) i bhformáid ilrogha. I scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta is 76.2 agus 65.4 faoi seach a bhí sna céatadáin ceart ualaithe do na ceisteanna sin. Tá an chuid eile de na ceisteanna (7 as 15) i bhformáid freagra comhthógtha le céatadáin ceart ualaithe de 80.0 do scoileanna lán-Ghaeilge agus 65.5 do scoileanna Gaeltachta. Tá leibhéal deacrachta na gceisteanna a éilíonn freagra comhthógtha mórán mar a chéile leo sin do cheisteanna ilrogha, ní hamhlaidh agus an cás don phobal gnáthscoileanna.

Tomhaiseann na 15 ceist an próiseas aisghabhála, tátail agus léirmhínte sa chóimheas 7:5:3. Mar gheall ar shoiléire agus struchtúr cúng foirmiúil an téacs, níl an gá céanna le tátal agus léirmhíniú. Chomh maith leis sin, is lú ceisteanna aisghabhála atá sa Ghaeilge a bhfhéadfaí iad a fhreagairt le meaitseáil focal le focal ná mar a bheadh ina cothrom de thriail i léitheoireacht an Bhéarla. Sa Ghaeilge, is minic a bhíonn fréamh na ceiste agus an rogha ceart in athleagan focal mar gheall ar athruithe a bhíonn ann mar thoradh ar shéimhiú, iolraí, réimniú briathair, etc. Té sé cinn den 15 ceist faoin oideas curtha i láthair i bhFíor 5.4.

Fíor 5.4 Sé ceist ón bhfothriail shamplach de Thriail Léamhthuisceana na Gaeilge (G).

- | | |
|--|---|
| 1. Tógadh an píosa seo as ... | 9. Ag deireadh céim 2, cé mhéad comhábhar atá sa mheascán? |
| (A) leabhar staire. | (A) 1 |
| (B) leabhar Béarla. | (B) 2 |
| (C) leabhar cócaireachta. | (C) 3 |
| (D) leabhar matamaitice. | (D) 4 |
| 2. Cad é an comhábhar is mó san oideas? | 12. Cé mhéad ama ba cheart an meascán a fhágáil san oigheann? |
| (A) plúr | _____ |
| (B) min choirce | |
| (C) margairín | |
| (D) síoróip | |
| 6. Cuireann tú dhá chomhábhar isteach chun an t-oideas a dhéanamh milis . Scríobh comhábhar amháin . | 14. Ba cheart é a ghearradh ina mhéara, nuair atá sé ... |
| _____ | _____ |

Tá trí shampla de cheisteanna ilrogha i bhFíor 5.4 agus trí shampla de cheisteanna a éilíonn freagra comhthógtha. Ceann de na ceisteanna a éilíonn freagra comhthógtha é Ceist 6. Sa cheist seo, cé gur dúradh leis na daltaí gan ach comhábhar amháin a scríobh, tugadh creidmheas má scríobhadh ceann de na comhábhair nó má scríobhadh péire. Sampla eile den sórt sin ná Ceist 14. Is féidir a fheiceáil anseo a laghad scríbhneoireachta a bhí le déanamh ag na daltaí; ba iad na freagraí inghlactha ná ‘te’ agus ‘an-te’.

Tomhaiseann Ceisteanna 9 agus 12 i bhFíor 5.4 próiseas nó scil na haisghabhála. D’iarr Ceist 9 (sampla de cheist ilrogha) ar an dalta na comhábhair go léir sa mheascán a chomhaireamh chun an t-eolas riachtanach a fháil. D’éirigh le 60.7% agus 42.2% de na daltaí lán-Ghaeilge agus Gaeltachta faoi seach sin a dhéanamh, á dhéanamh ar an mír is deacra san fhothriail don dá ghrúpa daltaí. Is sampla é Ceist 12 de cheist a éilíonn freagra comhthógtha ina mbeadh ar an dalta dul go dtí an abairt ina luaitear an t-oigheann agus an méid ama a bhí luaite go sonrach ansin a léamh. D’fhreagair 82.8% de dhaltaí scoileanna lán-Ghaeilge agus 61.4% de dhaltaí scoileanna Gaeltachta i gceart é.

Tá Ceisteanna 1 agus 14 rangaithe mar cheisteanna tátail toisc nach raibh an t-eolas atá de dhíth sa fhreagra luaite go sonrach sa téacs, ach go bhféadfaí é a thuiscint as an sliocht. Maidir le Ceist 1, chaithfeadh an dalta an tátal a dhéanamh gur baineadh an t-oideas seo as leabhar cócaireachta, seachas as leabhar Staire, leabhar Béarla nó leabhar Matamaitice. D’éirigh le 95.3% de na daltaí lán-Ghaeilge agus 93.4% de na daltaí Gaeltachta sin a dhéanamh, á dhéanamh ar an mír is éasca san fhothriail. Maidir le Ceist 14, is tátal réasúnta simplí atá sa tátal atá de dhíth chun freagra ceart a thabhairt lena mbaineann tuiscint a bheith ag an léitheoir ar na tagróirí ‘é’ agus ‘sé’ san abairt iomchuí. Rinne 71.0% de dhaltaí scoileanna lán-Ghaeilge agus 50.4% de dhaltaí scoileanna Gaeltachta an tátal sin.

Is samplaí iad Ceisteanna 2 agus 6 de mhíreanna a thomhais an próiseas léirmhínte. Is ceist ilrogha é Ceist 2 agus chun freagra ceart a thabhairt, chaithfeadh an dalta an príomh-chomhábhar san oideas a aithint. D’éirigh le 82.7% agus 50.4% de dhaltaí scoileanna lán-Ghaeilge agus de dhaltaí scoileanna Gaeltachta, faoi seach, sin a dhéanamh. I gcás Cheist 6, ní mór an t-eolas cúlra simplí a bheith ag duine go bhfuil síúcra nó síoróip milis chun an tátal is gá a dhéanamh. Rinne 66.8% de dhaltaí scoileanna lán-Ghaeilge agus 57.7% de dhaltaí scoileanna Gaeltachta an tátal sin. Bhí céatadán réasúnta mór (16.0% agus 18.6%) de na daltaí nár thug faoin gceist sin.

Dáileadh na scór scoile

Is tomhas den aonchineálacht scoileanna laistigh de na trí shampla an céatadán d’athraitheas iomlán sa tomhas inniúlachta atá idir scoileanna (féach Postelthwite, 1995). Tá na céatadáin sin do na trí chineál scoile maidir leis an Triail Léamhthuisceana i dTábla 5.7.

Tábla 5.7 Céatadán den athraitheas iomlán i dTriail Léamhthuisceana na Gaeilge atá idir na scoileanna i ngach ceann de na trí shampla.

	Athraitheas idir Scoileanna (%)
Gnáthscoileanna	40
Scoileanna Lán-Ghaeilge	26

Is fiú a thabhairt ar aird, i dtacair shonraí eile do shamplaí náisiúnta atá ar fáil don Fhoras Taighde ar Oideachas nuair a bhíothas ag díriú ar léitheoireacht an Bhéarla agus ar Mhatamaitic agus ag leibhéil éagsúla idir rang a ceathair agus rang a sé sa bhunscoil, gur réimsigh na meastacháin don athraitheas idir scoileanna ó 12% go dtí 22%, atá i bhfad níos ísle ná iad sin i dTábla 5.7. Léiríonn sonraí a bhaineann le trialacha Éisteachta na Gaeilge agus Labhartha na Gaeilge, nach bhfuil curtha i láthair anseo, go bhfuil athraitheas freisin idir scoileanna réasúnta mór ó thaobh feidhmíochta. Tugann sé sin le tuiscint gur mó de dhifríocht atá idir scoileanna ó thaobh léitheoireacht na Gaeilge de ná i dtéarmaí léitheoireacht an Bhéarla agus Matamaitic. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh mar go bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge níos íogairí d'athruithe i bpolasaí agus i gcleachtas scoileanna ná atá inniúlacht i réimsí eile. Nó tharlódh sé gur ann do na difríochtaí níos mó mar gheall ar ghrúpaí sonracha scoileanna a bheith laistigh d'aon cheann de na trí phobal seo nó laistigh díobh go léir. Tá fianaise áirithe cheana i dtaighde roimhe seo de chuid an ITÉ go bhféadfadh sé gur amhlaidh an cás sa Ghaeltacht, áit a bhfónann roinnt scoileanna go príomha do dhaltaí ó thithe ina labhraítear Gaeilge agus go bhfónann scoileanna eile do dhaltaí ó thithe nach labhraítear mórán Gaeilge iontu.

Conclúid

Forbraíodh dhá leibhéal de thriail nua Léamhthuisceana na Gaeilge don suirbhé seo. Tá an péire bunaithe ar anailís ar dhá churaclam ar leithligh ach atá ag teacht isteach ina chéile atá leagtha amach do scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc agus do scoileanna arb í an Ghaeilge an meán teagaisc. Baineadh úsáid as leibhéal amháin den triail i ngnáthscoileanna (O), agus baineadh úsáid as an leibhéal eile i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna sa Ghaeltacht (G). Rinneadh scála don dá leibhéal den triail ag baint úsáide as an Teoiric Freagartha Míre a éascaíonn úsáid a bhaint as an triail seo i suirbhéanna amach anseo chun monatóireacht a dhéanamh ar athruithe i gcaighdeán agus fós solúbthacht a choinneáil maidir le míreanna nó bloic mhíreanna a athsholáthar. Is sleachta, i dteannta le ceisteanna faoi na sleachta, atá sa dá leibhéal den Triail Léamhthuisceana. Is ceisteanna ilrogha formhór na gceisteanna ach tá roinnt míreanna a éilíonn freagra comhthógtha san áireamh freisin. Rinne gach dalta triail críochnú abairte ilrogha ina raibh 25 mír.

Fuair daltaí i ngnáthscoileanna na ceisteanna a d'éiligh freagra comhthógtha i bhfad níos deacra ná na míreanna ilrogha. Is fearr a rinne cailíní ná buachaillí sa dá chineálmíreach ba shuntasá an difríocht i gcás na am míreanna a éilíonn freagra comhthógtha.

Faoi mar ba léir i gcás na dTrialacha Éisteachta agus Labhartha, ba léir go raibh caighdeán léitheoireachta na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge i bhfad níos airde ná caighdeán léitheoireachta na ndaltaí i ngnáthscoileanna, leis na daltaí sa Ghaeltacht ag leibhéal idir eatarthu ach a bhí níos gaire do dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge. Maidir leis an triail críochnú abairtí a rinne na daltaí go léir, is 85.0 é an meán den chéatadán ceart do dhaltaí scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid le 38.9 do dhaltaí ngnáthscoileanna. Is 70.9% é an figiúr comhfhreagrach do dhaltaí i scoileanna sa Ghaeltacht.

Tugann anailís ar an gcéatadán d'athraitheas iomlán atá idir scoileanna le tuiscint gur mó de dhifríocht atá idir scoileanna ó thaobh léitheoireacht na Gaeilge de ná i dtéarmaí léitheoireacht an Bhéarla ná na Matamaitice. Tharlódh gurb é is cúis leis sin go mbraitheann inniúlacht sa Ghaeilge níos mó ar athruithe i bpolasáí agus i gcleachtas nó toisc gur ann do ghrúpaí scoileanna ar leithligh laistigh d'aon cheann de na trí phobal nó laistigh díobh go léir.

6. Na Gaoil idir Príomhathróa agus Inniúlacht sa Ghaeilge

Tugann an chaibidil seo forléargas ar anailís ar an ngaol idir inniúlacht sa Ghaeilge (Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht) i measc daltaí rang a sé agus roinnt athróg lárnach teangeolaíoch, oideachais agus sochdhéimeagrafach a léirigh taighde roimhe seo, a ndearnadh léirmheas air i gCaibidil 1, go bhfuil baint acu le hinniúlacht sa Ghaeilge nó in ábhair eile scoile. Cabhróidh an anailís le torthaí an tsuirbhé seo a shuíomh i gcomhthéacs suirbhéanna náisiúnta roimhe seo. Cabhróidh sí freisin linn léirmhíniú a dhéanamh ar na torthaí i ndáil le staidéir níos doimhne ar inniúlacht na Gaeilge agus próisis seomra ranga a bhí bunaithe ar shamplaí níos srianta (m.sh. Harris & Murtagh, 1999). Cabhróidh sé seo, ina sheal féin, le bonn faisnéise níos leithne a sholáthar as a bhféadfar moltaí a dhéanamh do ghníomh agus do thaighde amach anseo sa chaibidil dheiridh.

Is féidir na hathróa atá le scrúdú a roinnt in dhá ghrúpa leathana: iad sin ag leibhéal an dalta agus iad sin ag leibhéal scoile/ranga.

Scrúdaíodh cúig athróg ag leibhéal an dalta:

- a) inscne an dalta,
- b) leibhéal oideachais na dtuismitheoirí;
- c) cárta leighis a bheith ag an teaghlach;
- d) cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt;
- e) a mhínice a úsáidtear Gaeilge leis an leanbh.

Seachas inscne, tá siad sin go léir bunaithe ar shonraí ón gCeistneoir do na Tuismitheoirí.

Scrúdaíodh cúig athróg ag leibhéal scoile:

- a) réigiún;
- b) méid na scoile;
- c) comhdhéanamh inscne na scoile;
- d) suíomh (uirbeach-tuaithe);
- e) stádas míbhuntáiste.

I gcás na n-athróg ag leibhéal an dalta, cuirimid sonraí ar na gaoil spéise i ngach ceann de na trí phobal scoileanna (gnáth, lán-Ghaeilge agus Gaeltacht) i láthair. Tá ár n-anailís ar na hathróa ag leibhéal scoile, áfach, teoranta chuig gnáthscoileanna. Sin toisc nach bhfuil formhór na n-athróg sochdhéimeagrafaíochta agus oideachais cuí nó ábhartha i gcás scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta nó go bhfuil an líon daltaí agus scoileanna ró-bheag chun go bhféadfaí aon tátal úsáideach a bhaint astu. Mar shampla, níl scoileanna Gaeltachta ach i réigiúin áirithe agus is fíorbheag scoil lán-Ghaeilge atá aicmithe mar scoileanna a bhíonn ag fónamh do dhailtáí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

Na Príomhathróga

Athróga ag leibhéal an dalta

Cé go bhfuil inscne an dalta aonair agus comhdhéanamh inscne na scoile (i.e. cibé an mbíonn an scoil ag freastal ar bhuachaillí amháin, ar chailíní amháin nó ar an dá inscne) le tuiscint go soiléir, ní mór trácht éigin a dhéanamh ar na hathróga eile agus ar an tslí a tomhaiseadh iad sa suirbhé. Sa Cheistneoir do na Tuismitheoirí, iarradh ar na freagróirí an leibhéal is airde oideachais atá bainte amach acu a léiriú, mar aon leis an leibhéal is airde oideachais atá ag a gcéile nó a bpáirtneir (más infheidhme). Ba iad catagóirí na hathróige ná (i) deireadh an bhunoideachais; (ii) an Teastas Grúpa; (iii) an Meánteistiméireacht; (iv) an Ardteistiméireacht; (v) teastas nó dioplóma tríú leibhéal agus (vi) céim tríú leibhéal. Bhí catagóir ann freisin do chineálacha 'eile' oideachais. Agus na gaoil a bhain le hoideachas tuismitheoirí á scrúdú, glacadh leis an leibhéal is airde i gcás nach raibh leibhéil na dtuismitheoirí ag teacht le chéile. Má bhí freagra in easnamh do thuismitheoir amháin, nó má roghnaíodh an chatagóir 'eile' do thuismitheoir amháin, ba é freagra an tuismitheora eile a úsáideadh.

Baineadh úsáid i meastacháin náisiúnta roimhe seo as cárta leighis a bheith ag teaghlach an dalta mar tháscaire de chúla socheacnamaíoch ó tharla gur mar gheall ar ioncam íseal a bhíonn cárta leighis ag formhór na dteaghlach. Fuarthas amach i dtaighde roimhe seo go raibh baint láidir ag cúlra socheacnamaíoch le hinníúlacht sa Ghaeilge agus le dearcadh i leith na Gaeilge (Harris & Murtagh, 1999). Dá réir sin, sa suirbhé seo, bhí mír sa Cheistneoir do na Tuismitheoirí inar iarradh ar na tuismitheoirí a léiriú an raibh cárta leighis acu.

Fuarthas amach, ní nach ionadh, go raibh baint mhór ag níos mó Gaeilge a bheith á labhairt i dtithe na leanaí le hinníúlacht sa Ghaeilge (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1988a, 1999). Sa chaibidil seo, scrúdaítear an ceangal sin ag baint úsáide as dhá athróg ón gCeistneoir do na Tuismitheoirí. Tá an chéad cheann bunaithe ar cheist a thug tomhas féinmheasta ar chumas an tuismitheora Gaeilge a labhairt. Ba iad na catagóirí freagartha ná (i) gan aon Ghaeilge; (ii) corrfhocal; (iii) cúpla abairt shimplí; (iv) píosaí de chomhráite; (v) an chuid is mó de chomhráite; agus (vi) cumas an chainteora dúchais. Ba é an dara hathróg ná minicíocht in úsáid na Gaeilge. Iarradh ar thuismitheoirí a léiriú cé chomh minic a labhair siad Gaeilge lena leanbh trí rogha amháin a roghnú as (i) i gcónaí; (ii) an-mhinic; (iii) go minic; (iv) anois agus arís; (v) go hannamh agus (vi) riamh.

Athróga ag leibhéal scoile

Tagraíonn Réigiún do shuíomh na scoile i gceann de cheithre limistéar den tír: (a) cúige Chonnacht móide contae Dhún na nGall; (b) cúige Mumhan; (c) Baile Átha Cliath; agus (d) cúige Laighean (gan Baile Átha Cliath san áireamh) ach contae an Chabháin agus contae Mhuineacháin san áireamh. Ba iad sin na réigiúin a d'úsáid Harris (1983) a thuairisc go raibh leibhéil inníúlachta sa Ghaeilge a bhí go suntasach níos ísle ag na daltaí i mBaile Átha Cliath go ginearálta ná ag daltaí sna réigiúin eile.

Agus samplaí á roghnú, leithdháileadh scoileanna chuig strataim bunaithe ar an líon daltaí a bhí i rang a sé (féach Caibidil 2). I gcás gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge, baineadh úsáid as trí stratam: mór (níos mó ná 27 dalta i rang a sé); meánmhéid (idir 15 agus 27 dalta); agus beag (idir 6 agus 14 dalta). Baineadh úsáid as

na catagóirí sin nuair a bhí an gaol idir méid scoile agus inniúlacht sa Ghaeilge á scrúdú.

Sannadh scoileanna chuig an athróg ‘suíomh scoile’ bunaithe ar na freagraí a thug na príomhoidí ar an mír sa Cheistneoir Scoile. Ba iad na catagóirí ná: (i) cathair nó bruachbhailte i mBaile Átha Cliath, Dún Laoghaire, Corcaigh, Gaillimh, Port Láirge nó Luimneach; (ii) baile mór nó cathair (daonra 10,000 nó níos mó); (iii) baile mór (daonra idir 5000 agus 9,999); (iv) baile mór (daonra idir 1,500 agus 4,999); (v) baile mór nó sráidbhaile (daonra idir 1,000 agus 1,499) agus (vi) sráidbhaile nó pobal tuaithe (daonra níos lú ná 1,000). San anailís, crapadh na sé chatagóir sin isteach i dtrí cinn: suímh le daonra níos mó ná 10,000; suímh le daonra idir 1,500 agus 10,000; agus suímh le daonra níos lú ná 1,500.

Ba í an athróg leibhéal scoile deiridh ná cibé an raibh an scoil sa Scéim Limistéir faoi Mhíbhuntáiste atá á feidhmiú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, faoina bhfaigheann bun scoileanna acmhainní breise agus tacaíocht bhreise toisc go bhfuil cion mór de dhaltaí ó chúlaí faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch ag freastal orthu.

Maidir leis na hathróga ag leibhéal an dalta, scrúdóimid an ndéanann cailíní níos fearr ná buachaillí; an ndéanann daltaí a bhfuil leibhéal níos airde oideachais bainte amach ag a dtuismitheoirí níos fearr ná daltaí a bhfuil leibhéal níos ísle oideachais ar a dtuismitheoirí; an léirítear cumas na dtuismitheoirí i nGaeilge agus/nó úsáid na Gaeilge sa bhaile in inniúlacht an dalta; agus an ndéanann leanaí ó theaghlaigh nach bhfuil cárta leighis acu níos fearr ná daltaí ó theaghlaigh a bhfuil cártaí leighis acu.

Maidir leis na hathróga leibhéal scoile, cuirfear feidhmíocht na ndaltaí i ngnáthscoileanna i mBaile Átha Cliath i gcomparáid le feidhmíocht na ndaltaí i dtrí réigiún eile; cuirfear daltaí i scoileanna atá suite i limistéir tuaithe (baile beag, sráidbhailte agus tuath) i gcomparáid le daltaí i scoileanna i mbailte móra ar mheánmhéid agus i mbailte móra/cathracha; cuirfear daltaí i scoileanna beaga i gcomparáid le daltaí i scoileanna eile; cuirfear buachaillí i scoileanna aon inscne i gcomparáid le cailíní i scoileanna aon inscne, agus le daltaí i scoileanna measctha; agus cuirfear daltaí i scoileanna atá ainmnithe mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le daltaí i scoileanna eile.

Ba é ár bpríomhspéis agus sinn ag déanamh na hanailíse a bhfuil tuairisc uirthi sa chaibidil seo ná na gaoil idir inniúlacht sa Ghaeilge agus príomhathróga a scrúdú. Ar ndóigh, bheadh sé spéisiúil freisin a fháil amach cad é an cion de dhaltaí go náisiúnta a ghabhann leis na catagóirí atá léirithe ag na hathróga sin (m.sh. cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt nó cárta leighis a shealbhú) agus go deimhin an tslí a n-athraíonn an cion sin sna cineálacha difriúla scoile. Is údar spéise ann féin na difríochtaí idir cineálacha scoile i gcás na n-athróg teangeolaíochta (ar nós a mhinice a úsáideann na tuismitheoirí Gaeilge leis an leanbh) áit a bhféadfaimis a bheith ag súil le difríochtaí substaintiúla idir cineálacha scoile i gcomhréir leis na tuismitheoirí/daltaí atá sna catagóirí éagsúla. Cé go dtagróimid go hachomair do chuid de na difríochtaí atá idir cineálacha scoile ó thaobh tuairiscí na ngaol le hinniúlacht sa Ghaeilge, fágfaimid plé níos iomláine ar na hathróga teangeolaíochta agus an tslí a bhfuil siad difriúil ar fud na gcineálacha scoile go dtí Caibidil 7.

Ba chóir a thabhairt ar aird freisin, cé go bhfuil an gaol idir inniúlacht agus gach ceann de na príomhathrúga tuairiscithe ar leithligh anseo, níl anailís ilathráideach ar nós samhlacha cúlaithe il-leibhéil (Goldstein, 1987; Hox, 2002; Longford, 1993) san áireamh. Tá sé tábhachtach na srianta a bhaineann le húsáid a bhaint as anailís ar leithligh amháin a aithint. Tá go leor de na príomhathrúga idirghaolmhar (Harris, 1983; Harris & Murtagh, 1999) agus, gan anailís ilathráideach, ní féidir an méid athraithe san inniúlacht atá uathúil do gach príomhathróg a dhéanamh amach.

An Modh Anailíse

Tá gach príomhathróg (ag leibhéal an dalta agus ag leibhéal scoile) catagórach sa tuiscint, mar shampla, gur buachaill nó cailín gach dalta rannpháirteach nó go bhfuil sé nó sí ag freastal ar scoil mhór, ar scoil mheánmhéide nó ar scoil bheag. Dá bhrí sin, is féidir an gaol eatarthu agus an inniúlacht a scrúdú i dtéarmaí na meánscoir inniúlachta. Lena scrúdú an raibh an difríocht idir grúpaí suntasach go staitistiúil, ríomhadh an earráid chaighdeánach den difríocht agus rinneadh na luachanna criticiúla iomchuí (scóir t) a choigeartú do chomparáidí iolracha. Tá níos mó ná dhá chatagóir i bhformhór na bpríomhathróg agus, sna cásanna sin, bíonn comparáidí iolracha i gceist (i.e., caithfear comparáid a dhéanamh le níos mó ná dhá phéire de mheánscoir ag an am céanna). Chun an líon comparáidí a íoslaghú, roghnaíodh catagóir amháin den athróg (an chatagóir thagartha) agus cuireadh gach catagóir eile i gcomparáid leis. Chun an baol go ndéanfaí difríocht shuntasach a léirmhíniú mícheart a laghdú, feidhmíodh nós imeachta Bonferroni maidir le comparáidí iolracha a chur san áireamh agus fuarthas na luachanna criticiúla (t) coigeartaithe go cuí, ag comhfhreagairt don leibhéal 5% de shuntas staitistiúil.

Torthaí

Sula dtabharfaimid léargas ar na torthaí le haghaidh comparáidí, is fiú aird a thabhairt ar roinnt gnéithe den anailís agus den chur i láthair. Baineann an chéad cheist leis an líon mór gaol a iniúchadh. Le trí thomhas ar inniúlacht Gaeilge (Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht), trí phobal scoileanna, agus fiú díreach leis an gcéad ghrúpa d'athrúga ag leibhéal an dalta, tá 45 gaol ar an iomlán ann (3x3x5). Dá mbeimis chun na torthaí a chur i láthair athróg ar athróg do gach gné d'inniúlacht na Gaeilge agus do gach pobal scoileanna bheadh sé deacair peirspictíocht a choinneáil den phatrún foriomlán torthaí. Dá mba rud é, freisin, go gcuirfimis sonraí i láthair cuspóir ar chuspóir maidir le gach athróg faoi mar a rinneamar d'Éisteacht na Gaeilge agus do Labhairt na Gaeilge i gCaibidlí 3 agus 4, bheadh castacht na dtorthaí iomarcach. Tagann cás den sórt céanna chun cinn, cé nach bhfuil sé chomh casta, maidir leis na hathrúga ag leibhéal scoile.

Baineann dhá chinneadh leis an réiteach atá faighte againn ar an bhfadhb cur i láthair seo. Ceann díobh sin, chun críocha na caibidle seo, go gcoinneoidimid ár dtomhas inniúlachta i gcás gach ceann de na trí réimse Gaeilge ag meánscoir (scóir scála IRT i gcás na Trialach Léitheoireachta agus an céatadán ceart don dá thriail eile)¹¹. Is é an dara cinneadh ná go gcuirfimid dhá thábla i láthair ar dtús, ceann do na hathrúga ag

¹¹ I gcás trí athróg, inscne, cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt agus a mhinice a labhraíonn tuismitheoirí Gaeilge leis an leanbh, cuirimid sonraí i láthair freisin ar roinnt cuspóirí aonair. Déantar sin mar léiriú ar an scála difríochtaí in inniúlacht daltaí maidir leis na hathrúga sin.

leibhéal an dalta agus ceann eile do na hathróga ag leibhéal scoile, a thabharfaidh achoimre ar phríomhthoradh na dtrialacha suntais a rinneadh i ndáil le gach grúpa athróg. Tá sé i gceist leis na táblaí achoimre sin deis a thabhairt dúinn aird a tharraingt ar phatrún na dtorthaí ar fud gnéithe éagsúla d’inniúlacht na Gaeilge i dtrí chineál scoile. Tabharfaidh sé peirspictíocht dúinn freisin chun plé a dhéanamh ar roinnt saincheistean eile a bhaineann le léirmhíniú na dtorthaí. Tar éis an fhorléargais sin ar na torthaí tá sraith táblaí ann, i dteannta le trácht achomair, ina bhfuil na torthaí níos mionsonraithe athróg ar athróg, iad deighilte don trí phobal.

Ní mór saincheist eile a lua anseo. Cé go bhfuil na míreanna ceistneora céanna úsáidte chun sonraí a thabhairt ar na deich n-athróg beag beann ar an bpobal scoileanna atá á mheas, tá na catagóirí freagartha ó na míreanna bunaidh nasctha amanna ar bhealaí difriúla nuair a bhíonn comparáidí á ndéanamh i ngach pobal. Mar shampla, cé gur úsáideamar an cheist chéanna chun faisnéis a fháil ar chumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt i ngach ceann de na trí phobal, is beag tuismitheoirí daltaí i ngnáthscoileanna a mbeadh leibhéil arda cumais acu i gcomparáid le scoileanna sa Ghaeltacht. I gcásanna den sórt sin, nascamar catagóirí cóngaracha freagartha ar bhealaí difriúla i ngach pobal chun líon a bhaint amach lena mbeadh comparáidí indéanta. Mar sin féin, ó tharla go bhfuil an athróg go bunúsach mar a chéile, agus tomhaiste ag an mír chéanna, ciallaíonn sé gur ábhar spéise patrúin ghinearálta na dtorthaí a scrúdú ar fud na dtrí phobal scoileanna.

Bhí cuid de na sonraí ar iarraidh i gcás go leor athróg. Mar shampla, níor líon roinnt tuismitheoirí isteach Ceistneoir do na Tuismitheoirí agus, fiú nuair a líonadh isteach é níor freagraíodh cuid de na ceistean. Tá an chatagóir atá in easnamh curtha san áireamh, nuair is cuí, san anailís a bhfuil tuairisc anseo uirthi (i.e., cuirtear scóir trialach na ndaltaí dá bhfuil an luach ar an athróg atá á mheas in easnamh i gcomparáid le scóir na ndaltaí sa chatagóir thagartha).

Tugann Tábla 6.1 achoimre ar thorthaí na gcomparáideanna staitistiúla de mheánscóir inniúlachta do gach teaglaím de phríomhathróga ag leibhéal an dalta do na trí phobal scoileanna. Tá achoimre comhchosúil i dTábla 6.2 do na príomhathróga ag leibhéal scoile ach, sa chás seo, do phobal na ngnáthscoileanna amháin.

Tá na hiontrálacha i ngach cill den dá thábla i gceann de thrí fhoirm: **Sunt**, *Sunt áirithe* agus NS. Tagraíonn an giorrúchán **Sunt** do chás gurb é an toradh a bhíonn ar na comparáidí go léir, nó an t-aon chomparáid amháin, sa teaglaím athróg seo ná difríocht nó difríochtaí atá suntasach go staitistiúil. Dá bhrí sin, mar shampla, i gcás go mbíonn **Sunt** i gcill a bhaineann le hinscne, is é an toradh iomchuí ná go ndearna cailíní níos fearr ná buachaillí agus go raibh an difríocht idir na meánscóir suntasach go staitistiúil. Baintear úsáid as **Sunt** freisin chun tuairisc a thabhairt ar chás go mbíonn na comparáidí go léir seachas an chatagóir “in easnamh” suntasach (m.sh., na comparáidí go léir a bhain leis an athróg cárta leighis).

Tagann an dara cineál iontrála cille (*Sunt áirithe*) chun cinn mar gheall go mbíonn níos mó ná dhá chatagóir sa phríomhathróg, arb í an chatagóir thagartha ceann díobh. Baintear úsáid as an lipéad *Sunt áirithe* chun tuairisc a thabhairt ar chás ina mbíonn an chatagóir thagartha difriúil go suntasach ó chuid de na catagóirí eile ach nach mbíonn sí difriúil go suntasach ó gach ceann díobh. Mar shampla, nuair a bhí fócas na comparáide ar leibhéal oideachais na dtuismitheoirí i ngnáthscoileanna, fuarthas go raibh leibhéil

níos airde go suntasach inniúlachta sa Ghaeilge i measc daltaí sa chatagóir thagartha (m.sh., Ardteistiméireacht a bheith acu) ná i measc na ndaltaí a raibh leibhéal níos ísle oideachais ag na tuismitheoirí agus bhí inniúlacht níos ísle go suntasach ina measc ná i measc daltaí a raibh céim tríú leibhéal ag a dtuismitheoirí. Ní raibh an difríocht idir an chatagóir thagartha agus daltaí a raibh teastas nó dioplóma tríú leibhéal ag a dtuismitheoirí suntasach. Mura raibh aon difríocht a bhí suntasach go staitistiúil idir na comparáidí le hathróg ar leithligh, cuireadh NS sa chill chuí.

Tábla 6.1 Achoimre ar thorthaí thrialacha suntasacha ar na difríochtaí sa mheán-inniúlacht in Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht na Gaeilge i ndáil le cúig athróg i dtrí phobal (gnáthscoileanna, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta).

Athróg	Gnáthscoileanna			Scoileanna Lán-Ghaeilge			Scoileanna Gaeltachta		
	Éisteacht	Labhairt	Léitheoireacht	Éisteacht	Labhairt	Léitheoireacht	Éisteacht	Labhairt	Léitheoireacht
Inscene	Sunt ¹²	Sunt	Sunt	Sunt	NS ¹³	Sunt	NS	NS	Sunt
Leibhéal oideachais na dtuismitheoirí	<i>Sunt áirithe</i> ¹⁴	<i>Sunt áirithe</i>	<i>Sunt áirithe</i>	<i>Sunt áirithe</i>	NS	<i>Sunt áirithe</i>	NS	NS	NS
Cárta Leighis	Sunt	Sunt	Sunt	Sunt	NS	Sunt	NS	NS	NS
Cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt	Sunt	<i>Sunt áirithe</i>	Sunt	<i>Sunt áirithe</i>	NS	<i>Sunt áirithe</i>	Sunt	Sunt	Sunt

Cairbidil 6 Na Gaoil idir príomh-athrógá agus inniúlacht sa Ghaeilge

¹² Tá difríochtaí atá suntasach go staitisitúil mar thoradh ar na comparáidí *go léir*, nó ar an aon chomparáid amháin, sa teaghlaim athróg seo.

¹³ Níl difríochtaí atá suntasach go staitisitúil mar thoradh ar *aon cheann* de na comparáidí sa teaghlaim athróg seo.

¹⁴ Tá difríochtaí atá suntasach go staitisitúil mar thoradh ar *chuid* de na comparáidí sa teaghlaim athróg seo.

A mhíne a
úsáideann
tuismitheoirí
Gaeilge leis an
leanbh

Sunt

**Sunt
áirithe**

Sunt

Sunt

NS

NS

Sunt

*Sunt
áirithe*

Sunt áirithe

Tábla 6.2 Achoimre ar thorthaí trialacha suntasacha ar na difríochtaí sa mheánchéatadán scór ceart ar thomhais in inniúlacht Gaeilge (Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht) a bhain le cúig phríomhathróg leibhéal scoile i ngnáthscoileanna.

Athróa leibhéal scoile	Gnáthscoileanna		
	Éisteacht na Gaeilge	Labhairt na Gaeilge	Léitheoireacht na Gaeilge
Réigiún	Sunt ¹	<i>Sunt áirithe</i> ²	NS ³
Méid na scoile	<i>Sunt áirithe</i>	NS	<i>Sunt áirithe</i>
Comhdhéanamh inscne na scoile	<i>Sunt áirithe</i>	NS	Sunt
Suíomh na Scoile	<i>Sunt áirithe</i>	<i>Sunt áirithe</i>	Sunt
Stádas Míbhuntáiste	Sunt	Sunt	Sunt

1. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil mar thoradh ar na comparáidí *go léir*, nó ar an aon chomparáid amháin, sa teaghlaim athróg seo.

2. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil mar thoradh ar *chuid* de na comparáidí sa teaghlaim athróg seo.

3. Níl difríochtaí atá suntasach go staitistiúil mar thoradh ar *aon cheann* de na comparáidí sa teaghlaim athróg seo.

Is gné den achoimre ar na torthaí i dTábla 6.1 go bhfuil an claonadh sa chúig athróg ag leibhéal an dalta a bheith gaolmhar go suntasach le hinniúlacht na Gaeilge – Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht – níos minice i gcás gnáthscoileanna ná i scoileanna lán-Ghaeilge nó i scoileanna Gaeltachta. Dá bhrí sin, mar shampla, cé gur torthaí a bhí go hiomlán neamhshuntasach (NS) a bhí ar na comparáidí atá liostaithe i gcúig cinn den dá chill déag a bhaineann le scoileanna lán-Ghaeilge agus cúig chill a bhaineann le scoileanna Gaeltachta, ní theipeann ar aon cheann de na cealla a sheasann do ghnáthscoileanna gan comparáidí suntasacha a thabhairt (i.e., tá na comparáidí i ngach cill i ngnáthscoileanna rangaithe mar ‘**Sunt**’ nó ‘*Sunt áirithe*’).

Is cuid suntais dhá phointe eile. Ceann díobh sin ná go mbíonn níos lú torthaí suntasacha ag baint le comparáidí a bhaineann le Labhairt na Gaeilge mar cheann de na hathróa ná le comparáidí a bhaineann le hÉisteacht na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge. Is é an dara pointe ná go mbíonn torthaí neamhshuntasacha i gcás Labhairt na Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge ar chomparáidí a bhaineann le gach ceann den chúig athróg dalta aonair.

Is gcás na n-athróg ag leibhéal scoile (Tábla 6.2), níl NS ach amháin i dtrí cinn den 15 chill (a léiríonn nach ann do dhifríocht atá suntasach go staitistiúil). Thug an dá chomparáid déag eile difríocht shuntasach idir an catagóir thagartha agus catagóir amháin eile ar a laghad.

Maidir le patrúin torthaí atá le feiceáil i dTáblaí 6.1 agus 6.2, tá sé tábhachtach cuimhneamh air go mbíonn an claonadh sna hearráidí caighdeánacha a ghabhann le scóir thrialacha sna samplaí lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (go speisialta i samplaí Gaeltachta) a bheith níos mó ná na hearráidí caighdeánacha comhfhreagracha sa sampla gnáthscoileanna (Tábla 6.3). Tá rud eile ann i gcás Labhairt na Gaeilge ó tharla gur triail

é a riar go haonair, b' éigean dúinn triail a chur ar líon i bhfad níos lú daltaí ná mar a d'fhéadar le hÉisteacht na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge.

Tábla 6.3 Na meáin*, diallais chaighdeánacha agus earráidí caighdeánacha do thrialacha Éisteachta na Gaeilge, Labhairt na Gaeilge agus Léitheoireachta na Gaeilge i gnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta.

	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	Meán	DC	EC	Meán	DC	EC	Meán	DC	EC
Gnáthscoileanna	45.4	12.5	0.62	33.4	25.0	1.62	250	50	2.28
Scoileanna Lán-Ghaeilge	84.9	8.8	0.95	78.3	14.9	2.57	263.8	43.4	3.42
Scoileanna Gaeltachta	74.8	18.3	2.40	70.9	25.9	3.37	225.9	51.7	6.02

*Céatadán ceart d'Éisteacht agus Labhairt, scór scála IRT don Léitheoireacht. Tabhair ar aird gurb é an meán den chéatadán ceart d'Éisteacht na Gaeilge atá tugtha anseo, seachas na meán *lomscóir* mar atá i dTábla 3.12.

Pointe tábhachtach deiridh ná seo; cé go raibh an triail chéanna in úsáid i ngach ceann de na trí chineál scoile chun measúnú a dhéanamh ar Éisteacht na Gaeilge agus ar Labhairt na Gaeilge, níorbh amhlaidh i gcás Léitheoireacht na Gaeilge. Mar sin, cé go bhfuil meáin, diallais chaighdeánacha agus earráidí caighdeánacha inchoimparáideach ar fud na trí shampla i gcás Éisteacht na Gaeilge agus Labhairt na Gaeilge, ní hamhlaidh atá i gcás Léitheoireacht na Gaeilge. Ba chóir é sin a mheabhrú, go háirithe nuair a bhítear ag scrúdú na sonraí níos mionsonraithe do gach príomhathróg thíos.

Comparáidí le hinniúlacht sa Ghaeilge do phríomhathróa aonair

Breathnaímid anois ar an anailís mhion ar na gaoil idir príomhathróa agus inniúlacht sa Ghaeilge as a dtagann an forléargas atá díreach curtha i láthair. Nascann gach ceann de na táblaí a leanas na torthaí do na trí thriail maidir le gach príomhathróg. Maidir le hathróa ag leibhéal an dalta, cuirtear táblaí ar leithligh ar fáil do ghnáthscoileanna, do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta. Mar sin féin, mar gheall ar an gcinneadh ár scrúdú ar na hathróa ag leibhéal scoile a theorannú chuig gnáthscoileanna, níl de dhíth ach aon tábla amháin chun na torthaí a chur i láthair do na hathróa sin.

Tá gach tábla roinnte ina dhá chuid. Sa chuid uachtarach, do gach catagóir athróige ar gach triail inniúlachta sa Ghaeilge (Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht), tá an céatadán den sampla iomlán agus an meánscór agus an earráid chaighdeánach don chatagóir sin. Is iad na meánscóir ná an céatadán ceart d'Éisteacht agus Labhairt agus an scór scála IRT don Léitheoireacht. Sa chuid íochtarach den tábla tá an difríocht idir an meán don chatagóir thagartha agus an meán do na catagóirí eile (*diff*), an earráid chaighdeánach den difríocht, agus an eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni 95%. I gcás go mbíonn difríocht suntasach go staitistiúil, tá na heatraimh mhuiníne i gcló trom.

Athróga ag leibhéal an dalta

Inscne

Tá comparáidí idir buachaillí agus cailíní sách éasca sa mhéid nach mbíonn ach dhá ghrúpa atá mórán ar chóimhéid ann agus nach mbíonn aon sonraí ar iarraidh ann. Tá torthaí i dTáblaí 6.4, 6.5 agus 6.6 do na trí chineál scoile.

Tábla 6.4 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an difríocht meánscóir de réir inscne.

Inscne	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Buachaillí	52.1	43.1	0.78	52.2	29.4	2.17	52.5	233.7	3.46
Cailíní	47.9	47.9	0.66	47.8	37.8	1.80	47.5	268.0	1.97
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Cailíní)

	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%
Buachaillí-Cailíní	-4.8	1.02	-7.2 -2.5	-8.4	2.82	-14.0 -2.8	-34.3	3.45	-41.2 -27.5

Nótaí: N don Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950, Léitheoireacht = 2726; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Tábla 6.5 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus an difríocht meánscóir de réir inscne.

Inscne	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Buachaillí	54.1	83.2	1.31	57.9	75.9	3.15	54.4	254.0	4.70
Cailíní	45.9	86.8	0.72	42.1	81.7	2.26	45.6	275.4	2.92
Iomlán	100.0	84.9	0.95	100.0	78.3	2.57	100.0	263.8	3.42

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Cailíní)

	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%
Buachaillí-Cailíní	-3.6	1.13	-6.0 -1.2	-5.9	3.87	-14.1 2.4	-21.4	4.75	-31.6 -11.3

Nótaí: N don Éisteacht = 640, N Labhairt = 208, Léitheoireacht = 624; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Tábla 6.6 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an difríocht meánscóir de réir inscne.

Inscne	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Buachaillí	51.6	72.6	2.63	49.0	67.0	4.02	50.6	215.0	6.68
Cailíní	48.4	77.2	2.64	51.0	74.6	3.37	49.4	237.0	6.46
Iomlán	100.0	74.8	2.40	100.0	70.9	3.37	100.0	225.9	6.02

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Buachaillí)

	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%
Cailíní-Buachaillí	4.6	3.73	-3.1 12.3	7.6	5.24	-3.2 18.5	21.9	9.30	3.4 40.4

Nótaí: N don Éisteacht = 550, N Labhairt = 294, Léitheoireacht = 547; %T = céatadán de líon iomlán na ndaltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach don difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Ag breathnú ar na táblaí, is léir i ngach comparáid gur dealraitheach go bhfuil difríocht i bhfabhar na gcailíní ann, cé nach mbaineann an difríocht sin suntas staitistiúil amach i dtrí chás (an triail Labhartha i scoileanna lán-Ghaeilge agus na triailacha Éisteachta agus Labhartha i scoileanna Gaeltachta).

Is féidir tuairim de scála na ndifríochtaí a fháil tríd an difríocht idir na buachaillí agus na cailíní a roinnt ar an earráid chaighdeánach chuí (i.e. an iontráil i dTáblaí 6.4, 6.5 agus 6.6 faoi *diff* mar chodán den iontráil chuí sa cholún láir de Thábla 6.3). Léiríonn an cur chuige sin gur dealraitheach go bhfuil claonadh láidir ann difríochtaí inscne a bheith i bhfad níos mó sa léitheoireacht ná sa dá réim eile. Mar shampla, sa sampla gnáthscoileanna, tá an difríocht combhionann le os cionn dhá thrían den diallas caighdeánach don Léitheoireacht i gcomparáid le thart ar dhá chúigiú agus aon trian den diallas caighdeánach don Éisteacht agus Labhairt faoi seach. Pléadh difríochtaí inscne go hachomair cheana i gCaibidil 5, áit ar tugadh ar aird go raibh bearna sách leathan idir buachaillí agus cailíní (i bhfabhar na gcailíní) ar mhíreanna a d'éiligh freagra comhthógtha.

Tugtar bealach eile chun scála na ndifríochtaí inscne a léiriú in Éisteacht agus Labhairt le céatadán na mbuachaillí agus na gcailíní i ngnáthscoileanna a bhain na leibhéil shainmhínithe éagsúla feidhmíochta amach ar chuspóir ar leith. Bhain líon suntasach níos mó cailíní ná buachaillí máistreacht amach i bpéire de na cuspóirí Éisteachta agus i bpéire de na cuspóirí Labhartha. Ní raibh na difríochtaí i gcás na gcuspóirí Éisteachta eile suntasach go staitistiúil. Ag tógáil Labhairt mar shampla, ba 35.5% (EC=3.77) a bhí sa chéatadán cailíní a bhain máistreacht amach in *Líofacht inste* i gcomparáid le 24.8% (EC=3.16) i gcás na mbuachaillí, difríocht de 10.7%. Maidir le *Cumarsáid*, ba 40.2% (EC=4.24) agus 26.6% (EC=3.34) a bhí sna céatadáin a bhain máistreacht amach do chailíní agus do bhuachaillí faoi seach, difríocht de 14%.

Tá difríochtaí suntasacha idir feidhmíocht na mbuachaillí agus na gcailíní i líon níos mó cuspóirí nuair a bhreathnaímid ar na rátaí teipe. Is é sin, bhí líon suntasach níos mó buachaillí ná cailíní a theip ceithre chuspóir Éisteachta agus cúig chuspóir Labhartha. Ba 50% (EC=2.81) a bhí sa chéatadán buachaillí a theip *Foclóir éisteachta* agus is 33.9% (EC=2.18) a bhí ann do chailíní, difríocht de 16.1%. Ba iad na rátaí teipe comhfhreagracha do *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* ná 44.6% (EC=2.67) agus 27.2% (EC=2.06) do bhuachaillí agus do chailíní faoi seach, difríocht de 17.4%.

Leibhéal oideachais na dtuismitheoirí

Mar a tugadh ar aird níos túisce, tugadh seacht rogha do na freagróirí, ag réimsiú ón mbunscoil go dtí an tríú leibhéal, lena bhféadfadh siad cur síos ar an leibhéal oideachais a bhí faighte acu agus ag a gcéile/a bpáirtneir, más cuí. Chun críocha na hanailíse, nascadh na chéad trí chatagóir agus tá ‘Bunoideachas go dtí an Meánteastas’ tugtha orthu i dTáblaí 6.7, 6.8 agus 6.9. Sna táblaí seo freisin, tá an líon an-bheag freagróirí a roghnaigh ‘eile’ dóibh féin agus a gcéile/a bpáirtneir curtha i dteannta leo sin nár thug aon fhreagra i gcatagóir ar a dtugtar “in easnamh/eile”.

Tábla 6.7 Meánscór don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus difríocht meánscóir leibhéal oideachais na dtuismitheoirí.

Leibhéal oideachais na dtuismitheoirí	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Bunscoil/Grúpa/Meánteastas	27.6	41.9	0.67	26.0	26.7	1.94	28.5	234.3	3.57
Ardeistiméireacht	27.6	46.7	0.89	29.9	35.5	2.13	27.1	256.3	2.59
Teastas/Diop. Tríú Leibhéal	18.8	47.8	0.77	18.1	37.2	2.29	18.8	259.3	2.41
Céim Tríú Leibhéal	13.0	51.3	1.04	12.8	47.4	2.17	13.2	277.2	3.33
In Easnamh/Eile	13.1	40.8	0.92	13.3	23.3	2.68	12.3	228.9	4.19
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Ardeistiméireacht)

Difríocht idir catagóir thagartha agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%	
Bunscoil/Grúpa/Meán	-4.8	0.89	-7.1	-2.5	-8.8	2.01	-14	-3.7	-22.0	5.10	-35.1	-8.9
Teastas/Diop. Tríú Lei	1.1	0.76	-0.9	3.0	1.6	2.37	-4.5	7.7	3.0	5.60	-11.3	17.3
Céim Tríú Leibhéal	4.6	1.14	1.7	7.5	11.9	2.51	5.4	18.3	20.9	5.80	6.0	35.8
In Easnamh/Eile	-5.9	1.03	-8.5	-3.2	-12.23	2.77	-19.3	-5.1	-27.4	7.90	-47.5	-7.2

Nótaí: N don Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950, Léitheoireacht = 2726; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Tábla 6.8 Meánscór scála don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus difríocht meánscóir de réir leibhéal oideachais na dtuismitheoirí.

Leibhéal Oideachais na dtuismitheoirí	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Bunscoil/Grúpa/Meánteastas	13.0	78.7	1.67	13.6	73.1	3.92	12.2	231.0	7.19
Ardeistiméireacht	25.7	85.1	0.76	26.8	79.7	2.05	24.9	261.1	2.95
Teastas/Diop. Tríú Leibhéal	19.5	85.0	1.03	23.4	79.8	3.34	18.8	267.3	3.90
Céim Tríú Leibhéal	28.9	87.8	0.74	27.1	79.0	3.66	29.1	279.7	2.55
In Easnamh/Eile	13.0	83.9	1.84	9.1	76.2	5.30	15.1	259.5	9.00
Iomlán	100.0	84.9	0.95	100.0	78.3	2.57	100.0	263.8	3.42

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: An Ardeistiméireacht)

Difríocht idir an Ardeist. agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%	
Bunscoil/Grúpa/Meánt	-6.4	1.83	-11.5	-1.2	-6.6	4.42	-19.2	5.9	-30.1	5.87	-46.7	-13.5
Teastas/Diop. Tríú Leil	-0.1	1.28	-3.7	3.5	0.1	3.91	-11.0	11.2	6.2	4.16	-5.7	18.0
Céim Tríú Leibhéal	2.7	1.06	-0.3	5.7	-0.8	4.20	-12.7	11.1	18.6	3.16	9.6	27.5
In Easnamh/Eile	-1.2	1.99	-6.8	4.4	-3.6	5.68	-19.7	12.5	-1.6	8.82	-26.6	23.4

Tábla 6.9 Meánscór don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus difríocht meánscóir de réir leibhéal oideachais na dtuismitheoirí.

Leibhéal Oideachais na dtuismitheoirí	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Bunscoil/Grúpa/Meánteastas	31.7	71.2	3.17	34.1	65.6	5.18	32.4	214.5	7.95
Ardteistiméireacht	31.3	77.0	2.30	29.4	74.4	2.54	29.9	230.5	5.87
Teastas/Diop. Tríú Leibhéal	14.4	72.2	3.10	15.8	71.8	4.15	15.4	223.2	8.16
Céim Tríú Leibhéal	13.4	81.5	2.65	11.8	80.0	4.07	13.3	254.0	7.08
In Easnamh	9.2	74.2	4.10	8.9	65.9	7.35	9.0	214.4	9.20
Iomlán	100.0	74.8	2.40	100.0	70.9	3.37	100.0	225.9	6.02

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Ardteistiméireacht)

Difríocht idir an catagóir thagartha agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%	
Bunscoil/Grúpa/Meán	-5.8	2.49	-12.5	0.9	-8.8	4.67	-21.3	3.8	-16.0	10.70	-44.9	12.8
Teastas Tríú Leibhéal	-4.8	2.35	-11.2	1.5	-2.6	3.67	-12.5	7.3	-7.2	11.10	-37.2	22.7
Céim Tríú Leibhéal	4.4	2.81	-3.1	12.0	5.7	4.44	-6.3	17.6	23.5	11.90	-8.5	55.5
In Easnamh	-2.8	3.55	-12.4	6.8	-8.4	6.25	-25.2	8.4	-16.1	12.00	-48.3	16.1

Nótaí: N don Éisteacht = 550, N Labhairt = 294, Léitheoireacht = 547; %T = céatadán de líon iomlán na ndaltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Níl aon cheann de na difríochtaí suntasach go staitistiúil ($p < .05$).

Sula scrúdaítear na difríochtaí inniúlachta, is fiú a thabhairt ar aird go bhfuil na tuismitheoirí sna trí chineál scoile sách difriúil ó thaobh a leibhéal oideachais. Is ag na tuismitheoirí sa ghrúpa lán-Ghaeilge atá an leibhéal is airde.

Fuair daltaí arb í an Ardteistiméireacht (an catagóir tagartha) an leibhéal is airde a bhí ag a dtuismitheoirí meánscóir a bhí cuid suntasach níos airde ná daltaí a raibh leibhéal ísle oideachais ag a dtuismitheoirí i ngach ceann de na trí thomhas sa sampla gnáthscoileanna agus ar Éisteacht agus Léitheoireacht sa sampla lán-Ghaeilge. Bhí a bhfeidhmíocht cuid suntasach níos ísle ná daltaí a raibh céim tríú leibhéal ag a dtuismitheoirí ar gach ceann de na trí thriail sa sampla gnáthscoileanna agus sa triail Léitheoireachta sa sampla lán-Ghaeilge. Níor braitheadh aon difríochtaí suntasacha sa sampla Gaeltachta.

Is fiú trácht éigin a dhéanamh ar na daltaí sa chatagóir sin ar teastas nó dioplóma tríú leibhéal an leibhéal is airde oideachais ag a dtuismitheoirí. Níl cás ar bith ina bhfuil difríocht shuntasach idir an grúpa seo agus an grúpa arb í an Ardteistiméireacht atá ag na tuismitheoirí. Ba chóir a thabhairt ar aird, ar ndóigh, trí chatagóir tagartha a úsáid nach mbímid i riocht suntas staitistiúil na ndifríochtaí idir feidhmíocht dhaltáí sa ghrúpa teastas/dioplóma tríú leibhéal, mar shampla, agus iad sin sa ghrúpa bunoidreachais go dtí Meánteistiméireacht nó sa ghrúpa céim tríú leibhéal a scrúdú.

Is cuid suntas freisin meánscóir ísle na ndaltaí sa ghrúpa in easnamh/eile, go háirithe sa sampla gnáthscoileanna, áit a bhfuil na meáin ar na cinn is ísle de na catagóirí go léir do gach ceann de na trí thriail. Go deimhin, tá an meán do na grúpaí in easnamh/eile go suntasach faoin ngrúpa tagartha i ngach ceann de na trí thriail.

Seilbh ar Chárta Leighis

Rinneadh comparáid idir feidhmíocht na ndaltaí ar thuairisc a dtuismitheoirí go raibh cárta leighis acu (an chatagóir thagartha) agus feidhmíocht na ndaltaí ar tuairiscíodh nach raibh cárta leighis acu agus feidhmíocht na ndaltaí nár fhreagair a dtuismitheoirí an mhír sin ar an gceistneoir (Táblaí 6.10 go dtí 6.12). Tá na torthaí sách soiléir. I ngach ceann den naoi gcomparáid (trí thriail inniúlachta Gaeilge i dtrí shampla), bhí feidhmíocht na sealbhóirí cárta leighis faoi fheidhmíocht na ndaoine nach raibh cárta leighis acu. Cé nach bhfuil an difríocht suntasach go staitistiúil ach i gcúig chás: an trí thriail sa sampla gnáthscoileanna agus na Trialacha Éisteachta agus Léitheoireachta sa sampla lán-Ghaeilge.

Tábla 6.10 Na meánscoir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an difríocht meánscoir de réir seilbh ar chárta leighis.

Cárta Leighis	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Tá	19.5	41.4	0.72	19.4	27.5	2.60	19.8	229.2	4.15
Níl	70.2	47.1	0.66	70.4	36.5	1.75	70.6	258.9	2.00
In easnamh	10.3	41.0	1.09	10.2	23.6	2.85	9.6	227.4	4.74
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28

Difríochtaí Meánscoir (Catagóir Thagartha: Tá)

	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%
Níl-Tá	5.8	0.72	4.1 7.4	9.0	2.58	3.1 14.9	29.7	4.60	19.2 40.3
In easnamh-Tá	-0.4	1.03	-2.8 2.0	-3.9	3.15	-11.1 3.3	-1.8	6.30	-16.3 12.6

Nótaí: N don Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950, Léitheoireacht = 2726; %T = céatadán iomlán líon na ndaltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir líide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá na difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Tábla 6.11 Na meánscoir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus na difríochtaí meánscoir de réir seilbh ar chárta

Cárta Leighis	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Tá	12.8	80.6	1.42	13.1	75.7	4.05	11.9	241.0	5.71
Níl	75.6	85.9	0.87	78.2	79.5	2.74	77.1	269.4	2.88
In easnamh	11.6	82.7	1.60	8.7	72.2	4.97	11.0	248.8	7.92
Iomlán	100.0	84.9	0.95	100.0	78.3	2.57	100.0	263.8	3.42

Difríochtaí Meánscoir (Catagóir Thagartha: Tá)

	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	Diff	SED	BCI95%
Níl-Tá	5.3	1.11	2.5 8.0	3.8	3.94	-6.0 13.6	28.5	6.40	12.5 44.4
In easnamh-Tá	2.1	1.12	-0.7 4.9	-3.5	6.02	-18.5 11.5	7.8	9.80	-16.5 32.1

Nótaí: N don Éisteacht = 640, N Labhairt = 208, Léitheoireacht = 624; %T = an céatadán de líon iomlán na ndaltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir líide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Tábla 6.12 Na meánscoir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an difríocht meánscoir de réir seilbh ar chárta

Cárta Leighis	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Tá'	35.6	72.8	3.23	38.5	65.5	4.86	36.7	219.9	7.72
Níl'	58.6	76.4	2.54	56.5	74.5	3.00	57.6	231.7	6.37
In easnamh	5.8	71.7	3.32	5.0	71.7	7.05	5.7	205.0	9.39
Iomlán	100.0	74.8	2.40	100.0	70.9	3.37	100.0	225.9	6.02

Difríochtaí Meánscoir (Catagóir Thagartha: Tá)

	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%	
Níl-Tá	3.7	2.90	-3.3	10.6	9.0	4.32	-1.3	19.3	11.8	10.00	-12.1	35.7
In easnamh-Tá	-1.1	3.86	-10.3	8.2	6.2	6.83	-10.1	22.5	-14.9	12.20	-43.9	14.1

Nótaí: N don Éisteacht = 550, N Labhairt = 294, Léitheoireacht = 547; %T = céatadán de líon iomlán na ndaltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaihdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Níl aon cheann de na difríochtaí suntasach go staitistiúil ($p < .05$).

Is cuid suntais é comhleanúnachas na dtorthaí ar fud na dtrí ghrúpa ós rud é go bhfuil na rátaí de sheilbh cárta leighis chomh difriúil eatarthu (19.5% sa ghrúpa gnáthscoileanna; 12.8% sa ghrúpa lán-Ghaeilge; agus 35.6% sa Ghaeltacht). Níl aon cheann de na comparáidí inniúlachta Gaeilge a bhaineann le seilbh ar chárta leighis suntasach sna scoileanna Gaeltachta.

Tabharfar ar aird go bhfuil na meáin don ghrúpa ‘in easnamh’ níos ísle freisin ina gcás sin nach bhfuil cárta leighis acu agus, i roinnt cásanna, níos ísle ná ina gcás sin a bhfuil cártaí leighis acu. Mar sin féin, níl aon cheann de na difríochtaí idir an grúpa ‘in easnamh’ agus an grúpa ‘Tá’ suntasach go staitistiúil.

Cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt (féintuairisciú)

Is é cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt an chéad cheann de dhá athróg ón gCeistneoir do na Tuismitheoirí atá ceaptha chun sonraí a sholáthar ar an méid Gaeilge a chloiseann daltaí sa bhaile. Tá sé ar cheann de na hathrógacha freisin inarbh éigean na catagóirí a chrapadh go difriúil do na trí ghrúpa scoileanna agus an catagóir thagartha a athrú.

Tugann sé seo chun suntais, faoi mar a rinne an dá athróg roimhe seo, a mhéid atá imthosca teaghlaigh na ndaltaí difriúil sna trí ghrúpa (i dtéarmaí socheacnamaíochta i gcás an dá athróg roimhe seo agus go teangeolaíoch i gcás na hathróige seo agus i gcás na hathróige a bhreithneofar ina diaidh). Fillimid ar na difríochtaí idir cumas na dtuismitheoirí agus úsáid sa chéad chaibidil eile, agus cloífidimid anseo leis na difríochtaí in inniúlacht na Gaeilge a bhaineann leis na hathrógacha sin.

Tábla 6.13 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáth scoileanna agus an meándifríocht de réir chumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt.

Cumais na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Gan aon fhocal	9.3	41.1	1.31	7.1	20.8	3.46	10.1	226.3	6.96
Díreach cúpla focal	19.0	42.5	0.70	17.7	29.1	2.93	19.0	236.0	3.17
Cúpla abairt shimplí	35.7	45.5	0.63	40.0	33.7	2.48	35.2	253.2	2.30
Codanna de chomhrá	21.2	49.3	0.90	20.9	40.1	2.00	21.3	266.8	2.72
Formhór na gcomhráite/ Cainteoir Dúchais	6.7	52.6	1.32	5.9	49.9	2.28	6.8	281.2	3.75
In easnamh	8.1	40.5	1.21	8.3	23.8	3.48	7.6	226.3	5.00
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Cúpla abairt shimplí)

Difríocht idir an chatagóir thagartha agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	BCI95%
Gan aon Ghaeilge	-4.5	1.45	-8.3	-0.6	-12.9	3.55	-22.3	-3.5	-26.7	7.30	-46.0	-7.3
Díreach cúpla focal	-3.0	0.94	-5.5	-0.5	-4.6	3.18	-13.0	3.8	-17.2	2.69	-24.3	-10.1
Codanna de chomhrá	3.8	1.10	0.8	6.7	6.4	3.03	-1.6	14.4	13.6	2.97	5.8	21.5
Formhór na gcomhráite/ Cainteoir Dúchais	7.1	1.47	3.2	7.1	16.2	4.01	5.6	26.8	28.0	4.21	16.9	39.1
In easnamh	-5.0	1.36	-8.6	-1.4	-9.9	3.99	-20.4	0.7	-26.9	5.03	-40.2	-13.6

Nótaí: N don Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950, Léitheoireacht = 2726; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá na difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Tábla 6.14 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus an difríocht meánscóir de réir chumas na dtuismitheoirí

Cumais na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Gan aon Ghaeilge/ Díreach cúpla focal/ Cúpla abairt shimplí	32.6	83.1	1.22	37.6	78.1	2.82	32.1	254.2	8.43
Codanna de chomhrá	34.8	84.9	0.91	34.1	76.8	3.69	34.7	266.5	5.11
Formhór an gcomhráite/ Cainteoir Dúchais	22.6	88.3	0.74	20.3	83.1	2.52	23.3	278.5	3.86
In easnamh	10	82.9	1.66	8	74.0	6.02	9.9	250.3	2.91
Iomlán	100.0	84.9	0.95	100.0	78.3	2.57	100.0	263.8	3.42

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Gan aon Ghaeilge/Cúpla focal/Cúpla abairt shimplí)

Difríocht idir an chatagóir thagartha agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	BCI95%
Codanna de chomhrá	1.8	1.52	-2.3	5.8	-1.3	3.10	-9.7	7.0	12.4	5.36	-2.1	26.8
Formhór na gcomhráite/ Cainteoir Dúchais	5.1	1.42	1.3	9.0	5.1	3.54	-4.5	14.6	24.4	4.68	11.8	37.0
In easnamh	-0.3	2.06	-5.8	5.3	-4.1	6.36	-21.2	13.0	-3.9	6.79	-22.2	14.4

Nótaí: N don Éisteacht = 640, N Labhairt = 208, Léitheoireacht = 624; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Tábla 6.15 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an difríocht meánscóir de réir chumas na dtuismitheoirí Gaeilge

Cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt	Éisteacht			Labhairt			Éisteacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Gan aon Ghaeilge/Díreach cúpla focal	11.0	58.2	3.68	12.1	47.4	5.85	11.0	179.9	8.71
Cúpla abairt shimplí	14.8	65.3	2.79	13.7	57.3	6.94	14.2	200.6	6.42
Codanna de chomhrá	19.9	73.1	3.54	22.4	68.9	4.03	18.7	230.0	8.49
Formhór na gcomhráite	12.9	73.7	2.93	11.3	72.0	3.91	12.6	224.1	8.57
Cainteoir Dúchais	35.1	85.4	1.60	35.0	84.8	2.00	32.2	248.9	4.49
In easnamh	6.5	75.1	3.78	5.6	73.4	6.80	11.3	232.4	9.37
Iomlán	100.0	74.8	2.40	100.0	70.9	3.37	100.0	225.9	6.02

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Cainteoir Dúchais)

Difríocht idir an chatagóir thagartha agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	BCI95%
Gan aon Ghaeilge/Díreach	-27.1	4.01	-38.3	-15.9	-37.4	6.18	-54.7	-20.1	-69.0	7.69	-90.4	-47.6
Cúpla abairt shimplí	-20.1	3.22	-29.1	-11.1	-27.5	7.22	-47.7	-7.3	-48.3	5.89	-64.7	-31.9
Codanna de chomhrá	-12.3	3.89	-23.1	-1.4	-16.0	4.50	-28.6	-3.4	-18.9	7.49	-37.5	-0.3
Formhór na gComhráite	-11.6	3.34	-20.9	-2.3	-12.8	4.39	-25.1	-0.6	-24.8	7.82	-46.6	-3.0
In easnamh	-10.3	4.11	-21.7	1.1	-11.4	7.09	-31.2	8.5	-16.5	9.07	-41.8	8.8

Nótaí: N don Éisteacht = 550, N Labhairt = 294, Léitheoireacht = 547; %T = céatadán de líon iomlán na ndaltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

I gcás gnáthscoileanna (Tábla 6.13), is iad na catagóirí atá nasctha ná ‘An chuid is mó de chomhráite’ agus ‘Cainteoir dúchais’. Fuarthas go raibh difríocht shuntasach idir na daltaí sa chatagóir thagartha (‘Cúpla abairt shimplí’) agus daltaí i ngach ceann de na catagóirí eile, ‘In easnamh’ san áireamh, in Éisteacht agus Léitheoireacht. Bhí siad difriúil go suntasach freisin ó dhaltaí sna catagóirí ‘Gan aon Ghaeilge’ agus ‘An chuid is mó de chomhráite/Cainteoir dúchais’ sa Triail Labhartha. Go deimhin, tá an dá dhifríocht sin sách mór (tá an chéad cheann ag thart ar leath an diallais chaighdeánaigh, tá an dara ceann ag thart ar dhá thrian de dhiallas chaighdeánach).

I scoileanna lán-Ghaeilge, laghdaíodh na sé chatagóir bhunaidh go dtí trí (Tábla 6.14). Roghnaíodh an leibhéal is ísle (‘Gan aon Ghaeilge/Corrfhocal/cúpla abairt shimplí’) mar an chatagóir thagartha agus cuireadh na daltaí sa chatagóir sin i gcomparáid leis na daltaí sna catagóirí eile agus sa ghrúpa ‘in easnamh’. Bhí péire de na difríochtaí suntasach go staitistiúil: iad sin idir an catagóir thagartha agus ‘An chuid is mó de chomhráite/Cainteoir dúchais’ d’Éisteacht agus Léitheoireacht. Tá an difríocht i gcás Éisteachta níos mó ná leath diallais chaighdeánaigh agus i gcás Léitheoireachta díreach faoi leath diallais chaighdeánaigh.

Is fíorbheag tuismitheoir sa Ghaeltacht a thuairisc nach raibh aon Ghaeilge acu mar sin nascadh an grúpa sin leo sin a léirigh gur labhraíonn siad ‘Corrfhocal’. Fágadh na catagóirí eile mar a bhí siad chun críocha comparáide (Tábla 6.15). Is í an chatagóir ‘Cainteoir dúchais’, a bhí roghnaithe ag os cionn an tríú cuid den sampla tuismitheoirí, an chatagóir thagartha. Rinne daltaí sa ghrúpa seo i bhfad níos fearr ná daltaí i ngrúpaí eile. Is iad an t-aon difríochtaí nach bhfuil suntasach ná iad sin a bhaineann leis an ngrúpa dá bhfuil sonraí in easnamh ann. Bíonn an claonadh sna difríochtaí a bheith an-mhór. Fiú amháin tá na difríochtaí idir leanaí cainteoirí dúchais agus an chéad grúpa eile is ábalta (‘Formhór an gcomhráite’) thart ar leath diallais chaighdeánaigh do gach gné d’inniúlacht na Gaeilge. Is é an difríocht idir na grúpaí

cumais tuismitheora is airde agus is ísle i dTriail Labhartha na Gaeilge ná thart ar 1.5 diallas caighdeánach.

A mhínic a úsáideann tuismitheoirí Gaeilge leis an leanbh

Chothaigh an athróg a bhí bunaithe ar an mír sa Cheistneoir do na Tuismitheoirí faoi chomh minic a labhraíonn tuismitheoirí Gaeilge leis an leanbh castachtaí a chur faoi deara catagóirí cóngaracha a chrapadh ar bhealaí difriúla sna trí shampla. Tá torthaí na gcomparáidí curtha i láthair sna Táblaí 6.16 go dtí 6.18.

Tábla 6.16 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an difríocht meánscóir de réir a mhínic a úsáidtear Gaeilge leis an leanbh.

Mínicíocht a úsáidtear Gaeilge	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht					
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC			
Corruair nó go minic	22.6	49.5	0.87	21.9	39.9	2.06	22.8	266.6	5.13			
Go hannamh	30.9	46.2	0.67	31.8	35.7	1.95	30.9	256.7	2.15			
Riamh	38.3	43.3	0.70	38.1	29.9	2.09	38.6	239.3	3.07			
In easnamh	8.2	40.8	1.20	8.3	23.7	3.29	7.6	227.2	2.28			
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28			
<i>Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Go hannamh)</i>												
Difríocht idir Go hannamh agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	CI95L	CI95U	Diff	SED	CI95L	CI95U	Diff	SED	CI95L	CI95U
Corruair nó go minic	3.3	1.1	0.6	5.9	4.1	2.1	-0.9	9.2	9.9	2.2	4.4	15.4
Riamh	-2.9	1.0	-2.9	-5.3	-5.9	2.0	-10.8	-0.9	-17.4	2.6	-23.8	-11.1
In easnamh	-5.5	1.2	-5.5	-8.4	-12.0	3.6	-20.8	-3.2	-29.5	5.0	-41.8	-17.2

Nóta: N Léitheoireacht = 2726, N Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950. %T = céatadán den iomlán; Diff = meándifríocht den chatagóir lúide an chatagóir thagartha; SED = earráid chaighdeánach den difríocht; CI95L, CI95U = Eatraimh muiníne coigeartaithe Bonferroni 95%. Tá na difríochtaí atá suntasach go staitistiúil (p<.05) i gcló trom.

Tábla 6.17 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i scoileanna lán-Ghaeilge agus an difríocht meánscóir de réir a mhínic a úsáidtear Gaeilge leis an leanbh.

Mínicíocht a úsáidtear Gaeilge	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht					
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC			
I gcónaí/An-mhínic/Go minic	20.3	87.1	0.83	17.4	79.4	3.24	21.2	269.4	3.19			
Anois agus arís	39.7	85.0	1.02	44.6	79.4	3.21	40.2	267.7	3.43			
Go hannamh/Riamh	29.6	83.9	0.96	29.6	77.2	2.32	28.6	259.8	4.53			
In easnamh	10.4	82.6	1.88	8.5	74.6	5.82	10.1	247.4	9.47			
Iomlán	100.0	84.9	0.95	100.0	78.3	2.57	100.0	263.8	3.42			
<i>Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: I gcónaí/an-mhínic/go minic)</i>												
chatagóir thagartha agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	BCI95%	Diff	SED	BCI95%	BCI95%
Anois agus arís	-2.0	0.74	-4.0	-0.1	-0.1	4.56	-12.4	12.2	-1.7	3.15	-10.2	6.8
Go hannamh/Riamh	-3.2	0.70	-5.1	-1.3	-2.2	3.98	-13.0	8.5	-9.6	4.03	-20.5	1.2
In easnamh	-4.5	1.64	-8.9	-0.1	-4.8	6.66	-22.7	13.1	-22.1	9.66	-48.1	3.9

Nótaí: N don Éisteacht = 640, N Labhairt = 208, Léitheoireacht = 624; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatraimh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá na difríochtaí atá suntasach go staitistiúil (p<.05) i gcló trom.

Tábla 6.18 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an difríocht meánscóir de réir a mhínice a úsáidtear Gaeilge leis an leanbh.

Minicíocht a úsáidtear Gaeilge	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
I gcónaí	21.6	89.7	0.99	22.1	88.8	1.33	21.5	260.9	4.35
An-mhínic/Go mínic	21.1	80.3	2.28	20.4	79.3	2.70	21.3	238.3	6.57
Anois agus arís	25.1	71.9	3.07	26.1	70.5	4.39	25.0	223.6	7.31
Go hannamh/Riamh	27.1	61.6	3.05	27.3	50.3	5.83	27.2	193.5	7.49
In easnamh	5.0	74.0	3.93	4.2	72.3	8.40	4.9	209.7	11.46
Iomlán	100.0	74.8	2.40	100.0	70.9	3.37	100.0	225.9	6.02

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Anois agus Arís)

Difríocht idir an chatagóir thagartha agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%	
I gcónaí	17.9	3.10	9.5	26.2	18.3	4.70	5.7	31.0	37.4	8.50	14.5	60.2
An-mhínic/Go mínic	8.4	2.74	1.1	15.8	8.8	4.33	-2.8	20.5	14.7	8.50	-8.3	37.7
Go hannamh/Riamh	-10.3	2.44	-16.8	-3.7	-20.2	6.60	-37.9	-2.4	-30.1	8.60	-53.2	-7.0
In easnamh	2.2	4.23	-9.2	13.6	1.8	8.97	-22.3	26.0	-13.9	13.60	-50.5	22.7

Nótaí: N don Éisteacht = 550, N Labhairt = 294, Léitheoireacht = 547; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá na difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

I gcás gnáthscoileanna (Tábla 6.16) b'ionann na ceithre chatagóir is airde ('I gcónaí', 'An-mhínic', 'Go mínic' agus 'Anois agus arís') agus díreach 22.6% de na freagraí agus nascadh na catagóirí sin. Chiallaigh sé sin gurbh í 'Go hannamh' an chatagóir láir, agus rinneadh an chatagóir thagartha di. Tugann gach ceann de thrí chomparáid ar na catagóirí sin don Éisteacht agus don Léitheoireacht difríochtaí atá suntasach go staitistiúil, lena n-áirítear na comparáidí idir an catagóir thagartha agus an catagóir 'In easnamh'. Maidir le Labhairt, níl feidhmíocht na ndaltaí sa chatagóir thagartha difriúil go suntasach ó fheidhmíocht na ndaltaí sa chatagóir os a chionn ('Anois agus arís nó go mínic') ach tá sí difriúil go suntasach ó fheidhmíocht na ndaltaí sa chatagóir faoi ('Riamh') agus sa chatagóir 'In easnamh'.

I gcás na scoileanna lán-Ghaeilge (Tábla 6.17), nascadh na trí chatagóir uachtaracha den 'mhínicíocht úsáide' agus d'fhóin sé sin mar an chatagóir thagartha. Is i gcás na Trialach Éisteachta amháin a tháinig aon difríochtaí suntasacha chun cinn don athróg seo i scoileanna lán-Ghaeilge.

Tá na torthaí do na scoileanna Gaeltachta i dTábla 6.18, inar nascadh sé chatagóir chun ceithre chatagóir a dhéanamh. Roghnaíodh an chatagóir 'Anois agus Arís' mar an chatagóir thagartha agus cuireadh i gcomparáid leis na trí chatagóir eile í agus leis an ngrúpa 'in easnamh'. Tá suntas go staitistiúil ag baint leis an difríocht idir na grúpaí ina labhraítear Gaeilge 'Anois agus arís' agus ina labhraítear Gaeilge 'i gcónaí' do gach ceann den trí thriail, agus tá siad comhionann le beagnach diallas caighdeánach amháin don Éisteacht agus dhá thrian de dhiallas caighdeánach do Léitheoireacht agus Labhairt. Ar an gcaoi chéanna, tá suntas go staitistiúil ag baint leis an difríocht idir an chatagóir 'Anois agus arís' agus an chatagóir 'Go hannamh/ar chor ar bith' do gach ceann de na trí thriail, agus tá siadsan freisin sách substaintiúil, os cionn leath diallais caighdeánaigh don Éisteacht agus Léitheoireacht, agus os cionn trí ceathrú de dhiallas caighdeánach do Labhairt. Tá

tuilleadh anailíse ar an ngaol idir cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt, a mhinice a bhíonn Gaeilge in úsáid leis an leanbh agus fáil dheontas *Scéim Labhairt na Gaeilge* curtha i láthair i gCaibidil 7.

Sula bhfágfaimid an cheist faoi chumas labhartha na dtuismitheoirí sa Ghaeilge agus a mhinice a bhíonn an teanga in úsáid leis an leanbh, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach léiriú beag a thabhairt ar an scála difríochtaí i ngnóthachtáil in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge a bhaineann leis na catagóirí sin ó thaobh na ngnáthscoileanna de. Déanfaimid é sin trí chomparáid a dhéanamh leis an gcéatadán daltaí a fuair máistreacht ar roinnt cuspóirí d'Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge sna catagóirí sin. Roghnóimid trí chatagóir de chumas tuismitheora lena mbaineann difríochtaí atá suntasach go staitistiúil in inniúlacht in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge: 'Gan aon Ghaeilge', 'Abairtí simplí' agus 'An chuid is mó de chomhráite/Cainteoir dúchais'. Is iad na céatadáin chomhfhreagracha de dhaltáí sna catagóirí sin i ngnáthscoileanna a bhain máistreacht amach in *Idirdhealú fuaimeanna*, mar shampla, ná 67.8% (EC=4.09) (Gan aon Ghaeilge), 88.5% (EC=1.49) (Abairtí simplí), agus 93.9% (EC=1.83) (An chuid is mó de chomhráite/Cainteoir dúchais). Is iad na céatadáin a bhain máistreacht amach in *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* i ngach ceann de na catagóirí ná 6.7% (EC=2.98) (Gan aon Ghaeilge), 7.3% (EC=1.23) (Abairtí simplí), agus 20.3% (EC=3.93) (An chuid is mó de chomhráite/Cainteoir dúchais). Maidir le *Cumarsáid* is iad na céatadáin ná 13.7% (EC=4.52) (Gan aon Ghaeilge), 31.3% (EC=3.50) (Abairtí simplí), agus 55.5% (EC=6.96) (An chuid is mó de chomhráite/Cainteoir dúchais). Is féidir difríochtaí móra idir na catagóirí cumais tuismitheoirí sin sa chéatadán de dhaltáí a dteipeann orthu i gcuspóirí freisin. Mar shampla, ba iad na céatadáin ar theip orthu i *dTuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* ná 49.8% (EC=4.05) (Gan aon Ghaeilge), 32.7% (EC=1.99) (Abairtí simplí), agus 20% (EC=3.06) (An chuid is mó de chomhráite/Cainteoir dúchais).

I gcás a mhinice a úsáidtear Gaeilge leis an leanbh, féadfaimid trí chatagóir a thógáil mar léiriú: 'Riamh', 'Go hannamh' agus 'Anois agus arís nó go minic'. I gcás *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*, mar shampla, ba iad na céatadáin de dhaltáí i ngnáthscoileanna a bhain máistreacht amach i ngach catagóir úsáide de mhinicíocht tuismitheora ná 6.7% (EC=1.43) ('ar chor ar bith), 7.5% (EC=1.21) ('Go hannamh') agus 11.6% (EC=2.31) ('Anois agus arís nó go minic'). Ba iad na céatadáin ar theip orthu sa chuspóir céanna sna catagóirí úsáide tuismitheora céanna ná 42.3% (EC=2.40), 33.4% (EC=2.02), agus 24.4% (EC=1.94) faoi seach.

Athróga ag leibhéal scoile

Réigiún

Tá na meánscóir do dhaltáí Bhaile Átha Cliath ar na meánscóir is ísle de na réigiúin go léir a scrúdaíodh ar gach ceann de na trí thriail (Tábla 6.19). I gcás Triail Éisteachta na Gaeilge, tá an chomparáid idir Baile Átha Cliath agus gach ceann eile de na trí réigiún go léir suntasach go staitistiúil. I gcás Labhairt na Gaeilge tá an difríocht idir Baile Átha Cliath agus Cúige Mumhan suntasach go staitistiúil. Ní raibh aon chomparáid ar an Triail Léitheoireachta suntasach.

Maidir leis na haonaid diallais chaighdeánaigh, tá an difríocht idir daltaí i mBaile Átha Cliath agus daltaí i gCúige Mumhan ar Thriail Éisteachta na Gaeilge agus ar

Thriail Labhartha na Gaeilge substaintiúil: thart ar dhá thriain den diallas caighdeánach iomchuí i ngach cás. Tá na torthaí maidir le réigiún díreach mar a bhí cinn den sórt céanna ar thuairisc Harris (1983) orthu.

Tábla 6.19 Meánscoir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an difríocht meánscoir de réir réigiúin.

Réigiún	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Baile Átha Cliath Laighin/Cabhán/	23.6	40.9	1.11	23.3	24.4	3.78	23.5	237.9	6.20
Muineachán	36.5	44.6	0.77	36.6	33.4	2.16	36.5	250.1	3.35
Connachta/Dún na nGall	12.6	47.6	2.29	12.7	34.4	4.27	12.6	258.1	6.79
An Mhumhain	27.3	49.3	1.58	27.4	40.7	3.23	27.3	256.5	6.19
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28

Difríochtaí Meánscoir (Catagóir Thagartha: Baile Átha Cliath)

Difríocht idir an chatagóir thagartha agus	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%	
Laighin/Cabhán/												
Muineachán	3.7	1.35	0.4	7.1	9.0	4.35	-1.7	19.7	12.2	7.00	-5.1	29.5
Conanchta/Dún na nG	6.8	2.55	0.5	13.0	10.0	5.70	-3.9	24.0	20.2	9.20	-2.4	42.7
An Mhumhain	8.4	1.93	3.7	13.2	16.4	4.97	4.2	28.6	18.6	8.80	-2.9	40.0

Nótaí: N don Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950, Léitheoireacht = 2726; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir líúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá na difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Méid na scoile

I dTábla 6.20, cuirtear feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna beaga (idir 6 agus 14 dalta i rang a sé) i gcomparáid le feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna meánmhéide (idir 15 agus 27 dalta i rang a sé) agus le feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna móra (níos mó ná 27 dalta i rang a sé). Ba iad na daltaí i scoileanna beaga a fuair na meánscoir is airde ar gach ceann de na trí thriail. Níl na difríochtaí suntasach go staitistiúil, áfach, ach i gcás comparáide idir scoileanna beaga agus scoileanna móra sa Triail Éisteachta (dhá chúigiú de dhiallas caighdeánach) agus sa Triail Léitheoireachta (trí dheichiú de dhiallas caighdeánach).

Tábla 6.20 Meánscoir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an difríocht meánscoir de réir mhéid na scoile.

Méid na Scoile	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Beag	21.2	49.1	1.86	21.3	39.3	3.32	21.2	261.3	4.83
Meánmhéid	24.4	45.2	1.11	24.5	31.1	3.33	24.4	248.4	3.70
Mór	54.5	44.0	0.74	54.1	32.2	2.24	54.5	246.3	3.33
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28

Difríochtaí Meánscoir (Catagóir Thagartha: Beag)

Meánmhéid-Beag	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%	
Meánmhéid-Beag	-3.8	2.17	-8.8	1.1	-8.2	4.71	-19.0	2.6	-12.9	6.10	-26.9	1.0
Mór-Beag	-5.1	2.00	-9.6	-0.5	-7.1	4.00	-10.3	2.0	-15.0	5.90	-28.4	-1.6

Nótaí: N don Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950, Léitheoireacht = 2726; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir líúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá na difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Comhdhéanamh Inscne

Tá difríochtaí láidre a bhaineann le hinscne feicthe cheana againn in inniúlacht sa Ghaeilge ag leibhéal an dalta aonair. Breathnóimid anois ar an inscne i ndáil le comhdhéanamh scoileanna. Tugann Tábla 6.21 sonraí comparáideacha do thrí chineál scoile: scoileanna a bhíonn ag fónamh do bhuachaillí amháin, scoileanna a bhíonn ag fónamh do chailíní amháin, agus scoileanna measctha.

Tábla 6.21 Meánscoir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an difríocht meánscoir de réir chomhdhéanamh na scoile.

Comhdhéanamh Inscne na scoile	Éisteacht			Labhairt			Léitheoireacht		
	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC	%T	Meán	EC
Buachaillí uile	18.9	40.6	1.42	18.9	27.2	4.15	18.9	221.3	8.01
Measctha	63.5	46.3	0.86	63.5	35.6	2.00	63.5	254.2	2.55
Cailíní uile	17.6	47.4	1.02	17.6	32.0	3.32	17.6	265.6	3.66
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28

Difríochtaí Meánscoir (Catagóir Thagartha: Measctha)

	Éisteacht				Labhairt				Léitheoireacht			
	Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%		Diff	SED	BCI95%	
Buachaillí uile - Measctha	-5.7	1.62	-9.4	-2.0	-8.4	4.50	-18.7	1.9	-33.0	8.24	-51.8	-14.1
Cailíní uile - Measctha	1.1	1.37	-2.0	4.2	-3.6	3.88	-12.5	5.3	11.4	4.60	0.9	21.9

Nótaí: N don Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950, Léitheoireacht = 2726; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Ní nach ionadh, is iad na scoir do dhaltaí i scoileanna buachaillí uile is ísle i ngach ceann de na trí thriail. Bíonn feidhmíocht na mbuachaillí i scoileanna aoninscne go suntasach níos lú ná daltaí i scoileanna measctha (an catagóir tagartha) sna trialacha Éisteachta agus Léitheoireachta. Tá difríocht shuntasach freisin idir feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna measctha agus daltaí i scoileanna cailíní, agus i bhfabhar na scoileanna cailíní atá an difríocht sin.

Suíomh

Léirítear codarsnacht idir feidhmíocht daltaí i dtrí chineál suíomh scoile i dTábla 6.22: cathracha agus bailte móra (le daonraí d'os cionn 10,000), bailte meánmhéide (daonra idir 1,500 agus 9,999) agus bailte beaga, sráidbhailte agus tuath (daonraí níos lú ná 1,500).

Is é an meánscoir do dhaltaí i gcatagóir na tuaithe an ceann is airde i ngach ceann de na trí thriail, agus tá difríocht shuntasach idir é agus meánscoir na ndaltaí sa chatagóir cathair/baile mór ar na trí thriail (thart ar leath den diallas caighdeánach i ngach cás). Maidir le Léitheoireacht, tá an difríocht idir daltaí i mbailte meánmhéide agus iad sin i suíomh níos mó faoin tuath suntasach go staitistiúil freisin (thart ar an ceathrú de dhiallas caighdeánach).

Tábla 6.22 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus an difríocht meánscóir de réir shuíomh na scoile

<i>Suíomh na scoile</i>	<i>Éisteacht</i>			<i>Labhairt</i>			<i>Léitheoireacht</i>		
	<i>%T</i>	<i>Meán</i>	<i>EC</i>	<i>%T</i>	<i>Meán</i>	<i>EC</i>	<i>%T</i>	<i>Meán</i>	<i>EC</i>
Beaga/Sráidbhailte									
agus tuath	38.5	48.9	1.18	38.8	40.3	2.50	38.5	263.5	3.09
Bailte Meánmhéide	14.0	45.0	1.30	14.1	33.6	4.20	14.0	251.6	3.40
Cathracha/Bailte Móra	47.5	42.7	0.85	47.2	27.7	2.48	47.5	238.6	4.08
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Bailte beaga, sráidbhailte agus tuath)

<i>Difríocht idir an chatagóir thagartha agus</i>	<i>Éisteacht</i>				<i>Labhairt</i>				<i>Léitheoireacht</i>			
	<i>Diff</i>	<i>SED</i>	<i>BCI95%</i>		<i>Diff</i>	<i>SED</i>	<i>BCI95%</i>		<i>Diff</i>	<i>SED</i>	<i>BCI95%</i>	
Bailte Meánmhéide	-3.9	1.83	-8.1	0.3	-6.7	4.91	-17.9	4.6	-11.8	4.60	-22.4	-1.3
Cathracha/Bailte Móra	-6.2	1.44	-9.5	-2.9	-12.6	3.60	-20.8	-4.3	-24.9	5.10	-36.6	-13.1

Nótaí: N don Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950, Léitheoireacht = 2726; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá na difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Stádas Míbhuntáiste

Baineann an athróg deiridh atá le breithniú anseo le cibé an bhfuil scoil ainmnithe mar scoil faoi mhíbhuntáiste faoin *Scéim do Scoileanna i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste*. Tuairiscítear anailís ar na torthaí i dTábla 6.23. Tá na difríochtaí i ngach ceann de na trí chomparáid sin suntasach go staitistiúil agus an-mhór ó thaobh aonaid diallais chaighdeánaigh de. Tá an difríocht i gcás Léitheoireachta an-ghar do dhiallas caighdeánach. Sa dá thriail eile, (Éisteacht agus Labhairt), is thart ar dhá thrian de dhiallas caighdeánach an difríocht.

Tábla 6.23 Meánscóir don Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht do dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna agus na difríochtaí meánscóir de réir ainmniúchán míbhuntáiste na

<i>Ainmniúchán Míbhuntáiste na scoile</i>	<i>Éisteacht</i>			<i>Labhairt</i>			<i>Léitheoireacht</i>		
	<i>%T</i>	<i>Meán</i>	<i>EC</i>	<i>%T</i>	<i>Mean</i>	<i>EC</i>	<i>%T</i>	<i>Mean</i>	<i>EC</i>
Ainmnithe	17.9	38.5	1.46	17.9	19.9	3.36	17.9	210.9	7.04
Níl ainmnithe	82.1	46.9	0.69	82.1	36.4	1.84	82.1	258.5	2.06
Iomlán	100.0	45.4	0.62	100.0	33.4	1.62	100.0	250.0	2.28

Difríochtaí Meánscóir (Catagóir Thagartha: Ainmnithe)

<i>Difríocht idir an chatagóir thagartha agus</i>	<i>Éisteacht</i>				<i>Labhairt</i>				<i>Léitheoireacht</i>			
	<i>Diff</i>	<i>SED</i>	<i>BCI95%</i>		<i>Diff</i>	<i>SED</i>	<i>BCI95%</i>		<i>Diff</i>	<i>SED</i>	<i>BCI95%</i>	
Níl ainmnithe	8.4	1.67	5.1	11.7	16.5	3.83	8.8	24.1	47.6	7.30	33.0	62.2

Nótaí: N don Éisteacht = 2728, N Labhairt = 950, Léitheoireacht = 2726; %T = céatadán den líon iomlán daltaí; Diff = meándifríocht (gach catagóir lúide an chatagóir thagartha); SED = earráid chaighdeánach den difríocht; BCI95% = Eatramh muiníne coigeartaithe Bonferroni. Tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil ($p < .05$) i gcló trom.

Conclúid

Sa chaibidil seo scrúdaíomar na gaoil idir inniúlacht sa Ghaeilge (Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht) agus sraith príomhathróg ag leibhéal an dalta agus ag leibhéal na

scoile. I gcás na n-athróg ag leibhéal an dalta, scrúdaíodh gaoil le hinniúlacht na Gaeilge ar leithligh do gach ceann de na trí phobal scoileanna (gnáth, lán-Ghaeilge agus Gaeltacht). I gcás na n-athróg ag leibhéal scoile, scrúdaíodh gaoil le hinniúlacht ag baint úsáide as sonraí ó ghnáthscoileanna amháin.

Tríd is tríd, tá na torthaí ag teacht le taighde roimhe sin, ar an nGaeilge nó ar réimsí ábhair eile. Chomh maith leis sin, síneann siad torthaí maidir le gaoil atá suntasach go staitistiúil, nár cruthaíodh roimhe sin ach i staidéir ar scála beag, chuig leibhéal náisiúnta, chuig catagóirí breise scoileanna, nó chuig gnéithe breise d'inniúlacht na Gaeilge. Mar shampla, seo é an chéad uair a bhfuil faisnéis againn ar chumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt agus tuismitheoirí ag úsáid Gaeilge leis an leanbh do gach ceann de na trí shampla daltaí atá nasctha le hinniúlacht i ngach ceann de thrí ghné den Ghaeilge. Ós rud é go bhfuarthas na sonraí ar chumas labhartha Gaeilge na dtuismitheoirí agus úsáid na Gaeilge go díreach ó na tuismitheoirí i ngach ceann de na trí chineál scoile, ag baint úsáide as na míreanna ceistneora céanna, cuirtear le fiúntas na faisnéise sin.

Is ábhar suntais cuid de na torthaí aonair. Mar shampla, is sonrach méid agus comhsheasmhacht na ndifríochtaí inscne (i bhfabhar na gcailíní) ar fud na dtrí ghné d'inniúlacht na Gaeilge, cé nach bhfuil na difríochtaí suntasach go staitistiúil do chuid de na trialacha i gcás scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta.

Tá an toradh go bhfuil baint ag dhá athróg shocheacnamaíochta (leibhéal oideachais na dtuismitheoirí agus seilbh ar chárta leighis) le hinniúlacht i ngach ceann de na trí ghné den Ghaeilge i ngnáthscoileanna ag teacht le fianaise maidir leis na hathróa sin i réimsí ábhar eile. Is cuid suntais, go dtagann an difríocht inniúlachta atá ceangailte le seilbh ar chárta leighis chun cinn freisin d'Éisteacht na Gaeilge agus do Léitheoireacht na Gaeilge i gcás scoileanna lán-Ghaeilge, cé go bhfuil an cion de dhaltaí sna scoileanna sin a bhfuil cártaí leighis ag a dtuismitheoirí níos ísle ná mar atá sa dhá chineál scoile eile.

Tá baint láidir ag cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt agus a mhinice a úsáideann tuismitheoirí Gaeilge leis an leanbh le hinniúlacht sa Ghaeilge. Gabhann na hathróa sin leis na líon is lú torthaí neamhshuntasacha san achoimre ar na meánchomparáidí a bhaineann leis na príomhathróa do thrí ghné d'inniúlacht agus na trí phobal scoileanna (Tábla 6.1). Mar sin féin, i gcás Labhairt na Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge, níl aon cheann de na difríochtaí in inniúlacht a bhaineann leis an dá athróg tuismitheoirí sin (nó go deimhin sna hathróa eile ar leibhéal an dalta aonair) suntasach go staitistiúil. B'fhéidir nach bhfuil baint chomh láidir ag cumas agus úsáid na dtuismitheoirí leis an inniúlacht i labhairt na Gaeilge a bhíonn bainte amach ag leanaí a labhraíonn Béarla go hiondúil nuair a bhíonn fáil go forleathan ar Ghaeilge ag an scoil. Scrúdaítear gnéithe eile de na torthaí a bhaineann leis an dá athróg tuismitheoirí sin níos mionsonraithe i gCaibidil 7.

Maidir leis na torthaí ar fhachtóirí inscne agus socheacnamaíochta ag leibhéal an dalta, ní hionadh go bhfuarthas go raibh baint shuntasach ag inniúlacht i ngnéithe áirithe den Ghaeilge le comhdhéanamh inscne na scoile (buachaillí, cailíní agus measctha) agus stádas ainmnithe na scoile (do mhíbhuntáiste). Tá méid na difríochta i gcás ainmniúchán míbhuntáiste substaintiúil: beagnach diallas caighdeánach amháin i gcás Léitheoireacht na Gaeilge agus thart ar dhá thrían de dhiallas caighdeánach i gcás Éisteacht na Gaeilge agus Labhairt na Gaeilge. Fuarthas difríochtaí substaintiúla

réigiúnacha in inniúlacht freisin. I gcás Éisteacht na Gaeilge agus Labhairt na Gaeilge, bhí meánscóir den chéatadán cearta ag daltaí i scoileanna na Mumhan a bhí dhá thriain de dhiallas caighdeánach níos mó ná scoileanna Bhaile Átha Cliath.

Ba é an príomhsprioc a bhí againn sa chaibidil seo ná roinnt príomhthréithe ag leibhéal an dalta agus ag leibhéal scoile a ghabhann le hinniúlacht in Éisteacht na Gaeilge, i Labhairt na Gaeilge agus i Léitheoireacht na Gaeilge a aithint. Fiú agus ceangail den sórt sin ann, ní féidir linn tátail láidre a dhéanamh faoin gcúis agus iarmhairt bunaithe ar thrialacha staitistiúla amháin. Mar a tugadh ar aird níos túisce sa chaibidil seo, léiríonn taighde roimhe seo (Harris, 1983; Harris & Murtagh, 1999) go bhfuil idirghaol ag go leor de na hathróa seo iad féin, agus bheadh gá le hanailís bhreise lena dhéanamh amach cá mhéad a chuireann gach ceann díobh go huathúil le hathracha in inniúlacht. Nasctha leis na torthaí ar scála níos lú, ach a bhí níos doimhne, a rinneadh roimhe sin (m.sh., Harris agus Murtagh, 1999), chomh maith le torthaí ar anailís bhreise a thuiriscítear sa chéad chaibidil eile, tugann siad creat d'anailís níos ginearálta ar na ceisteanna a bhaineann leis an nGaeilge sa bhunscoil, mar atá leagtha amach i gCaibidil 8.

7. Tuairimí agus Cleachtais Mhúinteoirí agus Tuismitheoirí

Sa chaibidil seo, tabharfaimid tuairisc ar thuairimí agus ar chleachtais mhúinteoirí agus tuismitheoirí i ndáil leis an nGaeilge tríd is tríd agus i ndáil le múineadh agus foghlaim na Gaeilge go háirithe. Tá na sonraí bunaithe ar fhreagraí ar an gCeistneoir don Mhúinteoir agus ar an gCeistneoir do na Tuismitheoirí. Déileálann an chéad chuid den chaibidil le sonraí na múinteoirí agus déileálann an dara cuid le sonraí na dtuismitheoirí, cé go ndéanfaimid comparáid go minic idir tuairimí na múinteoirí agus na dtuismitheoirí ar an ábhar céanna. Cuireadh roinnt ceisteanna, a bhí díreach mar a chéile nó a raibh an fhoclaíocht iontu beagnach mar a chéile, sa dá cheistneoir i gcás gur mhothaíomar go mbeadh sé úsáideach comparáid a dhéanamh idir dearcadh an dá ghrúpa.

Tá roinnt téamaí atá mar bhonn dár gcur i láthair agus dár bplé. Baineann ceann amháin leis na difríochtaí i bpatrúin dearcaí, chleachtais agus leibhéal oilteachta labhartha na dtuismitheoirí agus na múinteoirí sa trí chineál scoile (gnáth, lán-Ghaeilge agus Gaeltacht). Déileálann téama eile le príomhphointí difríochta idir tuismitheoirí agus múinteoirí i ndáil le dearcaí, cleachtais agus leibhéal oilteachta ó thaobh na Gaeilge. Déanfar dearcaí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar a chéile agus breithneofar a mhéid a chabhraíonn a rólanna lena chéile chun dul chun cinn an dalta i bhfoghlaim na Gaeilge a chur chun cinn.. Baineann an tríú téama le hathruithe i ndearcaí agus i gcleachtais mhúinteoirí ar roinnt príomhathróg idir 1985 agus 2002. Ar deireadh, scrúdóimid an gaol idir inniúlacht daltaí in Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht na Gaeilge, ar láimh amháin, agus líon beag athróg múinteora ar an láimh eile (m.sh., an méid teagaisc trí mheán na Gaeilge a dhéantar lasmuigh den cheacht Gaeilge, an cineál fachtóirí is mó a chinneann an méid ama a chaitheann múinteoir ar an nGaeilge, agus an bhéim a chuireann sé nó sí ar an teanga sa scoil). Cuirfimid freisin lenár léirmhíniú ar na gaoil idir inniúlacht sa Ghaeilge agus príomhathróa a pléadh ar dtús i gCaibidil 6, ar nós chumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt agus a mhinice a labhraíonn siad Gaeilge lena leanbh.

In iniúchadh na dtéamaí agus na sonraí sin, tarraingímid aird ar na gnéithe sin de dhearcaí agus de chleachtais na dtuismitheoirí agus na múinteoirí a d'fhéadfadh léiriú a thabhairt ar an meath san inniúlacht in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge i ngnáthscoileanna. Bainfear úsáid as faisnéis sa chaibidil seo agus i gcaibidlí roimhe seo, i dteannta le faisnéis ó thaighde eile, i gCaibidil 8 chun anailís leathan a thabhairt ar na fachtóirí is dócha a chuir leis an meath sin. Déanfar iarracht freisin sainmhíniú a thabhairt ar an bhfreagairt atá de dhíth.

Tuairimí agus cleachtais Mhúinteoirí

Dearcaí na Múinteoirí féin i leith na Gaeilge agus a n-oilteacht sa Ghaeilge

Taispeánann na sonraí i dTábla 7.1 go bhfuil múinteoirí ag formhór daltaí rang a sé i ngnáthscoileanna a bhfuil a ndearcadh i leith na Gaeilge an-fhabhrach (36.2%) nó fabhrach (51.4%). Níl ach 5% de na daltaí á múineadh ag múinteoirí a raibh a ndearcaí mífhfabhrach nó an-mhífhfabhrach. Mar a fheicfimid níos deireanaí (Tábla 7.12), ní raibh dearcaí na dtuismitheoirí tríd is tríd chomh fabhrach leis na múinteoirí. Tá an céatadán daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta a raibh dearcadh fabhrach ag a múinteoirí níos airde ná an céatadán i ngnáthscoileanna. Mar sin, ní raibh aon dalta i scoil Ghaeltachta nó i scoil lán-Ghaeilge a raibh dearcadh an mhúinteora neodrach nó mífhfabhrach, cé go raibh an céatadán daltaí sna scoileanna sin a mheas iad féin a bheith ‘an-fhabhrach’ i bhfad níos airde ná i ngnáthscoileanna.

Tábla 7.1 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta de réir dhearcadh a múinteora féin i leith na Gaeilge¹⁵.

Dearcadh an mhúinteora féin i leith na Gaeilge	An céatadán (SE) daltaí		
	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
An-fhabhrach	36.2% (3.30)	88.2% (6.94)	74.8% (7.18)
Fabhrach	51.4% (3.74)	11.8% (6.94)	25.2% (7.18)
Neodrach	6.6% (2.23)	0%	0%
Mífhfabhrach	4.4% (1.68)	0%	0%
An-mhífhfabhrach	0.6% (0.62)	0%	0%
In easnamh	0.7% (0.72)	0%	0%

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Gnáth = 3037, N Lán-Ghaeilge = 683, N Gaeltacht = 583.

Tugann Tábla 7.2 sonraí ar fhéinmheasúnuithe na múinteoirí ar a gcaighdeán féin ó thaobh Gaeilge labhartha. Cé go raibh líon iomlán de 73.8% de na daltaí i ngnáthscoileanna á múineadh ag múinteoirí a bhí líofa sa Ghaeilge (2% cainteoirí dúchais; 12.8% cainteoirí dara teanga an-líofa; agus 59% cainteoirí dara teanga líofa Gaeilge), bhí mionlach substaintiúil nach raibh. Is cur síos é ‘Cainteoir dara teanga lag’ a roghnaigh múinteoirí 24.8% de na daltaí i ngnáthscoileanna (agus ‘an-lag’ i gcás céatadán eile ar féidir neamhaird a dhéanamh de – 0.7%)¹⁶.

¹⁵ Is meastacháin atá ríofa ag úsáid ualaí pobail iad na céatadán go léir atá tuairiscithe sa chaibidil seo. Ríomhadh na hearráidí caighdeánacha ag baint úsáide as modh jeaicnaidhf an mheastacháin athrachais, a chuir deardh casta an tsampla san áireamh. Tá na céatadán bunaithe ar an sonraí atá ar fáil.

Tagraíonn an chatagóir ‘in easnamh’ do cheist ar leith nár freagraíodh agus ní léiriú é ar na rátaí freagartha ar na ceistneoirí. Tá gach céatadán tuairiscithe ag leibhéal an dalta, agus i gcás athróa múinteora, tá freagraí na múinteoirí comhiomlánaithe ag leibhéal an dalta.

¹⁶ Ní raibh aon fhaisnéis le fáil ar an gceist sin roimhe sin ach amháin ó shuirbhé náisiúnta múinteoirí de chuid an INTO (INTO, 1985c). Faraor ní féidir aon chomparáid úsáideach a dhéanamh idir an dá shuirbhé mar gheall ar dhifríochtaí eatarthu ó thaobh ceisteanna agus rogha freagraí agus úsáid a bhaint as múinteoirí seachas daltaí mar an bonn chun céatadán a ríomh. Léirigh suirbhé an INTO gur mar seo a leanas a bhí na céatadán de mhúinteoirí a rangaiha a gcumas ‘comhrá’ Gaeilge ag leibhéal éagsúla: ‘líofa’ (23%), ‘go maith’ (42%), ‘réasúnta’ (30%) agus ‘lag’ (5%).

Bhí múinteoirí ag na daltaí go léir i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge a mheas iad féin a bheith ina ‘gcainteoirí dara teanga líofa’ nó níos fearr. Is cainteoirí dúchais a bhí ag múineadh os cionn leath na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta (52.5%); ba é 30.2 an céatadán i scoileanna lán-Ghaeilge.

Tábla 7.2 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta de réir chaighdeán Gaeilge labhartha a múinteora féin.

Caighdeán Gaeilge labhartha na Múinteoirí (féinmheasta ag an múinteoir)	An céatadán (SE) daltaí		
	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
Cainteoir Dúchais	2.0% (1.19)	30.2% (9.92)	52.5% (9.10)
Cainteoir dara teanga an-líofa	12.8% (2.60)	59.6% (9.46)	27.1% (6.33)
Cainteoir dara teanga líofa	59.0% (3.69)	10.2% (5.26)	20.4% (6.96)
Cainteoir dara teanga lag	24.8% (3.47)	0%	0%
Cainteoir dara teanga an-lag	0.7% (0.65)	0%	0%
In easnamh	0.7% (0.72)	0%	0%

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Gnáth = 3037, N Lán-Ghaeilge = 683, N Gaeltacht = 583.

Tugtar peirspictíocht eile ar oilteacht an mhúinteora i nGaeilge le sonraí i dTábla 7.3 a dhéanann comparáid idir úsáid Ghaeilge na múinteoirí agus na dtuismitheoirí chun a gceistneoirí faoi seach a fhreagairt. Taispeánann na sonraí an bhearna idir tuismitheoirí agus múinteoirí san úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge. Bhí múinteoirí a chomhlánaigh ceistneoir an mhúinteora i nGaeilge ag tromlach na ndaltaí sna scoileanna lán-Ghaeilge (95.2%) agus sna scoileanna Gaeltachta (89.3%). I ngnáthscoileanna ba é 19.3% an figiúr sin. Bhí an líon daltaí ar roghnaigh a dtuismitheoirí a gceistneoir féin a fhreagairt trí Ghaeilge i bhfad níos ísle i ngach ceann de na trí phobal (15.4% i scoileanna lán-Ghaeilge, 44.4% i scoileanna Gaeltachta agus 0.9% i ngnáthscoileanna). Fillfimid ar an gceist faoi Ghaeilge a bheith ag na tuismitheoirí agus ar cheisteanna gaolmhara níos deireanaí.

Tábla 7.3 An céatadán de dhaltaí i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta de réir leagan teanga na gCeistneoirí do na Tuismitheoirí agus don Mhúinteoir a roghnaigh na tuismitheoirí agus na múinteoirí.

Freagraíodh an Ceistneoir do na Tuismitheoirí i -	An céatadán (SE) daltaí		
	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
nGaeilge	0.9% (0.21)	15.4% (2.10)	44.4% (5.83)
mBéarla	99.1% (0.21)	84.6% (2.10)	55.6% (5.83)
Freagraíodh an Ceistneoir don Mhúinteoir i -	An céatadán (SE) daltaí		
	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
nGaeilge	19.3% (3.47)	95.2% (4.74)	89.3% (5.33)
mBéarla	80.7% (3.47)	4.8% (4.74)	10.7% (5.33)

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. Ceistneoir do na Tuismitheoirí; N Gnáth = 2744, N Gaeltacht = 575, N Lán-Ghaeilge = 609. Ceistneoir don Mhúinteoir; N Gnáth = 3037, N Gaeltacht = 583, N Lán-Ghaeilge = 683.

Bhí míreanna sa Cheistneoir don Mhúinteoir a bhain le deiseanna do mhúinteoirí a nGaeilge a chleachtadh agus an mbeadh spéis acu cúrsa a dhéanamh chun a n-inniúlacht a fheabhsú. Mhóthaigh múinteoirí thromlach na ndaltaí i ngnáthscoileanna nach raibh deiseanna a ndóthain acu lena nGaeilge a chleachtadh (65.2%) agus gur mhaith leo freastal ar chúrsa chun a nGaeilge a fheabhsú (60.7%). Ní nach ionadh, ba mhó an claonadh a bhí i múinteoirí a mheas iad féin a bheith 'lag' nó 'líofa' cúrsa a dhéanamh ná múinteoirí a bhí 'an-líofa' nó ina gcainteoirí dúchais.

Is ábhar iontais, b'fhéidir, an céatadán níos ísle, ach a bhí fós substaintiúil, de dhaltaí sa Ghaeltacht (24.2%) agus i scoileanna lán-Ghaeilge (38.6%) a bhí á múineadh ag múinteoirí a dúirt nach raibh siad ag fáil a ndóthain deiseanna lena gcuid Gaeilge a chleachtadh. Chomh maith leis sin, in ainneoin caighdeán Gaeilge labhartha níos airde go ginearálta bheith i measc múinteoirí Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, bhí céatadán shubstaintiúla de dhaltaí sa dá chineál scoile sin a bhí á múineadh ag múinteoirí ar mhaith leo freastal ar chúrsa chun a n-oilteacht a fheabhsú (46.8% de dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus 42.3% de dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge).

Tuairimí ar an nGaeilge sa scoil, an méid ama ar an nGaeilge agus sásamh sa mhúinteoireacht: 1985 agus 2002

Léiríonn Tábla 7.4 sonraí ar dhearcadh na múinteoirí i leith na Gaeilge a bheith á múineadh i ngnáthscoileanna i 1985 agus i 2002. Go bunúsach, i 2002 tá tromlach mór de dhaltaí ann (81.3%) a bhfuil múinteoirí acu atá fabhrach nó an-fabhrach. Bhí, áfach, titim shuntasach go staitistiúil de 8.9% (ó 90.2%) ó 1985 sa chéatadán múinteoirí a bhí fabhrach. Na daltaí go léir i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge i 2002 bhí múinteoirí acu a raibh a ndearcadh fabhrach nó an-fabhrach i leith na Gaeilge a bheith á múineadh sa scoil.

Tá an céatadán de dhaltaí i ngnáthscoileanna ar bhain a múinteoirí sásamh as a bheith ag múineadh Gaeilge tite cuid mhór (Tábla 7.5). Cé go raibh múinteoirí ag 80.3% de na daltaí a bhain sásamh nó an-sásamh as a bheith ag múineadh na Gaeilge i 1985, ní raibh an scéal amhlaidh ach do 55.4% i 2002. Ag comhfhreagairt dó sin, bhí an céatadán de mhúinteoirí a thuairisc míshásamh nó an-mhíshásamh ardaithe 15.6%. Bhí an céatadán múinteoirí a dúirt go raibh siad 'neodrach' faoi cheist an tsásaimh sásaimh ardaithe freisin 7.8%, cé nach raibh an t-athrú sin suntasach go staitistiúil. Is i ngnáthscoileanna ar fad beagnach a bhí na leibhéil ísle sásaimh sin. I 2002, mar shampla, ní raibh aon dalta i scoil lán-Ghaeilge, agus gan ach 6.6% de na daltaí i scoileanna Gaeltachta, á múineadh ag múinteoir a léirigh *míshásamh* le múineadh na Gaeilge.

Tábla 7.4 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir dhearcadh a múinteoirí féin i leith Gaeilge a bheith á múineadh i mbunscoileanna: Comparáid idir 1985 agus 2002.

Dearcadh na múinteoirí i leith Gaeilge a bheith á múineadh do dhaltaí sa bhunscoil	An céatadán (SE) daltaí		Difríocht ¹⁷ (2002 -1985)
	1985	2002	
An-Fhabhrach/Fabhrach	90.2% (3.19)	81.3% (2.85)	-8.9%
Neodrach	6.2% (2.52)	12.5% (2.90)	+6.3%
Mífhabhrach/An-mhífhabhrach	3.6% (2.07)	5.5% (1.95)	+1.9%
In easnamh	0%	0.7% (0.72)	+0.7%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 2060, N (2002) = 3037

Tábla 7.5 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir an tsásamh a bhaineann a múinteoir féin as Gaeilge a mhúineadh: 1985 agus 2002.

Sásamh a bhain an múinteoir as Gaeilge a mhúineadh	An céatadán (SE) daltaí		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
An-Sásamh/Sásamh	80.3% (4.90)	55.4% (3.81)	-24.9%
Neodrach	10.7% (3.67)	18.5% (3.18)	+7.8%
Míshásamh/An-Mhíshásamh	9.0% (3.25)	24.6% (3.45)	+15.6%
In easnamh	0%	1.5% (1.08)	+1.5%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 2060, N (2002) = 3037.

Bheifeá ag súil leis go mbeadh baint ag sásamh múinteora i múineadh na Gaeilge lena oilteacht/hoilteacht i labhairt na Gaeilge. Thaispeáin trastáblú ar na sonraí ón dá athróg sin i gcás na ndaltaí ar chuir a múinteoirí síos orthu féin mar ‘chainteoir dara teanga lag’, nach raibh ach 46.3% díobh á múineadh ag múinteoirí a bhain sásamh as a bheith ag múineadh Gaeilge. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le 54.3% de dhaltaí ar cainteoirí dara teanga líofa a gcuid múinteoirí agus 80.6% ar cainteoirí an-líofa nó cainteoirí dúchais a bhí á múineadh. Ní raibh múinteoir ag aon dalta i ngnáthscoil a bhí líofa nó ina chainteoir/cainteoir dúchais agus a thuairisc *míshásamh*.

Taispeánann trastábluithe eile go mba dhóchúla go mór go mbeadh múinteoirí a bhain sásamh nó an-sásamh as Gaeilge a mhúineadh ag iarraidh freastal ar chúrsa chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú ná múinteoirí a bhí míshásta nó a bhí neodrach i ndáil le múineadh na Gaeilge. Mar sin, bhí 71.6% de na daltaí ar bhain a múinteoirí sásamh nó an-sásamh as a bheith ag múineadh Gaeilge, ach gan ach 45.3% de na daltaí ar bhain a múinteoirí míshásamh nó an-mhíshásamh as a bheith ag múineadh Gaeilge, agus 49.3% de na daltaí a raibh a múinteoirí ‘neodrach’ i dtaobh mhúineadh na Gaeilge, á múineadh ag múinteoirí ar mhaith leo cúrsa a dhéanamh chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Ar na gaoil sin a thabhairt ar aird, is léir mar sin féin go gcaithfidh go

¹⁷ Rinneadh comparáid idir na céatadán tríd an difríocht agus a hearráid chaighdeánach a thagairt do na luachanna criticiúla a ghabhann leis an dáileadh z , (seachas leis an dáileadh t), chun eatraimh mhuiníne de 90% agus 95% a fháil, mar go seachnaíonn sé sin na deacrachtaí a bhaineann leis an gcéim saoirse a chomhfhreagraíonn do luachanna t a ríomh (Agreisti & Finlay, 1997, pp. 219-222).

bhfuil fachtóirí eile seachas leibhéal inniúlacht an mhúinteora féin i gceist chun sásamh a chinneadh ós rud é, mar atá díreach feicthe againn, go mbaineann go leor múinteoirí, a chuireann síos orthu féin mar chainteoirí laga, fós sásamh as a bheith ag múineadh na teanga.

Tábla 7.6 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir dhearcadh a múinteoirí féin i leith an méid ama a chaitear ar an nGaeilge ina scoil: 1985 agus 2002.

Dearcadh na múinteoirí i leith an méid ama a chaitear ar an nGaeilge ina scoil	An céatadán (SE) daltaí		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Ba cheart níos lú ama a chaitheamh ar an nGaeilge	21.4% (4.46)	34.6% (4.05)	+13.2%
Tá an méid ama a chaitear díreach i gceart	70.0% (5.69)	56.7% (4.24)	-13.3%
Ba cheart níos mó ama a chaitheamh ar an nGaeilge	7.6% (3.40)	6.5% (2.31)	-1.1%
In easnamh	1.1% (1.07)	2.1% (1.24)	+1.0%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N 1985 = 2060, N 2002 = 3037.

Tá sonraí i dTábla 7.6 faoi ghné eile de thuairim na múinteoirí ar an nGaeilge – an méid ama a chaitear uirthi. Cé go raibh múinteoirí ag formhór na ndaltaí i 2002 a cheap go raibh an méid ama díreach i gceart (56.7%) nó i mionlach de chásanna ar mhaith leo níos mó ama a bheith ann (6.5%), bhí méadú ó 21.4% i 1985 go dtí 34.6% i 2002 ar an gcéatadán daltaí ar chreid a múinteoirí gur chóir *níos lú* ama a chaitheamh uirthi – difríocht atá suntasach go staitistiúil de 13.2%. Mar a áitimid sa chéad chaibidil eile, is tábhachtaí arís eile an t-ardú seo ó tharla go bhfuil dóchúlacht láidir ann cheana – cé go bhféadfadh sé a bheith deacair é sin a chruthú go críochnúil – gur thit an croí-am iarbhír ar an nGaeilge i mbunscoileanna go substaintiúil idir 1985 agus 2002.

Tábla 7.7 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir mheasúnú a múinteoirí féin ar thuairim fhormhór na dtuismitheoirí maidir leis an méid ama a chaitear ar mhúineadh na Gaeilge: 1985 agus 2002.

Tuairim na dtuismitheoirí ar an méid ama a chaitear ar an nGaeilge (measúnú an mhúinteora)	An céatadán (SE) daltaí		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Bíonn tuismitheoirí ag iarraidh go gcaithfí níos lú ama ar an nGaeilge	13.4% (3.97)	29.8% (3.91)	+16.4%
Tá tuismitheoirí sásta leis an méid ama a chaitear ar an nGaeilge	85.6% (4.05)	63.4% (4.12)	-22.2%
Bíonn tuismitheoirí ag iarraidh go gcaithfí níos mó ama ar an nGaeilge	0.5% (0.54)	0%	-0.5%
In easnamh	0.4% (0.44)	6.8% (2.28)	+6.4%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N 1985 = 2060, N 2002 = 3037.

Chonaic múinteoirí athrú i ndearcadh na dtuismitheoirí idir 1985 agus 2002 maidir leis an méid ama a chaitear ar an nGaeilge (Tábla 7.7). Sa bhliain 1985, bhí múinteoirí

ag 13.4% de na daltaí a chreid go raibh tuismitheoirí ag iarraidh go gcaithfí níos lú ama ar an nGaeilge, céatadán bhí níos mó ná dúbailte go dtí 29.8% faoi 2002. Tá an difríocht de 16.4% suntasach go staitistiúil. Ag comhfhreagairt dó sin, bhí meath substaintiúil idir 1985 agus 2002 ar an gcéatadán daltaí ar chreid a múinteoirí go raibh na tuismitheoirí sásta leis an méid ama a caitheadh ar an nGaeilge. Tá an meath de 22.2%, ó 85.6% go dtí 63.4%, suntasach go staitistiúil. Mar a fheicimid níos déanaí, áfach, níl gach a gcreideann na múinteoirí faoi dhearcadh na dtuismitheoirí ar an méid ama a chaitear ar an nGaeilge sa scoil ag teacht le tuairimí na dtuismitheoirí féin.

Athruithe ar dhearcadh na múinteoirí agus ar mhúineadh trí Ghaeilge: 1985 agus 2002

Tugann Tábla 7.8 sonraí ar an tábhacht choibhneasta atá le seacht bhfachtóir sa tionchar a bhíonn acu ar an méid ama a chaitheann múinteoir ag múineadh Gaeilge agus an méid béime a chuireann sé/sí uirthi go ginearálta sa seomra ranga. Is ábhar spéise iad na sonraí seo mar gur léirigh taighde roimhe seo, bunaithe ar shuirbhé 1985 (Harris & Murtagh, 1988a,b), go raibh nasc láidir idir tuairimí na múinteoirí ar an gceist seo agus inniúlacht na ndaltaí féin sa Ghaeilge labhartha agus le roinnt athróg múinteoireachta eile a bhfuil baint acu féin le hinniúlacht Gaeilge na ndaltaí (m.sh. an méid teagaisc trí mheán na Gaeilge a dhéanann an múinteoir lasmuigh den rang Gaeilge féin). D'iarr an cheist ar a bhfuil na sonraí bunaithe ar na múinteoirí na fachtóirí a rátú ar scála 7 bpointe, ag réimsiú ó 'an fachtóir is mó a théann i bhfeidhm ort' go dtí an ceann 'is lú a théann i bhfeidhm ort'.

Liostaíonn Tábla 7.8 na céatadáin de dhaltaí ar thug a múinteoirí i 1985 agus i 2002 an chéad chéim do gach ceann de na seacht bhfachtóir a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm orthu. Sa dá bhliain, tá an céatadán is mó daltaí ag gabháil le múinteoirí a deir gurb é a ndearcadh agus a dtuairim féin an cinntitheach is tábhachtaí maidir lena gcinntí i leith na Gaeilge. I 1985, bhí múinteoirí ag 45.6% de na daltaí a rangaigh é sin ar an gcéad fhachtóir, ach bhí sé sin tite go dtí 30.7% sa bhliain 2002. Tá an meath de 14.9% suntasach go staitistiúil. Tá an meath sin cothromaithe amach ag an méadú suntasach de 13.6% i 2002 sa chéatadán de dhaltaí ar luaigh a múinteoirí 'polasaí oifigiúil (na Roinne Oideachais & Eolaíochta) ar mhúineadh na Gaeilge' mar an fachtóir is mó a chinn a gcinntí faoin méid ama a chaitear leis an nGaeilge agus an bhéim a chuirtear uirthi. Tá an t-ardú ó 14.6% i 1985 go dtí 28.2% i 2002. Ciallaíonn na hathruithe go bhfuil an dá fhachtóir sin, tuairim/dearcadh na múinteoirí féin agus polasaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, beagnach ar chomhchéim tábhachta i 2002 – tá múinteoirí ag 30.7% de na daltaí a chuireann a ndearcadh agus a dtuairim féin ar dtús agus tá 28.2% a bhfuil múinteoirí acu a chuireann polasaí oifigiúil na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun tosaigh. Níl aon athrú atá suntasach go staitistiúil in imeacht ama ag gabháil le haon fhachtóir eile. Is iad na fachtóirí lena mbaineann na céatadáin is lú i 1985 agus i 2002 ná (a) tuairimí agus dearcadh na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge agus (b) dearcadh ginearálta na múinteoirí eile sa scoil i leith na Gaeilge. Míniú amháin a d'fhéadfadh a bheith leis sin do thuairimí agus dearcadh na dtuismitheoirí ná, ó tharla go mbíonn múinteoirí níos dearfaí faoin nGaeilge ná tuismitheoirí de ghnáth, go mb'fhéidir go measann na múinteoirí gur orthusan beagnach go hiomlán seachas ar thuismitheoirí a luíonn an tionscnamh béim a leagan ar chur chun cinn na Gaeilge sa scoil.

Tábla 7.8 An céatadán de dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir na bhfachtóirí is mó a théann i bhfeidhm ar an mbéim a chuireann a múinteoir ar an nGaeilge tríd is tríd sa seomra ranga: 1985 agus 2002.

An fachtóir is mó a théann i bhfeidhm ar an mbéim a chuireann an múinteoir ar an nGaeilge (tuairisc an mhúinteora féin)	An céatadán (SE) daltaí		Difríocht (2002 - 1985)
	1985	2002	
Mo dhearcadh agus mo thuairim féin faoin nGaeilge	45.6% (5.37)	30.7% (3.88)	-14.9%
Polasaí Oifigiúil (na Roinne Oideachais & Eolaíochta) ar mhúineadh na Gaeilge	14.6% (4.04)	28.2% (3.61)	+13.6%
Cumas acadúil na ndaltaí i gcoitinne	23.9% (4.73)	13.9% (2.68)	-10.0%
Polasaí na scoile i leith na Gaeilge	6.6% (2.60)	13.3% (3.11)	+6.7%
Dearcadh na ndaltaí féin i leith na Gaeilge	4.9% (2.81)	8.3% (2.22)	+3.4%
Tuairimí/dearcadh na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge sa scoil	3.3% (0.49)	5.7% (2.04)	+2.4%
Dearcadh ginearálta na múinteoirí eile sa scoil i leith na Gaeilge	1.2% (1.20)	0%	-1.2%

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N 1985 = 2060, N 2002 = 3037. Níl sonraí a bhí in easnamh san áireamh sna céatadáin ríofa.

Tá gné eile den athrú seo suntasach. Sa bhliain 1985, bhí inniúlacht i nGaeilge labhartha 45.6% de dhaltaí ar chuir a múinteoirí a ndearcadh/duairim féin i leith na Gaeilge ar dtús go substaintiúil níos airde ná inniúlacht na ndaltaí ar mó tábhachta leo fachtóirí eile. Ba é an meán den chéatadán ceart ar Thriail Éisteachta na Gaeilge, mar shampla ná 67.7% (EC=1.77) do na daoine sin a ndúirt a múinteoirí gur mó a chuaigh a ndearcadh/duairimí féin i bhfeidhm orthu agus ba 59.5% (EC=2.11) a bhí ann dóibh siúd a ndúirt a múinteoirí gur fachtóirí eile ba mhó a chuaigh i bhfeidhm orthu. Ar Thriail Labhartha na Gaeilge, ba iad na meáin den chéatadán ceart chomhfhreagracha ná 51.1% (EC=2.47) agus 39.7% (EC=2.98) faoi seach. Tá na difríochtaí sin in inniúlacht daltaí araon suntasach go staitistiúil. I 2002, áfach, ní amháin go raibh crapadh substaintiúil ó 1985 sa chéatadán daltaí arbh é an príomhspreagadh a bhí ag a múinteoirí ná a ndearcadh/duairim féin i leith na Gaeilge, ach níl inniúlacht Éisteachta, Labhartha agus Léitheoireachta na Gaeilge an ghrúpa sin difriúil go suntasach a thuilleadh ó ghníomhaíocht na ndaltaí a raibh breithnithe eile ceannasach ó thaobh a gcuid múinteoirí. Is dealraitheach sa bhliain 2002, nach raibh dearcadh agus tuairim an mhúinteora féin i leith na Gaeilge ina fhachtóir chomh mór sin ó thaobh inniúlacht na Gaeilge de agus a bhí i 1985.

Tugann Tábla 7.9 sonraí ar cibé ar chaith múinteoirí i ngnáthscoileanna am gach seachtain ag múineadh ábhair seachas Gaeilge trí Ghaeilge. Tá múineadh trí Ghaeilge lasmuigh den croícheacht Ghaeilge, ar ndóigh, ar cheann de na príomhbhealaí a bhféadfadh éifeacht a bheith ag ‘dearcadh/tuairim an mhúinteora féin’ ar inniúlacht an dalta. Léiríonn staitisticí oifigiúla na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a foilsíodh in *Tuarascáil Staitistiúil* do na blianta a bhfuilimid ag trácht orthu anseo – atá luaite níos túsce i gCaibidil 3 (Tábla 3.13) – laghdú substaintiúil i múineadh trí mheán na Gaeilge idir 1985 agus 2002. Taispeánann sonraí na Roinne go raibh 55.1% de na daltaí i 1985

agus 64.65% i 2002 sa chatagóir ‘ní thugtar aon am’ (‘gach rang á mhúineadh trí Bhéarla’). Sa suirbhé seo, fuarthas amach go raibh céatadán beagán níos lú de dhaltáí don dá thréimhse ama a bhí i ranganna nár chaith aon am ar theagasc trí mheán na Gaeilge - 46.2% do 1985 agus 56.4% do 2002. Cé go raibh an t-ardú sa chéatadán daltaí i ngnáthscoileanna ar thuairisc a gcuid múinteoirí nár caitheadh aon am ag múineadh trí Ghaeilge a dhath ar éigean níos mó sa staidéar seo (56.4% - 46.2% = 10.2%) ná sna figiúirí comhfhreagracha de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (64.7% - 55.1% = 9.6%), níl an t-athrú suntasach i gcás an staidéir seo. Ag comhfhreagairt dó sin, níl an laghdú de 8.5% sa chéatadán daltaí a ndéanann a múinteoirí roinnt teagaisc trí mheán na Gaeilge – ó 49.5% i 1985 go dtí 41% i 2002 – níl sé suntasach ach oiread. Léirigh staitisticí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, bunaithe ar shonraí de chineál daonáirimh ó scoileanna, treocht shoiléir, áfach, agus tacaítear leis sin leis an treocht láidir sa treo chéanna sa staidéar seo. Tá sé tábhachtach cuimhneamh freisin air go gclúdaíonn staitisticí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta na ranganna go léir (ní díreach rang a sé faoi mar atá in ár gcás) agus gur dócha go léiríonn na tionchair dhearfacha theagasc trí mheán na Gaeilge a fheictear in aon rang amháin iarmhairtí an teagaisc sin a bheith ag tarlú le roinnt blianta.

Tábla 7.9 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna a múintear ábhair eile, seachas Gaeilge, dóibh trí Ghaeilge ar feadh roinnt ama gach seachtain, nó nach ndéantar sin ar chor ar bith: 1985 agus 2002.

Am a caitheamh le múineadh trí Ghaeilge (tuairisc na múinteoirí)	An céatadán (<i>SE</i>) daltaí		Difríocht (2002 -1985)
	1985	2002	
Gan aon am	46.2% (5.39)	56.4% (4.13)	+10.2%
Roinnt ama	49.5% (5.52)	41.0% (4.05)	-8.5%
In easnamh	4.3% (2.31)	2.7% (1.34)	-1.6%

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (1985) = 2060, N (2002) = 3037.

Chun an gaol idir inniúlacht daltaí i nGaeilge, ar láimh amháin, agus na leibhéil teagaisc trí mheán na Gaeilge i 1985 agus 2002 ar an láimh eile a scrúdú, déanaimid comparáid idir inniúlacht daltaí (méanscóir céatadán in Éisteacht na Gaeilge nó i Labhairt na Gaeilge) do dhá leibhéal de theagasc trí mheán na Gaeilge ag gach pointe ama. Ba iad an dá leibhéal de theagasc trí mheán na Gaeilge a bhí in úsáid sna comparáidí sin: (i) daltaí a fuair leibhéal ísle de theagasc trí mheán na Gaeilge (gan aon am nó níos lú ná uair an chloig) agus (ii) daltaí a fuair leibhéal níos airde (uair an chloig nó níos mó). I ngach ceann de na ceithre chomparáid (ceann don Éisteacht agus ceann don Labhairt i 1985 agus 2002) bhí na méanscóir inniúlachta Gaeilge níos airde ná an t-ardleibhéal teagaisc trí mheán na Gaeilge. Bhí trí cinn de na comparáidí suntasach go staitistiúil ($p < .05$) agus an ceann eile suntasach go himeallach ($p < .10$). Ba 62.1 (EC=1.53) a bhí sa meán den chéatadán ceart ar Éisteacht na Gaeilge don íseal-leibhéal teagaisc trí mheán na Gaeilge i 1985 agus ba 69.5% (EC =2.77) a bhí ann don ardleibhéal, difríocht de 7.4% atá suntasach. Do Labhairt na Gaeilge don bhliain chéanna sin, ba iad na meáin chomhfhreagracha ná 61.2% (EC =4.05) agus 42.5% (EC =1.98), difríocht atá suntasach go staitistiúil de 18.7%. I 2002, ba 44.3% (EC =0.68) a bhí sa meán den chéatadán ceart ar Éisteacht na Gaeilge don íseal-leibhéal teagaisc trí mheán na Gaeilge agus ba 50.2% (EC =2.18) a bhí ann don ardleibhéal, difríocht de 5.9% atá suntasach. Ar deireadh, do Labhairt na Gaeilge ba

31.2% (EC =1.68) agus 42.7% (EC =4.79) a bhí sna meáin, difríocht de 11.5% atá suntasach go himeallach ($p < .10$).

Tabharfaidh cúpla sampla ó shonraí 2002 léiriú éigin ar an gciall a d'fhéadfadh a bheith leis na difríochtaí sin i meán den chéatadán ceart ó thaobh leibhéil shainmhínte fheidhmíocht na ndaltaí (m.sh. máistreacht agus teip) ar chuspóirí sainiúla a bhfuil tuairisc orthu i gCaibidlí 3 agus 4. I ngach cás, cuirimid sonraí ar dhifríochtaí suntasacha ($p < .05$) idir feidhmíocht na ndaltaí san ísealghrúpa mheán na Gaeilge agus san ardghrúpa mheán na Gaeilge ar chuspóirí sainiúil i láthair. Mar shampla, ba é an céatadán daltaí a bhain máistreacht amach i *dTuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* san ísealghrúpa teagaisc trí mheán na Gaeilge agus san ardghrúpa teagaisc trí mheán na Gaeilge ná 6% agus 15.6% faoi seach, difríocht shuntasach de 9.6%. Don *Foclóir éisteachta* ba 4.2% agus 13.5% faoi seach a bhí sna céatadáin, difríocht de 9.3%. Tá difríocht shuntasach freisin sna céatadáin ar theip orthu sa dá chuspóir sin san ísealghrúpa mheán na Gaeilge agus san ardghrúpa mheán na Gaeilge - 14% don *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* (38.6% - 24.6%) agus 18.9% don *Foclóir éisteachta* (45.1% - 26.2%).

I gcás cuspóirí Labhartha na Gaeilge, ba 16% (29.8% - 45.8%) an difríocht a bhí sna céatadáin san ardghrúpa mheán na Gaeilge agus san ísealghrúpa mheán na Gaeilge a bhain máistreacht amach ar chuspóir rang a dó *Cumarsáid*. Ba iad na difríochtaí eile a bhí suntasach go staitistiúil sna céatadáin a bhain máistreacht amach i gcuspóir ar leith Labhartha na Gaeilge sa dá ghrúpa ná 13.9% (*Cruinnúsáid comhréire i ráitis*), 11.2% (*Cruinnúsáid dheilbhíocht na réamhfhocail*), agus 8.5% (*Foclóir cainte*).

Athruithe a chonacthas i gcaighdeán Gaeilge na ndaltaí idir 1985 agus 2002

Tugann Tábla 7.10 sonraí ar thuairimí na múinteoirí maidir le caighdeán inniúlacht labhartha sa Ghaeilge agus i léitheoireacht na Gaeilge thar thréimhse 15 bliain (nó ó thosaigh siad ag múineadh). Is ábhar spéise an fhaisnéis seo, chomh maith le bheith tábhachtach ina ceart féin, mar gheall ar na hathruithe substaintiúla a tharla idir 1985 agus 2002 in inniúlacht in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge i ngnáthscoileanna a bhfuil tuairisc orthu i gCaibidlí 3 agus 4. Bhí tromlach mór de na daltaí i ngnáthscoileanna (76.6%) á múineadh ag múinteoirí a chreid go raibh caighdeán inniúlacht labhartha na ndaltaí tar éis meath, agus ní raibh ach 5.3% ann a raibh múinteoirí acu a chreid go raibh na caighdeáin feabhsaithe. Is mór an chodarsnacht atá ag na torthaí sin le torthaí na dtrí shuirbhé náisiúnta a rinneadh sna 1970idí nuair a bhí an cion múinteoirí a cheap go raibh meath ann agus an cion a cheap go raibh feabhsúchán ann i bhfad níos cothroime.¹⁸ I gceann díobh sin, léirigh na freagraí ar cheist maidir le caighdeán ginearálta oilteachta i nGaeilge na ndaltaí gur cheap 48% de na múinteoirí go raibh meath ann, cheap 13% nach raibh aon athrú ann agus cheap 39% go raibh feabhas ann (Ó Domhnalláin & Ó Gliasáin, 1976). I staidéar eile, is é an toradh a bhí ar cheist faoin tslí a raibh caighdeáin Ghaeilge labhartha athraithe ná an patrún freagraí seo a leanas: meath (42%), gan athrú (14%) agus feabhsaithe (36%) (CMÉ, 1976). I suirbhé eile fós, bhreithnigh 38% de phríomhoidí go raibh meath tagtha ar chaighdeán na

¹⁸ Is beag difríocht atá idir na céatadáin a ríomhadh ag leibhéal an dalta, mar atá sa chás seo, agus na céatadáin ag leibhéal an mhúinteora mar a bhí sna staidéir níos túisce atá luaite anseo. Mar shampla, ba iad na céatadáin de *mhúinteoirí* a cheap go raibh meath in oilteacht labhartha ná 76.1% do ghnáthscoileanna, 29.2% do scoileanna lán-Ghaeilge agus 71.5% do scoileanna Gaeltachta. Is iad na céatadáin chomhfhreagracha a ríomhadh ag leibhéal na ndaltaí (Tábla 7.10) ná 76.6%, 29.3% agus 68.1%.

Gaeilge labhartha sna hardranganna i mbunscoileanna agus mheas 34% díobh go raibh siad feabhsaithe (Fontes & Kellaghan, 1977).

Tábla 7.10 An céatadán de dhaltáí rang a sé de réir mheasúnú a múinteoirí féin ar chaighdeán ginearálta oilteacht labhartha na ndaltaí i nGaeilge in imeacht tréimhse 15 bliana: Gnáthscoileanna, scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta.

Athruithe i gcaighdeán Ghaeilge labhartha na ndaltaí (measúnú an mhúinteora)	An céatadán (SE) daltaí		
	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
Tá ísliú tagtha ar chaighdeán na Gaeilge labhartha	76.6% (3.52)	29.3% (9.47)	68.1% (8.61)
Níl aon athrú ar chaighdeán na Gaeilge labhartha	15.2% (3.11)	34.6% (11.24)	21.1% (7.12)
Tá feabhas tagtha ar chaighdeán na Gaeilge labhartha	5.3% (1.89)	27.0% (9.89)	10.8% (4.79)
In easnamh	2.9% (1.47)	9.1% (5.83)	0%

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (Gnáth) = 3037, N (Lán-Ghaeilge) = 683, N (Gaeltacht) = 583.

Is féidir a fheiceáil i dTábla 7.10 gur cosúla an patrún athraithe i scoileanna lán-Ghaeilge leis an bpatrún sna trí shuirbhé a rinneadh roimhe sin: i scoileanna lán-Ghaeilge tá na céatadán daltaí a bhfuil múinteoirí acu a mheasann go bhfuil meath ar inniúlacht labhartha agus na céatadán a bhfuil múinteoirí acu a mheasann go bhfuil feabhas ag teacht uirthi mórán comhionann. Is cuid suntais freisin, go bhfuil tromlach substaintiúil de dhaltáí i scoileanna Gaeltachta (68.1%) a bhfuil múinteoirí acu a cheapann go bhfuil meath tagtha ar chaighdeán in oilteacht labhartha, cé go bhfuil sé sin fós níos ísle ná an céatadán do ghnáthscoileanna agus gur lú go mór an bhearna idir an céatadán don ‘íslíú’ agus an céatadán don ‘fheabhas’ (68.1% - 10.8% = 57.3%) ná i ngnáthscoileanna (76.6% - 5.3% = 71.3%). Ar an iomlán, tagann gach a gceapann na múinteoirí anseo le patrún foriomlán na dtorthaí a léiríodh leis na trialacha inniúlachta do Labhairt agus Éisteacht na Gaeilge, agus treisíonn sé iad, - go bhfuil meath substaintiúil tagtha ar fheidhmíocht na ndaltaí sa dá réimse sin i ngnáthscoileanna, gur beag athrú atá tarlaithe i scoileanna lán-Ghaeilge agus go bhfuil leibhéal meatha idir eatarthu i scoileanna Gaeltachta.

Is léir i gcás Léitheoireacht na Gaeilge (Tábla 7.11) nach bhfaca múinteoirí i ngnáthscoileanna meath i gcaighdeán ar an scála céanna. Cé go bhfuil an céatadán daltaí a bhfuil múinteoirí acu a mheas gur tháinig meath ar chaighdeán léitheoireachta (46.0%) i bhfad níos mó ná an céatadán de mhúinteoirí a cheap gur tháinig feabhas (6.7%), tá an céatadán don ‘íslíú’ (46.0%) fós i bhfad níos lú ná sin i gcás oilteacht labhartha (76.6%). Tá tuairim na múinteoirí gur lú atá caighdeán Léitheoireachta na Gaeilge íslithe ag teacht, b’fhéidir, le roinnt athruithe a rinneadh i modhanna agus ábhair i ndeireadh na a1980idí agus na 1990idí. I rith na tréimhse sin, thosaigh an cur chuige i leith mhúineadh na Gaeilge ag baint níos mó úsáide as leabhair chúrsa de réir a chéile. D’fhéadfadh an t-athrú seo, cibé faoi na fiúntais eile a bheadh leis, tionchar a bheith aige, i gcás léitheoireachta, ar mhaolú a dhéanamh ar aon mheath ginearálta i gcaighdeán. Faraor, de bhrí nach bhfuil sonraí thriail

inniúlachta againn do Léitheoireacht na Gaeilge i 1985, ní féidir linn comparáid a dhéanamh idir torthaí na trialach agus tuairimí na múinteoirí. Mar gheall ar an gcongruacht idir torthaí na trialach inniúlachta agus dearcaí na múinteoirí i gcás Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge, áfach, is dócha go léireoidh dearcaí na múinteoirí fírinne na n-athruithe sna caighdeáin i gcás Léitheoireacht na Gaeilge.

Tábla 7.11 An céatadán de dhaltáí rang a sé de réir mheasúnú a múinteoirí féin ar chaighdeán ginearálta léitheoireachta na ndaltaí i nGaeilge in imeacht tréimhse 15 bliana: Gnáthscoileanna, scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta.

Athruithe i léitheoireacht Ghaeilge na ndaltaí (measúnú na múinteoirí)	An céatadán (SE) daltaí		
	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
Tá ísliú tagtha ar an gcaighdeán léitheoireachta sa Ghaeilge	46.0% (4.75)	8.6% (4.44)	42.1% (7.61)
Níl aon athrú tagtha ar an gcaighdeán léitheoireachta sa Ghaeilge	42.4% (4.53)	56.6% (11.40)	46.4% (6.35)
Tá feabhas tagtha ar an gcaighdeán léitheoireachta sa Ghaeilge	6.7% (2.30)	25.7% (9.89)	11.6% (3.71)
In easnamh	5.0% (1.91)	9.1% (5.83)	0%

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N (Gnáth) = 3037, N (Lán-Ghaeilge) = 683, N (Gaeltacht) = 583.

Tá na sonraí ar mheasúnú na múinteoirí maidir leis na hathruithe i gcaighdeáin Léitheoireachta Gaeilge i scoileanna Gaeltachta an-chosúil leo sin do ghnáthscoileanna, cé go bhfuil an céatadán de dhaltáí a measann a múinteoirí go bhfuil meath i scoileanna Gaeltachta (42.1%) cúpla pointe níos ísle, agus tá an céatadán a measann a múinteoirí go bhfuil feabhas tagtha beagán níos airde (11.6%), ná mar atá i ngnáthscoileanna. Is i scoileanna lán-Ghaeilge amháin a bhfuil an céatadán daltaí a measann a múinteoirí go bhfuil feabhas tagtha ar an gcaighdeán léitheoireachta sa Ghaeilge (25.7%) níos airde ná an céatadán de mhúinteoirí a mheasann go bhfuil ísliú tagtha air (8.6%). Seo sampla eile den staid idirmheánach atá ag scoileanna Gaeltachta idir gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge ar chúrsaí a bhaineann leis an nGaeilge.

An cur chuige nua cumarsáideach i leith mhúineadh na Gaeilge

Ar deireadh, cuireadh roinnt ceisteanna ar mhúinteoirí faoi *Churaclam na Bunscoile* (CNCM, 1999a,b). Tagrófar go hachomair anseo do na freagraí ar dhá cheist – ceann amháin a bhaineann le feidhmiú an chur chuige nua cumarsáideach i leith mhúineadh na Gaeilge, an ceann eile maidir le cibé ar chreid na múinteoirí go n-athródh dearcadh na ndaltaí i leith na Gaeilge tar éis an curaclam athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Mar a tugadh ar aird thuas, ba chóir cuimhneamh go raibh *Clár Tacaíochta Churaclam na Bunscoile* d'oiliúint inseirbhíse agus laethanta pleanála scoile fós ar siúl nuair a rinneadh suirbhé 2002. Léirigh na freagraí ar an gcéad cheist go raibh múinteoirí ag 67.7% de na daltaí a raibh tús curtha cheana féin acu leis an gcur chuige nua, agus go raibh 25.3% nach raibh sin déanta ag a múinteoirí. Maidir leis an dara ceist, bhí

múinteoirí ag 69.6% de na daltaí a chreid go gcuirfí leis an taitneamh a bhaineann daltaí as an nGaeilge tar éis fheidhmiú an chur chuige nua agus bhí 24.2% díobh ar chreid a múinteoirí nach mbeadh aon athrú ann. Ní raibh ach 1.3% de dhaltaí ar cheap a múinteoirí go dtitfeadh an taitneamh a bhaineann na daltaí as an nGaeilge. Is fiú a lua gur léirigh sraith taighde agus staidéir forbartha ar mhúineadh cumarsáideach na Gaeilge ag an mbunleibhéal a rinneadh sular tugadh isteach *Curaclam na Bunscoile* go raibh dearcadh an-dearfach i measc daltaí i leith gníomhaíochtaí cumarsáideacha, agus go raibh leibhéal níos airde d’airde ranga agus spéis ranga sna seomraí ranga a raibh cion níos mó de ghníomhaíochtaí cumarsáide iontu agus go raibh leibhéal níos airde de rannpháirtíocht aonair an dalta iontu ná a bhí i seomraí ranga a raibh cion níos lú de ghníomhaíochtaí cumarsáideacha iontu (Harris et al, 1996a,b; Harris & Murtagh, 1999).

Tuairimí agus cleachtais Tuismitheoirí

Tuismitheoirí agus Gaeilge: Dearcaí, oilteacht agus minicíocht úsáide

Is le 2002 a bhaineann na sonraí go léir faoi le tuismitheoirí mar nach bhfuil aon sonraí comhfhreagracha againn do 1985. I dTábla 7.12, baineann na roghanna freagartha ar chlé le ceist a cuireadh ‘cén dearcadh atá agat i leith na Gaeilge i gcoitinne anois?’ I ngnáthscoileanna, ba í an chatagóir ba choitianta den fhreagra ná ‘neodrach’ (39.6%), agus go dlúth ina dhiaidh sin bhí ‘fabhrach’ (34.2%). Bhí céatadán bheaga ‘an-fhabhrach’, ‘mífhabhrach’ nó ‘an-mhífhabhrach’. Tá an chodarsnacht le dearcaí na dtuismitheoirí scoileanna lán-Ghaeilge, a bhí ag an dream ab fhabhraí de na trí phobal scoileanna, an-sonrach. Mar shampla, bhí 56.5% de thuismitheoirí scoileanna lán-Ghaeilge an-fhabhrach i dtreo na Gaeilge, i gcomparáid le 46.7% de thuismitheoirí Gaeltachta, agus 14.5% de thuismitheoirí gnáthscoileanna. Bhí 35.9% eile de thuismitheoirí lán-Ghaeilge fabhrach. Ní raibh ach 0.7% a bhí ar aon slí mífhabhrach.

Tábla 7.12 An céatadán de thuismitheoirí i dtrí phobal scoileanna de réir a ndearcadh ginearálta i leith na Gaeilge anois.

Dearcadh ginearálta na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge anois	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
An-Fhabhrach	14.5% (0.71)	56.5% (3.12)	46.7% (3.48)
Fabhrach	34.2% (0.97)	35.9% (2.56)	35.6% (2.42)
Neodrach	39.6% (0.96)	6.6% (0.98)	14.7% (2.03)
Mífhabhrach/An-mhífhabhrach	11.2% (0.67)	0.7% (0.35)	2.6% (0.80)
In easnamh	0.5% (0.13)	0.3% (0.22)	0.5% (0.42)

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Gnáth = 2744, N Lán-Ghaeilge = 609, N Gaeltacht = 575.

Bhí múinteoirí i ngnáthscoileanna i bhfad níos fabhraí i leith na Gaeilge ná a bhí tuismitheoirí. Trí chomparáid a dhéanamh idir na sonraí i dTábla 7.1 agus i dTábla 7.12, is léir cé go raibh 87.6% de dhaltaí á múineadh ag múinteoirí a raibh a ndearcadh pearsanta i leith na Gaeilge fabhrach nó an-fhabhrach, ní raibh ach 48.7% de thuismitheoirí a raibh dearcaí fabhracha den sórt céanna acu. Is í an fhianaise i gcoitinne ná go bhfuil ceangal go ginearálta ag leibhéal arda chumas Gaeilge – agus bheadh an claonadh i múinteoirí leibhéal arda chumas labhartha Gaeilge a bheith acu ar

chúiseanna gairmiúla agus ar chúiseanna eile – le dearcaí níos dearfaí (Ó Riagáin, 1997).

Mar a chonaiceamar i gCaibidil 6, bhí gaol suntasach ag cumas na dtuismitheoirí i nGaeilge agus a mhínice a úsáidtear Gaeilge le hinniúlacht in Éisteacht na Gaeilge, Labhairt na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge. Sa chaibidil sin, tugadh sonraí ar an dá athróg sin, i gcás gach ceann de na trí chineál scoile ar leithligh, go teagmhasach i gcomhthéacs anailíse ar na gaoil idir cumais tuismitheoirí agus a mhínice a bhíonn Gaeilge in úsáid ar láimh amháin agus inniúlacht an dalta in Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht na Gaeilge ar an láimh eile. Is í an ghné is cáis linn anseo ná patrún chumas labhartha agus minicíocht úsáide i measc na dtuismitheoirí iad féin, agus an tslí a n-athraíonn siad sin ar fud na dtrí phobal scoileanna. Breathnaímid ar dtús ar mheasúnú na dtuismitheoirí ar a gcumas féin Gaeilge a labhairt.

Taispeánann Tábla 7.13 go mbíonn an chatagóir lena luann an céatadán is mó tuismitheoirí iad féin difriúil de réir chineál scoile: ‘cúpla abairt shimplí’ i gcás tuismitheoirí gnáthscoileanna (37.7%), ‘codanna de chomhráite’ i gcás tuismitheoirí scoileanna lán-Ghaeilge (38.3%), agus ‘cumas an chainteora dúchais’ i gcás tuismitheoirí scoileanna Gaeltachta (37.2%). Is féidir a fheiceáil freisin go sannann iomlán cónasctha de 32% de thuismitheoirí gnáthscoileanna iad féin chuig ceann den dá chatagóir labhartha Gaeilge is ísle: ‘Gan aon Ghaeilge’ agus ‘corrfhocal’. D’fhéadfaí a lua go hachomair go rangáíonn tuismitheoirí gnáthscoileanna a gcumas Gaeilge beagán níos airde ná a dhéanann an pobal i gcoitinne lasmuigh de cheantair Ghaeltachta. Mar shampla, ba iad na céatadán den phobal i gcoitinne a rangaigh a gcumas labhartha mar ‘Gan aon Ghaeilge’ ná 18% agus mar ‘Corrfhocal’ ná 32% (Ó Riagáin & Ó Gliasáin, 1994). Mar sin, ba é an t-iomlán cónasctha den phobal i gcoitinne a chuir iad féin sa chatagóir is ísle chumas Gaeilge ná 50%, i gcomparáid le 32% de thuismitheoirí gnáthscoileanna. Tá roinnt cúiseanna a d’fhéadfadh a bheith leis an difríocht sin. Cean acu ná go mb’fhéidir go léiríonn tuismitheoirí a bhfuil leanaí acu sa bhunscoil teascán réasúnta óg den phobal i gcoitinne, agus gur dóchúla go mbeadh níos mó ama caite le hoideachas (staidéar na Gaeilge san áireamh) acu ná a bheadh déanta ag daoine níos sine. Féidearthacht eile ná go dtabharfadh tuismitheoirí a bhfuil a leanaí fós ar scoil faoina gcuid Gaeilge féin a athnuachan i mblianta seo na tuismitheoireachta gníomhaí agus ar an tslí sin go n-imíonn siad, fiú go sealadach, as na catagóirí an-ísle chumas Gaeilge.

Tábla 7.13 An céatadán de thuismitheoirí féin-mheasta i dtrí phobal scoileanna de réir a gcumas labhartha Gaeilge.

Cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
Gan aon Ghaeilge	10.8% (0.89)	1.8% (0.64)	3.3% (0.78)
Corrfhocal	21.2% (0.97)	8.2% (1.30)	8.1% (1.39)
Cúpla abairt shimplí	37.7% (1.18)	26.9% (1.65)	15.8% (2.19)
Codanna de chomhráite	22.6% (1.00)	38.3% (2.44)	19.9% (2.37)
An chuid is mó de chomhráite	6.2% (0.51)	18.7% (1.90)	14.1% (2.13)
Cumas an chainteora dúchais	1.0% (0.18)	5.8% (1.17)	37.2% (5.21)

In easnamh	0.6% (0.14)	0.4% (0.24)	1.7% (0.71)
------------	-------------	-------------	-------------

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Gnáth = 2744, N Lán-Ghaeilge = 609, N Gaeltacht = 575.

I gcomparáid le tuismitheoirí gnáthscoileanna, níor rangaigh ach 10% de tuismitheoirí lán-Ghaeilge agus 11.4% de thuismitheoirí Gaeltachta a gcumas labhartha chomh híseal le ‘Gan aon Ghaeilge’ nó ‘corrfhocal’ (Tábla 7.13). Á mheabhrú gur rangaigh 15.8% eile de thuismitheoirí Gaeltachta a gcumas labhartha mar ‘cúpla abairt shimplí’, tugann na sonraí seo le tuiscint go dtagann múinteoirí i scoileanna Gaeltachta trasna ar athrathas an-mhór i gcúlraí Gaeilge.

Bhí céatadáin shubstaintiúla de thuismitheoirí daltaí i ngnáthscoileanna a labhair go hannamh má labhair riamh i nGaeilge lena leanaí (33.1% ‘go hannamh’ agus 42.3% ‘riamh’) (Tábla 7.14). Féadfar comparáid a dhéanamh idir an céatadán cónasctha de na catagóirí úsáide ‘go hannamh’ agus ‘riamh’ (75.4%) leis an gcéatadán cónasctha sna trí chatagóir is ísle de chumas labhartha i measc tuismitheoirí gnáthscoileanna i dTábla 7.13 (69.7%). Is teirce i bhfad i scoileanna lán-Ghaeilge tuismitheoirí a bheith ag labhairt Gaeilge le minicíocht chomh híseal sin lena leanaí: cé gur ‘go hannamh’ a labhraíonn 25.5% de thuismitheoirí lán-Ghaeilge Gaeilge lena leanbh, níl ach 8.4% nach ndéanann ‘riamh’ é. Is i gcás na scoileanna Gaeltachta amháin a mbíonn céatadáin shubstaintiúla de thuismitheoirí ag labhairt Gaeilge lena leanbh mar rogha teanga gach lá – labhraíonn 22.6% Gaeilge ‘i gcónaí’ lena leanbh. Is é an cur síos is minice a roghnaíodh den mhinicíocht a mbíonn an Ghaeilge in úsáid leis an leanbh i scoileanna Gaeltachta, áfach, ná ‘anois agus arís’ (25.7%), an chatagóir chéanna de mhinicíocht úsáide is mó a roghnaigh tuismitheoirí lán-Ghaeilge (43.4%). Arís eile, cé nach bpléifimid an cheist go mion anseo, d’fhéadfaí a thabhairt ar aird, faoi mar atá le cumas na Gaeilge a pléadh níos túisce, gur thairfeadaigh tuismitheoirí gnáthscoileanna i suirbhé 2002 minicíochtaí beagán níos airde d’úsáid na Gaeilge sa bhaile ná a dhéanann an pobal i gcoitinne (Ó Riagáin & Ó Gliasáin, 1994).

Tábla 7.14 An céatadán de thuismitheoirí (freagróra) i dtrí phobal scoileanna de réir a mhinice a labhraíonn siad Gaeilge lena leanbh.

Labhraíonn tuismitheoir Gaeilge leis an leanbh -	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
I gcónaí	0.1% (0.09)	1.1% (0.55)	22.6% (4.76)
An-mhinic	1.0% (0.24)	5.2% (1.04)	8.1% (1.73)
Go minic	2.2% (0.29)	15.6% (1.97)	14.5% (2.39)
Anois agus arís	20.6% (0.82)	43.4% (1.73)	25.7% (2.78)
Go hannamh	33.1% (0.99)	25.5% (1.17)	17.7% (2.34)
Riamh	42.3% (1.28)	8.4% (1.45)	10.8% (1.89)
In easnamh	0.7% (0.15)	0.8% (0.45)	0.7% (0.45)

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Gnáth = 2744, N Lán-Ghaeilge = 609, N Gaeltacht = 575.

Nuair a iarradh cé chomh minic a labhair siad lena gcéile nó lena bpáirtneir i nGaeilge (níl na sonraí taispeánta i bhfoirm tábla), bhí céatadáin níos mó de thuismitheoirí nár thug aon fhreagra ar an gceist seo ná ar an gceist roimhe maidir le chomh minic a

labhraíonn siad Gaeilge leis an leanbh: 15.2% i ngnáthscoileanna, 14.8% i scoileanna Lán-Ghaeilge agus 10.3% i scoileanna Gaeltachta. Seachas na sonraí atá in easnamh, bhí claonadh ginearálta agus comhsheasmhach ann don tuismitheoir freagróra a thuirisciú gur minice a labhraíodh Gaeilge leis an leanbh ná le céile/páirtneír. Mar shampla, seo a leanas na céatadáin de thuismitheoirí nár labhair Gaeilge ‘riamh’ lena leanbh (leis an gcéatadán comhfhreagrach nár labhair Gaeilge riamh lena gcéile/bpáirtneír i lúibíní): gnáthscoileanna 42.3% (céile 52.8%); lán-Ghaeilge 8.4% (céile 31%); agus Gaeltacht 10.8% (céile 18.3%). Tugann na céatadáin chontrárthacha le tuiscint go ndéanann an tuismitheoir, agus b’fhéidir amanna gan mórán Gaeilge aige nó aici, iarracht roinnt Gaeilge ar a laghad a labhairt leis an leanbh. Tabhair ar aird go dtarlaíonn an *difríocht* is mó idir an céatadán tuismitheoirí nach labhraíonn Gaeilge ‘riamh’ lena leanbh agus nach labhraíonn Gaeilge ‘riamh’ lena gcéile/bpáirtneír i gcás scoileanna lán-Ghaeilge, ag léiriú b’fhéidir cúram níos mó i measc na dtuismitheoirí sin tacaíocht a thabhairt dá leanaí Gaeilge a labhairt.

I gceist leantach, fiafraíodh de thuismitheoirí ar labhair siad Gaeilge leis an leanbh níos minice anois ná nuair a bhí an leanbh níos óige. Ceann de na torthaí spéisiúla ná cé go ndúirt formhór na dtuismitheoirí Gaeltachta gur labhair siad Gaeilge chomh minic céanna anois agus nuair a bhí an leanbh níos óige (40.2%), i measc an chuid eile de na tuismitheoirí Gaeltachta, thuirisc céatadán níos airde gur labhair siad Gaeilge níos minice anois (24.8%) ná nuair a bhí an leanbh níos óige (12.3%). I gcás an dá chineál scoile eile, d’fhéadfaí neamhaird a dhéanamh den difríocht sna céatadáin a labhair Gaeilge níos minice anois ná nuair a bhí an leanbh níos óige. Is cuid suntais an claonadh i roinnt tuismitheoirí Gaeltachta *gan* Gaeilge a labhairt chomh minic le leanaí níos óige, cé nach bhfuil sé sin an-mhór go deo. Cé nach mbeadh údar maith le léirmhíniú daingean a bhaint as toradh scoite mar seo, tá an toradh ag teacht le feabhas sonrathach in inniúlacht leanaí Gaeltachta i labhairt na Gaeilge idir rang a dó agus rang a sé atá tuairiscithe ag Harris agus Murtagh (1987). Ní raibh a leithéid chéanna d’fheabhsú i measc leanaí scoile lán-Ghaeilge. Ceann den líon fachtóirí a d’fhéadfadh é a mhíniú agus a mheas Harris agus Murtagh a bheith fíor ná go bhféadfadh straitéis a bheith ag roinnt tuismitheoirí Gaeltachta a bhfuil oilteacht mhaith i nGaeilge acu níos mó Gaeilge a úsáid de réir a chéile sa bhaile de réir mar a bhíonn an leanbh ag piocadh suas Gaeilge ar scoil.

Mar achoimre, is féidir linn teacht ar an tátal go raibh próifíl ‘níos fearr’ ag tuismitheoirí lán-Ghaeilge ná tuismitheoirí gnáthscoileanna ó thaobh a gcumais féin Gaeilge a labhairt, a ndearcadh i leith na Gaeilge agus a mhinice a úsáideann siad Gaeilge sa bhaile. Bhí próifíl níos fearr ag tuismitheoirí lán-Ghaeilge freisin ná tuismitheoirí Gaeltachta, ar a laghad chomh fada agus a bhain sé le dearcaí i leith na Gaeilge. Ach bhí próifíl níos fearr ag tuismitheoirí Gaeltachta ná tuismitheoirí lán-Ghaeilge nó tuismitheoirí gnáthscoileanna ó thaobh an chumais Gaeilge a labhairt agus a mhinice a bhíonn Gaeilge á húsáid. Tá na patrúin ghinearálta sin tábhachtach ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, tá gaol suntasach idir na difríochtaí i gcumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt agus a mhinice a labhraíonn siad Gaeilge lena leanaí, mar a chonaiceamar i gCaibidil 6, agus inniúlacht na ndaltaí in Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht na Gaeilge i *ngach ceann* de na trí phobal scoileanna. Ar an dara dul síos, mar gheall ar na gaoil shuntasacha *laistigh* de gach pobal, agus mar gheall ar na difríochtaí móra *idir* na pobail sin ó thaobh chumas agus phróifíl úsáide Gaeilge na dtuismitheoirí, ciallaíonn sé go gcaithfear athróga tuismitheora chomh maith le nithe inmheánacha scoile, ar nós an méid teagaisc a dhéantar trí mheán na

Gaeilge, a chur san áireamh chun ciall a bhaint as na leibhéil choibhneasta inniúlachta sa Ghaeilge i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta. Ar an tríú dul síos, chun tuiscint iomlán a fháil ar thasc na scoile ó thaobh mhúineadh na Gaeilge, agus chun tuiscint a bheith ar na dúshláin a bhíonn ann do gach cineál scoile ó thaobh leibhéil arda inniúlachta daltaí sa Ghaeilge a bhaint amach, tá sé bunriachtanach go dtabharfaí tábhacht chuí do dhifríochtaí idir tuismitheoirí agus múinteoirí araon ina gcumas Gaeilge a labhairt agus ina ndearcadh i leith na teanga.

Tá sé tábhachtach freisin a threisiú cé go bhfuil próifíl de chumas labhartha agus minicíocht labhartha i bhfad níos fearr ag tuismitheoirí i scoileanna lán-Ghaeilge ná tuismitheoirí i ngnáthscoileanna, tá fianaise ann nach mbíonn feidhmíocht níos fearr na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge ag brath ar na buntáistí sin amháin nó fiú ag brath go príomha orthu. Tá an chonclúid seo bunaithe ar chomparáid idir na daltaí sin i scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil an phróifíl cumais agus úsáide tuismitheora *is laige* acu agus daltaí i ngnáthscoileanna a bhfuil na próifílí cumais agus úsáide tuismitheora *is láidre* acu.

Ba iad an dá ghrúpa daltaí a ndearnamar comparáid eatarthu

- Grúpa 1 ‘Cúlra míbhuntáisteach Gaeilge’. Daltaí i scoileanna *lán-Ghaeilge* a bhfuil cumas a dtuismitheoirí sa Ghaeilge ag leibhéal ‘Gan aon Ghaeilge/Corrfhocal/Cúpla abairt shimplí’ agus nach labhraíonn Gaeilge ‘riamh’, nó a labhraíonn Gaeilge ‘go hannamh’, lena leanbh.
- Grúpa 2 ‘Cúlra buntáisteach Gaeilge’. Daltaí i *ngnáthscoileanna* a bhfuil cumas a dtuismitheoirí i labhairt na Gaeilge ag leibhéal ‘an chuid is mó de chomhráite/cumas cainteora dúchais’ agus a labhraíonn Gaeilge lena leanbh ‘anois agus arís (nó níos minice)’ – an chatagóir is airde i ngnáthscoileanna a sholáthróidh dóthain leanaí chun comparáid fhiúntach a dhéanamh.

Léiríonn na torthaí go soiléir go bhfuil leibhéal feidhmíochta in Éisteacht na Gaeilge, Labhairt na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge ag daltaí ó ‘chúlra míbhuntáisteach Gaeilge’ i scoileanna lán-Ghaeilge atá i bhfad níos fearr ná leibhéal an ghrúpa ó ‘chúlra buntáisteach Gaeilge’ i ngnáthscoileanna go dtí méid atá suntasach go staitistiúil. Mar shampla, ba é an meán den chéatadán ceart ar Thriail Éisteachta na Gaeilge do dhaltaí ‘míbhuntáisteach Gaeilge’ i scoileanna lán-Ghaeilge ná 83.0% (EC =1.4) agus ba 53.6% (EC =1.23) a bhí ann do dhaltaí ‘buntáisteach Gaeilge’ i ngnáthscoileanna. Ba é an meán den chéatadán ceart ar Thriail Labhartha na Gaeilge do dhaltaí ‘míbhuntáisteach Gaeilge’ sa ghrúpa lán-Ghaeilge ná 79.5% (EC =3.05) agus ba 52.8% (EC =3.31) a bhí ann do dhaltaí ‘buntáisteach Gaeilge’ i ngnáthscoileanna.

Ní féidir ach oiread, áfach, inniúlacht níos fearr Gaeilge na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge a lua go príomha le cúlra oideachais agus socheacnamaíochta a dtuismitheoirí. Chun é sin a léiriú, rinneamar comparáid idir inniúlacht Ghaeilge na ndaltaí sin sna scoileanna lán-Ghaeilge ar lú de bhuntáiste a bhí acu maidir le cúlra oideachais agus socheacnamaíochta na dtuismitheoirí leis na daltaí i ngnáthscoileanna ar mhó de bhuntáiste a bhí acu sna téarmaí céanna sin. Ba iad an dá ghrúpa daltaí a ndearnadh comparáid idir a n-inniúlacht Gaeilge ná (1) daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge arbh é an Meánteistiméireacht an leibhéal ab airde oideachais ag a dtuismitheoirí agus a raibh cárta leighis acu le (2) daltaí i ngnáthscoileanna a raibh céim tríú leibhéal ag a dtuismitheoirí agus nach raibh cárta leighis acu. Arís, bhí feidhmíocht a bhí níos airde go substaintiúil

ag an ngrúpa ‘míbhuntáisteach’ lán-Ghaeilge ná a bhí ag an ngnáthghrúpa ‘buntáisteach’ i ngach ceann de na trí thriail Gaeilge. Mar shampla, ba é an meán den chéatadán ceart ar an Triail Léitheoireachta Nasc25-mír (an ceann a bhí i gcoiteann ag scoileanna lán-Ghaeilge agus ag gnáthscoileanna) ná 69.1% (EC =3.11) do ghrúpa ‘míbhuntáisteach’ lán-Ghaeilge ach ní raibh ann ach 45.2% (EC =0.89) don ghnáthghrúpa ‘buntáisteach’. D’Éisteacht na Gaeilge, ba iad na meáin ná 77.6% (EC =2.05) agus 51.4% (EC =0.93) faoi seach. Is beag amhras atá ann, dá bhrí sin, nach mbíonn a gcuireann na scoileanna lán-Ghaeilge le líofacht na ndaltaí ag brath ar aon slí shubstaintiúil ar an gcineál buntáistí teanga agus socheacnamaíochta a bhfuiltear díreach tar éis tuairisc a thabhairt air.

Comparáid idir dearcadh na dtuismitheoirí agus na múinteoirí i leith Gaeilge a bheith á múineadh ar scoil.

Déanann Tábla 7.15 comparáid idir dearcaí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí i leith Gaeilge a bheith á múineadh i ngnáthscoileanna. Tuairiscíodh na sonraí ar dhearcaí na múinteoirí níos tuisce i dTábla 7.4.

Tábla 7.15 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna de réir dharcadh a dtuismitheoirí agus a múinteoirí i leith Gaeilge a bheith á múineadh i mbunscoileanna.

Dearcadh i leith Gaeilge a bheith á múineadh sa bhunscoil	An céatadán (SE) daltaí	
	Dearcadh na dTuismitheoirí	Dearcadh na Múinteoirí
An-Fhabhrach/Fabhrach	67.4% (0.98)	81.3% (2.85)
Neodrach	22.4% (0.80)	12.5% (2.90)
Mífhabhrach/An-mhífhabhrach	9.8% (0.58)	5.5% (1.95)
In easnamh	0.5% (0.18)	0.7% (0.72)

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. Tuismitheoirí N = 2744, Múinteoirí N = 3037.

Is léir go bhfuil tromlach mór de thuismitheoirí (67.4%) fabhrach nó an-fhabhrach don Ghaeilge a bheith á múineadh, tá tromlach níos mó arís de leanaí ann (81.3%) a bhfuil dearcadh a múinteoirí fabhrach – agus sin in ainneoin an mheatha shuntasáigh a luadh níos tuisce ó 1985 sa chéatadán daltaí i ngnáthscoileanna a raibh a múinteoirí fabhrach don Ghaeilge a bheith á múineadh (féach Tábla 7.4).

I dTábla 7.16, déantar comparáid idir sonraí ar thuairimí na dtuismitheoirí féin faoin méid ama a chaitear ar an nGaeilge i scoileanna agus dhá thacar sonraí eile (a) tuairim phearsanta an mhúinteora ar an gceist agus (b) a *thuiscint/tuiscint* ar thuairim na dtuismitheoirí. Níl an chomparáid saor ó chastachtaí, mar go gcaithfidh foirm na ceiste a bheith beagán difriúil nuair a bhíonn staid na dtuismitheoirí á meas ag an múinteoir. Iarrtar ar an múinteoir an ‘barúil atá ag formhór tuismitheoirí daltaí rang a sé’ a mheas maidir leis an gceist ar an méid ama a chaitear ar an nGaeilge. Deir tromlach na dtuismitheoirí i dtuairisciú gach a gceapann siad féin go bhfuil an méid ama ‘díreach i gceart’ (72.5%). Mothaíonn 14.5% eile gur chóir níos lú ama a chaitheamh ar an nGaeilge, agus níl ach 10.4% ann a mhothaíonn gur chóir níos mó ama a chaitheamh léi.

Tábla 7.16 An céatadán de dhaltáí rang a sé i ngnáthscoileanna (2002) de réir bharúil a múinteoirí agus a dtuismitheoirí i leith an méid ama a chaitear ar an nGaeilge sa scoil.

Barúil ar an méid ama a chaitear ar an nGaeilge	An céatadán (SE) daltaí		
	Dearcadh na dTuismitheoirí	Tuairim na Múinteoirí féin	Tuiscint na Múinteoirí ar thuairim na dTuismitheoirí
Ba cheart níos lú ama a chaitheamh ar an nGaeilge	14.5% (0.58)	34.6% (4.05)	29.8% (3.91)
Tá an méid ama a chaitear ar an nGaeilge díreach i gceart	72.5% (0.93)	56.7% (4.24)	63.4% (4.12)
Ba cheart níos mó ama a chaitheamh ar an nGaeilge	10.4% (0.75)	6.5% (2.31)	0%
In easnamh	2.6% (0.30)	2.1% (1.24)	6.8% (2.28)

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. Tuismitheoirí N = 2744, Múinteoirí N = 3037.

Tá tuairimí na múinteoirí féin faoin méid ama a chaitear ar an nGaeilge (an dara colún), agus a dtuiscintí ar thuairimí na dtuismitheoirí, níos diúltaí ná tuairimí iarbhrí na dtuismitheoirí. Mar shampla, tá múinteoirí ag 34.6% de na daltaí arb é a dtuairim féin gur chóir níos lú ama a chaitheamh ar an nGaeilge sa scoil agus tá múinteoirí ag 29.8% díobh a chreideann go bhfuil ‘tuismitheoirí fhormhór’ daltaí rang a sé ag iarraidh go gcaithfí níos lú ama ar an nGaeilge. Ach is í an fhírinne nach bhfuil leath den chéatadán sin (14.5% de na tuismitheoirí) i ndáiríre den tuairim sin.

Cé go bhfuil a fhios againn ó shonraí a cuireadh i láthair níos túisce go bhfuil tuairimí na múinteoirí faoin méid ama a chaitear ar an nGaeilge ar scoil éirithe níos diúltaí, níl sonraí againn ar athruithe in imeacht ama ar thuairimí na dtuismitheoirí ar an gceist chéanna seo. Tá sonraí againn áfach, ó Kellaghan, McGee, Millar & Perkins ar athruithe in imeacht ama ar thuairimí an phobail i gcoitinne ar an mbéim a chuirtear ar an nGaeilge agus ar chultúr na Gaeilge mar sprioc oideachais. Is comparáid idir tuairimí i 1974 agus 2004 atá i gceist leis an staidéar. Cé go bhfuil an chomparáid déanta níos casta ag difríochtaí i bhfoclaíocht mhíreanna agus an leibhéal oideachais dá dtagraíonn siad (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), is cuid suntais gur laghdaigh an céatadán a mheas i 1974 go raibh an iomarca béime ar an nGaeilge ag an tráth úd (38%) faoi 2004 go dtí 8% don bhunleibhéal agus 9% don iar-bhunleibhéal. Ag comhfhreagairt dó sin, mhéadaigh an céatadán a mheas go raibh an bhéim ar an nGaeilge róbhéag ó 18% go dtí 35%/34% i rith na tréimhse céanna. Is é an rud is lú is féidir a rá ná nach bhfuil aon fhianaise ann d’athrú diúltach i dtuairim na dtuismitheoirí ar an nGaeilge sa scoil a bheadh ag comhfhreagairt don athrú i dtuairimí na múinteoirí atá taifeadta anseo.

Moladh agus spreagadh ó thuismitheoirí agus gach a gceapann an leanbh faoin nGaeilge

Sa roinn seo scrúdaímid sonraí a bhaineann le roinnt ceisteanna a iniúchann an gaol idir dearcadh an linbh i leith staidéar na Gaeilge sa Scoil (de réir thuiscint na dtuismitheoirí air) agus a mhéid a thacaíonn moladh ó thuismitheoirí ar dhul chun cinn an linbh leis an bhfiontar foghlama mar aon le deimhniú ó thuismitheoirí go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach.

Bhain na tuismitheoirí a thuairisc an dearcadh ba dhearfaí i leith staidéar na Gaeilge i measc a leanaí (Tábla 7.17) le scoileanna lán-Ghaeilge: Dúirt 71.9% gur thaitin sé lena leanbh, i gcomparáid le 59.9% de thuismitheoirí Gaeltachta agus 27.2% de thuismitheoirí gnáthscoileanna. Dúirt formhór tuismitheoirí leanaí i ngnáthscoileanna nach raibh aon ‘bharúil ar leith maidir le staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge’ ag a leanbh (40.6%) nó nár thaitin sí leo (30.8%).

Tábla 7.17 An céatadán de thuismitheoirí i dtrí phobal scoileanna de réir na slí a mthoáionn a leanbh tríd is tríd faoi staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa scoil.

Barúil an linbh faoi staidéar na Gaeilge	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
Is maith leis/léi a bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge	27.2% (1.12)	71.9% (2.75)	59.9% (3.36)
Níl aon bharúil ar leith aige/aici maidir le staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge	40.6% (1.07)	24.8% (2.51)	30.6% (2.58)
Ní maith leis/léi a bheith ag déanamh staidéir an an nGaeilge	30.8% (1.10)	3.0% (0.76)	8.4% (1.69)
In easnamh	1.4% (0.22)	0.3% (0.02)	1.1% (0.65)

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Gnáth = 2744, N Lán-Ghaeilge = 609, N Gaeltacht = 575.

Is cosúil go dtabharfadh na figiúirí seo le tuiscint go bhfeiceann na tuismitheoirí dearcadh a leanaí i leith staidéar na Gaeilge mar dhearcadh atá níos diúltaí ná a ndearcadh ginearálta féin i leith na teanga. Meabhraítear ó Thábla 7.12 gur lú tuismitheoirí (11.2%) a d’éiligh go raibh a ndearcadh féin ‘mífhabhrach’ nó ‘an-mhífhabhrach’ ná mar a thuairisc a leanaí nár thaitin staidéar na Gaeilge leo (30.8%). Is fíorbheag difríocht atá idir na tuismitheoirí agus na leanaí ina bhféadfaí dearcaí ‘neodracha’ a thabhairt orthu. Tá an céatadán de thuismitheoirí a thuairisc a ndearcadh ginearálta féin mar ‘neodrach’ (39.6%) beagnach mar a chéile leis an gcéatadán a deir nach raibh ‘aon bharúil ar leith’ ag a leanaí faoina bheith ag staidéar na Gaeilge (40.6%).

I gcás na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge, dúirt céatadán an-bheaga de thuismitheoirí nár thaitin staidéar na Gaeilge lena leanaí (8.4% agus 3% faoi seach) ach dúirt mionlaigh shubstaintiúla nach raibh aon ‘aon bharúil ar leith’ ag leanaí faoi (30.6% i scoileanna Gaeltachta agus 24.8% i scoileanna lán-Ghaeilge). Arís eile, chun críocha comparáide, tabhair ar aird gur lú tuismitheoirí Gaeltachta a raibh dearcaí acu i leith na Gaeilge a bhí ‘neodrach’ (14.7%) (Tábla 7.12) i gcomparáid leis an 30.6% atá ag gabháil leis an gcatagóir atá thart ar chomhionann ‘gan aon bharúil ar leith’ atá díreach luaite (Tábla 7.17). Ní raibh ach díreach 6.6% de na tuismitheoirí lán-Ghaeilge a rangaigh a ndearcadh féin i leith na Gaeilge mar neodrach (Tábla 7.12) i gcomparáid leis an 24.8% a mheas nach raibh aon bharúil ar leith ag a leanaí faoi fhoghlaim na teanga (Tábla 7.17).

Tugann Tábla 7.18 achoimre ar fhreagra na dtuismitheoirí ar cheist faoin dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge a fhéachann siad a spreagadh ina leanbh. Tá tuismitheoirí Gaeltachta an-dearfach ina leith sin, le 64.2% ag roghnú ‘Tugaim le tuiscint do mo pháiste go bhfuil an Ghaeilge an-tábhachtach’. Tá an cion de thuismitheoirí lán-Ghaeilge a chuireann béim ar thábhacht na Gaeilge beagán níos lú ach fós is tromlach atá ann (55%). Chuir díreach faoin tríú cuid de thuismitheoirí gnáthscoileanna (32.5%) an dearcadh seo chun cinn. Dúirt cion, ar féidir neamhaird a dhéanamh de, de thuismitheoirí i ngach ceann de na trí chineál scoil go molann siad dá leanaí gan a bheith dúthrachtach i

leith na Gaeilge. D'fhág dhá thrian de thuismitheoirí gnáthscoileanna, áfach, faoin leanbh féin é a d(h)earcadh féin i leith na Gaeilge a chothú. D'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil dearcadh 'éighníomhach' thromlach na dtuismitheoirí gnáthscoileanna an-tábhachtach go díreach mar gheall go bhfuil a leanaí ag freastal ar ghnáthscoileanna seachas ar scoileanna lán-Ghaeilge nó scoileanna Gaeltachta. Is é is dóichí go bhfuil leanaí Gaeltachta ag teacht trasna ar an nGaeilge mar theanga bheo lasmuigh den scoil, agus go bhféadfadh an cinneadh leanaí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge ann féin a bheith á thuiscint ag an leanbh mar dheimhniú ar an tábhacht a chuireann an tuismitheoir leis an nGaeilge. I ngnáthscoileanna, áfach, ó tharla nach bhfuil ceachtar de na fachtóirí sin ann, d'fhéadfadh an dearcadh ceannasach an Ghaeilge a fhágáil faoin leanbh féin a bheith níos tábhachtaí maidir le dearcadh iomlán an linbh ar an teanga a chinneadh.

Tábla 7.18 An céatadán de thuismitheoirí i dtrí phobal scoileanna de réir an dearcadh ghinearálta i leith na Gaeilge a fhéachann siad lena spreagadh ina leanbh.

An dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge a spreagann na tuismitheoirí	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
Tugaim le tuiscint do mo pháiste go bhfuil an Ghaeilge an-tábhachtach	32.5% (1.04)	55.0% (2.13)	64.2% (2.66)
Fágaim faoi mo pháiste é a d(h)earcadh féin i leith na Gaeilge a chothú	66.2% (1.02)	44.3% (2.09)	34.3% (2.73)
Molaim do mo pháiste gan a bheith dúthrachtach i leith na Gaeilge	0.7% (0.20)	0.1% (0.12)	0.4% (0.27)
In easnamh	0.6% (0.14)	0.6% (0.40)	1.2% (0.52)

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Gnáth = 2744, N Lán-Ghaeilge = 609, N Gaeltacht = 575.

Mír eile de thacaíocht tuismitheora don Ghaeilge, agus ceann a bhfuil gné níos pearsanta ann don leanbh, ná moladh do dhul chun cinn ar scoil. Taispeánann Tábla 7.19, do gach ceann den ocht ngné de Bhéarla, Gaeilge, Matamaitic agus Obair Thionscadail, cé chomh minic a mholann tuismitheoirí dul chun cinn a leanaí i ngnáth-bhunscoileanna. Baineann dul chun cinn ar scoil lena ndeir an céatadán is mó de thuismitheoirí go dtugann siad moladh 'go minic' do léitheoireacht an Bhéarla (73.1%) agus Matamaitic (72.9%). Dúirt tromlaigh shubstaintiúla de thuismitheoirí go bhfaigheann dul chun cinn ar scoil i dtrí ábhar eile a moladh 'go minic' – Scríbhneoireacht an Bhéarla (69.8%), Obair Thionscadail (62.6%), agus Béarla Labhartha (58.2%). Is i gcás na dtrí ghné den Ghaeilge amháin a bhfuil na céatadán de thuismitheoirí a thugann moladh 'go minic' faoi 50%: 49.8% i gcás léitheoireacht na Gaeilge, 48.2% do scríbhneoireacht na Gaeilge agus 38.4% i gcás Gaeilge Labhartha/ó bhéal.

Tábla 7.19 An céatadán de thuismitheoirí i ngnáthscoileanna de réir chomh minic a mholann siad dul chun cinn ar scoil a linbh in ábhair dhifriúla.

Gnáthscoileanna.	Molann an tuismitheoir dul chun cinn a linbh ...			
	Go minic	Anois agus arís	Fíor-annamh	In easnamh
Ábhair:				
Léitheoireacht Bhéarla	73.1% (0.97)	22.8% (0.86)	2.3% (0.29)	1.8% (0.24)
Scríbhneoireacht Bhéarla	69.8% (0.88)	24.9% (0.91)	2.6% (0.30)	2.7% (0.32)
Béarla Labhartha/ó	58.2% (1.00)	27.9% (0.91)	8.8% (0.60)	5.1% (0.40)

bhéal				
Matamaitic	72.9% (0.87)	22.5% (0.86)	2.0% (0.30)	2.6% (0.32)
Obair Thionscadail	62.6% (1.22)	26.0% (1.03)	5.0% (0.49)	6.5% (0.55)
Léitheoireacht Ghaeilge	49.8% (1.18)	33.2% (1.01)	12.4% (0.77)	4.6% (0.42)
Scríbhneoireacht Ghaeilge	48.2% (1.09)	34.3% (1.00)	12.8% (0.80)	4.7% (0.44)
Gaeilge Labhartha/ó bhéal	38.4% (1.14)	31.4% (0.89)	25.0% (0.92)	5.3% (0.44)

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach.

Léiríonn na sonraí sa tríú colún a bhaineann le céatadán na dtuismitheoirí a mholann dul chun cinn ar scoil a linbh ‘go fíor-annamh’ a laghad tacaíochta díreach ó thuismitheoirí atá ann don Ghaeilge Labhartha/ó bhéal i mionlach substaintiúil cásanna. Cé nach raibh ach 2.3% de thuismitheoirí a dúirt gur mhol siad dul chun cinn léitheoireachta a leanaí ‘go fíor-annamh’ i léitheoireacht Bhéarla, agus nach raibh ach 2% a mhol dul chun cinn Matamaitice go fíor-annamh, bhí 25% a dúirt gur mhol siad Gaeilge Labhartha/ó bhéal go fíor-annamh.

Thug tuismitheoirí leanaí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge sonraí den sórt céanna (nach bhfuil curtha i láthair i bhfoirm tábla). I gcás na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge araon, ba iad an dá ábhar a raibh an céatadán de thuismitheoirí a mhol dul chun cinn ar scoil na ndaltaí ‘go minic’ ag gabháil leo ná arís Matamaitic agus léitheoireacht Bhéarla. I gcás scoileanna lán-Ghaeilge, ba iad na céatadáin ná 72.2% (Matamaitic) agus 68% (Léitheoireacht Bhéarla), agus i gcás scoileanna Gaeltachta ba 65.4% agus 60.5% a bhí ann faoi seach. Léiríonn na céatadáin do scoileanna Gaeltachta patrún níos ginearálta, cé nach bhfuil siad láidir, atá comhsheasmhach: do gach ceann den ocht ábhar, tuairiscíonn céatadáin níos lú de thuismitheoirí Gaeltachta ná tuismitheoirí lán-Ghaeilge go molann siad dul chun cinn a leanaí ‘go minic’. Tá sé seo fíor freisin, ach amháin i gcás na Gaeilge, do scoileanna Gaeltachta i gcomparáid le gnáthscoileanna: is lú an céatadán de thuismitheoirí Gaeltachta ná de thuismitheoirí gnáthscoileanna a mholann dul chun cinn ar scoil ‘go minic’ sna gnéithe éagsúla de Bhéarla, Matamaitic agus Obair Thionscadail. Mar shampla, ba iad na céatadáin a mhol scríbhneoireacht Bhéarla ‘go minic’ ná 69.8% do ghnáthscoileanna, 64.2% do scoileanna lán-Ghaeilge agus 56.3% do scoileanna Gaeltachta. Réimsigh an raon céatadán maidir le moladh a thabhairt ‘go minic’ i gcás trí ghné den Ghaeilge ó 62.1% go dtí 65.8% do scoileanna lán-Ghaeilge agus 51.9% go dtí 59.9% do scoileanna Gaeltachta. Réimsigh na céatadáin chomhfhreagracha do mholadh i ngnáthscoileanna, a mheabhraítear, ó 38.4% go dtí 49.8%. Ba é Béarla Labhartha/ó bhéal an t-ábhar a mhol an céatadán is lú de na tuismitheoirí ‘go minic’ i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge (54.7%) agus na scoileanna Gaeltachta (47.9%).

Breathnóimid anois go hachomair ar na gaoil i ngnáthscoileanna idir cuid de dhearcaí na dtuismitheoirí agus na fachtóirí tacaíochta a rabhamar díreach ag cur síos orthu – dearcadh na leanaí i leith fhoghlaim na Gaeilge ar scoil, an dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge a spreagann na tuismitheoirí, agus a mhínice a mholann na tuismitheoirí an leanbh as a ghníomhaíochtaí nó as a gníomhaíochtaí i nGaeilge. Bheadh sé réasúnach a bheith ag súil go mbeadh baint ag na fachtóirí sin le chéile. Ar dtús rinneamar tras-tháblú ar cad a cheap na leanaí faoi bheith ag staidéar Gaeilge (de réir mar a thuairisc an tuismitheoir) le sonraí ar chomh minic a mhol na tuismitheoirí dul chun cinn i nGaeilge

Labhartha. Fuaireamar amach nuair a chuirtear síos ar an leanbh mar leanbh ar maith leis nó léi an Ghaeilge ar scoil, gur dóchúla go mór go dtuairisceodh na tuismitheoirí gur mhol siad dul chun cinn an linbh i nGaeilge Labhartha/ó bhéal ‘go minic’. Mar shampla, bhí tuismitheoirí ag 59.6% de na leanaí a thuairisc gur thaitin Gaeilge leo ar scoil a mhol a ndul chun cinn sa Ghaeilge Labhartha/ó bhéal ‘go minic’. I gcodarsnacht leis sin, i measc na ndaltaí nár thaitin Gaeilge leo, bhí níos lú ná leath den chéatadán sin (27.4%) a raibh tuismitheoirí acu a mhol a ndul chun cinn sa Ghaeilge labhartha ‘go minic’. Ar an gcaoi chéanna, cé nach bhfuil ach 9.5% de thuismitheoirí ann ar thaitin staidéar na Gaeilge lena leanaí a mhol dul chun cinn a linbh sa Ghaeilge labhartha ‘go fíor-annamh’, dúirt 42.6% de na tuismitheoirí nár thaitin staidéar na Gaeilge lena leanaí nár mhol siad dul chun cinn a linbh i nGaeilge labhartha ach ‘go fíor-annamh’.

I bhfianaise na dtorthaí sin, b’fhéidir nach ábhar iontais é go bhfuil baint ag an mbéim a chuireann an tuismitheoir ar thábhacht na Gaeilge le dearcadh tuairiscithe an dalta i leith fhoghlaim na Gaeilge. Taispeánann tras-thablú ar na sonraí do na hathróa sin, i gcás go dtuairiscítear go dtaitníonn staidéar na Gaeilge le daltaí i ngnáthscoileanna, go bhfuil tuismitheoirí ag 46.2% díobh a thugann le tuiscint dóibh ‘go bhfuil an Ghaeilge an-tábhachtach’. I gcás go dtuairiscítear nach dtaitníonn Gaeilge leis na daltaí, ní bhíonn ach 23.9% de thuismitheoirí a chuireann in iúl go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach.

Sa chomhthéacs seo, is díol spéise staidéar roimhe seo (Harris & Murtagh, 1999) a mheabhruí, a scrúdaigh an cheist go díreach faoi an bhfuil baint shuntasach ag dearcadh/iompar tuismitheoirí den sórt seo le hinniúlacht daltaí sa Ghaeilge agus le dearcadh/móitivéisean an dalta i bhfoghlaím na Gaeilge. Is í an fhianaise ná go bhfuil. Fuarthas go raibh baint shuntasach agus dhearfach ag ‘béim ar thábhacht na Gaeilge’ ag tuismitheoirí agus moladh as inniúlacht an dalta i ‘nGaeilge ó bhéal/labhartha’ le dearcadh/móitivéisean an dalta i leith fhoghlaim na Gaeilge agus in inniúlacht daltaí sa Ghaeilge labhartha. Bhí a mhinice a bhíonn Gaeilge in úsáid sa bhaile freisin i gcomhchoibhneas go suntasach le hinniúlacht daltaí sa Ghaeilge (mar atá sa suirbhé seo) agus dearcadh/móitivéisean na ndaltaí i ndáil leis an nGaeilge.

Deacrachtaí an linbh leis an nGaeilge agus iarrachtaí na dtuismitheoirí agus na scoile

Taispeánann Tábla 7.20, i gcás gach ceann de na trí chineál scoile, an céatadán de thuismitheoirí a thuairisc go raibh deacracht ag a leanaí le hábhair dhifriúla scoile. Is féidir a fheiceáil do na trí ghné den Bhéarla atá liostaithe, nach bhfuil aon difríocht shubstaintiúil idir na torthaí ó na trí chineál scoile. Mar shampla, i gcás léitheoireacht Bhéarla, ba iad na céatadáin ná 7.8% do ghnáthscoileanna, 6.9% do scoileanna lán-Ghaeilge agus 8.4% do scoileanna Gaeltachta. Is minice an Mhatamaitic ag cothú deacrachta do daltaí i ngach ceann den trí chineál scoile agus tá na difríochtaí idir na cineálacha scoile beagán níos mó – 20.5% do ghnáthscoileanna, 22.4% do scoileanna lán-Ghaeilge, agus 17.5% do scoileanna Gaeltachta. I scoileanna lán-Ghaeilge, is sa Mhatamaitic, le breis mhór, a bhí na céatadáin is airde de dhaltaí a raibh deacracht acu in aon réimse ábhar. I gcás na scoileanna Gaeltachta, is sa Mhatamaitic a bhí an dara céatadán is airde de dhaltaí a raibh deacracht acu in aon réimse ábhar.

Tábla 7.20 An céatadán de thuismitheoirí i dtrí phobal scoileanna de réir a dheacra a bhíonn ábhair dhifriúla dá leanbh.

Bíonn deacracht ag an leanbh le -	Gnáth	Lán-Ghaeilge	Gaeltacht
Léitheoireacht Bhéarla	7.8% (0.72)	6.9% (1.24)	8.4% (1.50)
Scríbhneoireacht Bhéarla	5.6% (0.45)	6.9% (1.12)	6.9% (1.38)
Béarla Labhartha/ó bhéal	1.8% (0.29)	2.8% (0.73)	1.9% (0.59)
Matamaitic	20.5% (0.82)	22.4% (2.04)	17.5% (1.63)
Léitheoireacht Ghaeilge	21.0% (1.03)	3.8% (0.75)	11.0% (1.50)
Scríbhneoireacht Ghaeilge	25.3% (1.05)	4.8% (0.95)	18.2% (2.69)
Gaeilge Labhartha/ó bhéal	33.7% (1.11)	0.9% (0.42)	14.2% (1.64)
In easnamh	0%	0%	0%

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Gnáth = 2744, N Lán-Ghaeilge = 609, N Gaeltacht = 575.

Is iad na trí ghné den Ghaeilge, áfach, na cinn lena mbaineann na difríochtaí is mó idir cineálacha scoile agus, i gcás gnáthscoileanna, is acu atá na céatadán is airde de leanaí a mbíonn deacracht acu. Chothaigh Gaeilge Labhartha/ó bhéal deacrachtaí do 33.7% de dhaltaí i ngnáthscoileanna, an céatadán is airde d'aon réimse in aon cheann de na cineálacha scoile. Is iad na céatadán chomhfhreagracha i ngnáthscoileanna do léitheoireacht agus scríbhneoireacht Ghaeilge ná 21% agus 25.3% faoi seach. Is ag scoileanna Gaeltachta atá na dara céatadán is airde de dhaltaí a mbíonn deacracht acu leis an nGaeilge. Go háirithe, tabhair ar aird gur tuairiscíodh go raibh deacrachtaí i scríbhneoireacht Ghaeilge ag 18.2% de na daltaí i scoileanna Gaeltachta – an céatadán is airde d'aon cheann den seacht réimse do scoileanna Gaeltachta atá liostaithe i dTábla 7.20. Ach is fiú a thabhairt ar aird gur thuairisc 14.2% de thuismitheoirí Gaeltachta go raibh deacracht ag a leanbh le Gaeilge Labhartha/ó bhéal, ag tabhairt fianaise arís eile den éagsúlacht mór cúlraí i scoileanna Gaeltachta.

D'fhéachamar freisin ar an ngaol i ngnáthscoileanna idir deacracht daltaí le Gaeilge Labhartha/Ó Bhéal agus a mhinice a mholann tuismitheoirí dul chun cinn na ndaltaí sa réimse ábhair sin. Arís, tá an patrún soiléir. Tuairiscítear nach raibh ach 21.4% de dhaltaí ar mhol a dtuismitheoirí a ndul chun cinn 'go minic' i nGaeilge Labhartha/Ó Bhéal a raibh deacracht acu leis an ábhar sin ar scoil. Ach bhí 53.3% de dhaltaí nár moladh a ndul chun cinn i nGaeilge Labhartha/Ó Bhéal ach 'go fíor-annamh' a raibh deacracht acu leis an ábhar ar scoil.

Breathnóimid anois ar dhearcadh na dtuismitheoirí agus ar iarrachtaí na scoileanna i leith na Gaeilge agus an cheist cibé an bhféadfadh na tuismitheoirí iad féin aon tacaíocht phraiticiúil bhreise a thabhairt do mhúineadh na Gaeilge. I ngnáthscoileanna, mheas 75% de na tuismitheoirí go raibh siad ag 'déanamh gach rud is féidir' chun dul chun cinn a linbh sa Ghaeilge go ginearálta a fheabhsú, agus ní raibh ach 19.8% a cheap go bhféadfadh siad níos mó a dhéanamh. Maidir leis an gceist faoi thuismitheoirí a bheith ag tabhairt aon tacaíocht phraiticiúil don scoil chomh fada agus a bhain le múineadh na Gaeilge (seachas a raibh á dhéanamh cheana acu), cheap 91.1% de na tuismitheoirí nach bhféadfadh agus mheas díreach 6.7% go bhféadfadh. B'fhéidir go maíonn sé seo nach bhfuil tuiscint dhóthanach ag go leor tuismitheoirí ar an tábhacht a bhaineann le moladh agus béim a chur ar thábhacht na Gaeilge, mar shampla, cibé faoi rannphairtíocht níos mó ar nós Gaeilge a úsáid iad

féin sa bhaile ar uairibh. Mar a mholaimid sa chéad chaibidil eile, b'fhéidir go mbeadh níos mó scóipe ann do chineálacha eile idirghabhála dearfaí sa réimse seo ná mar a thuigtear de ghnáth.

Níl seasamh tuismitheoirí leanaí i scoileanna lán-Ghaeilge ar na ceisteanna seo an-difriúil ó sheasamh tuismitheoirí leanaí i ngnáthscoileanna, cé gur chreid beagán níos mó de tuismitheoirí leanaí scoileanna lán-Ghaeilge go raibh an scoil ag déanamh gach a d'fhéadfaí (93.4%) agus go raibh beagán níos lú díobh a chreid nach bhféadfadh siad aon tacaíocht bhreise a thabhairt (88%). I scoileanna Gaeltachta, mheas 79.4% de na tuismitheoirí go raibh an scoil ag déanamh gach rud is féidir chun dul chun cinn a linbh sa Ghaeilge a fheabhsú, agus níor chreid 88.6% nach bhféadfadh siad aon tacaíocht bhreise a thabhairt don fhiontar iad féin.

Saincheist eile ar fiú trácht uirthi i ndáil le tuismitheoirí leanaí i ngnáthscoileanna ná ábhair seachas Gaeilge a bheith á múineadh trí Ghaeilge. Thaispeáin na torthaí gur thuairisc 4.9% de na tuismitheoirí gur mhúin an scoil ábhar eile seachas Gaeilge trí Ghaeilge cheana féin. Dúirt 23.7% eile go dtacódh siad leis an smaoineamh go mbeadh an scoil ag múineadh ábhar eile trí Ghaeilge. Is léir, mar sin, ar gach rud eile a bheith combhionann, go bhfuil mionlach mór de thacaíocht tuismitheoirí ann do leathnú áirithe ar theagasc trí mheán na Gaeilge i ngnáthscoileanna.

'Scéim Labhairt na Gaeilge' agus cumas agus úsáid Gaeilge na dtuismitheoirí

I gcás scoileanna Gaeltachta, tagann roinnt ceisteanna sa bhreis ar na cinn atá á roinnt ag gach ceann de na trí chineál scoile chun cinn i ndáil le múineadh agus forbairt oilteacht daltaí sa Ghaeilge. Baineann siad sin le pobail shubstaintiúla ina labhraítear Gaeilge a bheith ann, go dtagann leanaí ó chúlra labhartha Gaeilge agus ó chúlra labhartha Béarla le chéile i gcomhréirí éagsúla i scoileanna difriúla Gaeltachta, agus go bhfuil éagsúlacht i scoileanna Gaeltachta iad féin sa mhéid teagaisc trí mheán na Gaeilge a dhéantar iontu, ag brath i bpáirt ar an gcúlra teanga i ngach rang (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1987, 1988a,b). Sa roinn seo, déanfaimid scrúdú gearr ar na gaoil idir cuid de na fachtóirí sin – a bheith ag fáil deontas *Scéim Labhairt na Gaeilge*, tuairisc na dtuismitheoirí ar a gcumas féin Gaeilge a labhairt agus a mhinice a úsáidtear Gaeilge leis an leanbh; dáileadh ar chainteoirí dúchais nó gar-chainteoirí dúchais i ranganna difriúla Gaeltachta agus an méid teagaisc trí mheán na Gaeilge a dhéantar sna ranganna. Cé go gcuirimid sonraí i láthair ar inniúlacht Gaeilge na ndaltaí a bhfaigheann a dteaghlaigh an deontas agus iadsan nach bhfaigheann, is é ár bpríomhspríoc ná tuairisc a thabhairt i dtéarmaí ginearálta ar na gaoil idir cúlra baile agus fachtóirí scoile.

Thaispeáin freagraí ar cheist ar an gCeistneoir do na Tuismitheoirí go raibh tuismitheoirí a bhí ina gcónaí i gceantair (oifigiúla) Ghaeltachta beagnach roinnte go cothrom ó thaobh an cion díobh a bhí ag fáil an deontais agus an cion nach raibh: fuair 44.1% é agus ní bhfuair 44.4%. Chomh maith leis sin, dúirt 9% de na tuismitheoirí a raibh a gcuid leanaí ag freastal ar scoileanna Gaeltachta nach raibh cónaí orthu i gceantar Gaeltachta agus níor thug 2.6% eile aon fhaisnéis ar an gceist.

I measc na gceisteanna spéise sa chomhthéacs seo bhí inniúlacht labhartha agus patrún úsáide baile na Gaeilge sa ghrúpa deontais agus sa ghrúpa neamhdheontais. Tugann Tábla 7.21 sonraí ar chumas féinmheasúnaithe na dtuismitheoirí féin Gaeilge a labhairt (i.e. den tuismitheoir freagartha) sa dá ghrúpa. Ba chóir a

mheabhrú go raibh na sonraí sa tábla seo bunaithe ar 88.5% de na tuismitheoirí scoileanna Gaeltachta a dúirt go sonrach an raibh deontas á fháil acu nó nach raibh. Thuairisc tromlach mór na ndaoine sa ghrúpa deontais (71.3%) go mba chainteoirí dúchais iad agus chuir 16.5% eile síos ar a gcumas labhartha mar ‘an chuid is mó de chomhráite’, ag cruthú líon iomlán de 87.8% sa ghrúpa a raibh leibhéil arda oilteachta labhartha acu. Sa ghrúpa neamhdheontais bhí mionlach den cheathrú cuid de thuismitheoirí a raibh leibhéil arda oilteachta acu: dúirt 11.7% go mba chainteoirí dúchais iad agus rangaigh 13% eile a n-oilteacht labhartha mar ‘an chuid is mó de chomhráite’. Tríd is tríd sa ghrúpa gan deontas Gaeltachta (Tábla 7.21), tá na tuismitheoirí scaipthe níos leithne ar fud na gcatagóirí oilteacht labhartha ná atá sa ghrúpa deontais Gaeltachta.

Tábla 7.21 An céatadán de thuismitheoirí i scoileanna Gaeltachta de réir an bhfaigheann siad deontas faoi Scéim Labhairt na Gaeilge agus a gcumas féin Gaeilge a labhairt.

Cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt (féinmheasúnaithe)	Deontas	Gan Deontas	Iomlán
Gan aon Ghaeilge, Corrfhocal	1.0% (0.77)	18.7% (2.49)	9.9% (1.70)
Cúpla abairt shimplí	3.0% (1.33)	26.4% (2.70)	14.8% (2.25)
Codanna de chomhráite	8.2% (1.66)	30.3% (3.24)	19.3% (2.54)
An chuid is mó de chomhráite	16.5% (3.79)	13.0% (2.87)	14.7% (2.30)
Cainteoir Dúchais	71.3% (4.26)	11.7% (2.90)	41.3% (5.25)
Iomlán	49.6% (5.63)	50.4% (5.63)	100%

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N = 485.

Chun críocha comparáide, is féidir a thabhairt ar aird go bhfuil an céatadán den ghrúpa *gan deontas* de thuismitheoirí a bhfuil leibhéil arda líofachta acu beagnach comhionann leis an gcéatadán comhfhreagrach i measc tuismitheoirí scoileanna lán-Ghaeilge (24.5%) (féach Tábla 7.13). Sa ghrúpa Gaeltachta *gan deontas* de thuismitheoirí a raibh oilteacht ard labhartha acu, áfach, bhí an céatadán de chainteoirí dúchais (11.7%) dhá oiread an chéatadán de chainteoirí dúchais sa ghrúpa lán-Ghaeilge (5.8%). Is é an céatadán de thuismitheoirí gnáthscoileanna a bhfuil leibhéil arda oilteachta acu ná 7.2% (1% cainteoirí dúchais agus 6.2% le leibhéal ‘an chuid is mó de chomhráite’) (Tábla 7.13)

Maidir lena mhinice a thuairisc tuismitheoirí Gaeltachta go labhraíonn siad Gaeilge lena leanaí (Tábla 7.22), fuarthas go ndúirt 50.7% díobh sin a bhí ag fáil an deontais gur labhair siad Gaeilge lena leanbh ‘i gcónaí’, agus labhair 32.4% eile Gaeilge ‘go minic’ nó ‘an-mhinic’. Sa ghrúpa gan-deontas, labhair 0.6% Gaeilge lena leanbh i gcónaí agus labhair 15.3% go minic nó go han-mhinic í. Meabhrófar (Tábla 7.14) i scoileanna lán-Ghaeilge gur labhair 1.1% de na tuismitheoirí Gaeilge ‘i gcónaí’ agus gur labhair 20.8% eile Gaeilge ‘go minic’ nó ‘an-mhinic’ lena leanbh. Tá leibhéil arda úsáide Gaeilge le leanaí beagán níos coitianta i scoileanna lán-Ghaeilge ná sa ghrúpa *gan deontas* de thuismitheoirí i scoileanna Gaeltachta. Arís caithfear a mheabhrú go bhfuil 9% de thuismitheoirí scoileanna Gaeltachta a dúirt go bhfuil

siad ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht agus 2.6% nár thug freagra as an áireamh san anailís seo.

Tábla 7.22 An céatadán de thuismitheoirí i scoileanna Gaeltachta de réir an bhfaigheann siad deontas faoi Scéim Labhairt na Gaeilge agus a mhinice a labhraíonn siad Gaeilge lena leanbh

Labhraíonn tuismitheoir Gaeilge leis an leanbh	Deontas	Gan Deontas	Iomlán
I gcónaí	50.7% (6.19)	0.6% (0.44)	25.5% (4.98)
An-mhinic/Go minic	32.4% (5.22)	15.3% (3.05)	23.8% (3.37)
Anois agus arís	13.7% (3.08)	38.1% (3.69)	25.9% (3.09)
Go hannamh/Riamh	3.3% (1.06)	46.0% (3.98)	24.8% (3.46)
Iomlán	49.7% (5.59)	50.3% (5.59)	100%

Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N = 490.

Labhraíonn 46% de thuismitheoirí Gaeltachta *gan deontas* Gaeilge ‘go hannamh’ lena leanbh nó ní labhraíonn siad ‘riamh’ í. I gcomparáid leis sin, níl ach 33.9% de thuismitheoirí lán-Ghaeilge a thuirisc go labhraíonn siad Gaeilge ‘go hannamh’ leis an leanbh nó nach labhraíonn siad riamh leo í (Tábla 7.14). I ngnáthscoileanna, labhair 75.4% de thuismitheoirí Gaeilge go hannamh nó níor labhair siad riamh í.

Rinneamar comparáid freisin idir inniúlacht Éisteachta na Gaeilge, Labhartha na Gaeilge agus Léitheoireachta na Gaeilge i gcás daltaí sa ghrúpa Gaeltachta deontais agus sa ghrúpa Gaeltachta gan deontas (Tábla 7.23). Mar a bheifí ag súil leis, bhí inniúlacht na ndaltaí ar gach ceann de na trí thriail sin níos airde go suntasach sa ghrúpa ‘deontas’. Is é an meán den chéatadán ceart ar Éisteacht na Gaeilge don ghrúpa deontais ná 86.3% agus is 65.5% atá ann don ghrúpa neamhdheontais, difríocht d’os cionn diallas caighdeánach amháin (féach Tábla 6.3). I gcás Labhairt na Gaeilge, is 85.4% agus 57.4% iad na meáin, difríocht arís d’os cionn diallas caighdeánach amháin. I gcás Léitheoireacht na Gaeilge is iad na meáin, ag úsáid scór scála IRT, ná 253.2 don ghrúpa deontais agus 202.8 don ghrúpa gan deontas, difríocht arís de thart ar dhiallas caighdeánach amháin.

Tábla 7.23 Meánscóir d’Éisteacht na Gaeilge, Labhairt na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge do dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta agus an meándifríocht scóir de réir dheontas Scéim Labhairt na Gaeilge a fháil.

Inniúlacht na Gaeilge	Meán den scór ceart		Difríocht (Deontas - Gan Deontas)
	Deontas	Gan Deontas	
Triail Éisteachta na Gaeilge	86.3% (1.13)	65.5% (3.07)	+20.8%
Triail Labhartha na Gaeilge	85.4% (1.32)	57.4% (5.02)	+28.0%
Triail Léitheoireachta na Gaeilge	253.2 (4.28)	202.8 (6.85)	+50.4

Meán den chéatadán ceart d’Éisteacht agus Labhairt, meánscór scála IRT don Léitheoireacht. Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Éisteacht = 2728 N Labhairt = 950, N Léitheoireacht = 2726.

Nuair a scrúdaíomar an cion de dhaltá a bhain máistreacht amach i ngach ceann de chuspóirí Éisteachta agus Labhartha na Gaeilge i ngach ceann den dá ghrúpa, bhí céatadán a bhí go suntasach níos airde sa ghrúpa deontais i ngach cuspóir seachas ceann (*Idirdhealú fuaimneanna*). Chun scála na ndifríochtaí sin a léiriú, d'fhéadfaí a thabhairt ar aird, mar shampla, gur bhain 95.1% de na daltaí sa ghrúpa deontais, i gcomparáid le 53.6% de dhaltá gan deontas, máistreacht amach in *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*. Samplaí eile, ina bhfuil an céatadán de dhaltá deontais tugtha ar dtús agus an céatadán neamhdheontais ina dhiaidh, ná: *Foclóir éisteachta* 90.7% (44.9%), *Cruinnaithe dheilbhíocht na mbriathra san éisteacht* 72.1% (24.4%), *Cumarsáid* (rang a dó) 98.9% (70.4%), agus *Líofacht inste* 93.4% (53.4%).

An modh teagaisc i ranganna le mionlach deontais agus i ranganna le tromlach deontais
Cé go bhfuil fachtóirí cúlra teanga baile ar ndóigh ina gcinntitheacha an-tábhachtacha maidir leis an leibhéal oilteachta i nGaeilge a bhaineann daltaí amach i scoileanna Gaeltachta, is é is dóichí go bhfuil fachtóirí scoile tábhachtach freisin. Tá raon mór fachtóirí féideartha scoile le breithniú, ach ní scrúdóimidne ach péire acu go hachomair anseo – an meán teagaisc sa scoil agus an cóimheá idir cainteoirí dúchais Gaeilge agus Béarla sa rang. Ag leanúint cur chuige a úsáideadh ina anailís roimhe seo (Harris, 1984), roinneamar ranganna daltaí rang a sé Gaeltachta ina ranganna ina raibh tromlach (níos mó ná 50%) ina gcainteoirí dúchais nó ina ngar-chainteoirí dúchais (i.e., daltaí a bhí ag fáil deontas *Scéim Labhairt na Gaeilge*) agus ina ranganna ina raibh cainteoirí Gaeilge sa mhionlach.

De réir mar a léiríonn Tábla 7.24, bhí 36.4% de na daltaí Gaeltachta go léir i ranganna thromlach deontais agus bhí 63.6% i ranganna mhionlach deontais. Nuair a bhíonn na sonraí ar mhúineadh trí Ghaeilge sa dá chineál ranga á bhreithniú ba chóir a mheabhrú go bhfuil céatadán i bhfad níos airde sna ranganna mhionlach deontais.

Tábla 7.24 An céatadán de dhaltá Gaeltachta i ranganna thromlach deontais agus i ranganna mhionlach deontais agus céatadán na ranganna thromlach deontais/ mhionlach deontais.

	Ranganna thromlach Deontais	Ranganna mhionlach Deontais	Total
An céatadán daltaí	36.4%	63.6%	100%
An líon daltaí	174	441	615
An líon ranganna	18	31	49

Taispeánann Tábla 7.25 agus 7.26, maidir le gach ábhar, an céatadán de dhaltá Gaeltachta a múineadh go hiomlán trí Ghaeilge agus go hiomlán trí Bhéarla, bunaithe ar thuairiscí na múinteoirí. (Níl sonraí ar ábhair a mhúintear trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon léirithe anseo). Is í an Mhatamaitic an t-ábhar a thaispeánann an difríocht is mó (62.9%) idir ranganna thromlach deontais agus ranganna mhionlach deontais sa chéatadán daltaí a mhúintear go hiomlán trí Ghaeilge (Tábla 7.25). Múineadh Matamaitic go hiomlán trí Ghaeilge do na daltaí go léir sna ranganna thromlach deontais, cé nach raibh ach 37.1% díobh siúd sna ranganna mhionlach deontais ar múineadh an t-

ábhar go hiomlán trí Ghaeilge dóibh. Is iad an tOideachas Reiligiúnach agus Ceol an dá ábhar ina bhfuil an difríocht is lú idir ranganna thromlach deontais agus ranganna mhionlach deontais sna céatadáin daltaí a mhúintear go hiomlán trí Ghaeilge (36% agus 29.2%). Is é an tOideachas Reiligiúnach freisin an t-ábhar a bhfuil an céatadán is lú de dhaltaí á múineadh trí Ghaeilge sna ranganna thromlach deontais (60.9%) nó sna ranganna mhionlach deontais (24.9%).

Tábla 7.25 An céatadán de dhaltaí Gaeltachta a mhúintear go hiomlán trí Ghaeilge i ranganna thromlach deontais agus i ranganna mhionlach deontais.

Ábhair a mhúintear go hiomlán trí Ghaeilge	Rang Thromlach deontais	Rang Mhionlach deontais	Difríocht	Iomlán
Matamaitic	100%	37.1% (10.18)	+62.9%	60.8% (6.98)
Stair	88.0% (6.92)	35.4% (10.42)	+52.6%	55.5% (7.66)
Tíreolaíocht	88.0% (6.92)	35.4% (10.42)	+52.6%	55.5% (7.66)
Eolaíocht	78.0% (10.88)	35.4% (10.23)	+42.6%	51.7% (7.63)
Na hAmharcealaíona	90.6% (6.75)	37.1% (10.86)	+53.5%	56.1% (7.86)
Ceol	69.1% (12.51)	39.9% (10.59)	+29.2%	51.1% (7.84)
Drámaíocht	88.0% (7.07)	34.4% (10.16)	+53.6%	54.6% (7.47)
Oideachas Reiligiúnach	60.9% (12.95)	24.9% (8.08)	+36.0%	38.6% (7.07)
Corpoideachas	92.3% (1.83)	45.2% (10.05)	+47.1%	63.2% (6.13)
Oideachais Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte	76.3% (9.67)	32.9% (10.22)	+43.4%	49.4% (7.99)

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Tromlach Deontais = 174, N Mionlach Deontais = 441. Níl sonraí a bhí in easnamh san áireamh sna céatadáin rófa.

Níos ginearálta, i ranganna thromlach deontais múineadh níos mó ná 80% de na daltaí go hiomlán trí Ghaeilge i sé cinn as deich n-ábhar. I ranganna mhionlach deontais, múineadh idir 32.9% agus 39.9% de na daltaí go hiomlán trí Ghaeilge in ocht gcinn as deich n-ábhar. Ag breathnú ar dhaltaí sna ranganna go léir sa cholún ‘iomlán’, is féidir a fheiceáil gur múineadh formhór na n-ábhar go hiomlán trí Ghaeilge d’idir 50% agus 60% de dhaltaí Gaeltachta.

Ag breathnú anois dúinn ar ábhair a mhúineadh go hiomlán trí Bhéarla, is féidir a fheiceáil (Tábla 7.26), ach amháin i gcás Oideachais Reiligiúnaigh, nár múineadh aon ábhar eile go hiomlán trí Bhéarla d’aon dalta i rang thromlach deontais. I bhfocail eile, seachas Oideachas Reiligiúnach, múineadh na daltaí i ranganna thromlach deontais nach bhfuil comhartha cheana mar dhaltaí atá á múineadh go hiomlán trí Ghaeilge

(Tábla 7.25) ‘leath i nGaeilge agus leath i mBéarla’. I ranganna mhionlach deontais, is féidir a fheiceáil, ach amháin i gcás Oideachais Reiligiúnaigh (47.6%), gurbh iad na hábhair a múineadh go hiomlán trí Bhéarla don chéatadán is mó daltaí ná Stair (37.4%) agus Eolaíocht (35.1%), agus ina dhiaidh sin OSPS (29.4%) agus Tíreolaíocht (21.4%).

Tábla 7.26 An céatadán de dhaltáí Gaeltachta a mhúintear go hiomlán trí Bhéarla i ranganna thromlach deontais agus i ranganna mhionlach deontais.

Ábhair a mhúintear go hiomlán trí <i>Bhéarla</i>	Rang Thromlach deontais	Rang Mhionlach deontais	Difríocht	Iomlán
Matamaitic	0%	4.5% (3.21)	-4.5%	2.8% (1.97)
Stair	0%	37.4% (8.09)	-37.4%	23.1% (4.92)
Tíreolaíocht	0%	21.4% (7.09)	-21.4%	13.3% (4.53)
Eolaíocht	0%	35.1% (7.89)	-35.1%	21.7% (4.58)
Na hAmharcealaíona	0%	12.9% (6.72)	-12.9%	8.3% (4.39)
Ceol	0%	15.3% (8.60)	-15.3%	9.4% (5.20)
Drámaíocht	0%	4.6% (3.25)	-4.6%	2.9% (2.05)
Oideachas Reiligiúnach	13.0% (9.28)	47.6% (11.88)	-34.6%	34.4% (7.57)
Corpoideachas	0%	0%	0%	0%
Oideachais Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte	0%	29.4% (10.73)	-29.4%	18.2% (6.91)

Tá difríochtaí suntasacha ($p < .05$) i gcló trom. Tá an earráid chaighdeánach i gcló iodálach. N Tromlach Deontais = 174, N Mionlach Deontais = 441. Níl sonraí a bhí in easnamh san áireamh sna céatadáin ríofa.

Conclúid

Is léir ón bhfianaise atá curtha i láthair anseo agus sna caibidlí roimhe seo go n-athraíonn an comhthéacs sochtheangeolaíochta agus oideachais ina dtéann múineadh agus foghlaim na Gaeilge chun cinn ar bhealach casta laistigh de na trí phobal scoileanna, gnáth, lán-Ghaeilge agus Gaeltacht, agus idir na pobail sin. Tá sé léirithe againn i ngach cineál scoile go bhfuil baint láidir ag réimse fachtóirí baile agus scoile le hinníúlacht in Éisteacht na Gaeilge, Labhairt na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge. D’fhéadfadh na fachtóirí sin, ar nós oilteacht labhartha na dtuismitheoirí sa Ghaeilge nó chomh minic a labhraíonn siad Gaeilge sa bhaile lena leanbh, a bheith athraitheach ar fud na gcineálacha scoile. Bhí athraitheas freisin ann trasna cineálacha scoile i ndearcaí na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge, i dtoilteanas moladh a thabhairt do dhul chun cinn na leanaí sa Ghaeilge agus sa mhéid a bhí siad ullamh a thabhairt le tuiscint dá leanaí go bhfuil tábhacht leis an nGaeilge – léirigh na fachtóirí sin go léir i

staidéir roimhe seo go raibh baint shuntasach acu le hinniúlacht daltaí sa Ghaeilge labhartha (m.sh. Harris & Murtagh, 1999). Is é an difríocht san anailís atá déanta sa staidéar seo ná, don chéad uair, go bhfuil sonraí againn ar go leor de na hathróa tábhachtacha tuismitheoirí seo bunaithe ar shamplaí ionadaíocha náisiúnta.

Is samplaí iad dearcaí na múinteoirí i leith na Gaeilge, a n-oilteacht labhartha, agus a sásamh i múineadh na Gaeilge de shraith athróg eile a athraíonn freisin laistigh de na trí phobal scoileanna agus idir na pobail sin. Chomh maith leis sin, agus sinn ag míniú leibhéil ghnóthachtála i nGaeilge, caithfidimid athruithe suntasacha ó 1985 sna hathróa seo agus in athróa eile a chur san áireamh. Seachas athruithe sa sásamh a bhaineann múinteoirí as a bheith ag múineadh Gaeilge, caithfidimid smaoineamh freisin ar athruithe ó thaobh chomh fabhrach atá siad i leith Gaeilge a bheith á múineadh sa bhunscoil agus cá mhéad ama a mheasann siad ba chóir a chaitheamh léi. Tá athruithe sna fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar an méid ama a chaitheann siad ar an nGaeilge, an bhéim a chuireann siad ar an nGaeilge sa scoil go ginearálta, agus an méid teagasc trí mheán na Gaeilge a dhéantar lasmuigh den cheacht Gaeilge féin ábhartha freisin.

Ardaíonn na suirbhéanna ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí réimse saincheisteanna eile. Is cinnte gur suntasach go bhfuil mionlach substaintiúil de mhúinteoirí ann a mheas iad féin a bheith ina gcainteoirí dara teanga laga agus gur cheap tromlach nach raibh dóthain deiseanna acu chun a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus gur mhaith leo cúrsa a dhéanamh chun feabhas a chur ar a gcuid oilteachta. Gné thábhachtach eile maidir leis na torthaí ná go bhfuil breithiúnas na múinteoirí féin faoi athruithe i gcaighdeáin na hoilteachta labhartha agus i léitheoireacht na Gaeilge sna cúig bliana déag roimhe sin ag teacht le torthaí ár gcomparáidí ar fheidhmíocht ina dtrialacha Éisteachta na Gaeilge agus Labhartha na Gaeilge i 1985 agus 2002.

Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh ar chastacht an réimse fachtóirí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chomh maith agus a éiríonn le daltaí i bhfoghlaim na Gaeilge agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an gcineál athruithe substaintiúla in imeacht ama i gcaighdeáin inniúlacht na ndaltaí in Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge atá tuairiscithe anseo. Is léir má táimid le féachaint ar dhifríochtaí in inniúlacht ar fud scoileanna, nach féidir linn ár n-anailís a theorannú chuig ceachtar grúpa athróa, eadhon athróa múinteoireachta nó athróa baile. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo a admháil mar go dtosaíonn go leor den dioscúrsa ar mhúineadh na Gaeilge, ar a laghad i ngnáthscoileanna, ón toimhde go gcaithfidh aon deacrachtaí a dtagtar trasna orthu a bheith ann mar gheall ar mhodhanna mí-oiriúnacha agus ábhair mhí-oiriúnacha. Nuair a thagann sé chomh fada le leigheas agus réiteach a fháil, is fiú a lua nach mbeifear in ann idirghabháil nó athrú a dhéanamh ar gach ceann de na fachtóirí a aithnítear anseo a d'fhéadfadh a bheith ina bhfachtóirí cinntitheacha. Ach is cinnte beifear in ann sin a dhéanamh le cuid díobh. Tá tuairisc ar na socruithe sin sa chéad roinn eile.

8. Conclúidí agus Moltaí

(John Harris)

Sa chaibidil seo tarraingimid aird ar chuid de phríomhthorthaí shuirbhé 2002 dár gcuid ar inniúlacht sa Gaeilge i measc daltaí rang a sé, athruithe fadtéarmacha in inniúlacht ó 1985, agus tuairimí agus cleachtais na múinteoirí agus na dtuismitheoirí i ndáil leis an nGaeilge. Cé go mbeimid ag déileáil leis na trí réimse d’inniúlacht na Gaeilge a tástáladh (Éisteacht, Labhairt agus Léitheoireacht), i ngach ceann de na trí chineál scoile (gnáth, lán-Ghaeilge agus Gaeltacht), beidh an príomhfhócas ar an dá thoradh is mó a mbeidh inní go ginearálta fúthu. Is iad sin an meath substaintiúil in inniúlacht in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge i ngnáthscoileanna ó 1985 agus an fhianaise ar athruithe ar dhearcaí na múinteoirí i rith na tréimhse céanna. Breithneoidimid tábhacht na gcinntí sin, leagfaimid amach cúiseanna a d’fhéadfadh a bheith leo agus déanfaimid moltaí le haghaidh gnímh.

Scoileanna Lán-Ghaeilge

Is é an dea-scéal do scoileanna lán-Ghaeilge ná go bhfuil an líon daltaí iontu ar bhonn náisiúnta ardaithe ó 1.1% go dtí breis agus 5% idir 1985 agus 2002 agus fós go bhfuil caighdeán arda ginearálta ó thaobh inniúlachta sa Ghaeilge i measc na ndaltaí coinnithe acu. Ar an iomlán, níl na meánscóir d’Éisteacht na Gaeilge difriúil go suntasach idir an dá bhliain. Cé go raibh meath suntasach sna céatadáin a bhain máistreacht amach i roinnt cuspóirí a bhaineann le gramadach agus deilbhíocht (a tástáladh le líon níos lú míreanna), d’fhan an fheidhmíocht ó thaobh phríomhchuspóirí Éisteachta na Gaeilge agus Labhartha na Gaeilge go bunúsach mar a chéile. Bhí *ardú* suntasach sa chéatadán a bhain máistreacht amach i gcuspóir amháin.

I gcás Éisteacht na Gaeilge, mar shampla, ba é 90.4% an céatadán a bhain máistreacht amach i bh*Foclóir éisteachta* i 1985 agus ba é 89.3% a bhí ann i 2002, agus i *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* ba é 96.4% i 1985 agus 96.3% i 2002.. Ar an gcaoi chéanna, léirigh príomhchuspóirí Labhartha na Gaeilge *Líofacht inste*, *Cumarsáid* (rang a dó), agus *Foclóir cainte* nach raibh aon difríocht shuntasach idir an dá phointe ama. Tá tuairimí na múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge faoi athruithe i gcaighdeán inniúlachta sa Ghaeilge i gcomhréir leis an treocht iomlán seo: sa staidéar seo, bhí 34.6% de na daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge á múineadh ag múinteoirí a chreid nár tháinig aon athrú ar chaighdeán in oilteacht labhartha na Gaeilge sna cúig bliana déag roimhe sin. Bhí an chuid eile beagnach roinnte go comhionann idir múinteoirí a cheap go raibh meath tarlaithe (29.3%) agus múinteoirí a cheap go raibh feabhsú tarlaithe (27%). Tá sé sin an-difriúil le dearcaí na múinteoirí i ngnáthscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta.

B’fhéidir gurb é an t-ábhar inní is mó ó thaobh na thorthaí na scoileanna lán-Ghaeilge ná an laghdú ar an gcéatadán daltaí a bhain máistreacht amach sa chuspóir briatharbhainteach in Éisteacht na Gaeilge. Tá an céatadán daltaí a bhain máistreacht amach sa chuspóir *Cruinnaithe dheilbhíocht na mbriathra* íslithe go suntasach, ó 76.1% i 1985 go dtí 61.3% i 2002. Tá an sciorradh san fheidhmíocht atá i gceist, áfach, go dtí leibhéal níos bunúsaí inniúlachta (‘dul chun cinn íosta ar a laghad’) seachas chuig

‘teip’. Is féidir neamhaird a dhéanamh den chéatadán ar theip orthu i 2002 (0.6%) agus níl sé difriúil ó 1985. Cé go bhfuil titim freisin sa chéatadán daltaí a bhain máistreacht amach sa chuspóir comhfhreagrach ar Thriail Labhartha na Gaeilge, *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra*, níl an difríocht suntasach sa chás sin. Níl an t-athrú sa ráta teipe in imeacht ama don chuspóir seo suntasach ach an oiread.

Is é an tábhacht atá le deilbhíocht na mbriathra ná go bhfuil ról tábhachtach séimeantaice aige sa chumarsáid. Tá an cineál deacrachta seo le gnéithe áirithe den ghramadach fós ag roinnt le cláir tumoideachais i go leor tíortha ar nós Ceanada, áit ar dealraitheach go bhfuil earráidí teangeolaíochta ‘siocaithe’ áirithe ag daltaí, earráidí atá deacair fáil réidh leo, in ainneoin a bheith ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil ag leibhéal ard sa teanga. Cruthaíonn an rang tumoideachais i gCeanada, a bheadh comhdhéanta de ghnáth de 25 foghlaimoir Fraincise agus cainteoir dúchais nó gar do-chainteoir dúchais Fraincise mar mhúinteoir, idirtheanga shainiúil faoi Ghrád 8 (Lyster, 1987). Chomh luath agus a bhaineann mic léinn leibhéal inniúlachta Fraincise amach a thugann an deis dóibh an bhrí atá ar intinn acu a chur in iúl dá chéile, dealraíonn sé gur beag gríosú a bhíonn ann dóibh a bheith níos cruinne in úsáid na teanga chun a dteachtaireacht a chur in iúl (Kowal & Swain, 1997; Swain, 1985, 1993).

Tá ceangal déanta ag taighde le roinnt blianta idir na fadhbanna sin agus gnéithe áirithe de chleachtais teagaisc atá ann agus as sin tá forbairt déanta ar chuir chuige a bhfuil gealladh fúthu ó thaobh an fhadhb sin a réiteach. Léirigh staidéir bhreathnadóireachta ar ranganna tumoideachais ghrád 3 agus ghrád 6 i gCeanada gur múineadh gramadach ag amanna áirithe den lá agus go raibh an claonadh ann na rialacha, táblaí agus catagóirí gramadaí a fhoghlaim agus iad deighilte ón gciall a bhíonn leo (Swain & Carroll, 1987). Ní raibh fócas ar chiall a chur le foirm i gcomhthéacs gníomhaíochtaí a bhí bunaithe ar ábhar, agus a d’fhéadfadh na pointí gramadaí a raibh staidéar á dhéanamh orthu i rith na ranganna teanga a dhaingniú. D’áitigh Swain agus Carroll go raibh gá le níos mó rialtacht agus córasachta in anailís teangeolaíochta agus sa láimhseáil ar cheartú earráidí i gcomhthéacsanna tumoideachais. Thaispeáin staidéir ina dhiaidh sin dá ndéanfaí an mhúinteoireacht a dhírú isteach ar ghné ar leith den teanga laistigh de chomhthéacs cumarsáideach ciallmhar go gcuirfeadh sé leis an bhfoghlaim agus go gcabhródh sé le réiteach a fháil ar laigí timpeallachta i socrú an chláir (Day & Shapson, 1991; Harley, 1989; Lyster, 1993). Léirigh staidéir eile gur féidir tascanna comhoibritheacha a úsáid chun grúpaí mac léinn a spreagadh chun smaoinemh agus labhairt ar fheidhm agus fheidhmiú na gramadaí i ngníomhaíochtaí scríofa ar leithligh. Nuair a cuireadh aiseolas ceartaitheach deiridh san áireamh mar chuid den phróiseas seo, is féidir an t-eolas ar fhoirm agus ar fheidhm atá ann a chomhdhlúthú nó a mhodhnú agus eolas nua a chruthú (Kowal & Swain, 1997).

Ag fillleadh ar na torthaí ginearálta do scoileanna lán-Ghaeilge, ba chóir a thabhairt ar aird go dtaispeánann ár sonraí nach mbraitheann chomh maith agus a éiríonn leis na scoileanna seo ó thaobh leibhéil arda inniúlachta daltaí sa Ghaeilge a chur ar fáil ar aon slí bhunúsach ar fhachtóirí a bhaineann le hoideachas tuismitheoirí, aicme shóisialta, cumas in úsáid na Gaeilge ná úsáid na Gaeilge sa bhaile. Ní hionann sin agus a shéanadh go bhfuil difríochtaí foriomlána sna hathróa cúlra baile sin idir gnáthscoileanna agus scoileanna lán-Ghaeilge nó nach bhfuil na fachtóirí sin ina slí féin nasctha le difríochtaí iarbhire ó thaobh inniúlachta sa Ghaeilge. Tá a fhios againn ón staidéar seo, mar shampla, go bhfuil ‘próifíl’ thuismitheoirí na leanaí i scoileanna

lán-Ghaeilge, ó thaobh a gcumais féin Gaeilge a labhairt, a mhinice a labhraíonn siad Gaeilge lena leanbh, a leibhéal oideachais, agus a stádas eacnamaíochta, níos fabhraí ná próifíl chomhfhreagrach na dtuismitheoirí i ngnáthscoileanna. Chomh maith leis sin, tá na hathróa cúlra baile sin nasctha go suntasach le roinnt gnéithe ar a laghad d'inniúlacht na Gaeilge i ngach ceann de thrí chineál scoile. Ach is éard a thaispeánann na comparáidí i gCaibidlí 6 agus 7 ná go n-éiríonn le daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge *nach bhfuil aon bhuntáistí teanga, sóisialta nó oideachais den sórt sin acu* fós leibhéil inniúlachta i nGaeilge a bhaint amach atá go substaintiúil níos airde (méid atá suntasach go staitistiúil) ná inniúlacht na ndaltaí i ngnáthscoileanna *go bhfuil buntáistí teanga, sóisialta nó oideachais den sórt sin acu*. Cuireann sé sin leis an argóint go dtagann rannchuidiú bunúsach na scoileanna lán-Ghaeilge ón bhfíric go mbítear ag múineadh trí mheán na Gaeilge, ionas go mbíonn teagmháil fhorleathan agus bhuanaithe inscoile leis an teanga go comhionann ag na daltaí go léir.

Bhí rud tábhachtach amháin nach raibh a fhios againn faoi thuismitheoirí scoileanna lán-Ghaeilge, áfach, ná an raibh athrú ar a bpróifíl idir 1985 agus 2002. Ó tharla go léiríonn an staidéar seo go bhfuil baint shuntasach ag fachtóirí cúlra teanga, oideachais agus sóisialta le hinníúlacht sa Ghaeilge, bheadh aon athrú i bpróifíl na dtuismitheoirí lán-Ghaeilge ina ábhar spéise i ndáil le, mar shampla, an meath sa chéatadán de dhaltaí lán-Ghaeilge a bhaineann máistreacht amach ar an dá chuspóir briathar-bhainteacha éisteachta agus labhartha atá luaite thuas¹⁹. Faraor, cé go bhfuil roinnt faisnéise againn maidir leis an teanga bhaile i scoileanna lán-Ghaeilge i 1985, bunaithe ar cheisteanna a cuireadh ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí (Harris & Murtagh, 1987), níl na sonraí inchomparáideach le sonraí 2002 a bailíodh ó na tuismitheoirí iad féin. Níl aon fhaisnéis chomparáideach againn ach an oiread do 1985 agus 2002 ar athróa eile ar nós chumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt, leibhéal oideachais na dtuismitheoirí, nó a n-aicme sóisialta. Ní bheadh aon iontas le déanamh de, ar ndóigh, dá mbeadh próifíl tuismitheoirí lán-Ghaeilge go deimhin athraithe méid áirithe in imeacht na tréimhse atá i gceist de réir mar a d'éirigh leis na scoileanna sin – go comparáideach ar aon nós – a bheith ina gcuid níos mó den phríomhshruth. Bheifí ag súil go mbeadh a bpróifíl níos cosúla le próifíl sin na dtuismitheoirí gnáthscoileanna. Bheadh sé spéisiúil i suirbhéanna amach anseo, dá bhrí sin, faisnéis a bhailiú ar phróifíl teangeolaíochta, oideachais agus shocheacnamaíochta tuismitheoirí lán-Ghaeilge agus tuismitheoirí gnáthscoileanna a bheadh inchomparáideach leis an bhfaisnéis atá bailithe anseo.

Is cuidiú mór ó thaobh an teanga a neartú go náisiúnta mar a d'éirigh le scoileanna lán-Ghaeilge a bheith ina rogha níos príomhshruthaithe, agus ag an am céanna iad ag leanúint ag cur daltaí le leibhéal arda oilteachta sa Ghaeilge ar fáil go ginearálta. Trí líon substaintiúil daltaí a chur ar fáil a bhfuil leibhéal arda oilteachta acu, d'fhéadfadh scoileanna lán-Ghaeilge a bheith ag dul thar thairseach fhíorthábhachtach maidir le bheith ag cur le líonraí labhartha Gaeilge a chruthú lasmuigh de cheantair Ghaeltachta. Cuirtear leis an éifeacht sin tuilleadh sa mhéid gur féidir leis na scoileanna lán-Ghaeilge aonair iad féin, ar nós gach scoile, fócas a sholáthar chun líonraí sóisialta a fhorbairt. Mar gheall air go dtugann scoileanna lán-Ghaeilge cion níos mó de thuismitheoirí le chéile a bhfuil leibhéal réasúnta ard cumas Gaeilge acu, agus a d'fhéadfadh a bheith scaipthe amach sách

¹⁹ Is féidir a áiteamh, go mbeifí ag súil go gcuirfeadh tuismitheoirí scoile lán-Ghaeilge a bhfuil leibhéal réasúnta ard oilteachta acu sa Ghaeilge agus a úsáideann Gaeilge go minic lena leanbh go díreach an cineál timpeallachta cumarsáide iarbhrí ar fáil a chabhródh le cuid de na hearráidí sin a chosc nó iad a cheartú.

tanaí sa phobal murach sin, is mó an dóchúlacht go bhforbróidh líonraí labhartha Gaeilge daoine fásta agus teaghlach (féach Ó Riagáin & Ó Gliasáin, 1979).

Ar deireadh, ba mhaith an ní dá ndéanfaí meastóireacht chuimsitheach ar an oideachas lán-Ghaeilge. Cé go bhfuil go leor taighde agus meastóireachta déanta ar an tumoideachas go ginearálta (Swain & Johnson, 1997), tá staidéar meastóireachta ar scoileanna lán-Ghaeilge, a bheadh inchomparáide leo sin a rinneadh i gCeanada, le déanamh go fóill. Ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil aon fhaisnéis oibiachtúil againn beag ná mór ar oibriú scoileanna den sórt sin. Tá inniúlacht na Gaeilge i measc daltaí scoileanna lán-Ghaeilge curtha i gcomparáid léi sin ag daltaí i ngnáthscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta sa suirbhé seo chomh maithe le suirbhéanna roimhe seo (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1987, 1988a, b). Rinneadh roinnt staidéir an-úsáideacha freisin ar ghnéithe ar leith de na cláir sin (m.sh., Ó Riagáin & Ó Gliasáin, 1979). Tá gnéithe de chumas agus d'inniúlacht daltaí, ar nós réasúnú briathartha sa Bhéarla, scrúdaithe freisin i roinnt suirbhéanna náisiúnta agus cheangail siad feidhmíocht daltaí le hathróga cúlra sóisialta agus teanga (Harris & Murtagh, 1987). Ach fós ní hionann sin agus an cineál meastóireachta leathanbhunaithe a bheadh ailínithe go sonrach le riachtanais, tréithe agus próisis an oideachais lán-Ghaeilge agus a bheadh faoi thiomáint ag saincheisteanna praiticiúla teoiriciúla agus turgnamhaíocha a eascraíonn as tumoideachas. Dá mbeadh staidéir ard-cháilíochta meastóireachta ar fáil d'fhéadfaidís cur go mór le fás agus le feabhas an oideachais lán-Ghaeilge amach anseo ar mar atá déanta acu i gcás an tumoideachais in áiteanna eile.

Scoileanna Gaeltachta

Cruthaíonn na torthaí do scoileanna Gaeltachta scéal casta agus níl sé chomh héasca léirmhíniú díreach a bhaint astu agus atá as na torthaí do scoileanna lán-Ghaeilge agus do ghnáthscoileanna. Féachfaimid ar dhá mhórghné de na torthaí: feidhmíocht na ndaltaí in Éisteacht na Gaeilge, Labhairt na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta i 2002 agus a leibhéal ginearálta i gcomparáid le feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge agus i ngnáthscoileanna; agus athruithe i bhfeidhmíocht na ndaltaí in Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta ó 1985.

Is léir go bhfuil an fheidhmíocht i 2002 maidir le hÉisteacht na Gaeilge, Labhairt na Gaeilge agus Léitheoireacht na Gaeilge ag daltaí i scoileanna Gaeltachta áit éigin idir feidhmíocht na ndaltaí i ngnáthscoileanna agus feidhmíocht na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge, cé go bhfuil siad i bhfad níos gaire don fheidhmíocht i scoileanna lán-Ghaeilge. I gcás gach ceann de sheacht gcuspóir Éisteachta na Gaeilge, mar shampla, bhí na céatadán a bhain máistreacht amach i scoileanna Gaeltachta níos mó ná an céatadán i ngnáthscoileanna ach níos lú ná an céatadán i scoileanna lán-Ghaeilge, cé go raibh siad i bhfad níos gaire do scoileanna lán-Ghaeilge. Mar shampla, is 73.3% a bhí sa chéatadán a bhain máistreacht amach in *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha* i scoileanna Gaeltachta, i gcomparáid le 96.3% i scoileanna lán-Ghaeilge, agus 7.8% i ngnáthscoileanna.

Is léir patrún den sórt céanna a bheith ar fud na dtrí phobal do gach ceann de chuspóirí Labhartha na Gaeilge. Mar shampla, ba é an céatadán daltaí Gaeltachta a bhain máistreacht amach i *bhFoclóir Cainte* ná 59.2%, cé go raibh an céatadán comhfhreagrach de dhaltaí lán-Ghaeilge beagán níos airde ag 66.4%, agus go raibh an

céatadán do ghnáthscoileanna i bhfad níos ísle ag 8.8%. Sampla eile ná *Cumarsáid* (rang a dó) ag a raibh an céatadán a bhain máistreacht amach i scoileanna Gaeltachta ag 85.2%, i gcomparáid le 94.6% i scoileanna lán-Ghaeilge agus 32.9% i ngnáthscoileanna. Tríd is tríd, is féidir an patrún céanna a fháil i gcás na rátaí teipe do chuspóirí Labhartha na Gaeilge agus Éisteachta na Gaeilge i ngach ceann de na trí chineál scoile.

I gcás Léitheoireacht na Gaeilge is féidir linn comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht ar fud na dtrí chineál scoile ar an triail chríochnú abairtí (Nasc25). Arís eile, is léir go bhfuil feidhmíocht Léitheoireachta na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta idir na scoileanna lán-Ghaeilge agus na gnáthscoileanna, ach níos gaire do na scoileanna lán-Ghaeilge: ba é an meán den chéatadán ceart ar Nasc 25 ná 70.9% do scoileanna Gaeltachta, 85% do scoileanna lán-Ghaeilge agus 38.9% do ghnáthscoileanna.

Breathnóimid anois ar an dara ceist – athruithe i bhfeidhmíocht ó 1985. Cé go raibh meath éigin i meánscór *foriomlán* Éisteachta na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta idir 1985 agus 2002, díreach mar a bhí i scoileanna lán-Ghaeilge, arís níl an difríocht suntasach go staitistiúil. Laghdaigh meánscór *foriomlán* (méanchéatadán ceart) Labhartha na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta go suntasach, ó 81% i 1985 go dtí 70.9% i 2002 - sé sin, díreach faoi leath dhiallas caighdeánach 1985. (Ní féidir linn meánscóir *foriomlána* Labhartha na Gaeilge a ríomh i 1985 i gcás scoileanna lán-Ghaeilge agus gnáthscoileanna²⁰.)

Maidir leis na cuspóirí aonair, fuair amach i gcás péire de na seacht gcuspóir éisteachta agus i gcás ceithre cinn de na hocht gcuspóir labhartha go bhfuil an meath ar na céatadán de dhaltáí Gaeltachta a bhaineann máistreacht amach suntasach go staitistiúil. Tá dhá chuspóir éisteachta, áfach, inar ardaigh an céatadán daltaí a bhain máistreacht amach, a bhfuil ceann díobh, *Idirdhealú fuaimeanna*, suntasach go staitistiúil. Bhí arduithe suntasacha sa dá thréimhse ama sa chéatadán daltaí ar theip orthu i dtrí cinn de na seacht gcuspóir éisteachta agus péire de na hocht gcuspóir labhartha. Is i gcás *Idirdhealú fuaimeanna* amháin atá *laghdú* suntasach sna céatadán de dhaltáí ar theip orthu.

Cé go bhfuil an líon cuspóirí a léiríonn meath suntasach i bhfeidhmíocht sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge i bhfad níos lú ná an méid i ngnáthscoileanna, níl an patrún athraithe in imeacht ama i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid le scoileanna Gaeltachta chomh soiléir céanna. Sna cuspóirí labhartha agus éisteachta go léir, is lú de bheagán na cuspóirí lena mbaineann laghduithe suntasacha sa chéatadán daltaí a bhaineann máistreacht amach i scoileanna lán-Ghaeilge (4) ná i scoileanna Gaeltachta (6). Rud atá b'fhéidir níos tábhachtaí, áfach, ná i scoileanna Gaeltachta, ach ní i scoileanna lán-Ghaeilge, tá dhá mhórchuspóir ina bhfuil líon mór míreanna san áireamh sna laghduithe sin. Mar sin, laghdaigh an céatadán daltaí Gaeltachta a bhain máistreacht amach i *bhFoclóir Éisteachta* ó 80.1% i 1985 go dtí 65.3% i 2002, titim shuntasach de 14.8%; agus laghdaigh an céatadán a

²⁰ Mar a dúramar i gCaibidil 2, is i gcás na scoileanna Gaeltachta amháin is féidir comparáid a dhéanamh idir na meánscóir *foriomlána* céatadán do Labhairt na Gaeilge do 1985 agus 2002. Sin mar gheall ar dhifríochtaí sa tslí a riaradh Triail Labhartha na Gaeilge sa dá thréimhse ama. I gcás Éisteacht na Gaeilge, i gcodarsnacht leis sin, is féidir comparáid a dhéanamh idir an dá mheánscór *foriomlána* agus sonraí ar chuspóirí aonair do na trí phobal scoileanna agus don dá thréimhse ama.

bhain máistreacht amach sa chuspóir labhartha *Líofacht inste* ó 86.7% i 1985 go dtí 72.9% i 2002, titim shuntasach de 13.8%.

Is féidir na torthaí seo a chur i gcomparáid le measúnú foriomlán na múinteoirí. Ba 76.6% sna gnáthscoileanna an céatadán daltaí ar chreid a múinteoirí go raibh meath tagtha ar oilteacht labhartha na ndaltaí sa Ghaeilge sna 15 bliana roimhe sin, 29.3% a bhí ann do scoileanna lán-Ghaeilge agus 68.1% do scoileanna Gaeltachta.

Agus sinn ag breithniú na dtorthaí seo, ba chóir éagsúlacht na bhfachtóirí teangeolaíochta agus oideachais a chinneann feidhmíocht i dtrialacha Éisteachta na Gaeilge agus Labhartha na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta a choinneáil in aigne. I measc na bhfachtóirí iomchuí tá go dtagann leanaí ó chúlra labhartha Gaeilge agus ó chúlra labhartha Béarla le chéile i gcomhréirí éagsúla i scoileanna difriúla Gaeltachta, agus go bhfuil éagsúlacht i scoileanna Gaeltachta iad féin sa mhéid teagaisc trí mheán na Gaeilge a dhéantar iontu, ag brath i bpáirt ar chúlra teanga na ndaltaí i ngach rang (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1988a,b). Mar a léiríonn na sonraí i gCaibidil 6, mar shampla, tá difríochtaí móra, go díreach mar a bheifí ag súil leis, i bhfeidhmíocht daltaí Gaeltachta a bhaineann le héagsúlachtaí i gcumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt agus a mhinice a úsáideann na tuismitheoirí Gaeilge leis an leanbh. Mar a d'fhéadfaí a thuar freisin, tá difríochtaí i bhfeidhmíocht na ndaltaí i ngach ceann de na trí thriail inniúlachta ag brath ar cibé an bhfaigheann an teaghlach deontas *Scéim Labhairt na Gaeilge*. Chomh maith leis sin, tugann na sonraí i gCaibidil 7 tuairisc ar mheascán de chainteoirí dúchais Gaeilge agus de chainteoirí Béarla i ranganna Gaeltachta agus an t-athraitheas sa mhéid múinteoireachta trí mheán na Gaeilge sna ranganna nuair a bhíonn cainteoirí dúchais sa mhionlach agus sa tromlach.

Fachtóir eile atá le cur san áireamh i gcás thorthaí na Gaeltachta go ginearálta, mar a dúradh roimhe sin (Harris, 1984), ná go bhfuil scóip réasúnta teoranta ag ár dtrialacha, go háirithe trialacha Éisteachta na Gaeilge agus Labhartha na Gaeilge, agus go bhfuil siad dírithe go príomha ar fheidhmíocht chainteoirí an dara teanga a thomhas. Ciallaíonn sé sin nach dtugann siad an deis dúinn na leibhéil arda feidhmíochta a thomhas, ná raon iomlán na scoileanna teangeolaíochta, cumarsáide agus léirithe a d'fhéadfadh a bheith ag cainteoirí dúchais. Baineann na teorainneacha sin, cuid áirithe, le daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge chomh maith. Le trialacha níos cuimsithí, bheadh an bhearna idir feidhmíocht chainteoirí dúchais Gaeilge agus cainteoirí dara teanga gan amhras i bhfad níos mó ná mar a léirítear inár staidéar. Ina ainneoin sin, tugann na trialacha go leor faisnéise i gcás go leor dár gcuid cuspóirí. Is cuid suntais, go háirithe, go mbaineann incrimintí suntasacha fheidhmíocht daltaí Gaeltachta ar na trialacha leis na catagóirí 'is airde', fiú d'athróga sochtheangeolaíochta agus cúlra baile ar nós cumas na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt, a mhinice a bhíonn Gaeilge in úsáid leis an leanbh, agus a bheith ag fáil deontas faoi *Scéim Labhairt na Gaeilge* (féach Caibidilí 6 agus 7).

Mar sin féin, tá sé rithábhachtach go bhforbrófar trialacha oilteachta eile, atá níos oiriúnaí do dhaltaí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad nó a bhfuil leibhéil arda líofachta sa teanga acu, do shuirbhéanna amach anseo. Tá trialacha den sórt sin de dhíth má táimid chun faisnéis fhíormhion a fháil ar athruithe i gcumas na Gaeilge in imeacht ama, ar phatrúin úsáide na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta, agus ar an méid a chuireann na scoileanna le forbairt oilteacht labhartha daltaí Gaeltachta. Tá siad de dhíth freisin chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúla oideachais agus

teangeolaíochta i scoileanna Gaeltachta²¹ agus i scoileanna lán-Ghaeilge. Fillfimid níos deireanaí ar cheist an chreata d'fhiontar forbartha trialach den sórt sin níos deireanaí sa chaibidil seo i gcomhthéacs na díospóireachta ar na riachtanais a bhaineann le gnáthscoileanna.

Gné eile de mhonatóireacht agus de mheastóireacht i scoileanna Gaeltachta ná gur chóir go smaoineofaí i suirbhéanna amach anseo an bhféadfaí gach leanbh Gaeltachta atá ar fáil a thástáil (seachas díreach sampla) ag leibhéal ranga ar leith, nó ar a laghad ar chodanna éigin de gach triail. Cé gur thástálar 54% de leanaí Gaeltachta rang a sé i suirbhé 2002, ba mhinic go raibh sé deacair tábhacht cheart na dtorthaí a mheas mar gheall ar an líon absalóideach réasúnta beag a bhí ann agus an éagsúlacht in inniúlacht na Gaeilge ag leibhéal scoile²². Roinnt uaireanta chonaiceamar, mar shampla, go mba dhealraitheach go raibh difríocht mhór san inniúlacht a bhain le hathróg, ach ba é deireadh an scéil nach raibh an toradh suntasach go staitistiúil sa phobal Gaeltachta. Thug fianaise choinbhéirsithe in áiteanna eile sna sonraí Gaeltachta le tuiscint amanna, áfach, go raibh fíordhifríocht ann. Bheadh cur chuige ar nós daonáirimh den chineál atá molta tairbheach chun paraiméadair bhunúsacha a chruthú i ndáil le hinniúlacht sa Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta. Rud eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ná an meán teagaisc nó an cion de dhaltaí sa rang a bhíonn ag fáil deontas *Scéim Labhairt na Gaeilge*, dá bhféadfaí an fhaisnéis sin a fháil roimh ré, a úsáid mar athróg strathaithe²³.

Gnáthscoileanna

Ag breathnú ar ghnáthscoileanna, tabharfaimid ar dtús creat na bpríomhthorthaí a bhaineann le hinniúlacht in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge. Cuirfimid fianaise tacaíochta i láthair freisin a fuarthas ó mhúinteoirí maidir leis na treochoirí a facthas agus léireoidimid cuid de na príomhfachtóirí atá le cur san áireamh agus na sonraí á gcur i gcomhthéacs.

Cé go bhfuil formhór dhaltaí rang a sé i ngnáthscoileanna fós ag déanamh dul chun cinn fiúntach i ndáil le gnéithe lárnaigh áirithe d'Éisteacht na Gaeilge agus de Labhairt na Gaeilge, tá a gcuid inniúlachtaí go substaintiúil níos ísle ná na cinn do na daltaí comhfhreagracha i lár na 1980idí. Ar an taobh dearfach den scéal, baineann tromlach de na daltaí máistreacht amach nó déanann siad dul chun cinn íosta (i.e., ní theipeann orthu) i ndáil le príomhchuspóirí ar nós *Foclóir éisteachta*, *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*, *Cruinnaithe dhéilbhíocht na mbriathra*, *Cumarsáid* (rang a dó) agus *Líofacht inste*.

Ach tá an céatadán daltaí a bhaineann leibhéal arda feidhmíochta amach (a dtugaimidne 'máistreacht' air) i mbeagnach gach gné d'Éisteacht na Gaeilge agus de Labhairt na Gaeilge tite go suntasach ó lár na 1980idí. Tá an céatadán de dhaltaí a theip i 2002 ardaithe go suntasach dá réir. I gcás roinnt cuspóirí Labhartha na Gaeilge

²¹ Tá an cheist seo nasctha freisin leis an riachtanas maidir le curaclam ar leithligh Gaeilge do dhaltaí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad (Féach Little, 2003; Ní Mhóráin, 2005).

²² Mar is léir ón athraitheas an-ard idir scoileanna i Léitheoireacht na Gaeilge, mar shampla, atá luaite i gCaibidil 5.

²³ D'fhéadfadh mórstaidéar a rinneadh le déanaí ar scoileanna Gaeltachta (Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghda agus Ní Mhainín, 2005) é sin a éascú.

(ar nós *Foclóir cainte* agus *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra sa chaint*), is tromlach anois an céatadán a theipeann. Is 65.9% a bhí sa chéatadán ar theip orthu i bh*Foclóir cainte* i 2002, agus is 76.5% a bhí ann do *Cruinnúsáid dheilbhíocht na mbriathra*, agus 64.1% do *Chruinnúsáid comhréire i ráitis*.

Tá athrú mór tarlaithe ó 1985. I 2002, tá an céatadán de dhaltáí rang a sé a bhain máistreacht amach i sé cinn de sheacht gcuspóir Éisteachta na Gaeilge tite go suntasach. Mar shampla, bhí titim de 36.1% agus 40.5% faoi seach sna céatadáin daltaí a bhain máistreacht amach sna cuspóirí *Foclóir éisteachta* agus *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*. Fágann sé seo mionlaigh an-bheaga de dhaltáí i ngnáthscoileanna (5.9% agus 7.8% daltaí faoi seach) a bhaineann leibhéil arda feidhmíochta (i.e. máistreacht) amach anois ar pháire de na cuspóirí sin. Tá comhcheangal idir na cuspóirí a bhaineann le *Cruinnaitheint dheilbhíocht na mbriathra san éisteacht* agus *Cruinnaitheint dheilbhíocht na réamhfhocail san éisteacht* agus titim de 24% agus 22.1% faoi seach, gan ach 2.9% agus 11.8% faoi seach fós ag baint máistreachta amach sna cuspóirí sin i 2002. I gcás dhá chuspóir eile, is é an meath sna céatadáin a bhain máistreacht amach ná 16.6% agus 13.1%. Is i gcás *Idirdhealú fuaimanna* amháin nach bhfuil an meath i bhfeidhmíocht suntasach go staitistiúil.

Ní aistríonn an meath sna céatadáin a bhain máistreacht amach idir 1985 agus 2002 i gcónaí go díreach isteach in ardú dá réir ar na céatadáin ar *theip orthu*. I gcás fhormhór chuspóirí Éisteachta na Gaeilge, is éard atá soiléir ná go bhfuil ardú measartha idir 1985 agus 2002 ar na céatadáin daltaí a bhaineann an leibhéal feidhmíochta níos ísle, a shainmhínítear mar ‘dul chun cinn íosta’, amach agus go bhfuil ardú beagán níos mó ar na céatadáin a dteipeann orthu. Is é an toradh deiridh, mar sin féin, ná go mbíonn ardú substaintiúil ar na céatadáin daltaí a dteipeann orthu i gcuspóirí tábhachtacha. I gcás *Tuiscint ghinearálta ar an teanga labhartha*, mar shampla, taifeadh ardú de 24.4% sna céatadáin a theip (ó 11.8% i 1985 go dtí 36.2% i 2002).

Bhí an treocht in inniúlacht i Labhairt na Gaeilge seasta ag dul síos freisin. Taispeánann gach ceann de na hocht gcuspóirí laghdaithe ó 1985 sna céatadáin de dhaltáí a bhaineann leibhéil arda feidhmíochta (máistreacht) amach, iad ar fad, seachas ceann amháin, suntasach go staitistiúil. Tá cuid de na laghdaithe an-substaintiúil – tá difríocht de 20.4% idir 1985 agus 2002 i gcás *Líofacht inste* agus difríocht de 21.1% i gcás an chuspóra *Cumarsáid* (rang a dó). Tá an meath *coibhneasta* an-substaintiúil freisin. Mar shampla, cé go bhfuair beagán níos mó ná leath na ndaltaí máistreacht ar na cuspóirí *Líofacht inste* agus *Cumarsáid* i 1985, ba lú ná an trian a fuair máistreacht orthu i 2002.

Cé gur léir gur ábhar inní iad na torthaí, tá sé tábhachtach iad a léirmhíniú i gceart. Caithfear trí fhachtóir a chur san áireamh. Ar dtús, baineann na torthaí le feidhmíocht na ndaltaí i leith cuspóirí atá oiriúnach do *leibhéal ranga reatha* an dalta. Tá an frása deiridh sin ríthábhachtach. Fiú is go dteipfeadh dalta cuspóir ar leith rang a sé, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ag an dalta beag ná mór i ndáil leis an ngné sin den Ghaeilge. D’fhéadfadh dul chun cinn éigin, cibé máistreacht nó íosta, a bheith déanta i ndáil leis an gcuspóir labhartha nó éisteachta comhfhreagrach ag leibhéal ranga níos ísle. An dara rud, fiú mura mbíonn máistreacht bainte amach ag dalta i gcás cuspóir ar leith, b’fhéidir go bhfuil dul chun cinn fiúntach déanta aige nó aici i ndáil leis an gcuspóir sin – léirithe mar shampla trína bheith cláraithe in ‘dul

chun cinn íosta' (ach gan máistreacht a bheith bainte amach áfach). An tríú ní, agus an ní is tábhachtaí, caithfear machnamh ar staitistic chomhfhreagrach 1985 freisin nuair a bhítear ag breathnú ar an gcéatadán a bhain gach ceann de na trí leibhéal feidhmíochta amach i 2002. Ní féidir linn measúnú ciallmhar a dhéanamh ar na torthaí díreach trí bhreathnú ar na céatadáin do 2002. D'fhéadfadh scrúdú ar chéatadáin 2002 astu féin léargas a chuirfeadh drochmhisneach orainn a thabhairt den inniúlacht sa Ghaeilge. Is é an tábhacht atá le peirspictíocht 1985 ná gurbh é an measúnú foriomlán ar thorthaí an tsuirbhé a rinneadh an bhliain sin ná go raibh siad ag an leibhéal a mbeifí ag súil leis nuair a chuirtear san áireamh an méid ama a chaitear ar an teanga i ngnáthscoil. Tháingamar ar an gconclúid sin trí chomparáid a dhéanamh idir daltaí a bhí ag foghlaim Gaeilge faoi choinníollacha éagsúla – scoileanna lán-Ghaeilge, scoileanna Gaeltachta, roinnt múinteoireachta trí Ghaeilge i ngnáthscoileanna. Ní féidir linn mar sin ár gcomhthéacs léirmhínteach a theorannú chuig na céatadáin daltaí a bhaineann máistreacht amach i ngach cuspóir i 2002. Is í an cheist mhór ná an chaoi ar athraigh feidhmíocht ó 1985.

Is í an chúis inní is mó, ar ndóigh, ná go bhfuil an fheidhmíocht athraithe go mór agus go bhfuil an meath ar fud beagnach gach ceann de chuspóirí Éisteachta na Gaeilge agus Labhartha na Gaeilge go léir. Léiríonn an anailís níos mine ar chumas comhrá Gaeilge na ndaltaí, nuair a bhíonn siad ag caint ar roinnt topaicí coitianta sainsiúla (Caibidil 4), níos soiléire ná b'fhéidir na sonraí ginearálta ar mháistreacht agus ar dhul chun cinn íosta díreach chomh lag agus atá inniúlacht labhartha mhionlach substaintiúil de na daltaí.

I gCaibidil 3, bhreithníomar dhá fhachtóir a d'fhéadfaí a cheapadh gurb iad ba chúis leis an meath i bhfeidhmíocht, ansin chuireamar na fachtóirí sin as an áireamh. Ba é an chéad cheann ná go bhféadfadh sé go raibh an fás ar an líon scoileanna lán-Ghaeilge tar éis daltaí le 'hard-chumas Gaeilge' agus múinteoirí le leibhéal arda oilteachta labhartha a bhaint de ghnáthscoileanna. Tugann an fhianaise le tuiscint, nuair a bhreithnítear í i gcomhthéacs náisiúnta, go bhfuil an éifeacht *dhíreach* atá ag na fachtóirí sin ar inniúlacht fhoriomlán i ngnáthscoileanna imeallach. Ciallaíonn an fhianaise chéanna ar ndóigh, nach féidir le scoileanna lán-Ghaeilge, in ainneoin chomh tapaidh agus atá siad ag fás, cúiteamh a dhéanamh ag leibhéal náisiúnta as scála an mheatha san inniúlacht i ngnáthscoileanna.

Ba é an dara ní a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe, go bhféadfadh na hathruithe ab éigean dúinn a dhéanamh sna trialacha cur leis an meath a tomhaiseadh san fheidhmíocht. Léiríonn an fhianaise a cuireadh i láthair i gCaibidil 3, más dada, go ndearna na hathruithe an triail beagán níos éasca. Fianaise thacaíochta eile go bhfuil an meath fíor, agus nach de bharr aon athruithe a rinneamar ar an triail é, ná go raibh meath tagtha freisin ar fheidhmíocht na fothrialach *Cumarsáid*. Tá sé seo tábhachtach mar go ndéantar *Cumarsáid* a thástáil ar shlí sholúbtha agus gur féidir leis an scrúdaitheoir an t-ábhar a oiriúnú don leanbh aonair.

Chomh maith leis na torthaí maidir le hinniúlacht Gaeilge daltaí, tugann an staidéar seo tuairisc freisin ar réimse de thuirimí agus cleachtais tuismitheoirí agus múinteoirí atá lárnach le tuiscint a fháil ar an gcomhthéacs ina dtéann múineadh na Gaeilge chun cinn. Tá sé léirithe, bunaithe ar an staidéar seo nó ar staidéir roimhe seo ar scála níos lú agus níos doimhne (Harris & Murtagh, 1999), go bhfuil bhaint shuntasach ag cuid de na hathróa sin le hinniúlacht dalta sa Ghaeilge nó lena dhearcadh nó lena dearcadh i leith

na Gaeilge. Cuireann na hathróa sin an méid teagaisc trí mheán na Gaeilge a dhéantar lasmuigh den rang Gaeilge féin, sásamh an mhúinteora i múineadh na Gaeilge, a mhéid a mbíonn tionchar ag dearcadh an mhúinteora féin ar a bhéim nó a béim ar an nGaeilge sa scoil, moladh ó thuismitheoirí do dhul chun cinn an linbh i nGaeilge agus an dearcadh i leith fhoghlaim na Gaeilge a spreagann an thuismitheoir san áireamh.

An tábhacht ó thaobh chothabháil oideachais agus teanga de

Is léir go bhfuil an meath san inniúlacht i nGaeilge labhartha atá tuairiscithe againn tábhachtach ó thaobh an oideachais de. Tá sé bunriachtanach, mar shampla, go mbainfeadh daltaí tairbhe as a bheith ag staidéar ábhair a bhfuil an oiread sin ama agus díchill curtha isteach ann. Maidir leis sin, is cuid suntais go bhfuil *Canadian Parents for French*, grúpa thuismitheoirí a bhunaigh na chéad chlár tumoideachais Fraincise, tosaithe ag cur béime ar an ngá atá le feabhas a chur ar na torthaí a bhíonn ar na croíchláir Fraincise²⁴ cosúil lenár gclár Gaeilge-mar-ábhar atá againne i ngnáthscoileanna. Deir siad gur ceann de na fadhbanna is mó atá leis na croíchláir atá ann ná go measann go leor mac léinn nach bhfuil siad ag foghlaim a ndóthain den teanga le go mbeadh siad in ann í a úsáid le haghaidh cumarsáide (*Canadian Parents for French*, 2004). Áitíonn siad gur chóir gurb í an phríomhspríoc athnuachana agus forbartha i gcroíchláir teanga ná leibhéil fiúntacha oilteachta sa teanga a bhaint amach chun móitivéisean na ndaltaí a choinneáil. Cruthaíonn an meath in inniúlacht i ngnáthscoileanna a bhfuil cur síos déanta díreach anois air ábhair inní den sórt céanna faoi mhóitivéisean daltaí ó thaobh Gaeilge a fhoghlaim, agus mura dtabharfar faoi na cúiseanna foluiteacha d'fhéadfaí an bonn a bhaint san fhadtearma den chomhthoil dhaingean atá ann faoi láthair i leith na Gaeilge sa bhunscoil.

Is ábhar inní iad na torthaí do mhúinteoirí freisin. Tá impleachtaí ag baint leis an bhfíric go gcreideann tromlach na múinteoirí i ngnáthscoileanna go bhfuil meath tagtha ar chaighdeán (Caibidil 7) ó thaobh fhéinmheas agus ó thaobh móitivéisean gairmiúil. A mhéid is go bhfeictear gur ann don mheath de bharr fachtóirí nach bhfuil ar chumas na múinteoirí féin a leigheas, d'fhéadfadh an toradh a bheadh air sin i bhfad aimsire a bheith an-tromchúiseach. Ní nach ionadh sa chomhthéacs seo, taispeánann na sonraí sa staidéar seo gur tharla meath substaintiúil agus meath atá suntasach go staitistiúil ó 1985 ar an gcéatadán múinteoirí a bhaineann sásamh as a bheith ag múineadh Gaeilge.

²⁴ Tá an tábhacht atá le gnáth chroíchlár dara teanga ó thaobh mórspríocanna teanga náisiúnta a bhaint amach léirithe ag *Action Plan for Official Languages* de chuid Rialtas Cheanada (Rialtas Cheanada, 2003). Tá sé de sprioc uailmhianach ag an *Action Plan* dúbailt a dhéanamh ar an líon daoine atá in ann feidhmiú go dátheangach go náisiúnta faoin mbliain 2014. Sa chomhthéacs sin, tugann an Plean ar aird go bhfuil an t-éileamh ar thumoideachas cothromaithe amach i rith na 1990idí. Cé go bhfuil sé beartaithe tumoideachas a chur chun cinn, aithníonn an Plean freisin go gcaithfear tabhairt go gníomhach faoi athscrúdú radacach a dhéanamh ar ar féidir le croíchláir agus tionscnaimh ghaolmhara eile ar nós dianchláir Fraincise agus croíchlár leathnaithe a chur i bhfeidhm (*Canadian Parents for French*, 2004). Tá na himpleachtaí do phleanáil agus polasáí i ndáil leis an nGaeilge i ngnáthscoileanna soiléir.

Ó thaobh chothabháil teanga agus athnuachan teanga²⁵ go náisiúnta de, tá an meath i gcaighdeáin an-tromchúiseach freisin. Mar atá ráite roimhe seo (Harris, 1991b; Harris, 1997; Ó Riagáin & Harris, 1993) tá ról a bhfuil tábhacht ar leith leis ag gnáthscoileanna maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge a atáirgeadh i ngach glúin nua. Toisc go bhfuil an ráta de tharchur nádúrtha na teanga lasmuigh de cheantair Ghaeltachta íseal, tá feidhm athnuachana na ngnáth-bhunscoileanna lárnach chun na leibhéil oilteachta labhartha sa Ghaeilge go náisiúnta a chothabháil. Tá roinnt cúiseanna leis an tábhacht a bhaineann leis na gnáthscoileanna. Ar an gcéad dul síos, is sna scoileanna seo a fhoghlaimíonn tromlach na leanaí Gaeilge (seachas sa líon i bhfad níos lú de scoileanna Gaeltachta nó lán-Ghaeilge). Dá bhrí sin, tá an deis ag baint le haon tionscnamh, is cuma cé chomh beag a chuireann le rath na scoileanna sin tionchar a bheith acu ar líon mór daltaí agus, ar an tslí sin, cur go mór leis an obair ó thaobh athnuachana teanga go náisiúnta. Ach tá a mhalairt fíor freisin: tá tábhacht an-mhór ó thaobh na teanga ag baint leis an meath san inniúlacht i ngnáthscoileanna mar gheall ar an líon daltaí atá i gceist.

Ar an dara dul síos, is cosúil go bhfuil an teagmháil leis an nGaeilge ag an mbunleibhéal níos déine agus níos dírithe ar urlabhra agus comhrá ná mar atá ag an iar-bhunleibhéal. Tá úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge do chumarsáid scoile agus ranga, agus ábhar amháin nó níos mó a mhúineadh i bpáirt nó go hiomlán trí Ghaeilge, níos coitianta i mbunscoileanna ná mar atá siad in iar-bhunscoileanna. Ag an iar-bhunleibhéal, is minic leis an teanga a bheith teoranta chuig an gceacht Gaeilge, cuid den chúis ná gur saineolaithe ábhair ag an leibhéal seo iad na múinteoirí. Ag an mbunleibhéal, is múinteoir Gaeilge gach múinteoir. Mar sin, i gcás thromlach na ndaltaí, tugann an bhunscoil teagmháil níos seasmhaí leis an teanga labhartha dóibh ná mar a bheidh go brách arís acu. Tá bealaí eile freisin ina bhfuil tábhacht leis na scoileanna seo: leagann siad síos an dúshraith do thuilleadh foghlaim teanga ag an iar-bhunleibhéal agus ag an tríú leibhéal agus, sa mhéid gurb iontu a chuireann formhór na leanaí a gcéad eolas ar an nGaeilge is féidir leo tionchar as cuimse, diúltach nó dearfach, a bheith acu ar dhearcaí fadtéarmacha i leith na teanga. Arís, is ábhar inní i gcomhthéacs chothabháil na Gaeilge ar bhonn náisiúnta de, aon rud a athraíonn chun donachta na príomhghnéithe sin den chlár Gaeilge.

Tugann na torthaí atá tuairiscithe againn, dá bhrí sin, le tuiscint go bhfuil dúshlán oideachais ann lena mbaineann impleachtaí móra d'aidhmeanna náisiúnta i ndáil leis an nGaeilge. Neartaíonn siad tuairim an Choimisinéara Teanga (2004) a léirigh sé ina *Thuarascáil Tionscnaimh* go bhfuil géarghá le hathbhreithniú cuimsitheach, fuarchúiseach ar gach gné d'fhoghlaim agus de mhúineadh na Gaeilge sa chóras oideachais?.

Cad ba chúis leis an meath san inniúlacht sa Ghaeilge?

Ní eascraíonn an anailís agus na moltaí a leanas ar aon bhealach simplí nó díreach as torthaí an tsuirbhé atá tuairiscithe againn. Tugann an suirbhé féin, ar ndóigh, measúnú ar scála na faidhbe atá ann, chomh maith le lear mór faisnéise a thabhairt ar roinnt fachtóirí sochtheangeolaíochta agus oideachais a bhfuil baint acu le hinniúlacht sa

²⁵ Mar gheall gur ann don linn oilteachta i nGaeilge a bhíonn ann go náisiúnta ag aon tráth ar leith (m.sh. arna shainmhíniú ag sonraí daonáirimh) mar thoradh ar an gcóras oideachais, d'fhéadfaí a rá go bhfuil ról cothabhála teanga ag an gcóras. Is í an fhírinne ar ndóigh ná go bhfuil an córas oideachais ag cur oilteachta as an nua ar fáil an t-am go léir, rud ar feidhm athnuachana teanga é ar shlí amháin (Feach Ó Riagáin, 1997).

Ghaeilge. Chomh maith leis sin, tá faisnéis againn faoi fhachtóirí eile, lena n-áirítear sonraí breathnadóireachta seomra ranga a bhaineann le coinníollacha agus próisis, ó roinnt staidéar a rinneadh roimh an tréimhse 17 bliain atáthar a breithniú, agus le linn na tréimhse sin (Harris, 1983, 1984; Harris & Murtagh, 1987, 1988a, 1988b, 1996, 1997, 1999). Teachtaireacht shoiléir amháin atá ag teacht as an obair seo ná go dtagann réimsí fachtóir le chéile, laistigh den scoil agus lasmuigh den scoil, chun an leibhéal inniúlachta a bheidh ag an dalta ar ball sa Ghaeilge a chinneadh. Ach níl aon bhealach cinnte chun an tsraith bheacht fachtóirí is cúis leis an meath in inniúlacht i ngnáthscoileanna ó na 1980idí, ná a n-ord tábhachta, a aithint go siarghabhálach. Tá an anailís atá curtha i láthair thíos, dá bhrí sin, beartaithe chun cur le plé níos leithne ar na saincheisteanna seachas a bheith ina ráiteas cinnte ar na cúiseanna agus ar réitigh an scéil.

Pointe lárnach ná gur tháinig ann do theaghlaim d'fhachtóirí diúltacha agus dúshlánacha a rinne difear d'inniúlacht leanaí sa Ghaeilge i ngnáthscoileanna i ndeireadh na 1980idí agus trí na 1990idí. Ach cé nár teaglamaíodh fachtóirí sa tslí sin cheana, ní fachtóirí sealadacha a bhformhór agus dá bhrí sin caithfear fós déileáil leo. Ina measc siúd, ar an gcéad dul síos, tá fachtóirí a bhféadfaí saincheisteanna tul-líne a thabhairt orthu ar nós gan modh oiriúnach ná ábhair oiriúnacha a bheith ann chun an Ghaeilge a mhúineadh, cúngú ar an gcroí-am don Ghaeilge, agus meath ar mhúineadh trí Ghaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge féin. An dara rud, tá drochmhisneach ar go leor múinteoirí le tamall anois, mar go gceapann siad go raibh an iomarca den fhreagracht a bhí ar an tsochaí i leith na Gaeilge á iompar acu féin. D'fhéadfadh sé gur chuir an forás ar scoileanna lán-Ghaeilge sa tréimhse chéanna agus iad ag baint an barr de ghnóthachtáil thraidisiúnta na ngnáthscoileanna as do mheanmna. Tuairiscíonn an staidéar seo cuid de na hathruithe i ndearcadh, i gcleachtas agus i dtuiscint na múinteoirí féin a bhí mar thoradh air sin – dearcadh nach raibh chomh fabhrach i leith na Gaeilge sa bhunscoil, níos lú sásamh á bhaint as múineadh na Gaeilge, a bheith suite de go raibh na caighdeáin tite, agus athruithe sa mhéid ama a caitheadh le múineadh trí Ghaeilge. Is dócha gur chuir an easpa ó thaobh fhreagairt oifigiúil i ndáil le cuid de na fadhbanna sin a bhí ag teacht chun cinn leis an tuiscint i measc múinteoirí go raibh an cheannaireacht agus an tacaíocht institiúideach a thugadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) riamh i leith na teanga ag lagú. D'fhéadfadh baint a bheith ag an bhfadhb seo ó thaobh freagartha de leis na mórathruithe struchtúir san oideachas laistigh den Roinn agus lasmuigh den Roinn a tharla i rith na tréimhse. Scrúdáfar gach ceann de na ceisteanna seo ina seal féin.

Ábhair agus modhanna múinteoireachta mí-oiriúnacha.

Gné lárnach don mheath in inniúlacht ná go raibh an curaclam closamhairc agus na hábhair mhúinte a bhí ag gabháil leis, a d'fhorbair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar dtús agus a úsáideadh i bhformhór na scoileanna sa tréimhse atá faoi bhreithniú, mí-oiriúnach. In ainneoin míshásamh méadaitheach a bheith á léiriú ag múinteoirí chomh fada siar le lár na 1980idí, níor cuireadh aon rud ina n-áit go dtí go raibh an curaclam leasaithe, *Curaclam na Bunscoile* (NCCA, 1999c), foilsithe. Bhí an míshásamh leis an gcúrsa closamhairc *Nuachúrsaí* dírithe ar thrí shaincheist ar a laghad in imeacht ama: leibhéal deacrachta na n-ábhar, a raibh sna hábhair mhúinte féin a beith as dáta agus mí-oiriúnach, agus an cur chuige múinteoireachta nó an modh (closamhairc) a bhí i gceist. Thacaigh torthaí taighde le gach ceann de na húdair cháinte sin.

Mar shampla, thug torthaí suirbhéanna a rinneadh go náisiúnta ar Éisteacht na Gaeilge agus Labhairt na Gaeilge i ndeireadh na 1970idí agus i dtús na 1980idí (Harris, 1984) le fios go raibh cuspóirí na gcúrsaí ró-dheacair do go leor daltaí agus go bhféadfadh cúrsaí le haidhmeanna nach mbeadh chomh deacair torthaí níos fearr a chur ar fáil. Ina dhiaidh sin, le linn breathnadóireacht ranga agus in obair fhorbartha ar ábhair sna 1990idí (Harris, 1996; Harris, Ó Néill, Uí Dhufaigh & Ó Súilleabháin, 1996; Harris & Murtagh, 1999), chonacthas chomh mór is a bhí na ceachtanna ina mórfhadhb do mhionlach suntasach daltaí agus gur mheas na daltaí tríd is tríd go raibh an t-ábhar agus an cur chuige ó thaobh na múinteoireachta ‘leadránach, seanfhaiseanta agus lán d’athrá’. Faoi lár na 1990idí, thaispeáin suirbhé de chuid Chumann Múinteoirí Éireann (CME, 1996), go raibh an Ghaeilge, as aon réimse ábhair déag, ar an ábhar ba mhó inní, agus go raibh geall le ceathrar as gach cúigear múinteoirí ag rá go raibh athrú de dhíth go práinneach’ (1.52). I gcomparáid leis sin, ní raibh ach 30% de na múinteoirí a luaigh matamaitic, an réimse inní lenar bhain an chéad chéatadán eile ba mhó. D’áitigh tuarascáil de chuid CMÉ ar an nGaeilge ina dhiaidh sin (1998a, b) arís go raibh gá go práinneach le hábhair mhúinte a fhorbairt do churaclam cumarsáideach.

Bheadh sé ró-éasca, áfach, a rá gurb iad modhanna múinte agus cúrsaí, nó curaclam in aon chiall chúng, an t-aon fhadhb atá ann nó a bhí riamh ann. Dá mba mhodhanna agus ábhair an t-aon fhachtóir ba chúis leis, ansin d’fhéadfaimis a bheith ag súil go réasúnach, go gcuirfí deireadh leis an meath sin in imeacht ama agus go gcúlófaí é, le tabhairt isteach *Churaclam na Bunscoile* agus soláthar an ábhair chumarsáide ina dhiaidh sin. Cinnte, is dócha go ndéanfaidh *Curaclam na Bunscoile* difríocht as cuimse agus is cuid suntasach gur chreid múinteoirí 69.6% de na daltaí sa staidéar seo gur mó taitnimh a bhainfeadh na daltaí as an nGaeilge nuair a bheadh an cur chuige nua múinteoireachta curtha i bhfeidhm. Ach leis an bhfianaise láidir go bhfuil tionchar ag fachtóirí eile, a bhfuil cuid díobh pléite thíos, ar inniúlacht na ndaltaí ní móide go réiteoidh athrú ar mhodhanna agus ábhair iontu féin an fhadhb. Faraor, maidir le caint phoiblí ar chaighdeán na Gaeilge a bhaintear amach i scoileanna is minic gur ar cheist na modhanna agus na n-ábhar a dhíríonn sí, gan beann ar an réimse fachtóirí oideachais agus sochtheangeolaíochta eile a chinneann an caighdeán inniúlachta a chuireann clár ar fáil.²⁶

Crapadh ar an gcroí-am a chaitear le Gaeilge mar ábhar

Léirigh trí shuirbhé náisiúnta ar leithligh a rinneadh idir 1976 agus 1985 go raibh éagsúlacht sa mhéid ama a chaitear leis an nGaeilge in aghaidh na seachtaine agus go síneann an éagsúlacht sin ó 5.6 go dtí 5.1 uair an chloig. Fuair Ó Domhnalláin agus Ó Gliasáin (1976) amach i suirbhé náisiúnta ar mhúinteoirí rang a sé i ngach cineál bunscoile gur caitheadh thart ar 5.6 uair an chloig ar an meán ar theagasc foirmiúil na

²⁶ Tagann ceisteanna faoi ionchais neamhréalaíochta agus cuspóirí ró-uaimhianacha i gcás chlár dara teanga nó teanga iasachta chun cinn i go leor tíortha, agus is minic go luaitear i dtéarmaí den sórt céanna iad. Cúig bliana fichead ó shin, dúirt Merrill Swain, saineolaí aitheanta idirnáisiúnta i dteangeolaíocht fheidhmeach: ‘Is é a mhéid a chomhfhreagraíonn torthaí cláir le hionchais a mhéid a meastar gur éirigh le clár nó gur theip air. Dá bhrí sin, bíonn sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh na hionchais réalaíoch ... Smaoinigh, mar shampla, ar na hionchais a bhíonn ag go leor daoine faoi chlár dara teanga ina múintear an sprioctheanga ar feadh tréimhsí gearra in aghaidh an lae. I gcás na gclár sin, is minic a chloistear ráitis ar nós: ‘Rinne mé Fraincis san ardscoil ar feadh cúig bliana agus fós níl in ann an teanga a labhairt’, nó ‘Rinne gach duine de mo chlann Fraincis ar scoil, ach níl ceachtar acu in ann nuachtán Fraincise a léamh fiú agus ní fhéachann siad riamh ar Theilifís Fraincise.’ D’fhéadfadh duine an cheist a chur go réasúnach an luíonn an locht ar an gelár, nó an é go bhfuil ionchais neamhréalaíochta den chlár ag tuismitheoirí agus foghlaimoirí’. (Swain, 1981: 486). [*Aistriúchán ar an mBéarla*]

Gaeilge, a raibh 45% de sin gafa le Gaeilge chomhráiteach nó labhartha. I suirbhé náisiúnta de mhúinteoirí rang a dó i ngnáthscoileanna sa bhliain 1982, ba é an meánlíon uaireanta an chloig in aghaidh na seachtaine a caitheadh ar an nGaeilge ná 5.1, thart ar a leath de sin ar Ghaeilge chomhráiteach nó labhartha (Harris, 1984). I 1985, thuairisc sampla náisiúnta de mhúinteoirí rang a sé i ngnáthscoileanna gur caitheadh díreach os cionn 5.4 uair an chloig sa tseachtain ar an meán ar Ghaeilge (Harris & Murtagh, 1988b). Sa réamhrá do *Curaclam na Bunscoile* (CNCM, 1999c), áfach, tá an croí-am (‘íosmhéid’) don Ghaeilge mar an dara teanga sonraithe mar 3.5 uair an chloig. Cé go raibh roinnt tráchta sna nuachtáin ag an am á rá go mb’ionann sin agus laghdú ar an méid ama a bhí ann don Ghaeilge, ba chosúil gur glacadh go ginearálta leis gur dócha go raibh an t-am iarbhír don Ghaeilge laghdaithe go dtí rud éigin cosúil leis an leibhéal seo de bharr brú ama ar an gcuraclam le roinnt blianta roimhe sin. Is é is dóichí gur chuidigh an titim shubstaintiúil idir 1985 agus 2002 sa chroí-am don Ghaeilge, fiú más de réir a chéile a tharla sé, leis an titim i gcaighdeáin in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge.

Is fada is eol dúinn gur fachtóir lárnachl an méid ama a mbíonn teagmháil leis an teanga i gclár scoile ó thaobh inniúlacht nó oilteacht sa dara teanga a shocrú. Tá fachtóirí gaolmhara eile ar nós déine (m.sh. an líon ranganna sa tseachtain) agus an t-am gafachta (an t-am a úsáidtear go hiarbhir i múineadh agus foghlaim) tábhachtach freisin (Bloom, 1974; Collins, Halter, Lightbown & Spada, 1999; Curtain, 2000; Johnstone, 2002). Mar a deir Johnstone, is fachtóir tábhachtach an “t-am” i ngach tír, ach i roinnt tíortha tá sé thar a bheith tábhachtach i gcás go mbíonn fíorbheagán teagmhála leis an sprioc-teanga sa tsochaí ... (1.20). Is é an líon méadaithe uaireanta teagmhála an chúis bhunúsach a gcuireann an tumoideachas (m.sh. lán-Ghaeilge) leibhéal arda inniúlachta sa teanga ar fáil; tá an líon uaireanta teagmhála leis an teanga inscoile an-ard i gcomparáid le gnáthscoileanna agus go deimhin an-ard i gcomparáid le go leor scoileanna Gaeltachta. Tabhair ar aird gur fachtóir é an crapadh ar chroí-am don Ghaeilge a mbeadh tionchar mór aige ar an méid foriomlán ama teagmhála leis an teanga i ngnáthscoileanna ach nach mbeadh sin athraithe beag ná mór aige i scoileanna lán-Ghaeilge. Tá de mhéid mhúineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge agus i go leor scoileanna Gaeltachta nach mbeadh aon tionchar dáiríre ag laghdú ar an gcroí-am don Ghaeilge. Ina leith sin d’fhéadfadh sé a bheith suntasach dá bhrí sin, go meaitseálann an patrún meatha i bhfeidhmíocht in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge ar fud cineálacha scoileanna i suirbhé 2002 an iarmhairt is dealraitheach a bheadh ag uaireanta teagmhála teanga, ó tharla gur i ngnáthscoileanna a tharla an meath is mó.

Tá sé tábhachtach béim a chur ar an bpointe gur mhó de chailteanas é an laghdú i gcroí-am don Ghaeilge, is cuma conas a tharla sé, don Ghaeilge ná don laghdú dá réir in am d’ábhair eile. Is éard is cúis leis sin nach síneann úsáid na Gaeilge go héasca thar an am sa chlár don Ghaeilge gan dícheall speisialta ón múinteoir. Síneann léitheoireacht Bhéarla, scríbhneoireacht, agus matamaitic, mar shampla, go héasca, go nádúrtha agus go riachtanach chuig réimsí eile den churaclam an t-am go léir. Mar sin, déantar ar bhealach na hábhair sin a mhúineadh, go díreach nó go hindíreach, do chuid mhór den lá, lasmuigh de cibé croí-am a bhíonn acu sa chlár. Foghlaimeoidh daltaí stór focal nua Béarla, mar shampla, le linn dóibh a bheith ag staidéar raon topaicí eile, beidh Matamaitic ag teastáil sa rang Eolaíochta, agus mar sin de. Ní hionann an tionchar a bhaineann le croí-am a laghdú do na hábhair sin, dá bhrí sin, agus an tionchar ó thaobh na Gaeilge. I go leor

scoileanna, bhainfeadh laghdú sa chroí-am don Ghaeilge an bonn go mór den aon bheith istigh a bhí ag an teanga sa churaclam.

Mar fhocal scoir, maidir leis sin, d'fhéadfaí a thabhairt ar aird gur luaigh fócas-ghrúpaí múinteoirí a ndeachthas i gcomhairle leo faoi fheidhmiú churaclam na Gaeilge an deacracht a bhaineann le cur chuige nua a fheidhmiú san am a bhí ar fáil (CMÉ, 2004).

Laghdú ar mhúineadh trí Ghaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge

Mar a dúradh roimhe seo (Harris, 1991a, 1992), is dócha gur fíorbheag a bhí le déanamh ag cuid de na gnéithe ba luachmhara ó thaobh mhúineadh na Gaeilge sa bhunscoil san am atá thart leis na modhanna múinte mar a thuigtear go coitianta iad. Is mó a bhaineann siad sin le carachtar dara teanga (seachas le carachtar teanga iasachta) chlár na Gaeilge – an claonadh a bhí ann Gaeilge a mhúineadh trí Ghaeilge, an Ghaeilge a úsáid méid áirithe do chumarsáid cheart sa rang agus sa scoil, agus an Ghaeilge a úsáid chun codanna d'ábhair eile a mhúineadh i roinnt scoileanna. Taispeánann sonraí ó roinnt staidéar, an ceann seo san áireamh, gur gné an-chumhachtach a mbíonn tionchar aici ar inniúlacht é múineadh trí Ghaeilge (Harris, 1983; 1984; Harris & Murtagh, 1988a). Taispeánann saothar eile gur fheabhsaigh inniúlacht Ghaeilge daltaí ag gach leibhéal cumas acadúil ginearálta, arna tomhas ag triail réasúnachta briathartha, mar thoradh ar mhúineadh trí mheán na Gaeilge (Harris & Murtagh, 1988b).

Is éard atá tábhachtach faoi mhúineadh trí mheán na Gaeilge ná, cé nach bhfuil ach mionlach de scoileanna agus ranganna a ghlacann an cur chuige sin, gur ionann an mionlach laistigh de phríomhshruth an phobail gnáthscoileanna agus líon absalóideach an-mhór daltaí. Dá mbeadh ardú tagtha ar an gcineál seo teagaisc trí mheán na Gaeilge i ngnáthscoileanna i rith na tréimhse 1985-2002 atá á breithniú, chúiteodh sé go mór as an tionchar ar inniúlacht a tharla de thoradh an mheatha sa chroí-am don Ghaeilge a bhfuil tuairisc thuas air. Is léir ó staitisticí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (Tábla 3.13), áfach, gurb é a mhalairt atá tarlaithe i ndáiríre – laghdaigh múineadh trí Ghaeilge go suntasach idir 1985 agus 2002.

Ról faoi leith agus dearcaí athraitheacha na múinteoirí

Sula scrúdóimid na saincheisteanna a bhaineann le dearcaí athraitheacha múinteoirí i rith na tréimhse 1985-2002 agus a n-impleachtaí ó thaobh inniúlachta sa Ghaeilge, ní mór tagairt a dhéanamh do ról faoi leith atá ag scoileanna agus ag múinteoirí i ndáil leis an nGaeilge i gcomparáid le hábhair eile. Cé nach bhfuil neart ar bith ag scoileanna ná múinteoirí air, bíonn an claonadh ann go mbíonn an Ghaeilge 'scoite amach' sna gnáthscoileanna i gcomparáid le hábhair eile. Is beag teagmháil idirghníomhach, má bhíonn aon teagmháil idirghníomhach, a bhíonn ag daltaí leis an teanga labhartha lasmuigh den scoil. Is é an toradh a bhíonn air sin ná cé go bhfoghlaímíonn siad labhairt na Gaeilge ar scoil lena húsáid sa ghnáthsaol laethúil, mar dhea, go bhfuil a fhios acu i ndáiríre gur beag ócáid a bhíonn lasmuigh den scoil (go háirithe i measc a gcomhscoláirí) ina dtarlódh riachtanas iarbhír, nó fiú deis, chun Gaeilge a labhairt. Tá na fadhbanna a chruthaíonn sé sin do mhúinteoirí agus do scoileanna leagtha amach go mion ag Harris *et al.* (1996a,b) agus Harris (2005). Rud amháin, tá sé níos deacra do mhúinteoirí agus do dhaltaí sprioc láithreach nó

móitivéisean lasmuigh den scoil a aithint le go bhfoghlaimeoidís leis an teanga a labhairt sa seomra ranga. Fiú laistigh de scoileanna, is furasta don Ghaeilge a bheith teanntaithe laistigh den tréimhse ama a bhíonn ar fáil don Ghaeilge rud nach dtarlaíonn d'ábhair eile.

Baineann an taobh eile den chaoi a mbíonn na scoileanna astu féin i ndáil leis an nGaeilge leis na tuismitheoirí. Tugann sonraí a cuireadh i láthair i gCaibidil 7 le tuiscint go bhfuil an claonadh i go leor tuismitheoirí 'fan amach as sin' a bheith acu maidir leis an nGaeilge. Is ábhar é a fhágtar den chuid is mó faoin scoil. Tá sé tuairiscithe againn i gCaibidilí 6 agus 7 gur annamh a labhraíonn formhór mór na dtuismitheoirí Gaeilge lena leanaí, nó ní labhraíonn siad riamh leo í, gur lú a mholann siad dul chun cinn sa Ghaeilge (go háirithe an Ghaeilge labhartha) ná mar a mholann siad dul chun cinn in ábhair eile, agus go bhfágann siad faoi na leanaí é a ndearcadh féin i leith na Gaeilge a fhorbairt. Ní hamhlaidh nach bhfuil aon suim ag na tuismitheoirí i ndul chun cinn a leanaí nó nach cás leis an bpobal i gcoitinne, tuismitheoirí san áireamh, an Ghaeilge. Taispeánann sonraí sa staidéar seo go bhfuil tuismitheoirí chomh díocasach agus a bhí riamh go bhfoghlaimeodh a gcuid leanaí Gaeilge agus, i bhformhór na gcásanna, go gcreideann siad go bhfuil an scoil ag déanamh gach is féidir lena chinntiú go mbaintear sin amach. Níl ann ach ar chúiseanna pearsanta agus ar chúiseanna stairiúla nach bhfuil go leor tuismitheoirí rannpháirteach ó thaobh na Gaeilge, nó i bhfoghlaim na Gaeilge ag na leanaí, ar an tslí chéanna a mbíonn siad rannpháirteach in ábhair eile.

Ceann de na torthaí atá air sin ná go mbíonn an Ghaeilge ag brath ar dhearcaí, ar dhícheall agus ar thiomantas na scoileanna agus ar mhúinteoirí aonair ar shlí nach mbíonn ábhair eile. Is deacair a shamhlú go mbeadh dearcaí pearsanta ag múinteoirí i leith ábhar ar nós matamaitic nó Béarla a mbeadh baint acu lena n-obair ó lá go lá sna réimsí ábhar sin ar an tslí a ndéanadh a ndearcadh i leith na Gaeilge difear dá gcuid oibre. Meabhraítear gur léirigh taighde sna 1980idí, mar shampla, as ocht bhfachtóir a d'fhéadfadh béim na múinteoirí ar an nGaeilge a shocrú, go ndúirt níos mó múinteoirí gurb é a ndearcadh féin, seachas aon cheann de na seacht bhfachtóir eile, a shocraigh go príomha an t-am agus an bhéim a tugadh don Ghaeilge. Ar bhealach amháin, bhí an scéal sin – chomh tábhachtach agus a bhí dearcaí agus rannpháirtíocht an mhúinteora – ina bhuntáiste don Ghaeilge san am a caitheadh. Tharla sin, mar a léirítear i gCaibidil 7, mar go raibh dearcaí níos dearfaí ag múinteoirí i leith na Gaeilge ná mar a bhí ag tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne. Thaispeáin suirbhé an Choiste um Thaighde ar Dhearcadh i leith na Gaeilge (CLAR, 1975) agus CMÉ(1985a) freisin go raibh múinteoirí níos báúla leis an nGaeilge, níos oilte sa teanga agus gur dóchúla gur mó a d'úsáidfidís Gaeilge ná an pobal i gcoitinne sna 1970idí agus sna 1980idí. (Ó Riagáin, 1986, l.13). Ag an tráth sin freisin, bhí tromlaigh shubstaintiúla de mhúinteoirí díograiseach faoi mhúineadh na Gaeilge agus dúirt siad go raibh a ndearcadh i leith a múinte chomh fabhrach agus a bhí nuair a thosaigh siad ar an ngairm bheatha nó go raibh a ndearcadh éirithe níos fabhraí.

Ach is é an taobh eile den scéal ó tharla go bhfuil an bhéim ar an nGaeilge sa scoil ag brath chomh mór sin ar threallús agus ar thiomantas na múinteoirí aonair, go bhféadfadh iarmhairtí an-mhóra tarlú dá dtiocfadh meath ar dhearcaí, móitivéisean, féinmhuinín nó sásamh gairmiúil na múinteoirí maidir le múineadh na Gaeilge. Ag fágáil na gcúiseanna ar leataobh ar feadh nóiméad, taispeánann ár dtorthaí anois gur thosaigh dearcaí na múinteoirí ag athrú ó lár na 1980idí. Bhí titim shuntasach idir

1985 agus 2002, ó 80.3% go dtí 55.4%, ar an gcéatadán de dhaltáí ar bhain a múinteoirí sásamh as a bheith ag múineadh Gaeilge. Bhí meath suntasach freisin ar an gcéatadán a raibh dearcadh fabhrach acu maidir le Gaeilge a bheith á múineadh sa bhunscoil, agus bhí ardú suntasach ar an gcéatadán a cheap gur chóir níos lú ama a chaitheamh ar an nGaeilge. Fuairamar amach freisin, i gcás go leor múinteoirí, nach raibh a ndearcadh féin ina fhachtóir lárnach a thuilleadh ó thaobh na béime a chuir siad ar an nGaeilge. I bhfocail eile, níl na dearcaí dearfacha ná an móitivéisean atá ag múinteoirí á úsáid a thuilleadh go baileach ar an tslí chéanna chun go rachadh sé chun tairbhe don dalta ó thaobh inniúlacht na Gaeilge de. Ábhar inní ar leith anseo, ar ndóigh, ná go bhféadfadh na hathruithe diúltacha sin a bheith ina dtreocht leanúnach. Is cuid suntasach, áfach, in ainneoin an mheatha shuntasaigh ar an gcéatadán daltaí a raibh dearcadh fabhrach ag a múinteoirí i leith na Gaeilge a bheith á múineadh sa bhunscoil, go bhfuil an céatadán fós sách ard. Sa mhéid sin, tá bonn d'athnuachan ann, chomh fada agus go ndéantar freagairt dearfach, chuiditheach.

Fiú amháin i lár na 1980idí, mheas 81% de na múinteoirí nár léirigh na torthaí a fuarthas i múineadh na Gaeilge an méid ama a caitheadh á múineadh. I measc na rudaí a luaigh na daoine nach raibh anois chomh fabhrach faoi mhúineadh na Gaeilge bhí an siollabas, staid na Gaeilge i sochaí na hÉireann, easpa móitivéisean daltaí agus easpa tacaíochta ó thuismitheoirí (CMÉ, 1985a, 1998b). Chomh maith leis na deacrachtaí praiticiúla a thagann as easpa ábhar, d'fhéadfadh sé gur féachadh ar an easpa aird a tugadh ar an éileamh ar acmhainní agus ábhair mar laghdú ar an tiomantas i leith na Gaeilge ag leibhéal oifigiúil.

Fás ar scoileanna Lán-Ghaeilge

Chuireamar deireadh le hipitéis amháin cheana i gCaibidil 3 faoin éifeacht atá ag an bhfás sna scoileanna lán-Ghaeilge. Ba é sin go bhféadfadh sé gur thóg na scoileanna nua lán-Ghaeilge líon míchionmhar de dhaltáí ard-chumais Gaeilge ó na gnáthscoileanna, agus gurbh é sin ba chúis leis an meath in inniúlacht sna gnáthscoileanna. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé amhlaidh go mbíonn an claonadh, de réir mar a thaispeánann ár sonraí, ann go mbíonn leibhéil níos airde cumas Gaeilge ag tuismitheoirí lán-Ghaeilge agus go labhraíonn siad Gaeilge níos minice lena leanaí ná mar a dhéanann tuismitheoirí i ngnáthscoileanna. Chomh maith leis sin, taispeánann ár dtorthaí go bhfuil ceangal idir éagsúlachtaí i gcumas agus úsáid na dtuismitheoirí, i ngnáthscoileanna agus i scoileanna lán-Ghaeilge *araon*, agus difríochtaí suntasacha in inniúlacht sa Ghaeilge (Caibidilí 6 agus 7). Rinneamar triail ag féachaint ar tharla an meath in inniúlacht na Gaeilge i ngnáthscoileanna de bharr na ndaltaí sin a cailleadh chuig scoileanna lán-Ghaeilge trí na daltaí sin (lena leibhéal inniúlachta 'lán-Ghaeilge) a 'athlonnú'²⁷ go hipitéiseach i ngnáthscoileanna. Mar a thaispeánamar i gCaibidil 3, is beag difríocht a rinne an t-athlonnú seo don scála meatha in inniúlacht na Gaeilge a tugadh faoi deara i ngnáthscoileanna. I bhfocail eile, níl an hipitéis gur ann don mheath in inniúlacht sna gnáthscoileanna go díreach mar gheall ar dhaltáí ard-chumais Gaeilge a chailleadh chuig scoileanna lán-Ghaeilge inchreidte.

Tagann saincheist mórán mar a chéile chun cinn faoi na hiarmhairtí atá ag an bhfás i scoileanna lán-Ghaeilge maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge agus próifíl dhearcadh na múinteoirí sna scoileanna sin. Mar atá léirithe cheana i gCaibidil 7, bíonn dearcadh

²⁷ Ba chóir go gcuirfeadh an t-athlonnú seo difríochtaí in inniúlacht daltaí idir scoileanna lán-Ghaeilge agus gnáthscoileanna san áireamh, ar difríochtaí iad a bhaineann le hathróa neamhtheangeolaíochta ar nós leibhéal oideachais na dtuismitheoirí agus cibé an bhfuil cárta leighis acu.

níos fabhraí ag múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge i leith na Gaeilge agus bíonn leibhéil níos airde cumas labhartha Gaeilge acu dar leo féin ná múinteoirí i ngnáthscoileanna. Cé go raibh múinteoirí ag 24.8% de na daltaí i ngnáthscoileanna a thuairisc gur ‘cainteoir dara teanga lag’ an caighdeán Gaeilge labhartha a bhí acu, ní raibh aon dalta i scoil lán-Ghaeilge a raibh múinteoir acu a chuir é nó í féin sa chatagóir sin. Ós rud é go bhfuil fás tapaidh tagtha ar scoileanna lán-Ghaeilge sa tréimhse idir 1985 agus 2002, is léir gur thóg cion an-mhór múinteoirí a raibh spéis ar leith acu sa Ghaeilge nó a raibh cumas labhartha na Gaeilge acu poist sna scoileanna sin. Cé gur féidir a bheith beagnach cinnte de go raibh éifeacht ag an bhfachtóir sin ar inniúlacht i ngnáthscoileanna, taispeánann ár n-anailís nach bhféadfadh sé a bheith baol ar bith chomh mór le go míneodh sé an méid de mheath a tháinig ar inniúlacht daltaí agus a fuarthas go hiarbhír inár sonraí.

Seachas gluaiseacht iarbhrí daltaí nó múinteoirí ar leith ó chineál amháin scoile go dtí cineál eile, áfach, tá bealaí eile níos indírí ina bhféadfadh an fás ar scoileanna lán-Ghaeilge éifeacht dhiúltach a bheith acu dá n-ainneoin féin. Mar shampla, d’fhéadfadh easpa daltaí ard-chumais Gaeilge i ngnáthscoileanna éifeacht iolraitheach dhiúltach a bheith aige trí dhinimic na seomraí ranga agus na múinteoireachta a athrú. I staidéar breathnadóireachta seomra ranga a rinne Harris agus Murtagh (1997), mar shampla, fuarthas gur labhair daltaí a raibh leibhéil arda inniúlachta sa Ghaeilge labhartha acu ina n-aonar sa rang beagnach dhá uair chomh minic le daltaí ar leibhéil ísle Gaeilge a bhí acu agus go raibh siad níos airdealláí fiú amháin nuair a bhí siad ina dtost. D’áitigh Harris agus Murtagh trí chead a thabhairt do dhaltaí ard-chumais Gaeilge labhairt níos minice in imthosca múinteoireachta ranga iomláin, nó iarraidh orthu labhairt, gur dóchúla go raibh na múinteoirí ag iarraidh an chothromaíocht is fearr a bhaint amach idir réimse nithe: gan an rang a mhoilliú an iomarca, a chinntiú go raibh cion ard de mhalairtí poiblí rathúla (cearta) i nGaeilge ann chun dea-shamhail teanga a sholáthar do na daltaí i gcoitinne, agus mar sin de. D’fhéadfadh múinteoirí a bheith ag iarraidh an míshuaimhneas a bhíonn ar dhaltaí níos laige nuair a iarrrtar orthu labhairt i gcásanna go mbeadh náire orthu freagra a thabhairt nó gan freagra a thabhairt a chur san áireamh. Ar aon nós, is léir go mbaineann easpa daltaí ard-inniúlachta Gaeilge den sórt sin, nó líon níos lú díobh a bheith ann, cineál áirithe fuinnimh, spreagtha agus acmhainne den rang Gaeilge i ngnáthscoileanna. Fágann a n-easnamh an múinteoir gan cineál inniúlachta oideolaíochta ar leithligh, ar ndóigh, - a bheith in ann cabhrú le daltaí leibhéil arda inniúlachta sa teanga a fhorbairt.

Gné eile a bhaineann leis an bhfás i scoileanna lán-Ghaeilge ná go bhféadfadh go bhfaighidís forlámhas ar an ról ceannaireachta a bhí ag roinnt gnáthscoileanna roimhe sin, go háirithe na gnáthscoileanna sin a d’oibrigh clár ‘leathnaithe’ ina ndearnadh roinnt teagaisc trí mheán na Gaeilge lasmuigh den rang Gaeilge féin. Nuair nach raibh ann ach líon an-bheag scoileanna lán-Ghaeilge i dtús na 1980idí, ní fhéadfadh chomh maith agus a bhí ag éirí leo an barr a bhaint d’inniúlachtaí gnáthscoileanna. Ach leis an bhfás a tháinig orthu agus iad níos feiceálaí ar fud na tíre le blianta beaga anuas, d’fhéadfadh sé gur mhothaigh múinteoirí i ngnáthscoileanna amanna go raibh cineál ceannaireachta i ndáil leis an nGaeilge tugtha ar láimh do na scoileanna nua seo. I bhformhór na ngnáthscoileanna, áit a mbraitheann an bhéim ar an nGaeilge ar thiomantas agus spéis an mhúinteora aonair, tá ceisteanna maidir le meas agus sásamh gairmiúil níos tábhachtaí ná i gcás ábhair eile na scoile. Caithfidh sé gur gné lárnach de luach saothair an jab é go gceapann an múinteoir go bhfuil sé nó sí ag obair i gcomhthéacs, agus leis na cineálacha tacaíochta, a cheadóidh leibhéil fiúntach

d'inniúlacht an dalta sa Ghaeilge a bhaint amach. D'fhéadfadh go n-athródh fás na scoileanna lán-Ghaeilge cuid de na dearcaí sin.. Más fíor sin, tugann sé chun suntais an gá atá le bealaí praiticiúla a fháil chun ról riachtanach na ngnáthscoileanna i ndáil leis an nGaeilge a dheimhniú go ginearálta agus chun acmhainneacht na scoileanna sin a uasmhéadú chun leibhéil inniúlachta sa Ghaeilge a chur ar fáil a measfaidh na múinteoirí féin a bheith fiúntach agus a bheidh ag teacht leis an obair a bhíonn déanta acu.

Ní bhaineann aon chuid de seo, ar ndóigh, ón méid mhór atá bainte amach ag na scoileanna lán-Ghaeilge féin ná ní cheistíonn sé an fiúntas a bhaineann le tuilleadh fáis ar an oideachas lán-Ghaeilge. Is í an tsaincheist ná measúnú a dhéanamh, chomh réalaíoch agus is féidir, ar na hiarmhairtí indíreacha ar ghnáthscoileanna agus an tslí a bhféadfaí tabhairt faoi na héifeachtaí diúltacha nach raibh i gceist.

Freagairt Institiúideach: Ceisteanna luais, scóipe agus ceannaireachta

Ní bheadh sé ciallmhar i gcomhthéacs na dtorthaí atá curtha i láthair againn neamhaird a dhéanamh den fhreagairt oifigiúil nó institiúideach ar na fadhbanna a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Gaeilge a tháinig chun cinn i ndeireadh na 1980idí agus sna 1990idí. D'fhéadfaí a áiteamh gur mó a luíonn an fhreagracht ó thaobh fadhbanna ar fud an chórais sa bhunoideachas a aithint go mear agus freagra dóibh a chruthú leis na forais oifigiúla i gcás na Gaeilge ná mar a bheadh i gcás na n-ábhar eile scoile. Dá mbeadh meath substaintiúil tagtha ar chaighdeán i matamaitic nó i léitheoireacht Bhéarla sa tréimhse atáthar a bhreithniú, mar shampla, bheadh sé tugtha faoi deara agus bheadh inní léirithe ag tuismitheoirí i bhfad níos tapúla ná mar a tharla i gcás na Gaeilge. Ar an mbonn sin, is túisce a bheadh brú chun gníomh leighis a dhéanamh.

Tá plé déanta cheana againn ar an bhfadhb is léire maidir leis an bhfreagairt oifigiúil i rith na tréimhse 1985-2002 – an mhoill a bhain le curaclam agus ábhair nua a sholáthar don Ghaeilge agus na héifeachtaí tánaisteacha is dócha a bhí aige sin ar dhearcaí na múinteoirí. Ach is gné thábhachtach eile den fhreagairt oifigiúil ná go raibh scóip an fhreagartha shainmhínithe ró-chúng. Ba chóir, ina áit sin, go mbeadh an tacar iomlán de cheisteanna oideachais agus pleanála teanga a bheadh ábhartha don mheath in inniúlacht na ndaltaí, lena n-áirítear an pháirt a bhí ag fachtóirí ar nós brú ama ar an nGaeilge, an meath i múineadh trí Ghaeilge, easpa rannpháirtíochta na dtuismitheoirí leis an nGaeilge sa scoil i gcomparáid le hábhair eile, an meath i sásamh na múinteoirí i múineadh na Gaeilge, agus fiú an easpa tacaíochta don Ghaeilge lasmuigh den scoil clúdaithe sa scóip sin.

Mar shampla, tá an easpa rannpháirtíochta praiticiúla ó thuismitheoirí agus easpa tacaíochta ó thuismitheoirí i ndáil leis an nGaeilge, agus aonrú na scoileanna i ndáil leis an teanga i gcoitinne, ar cheann de na fachtóirí atá ag goilliúint ar mhóitivéisean na múinteoirí. Go dtí seo, glacadh leis nach fadhbanna oideachais go díreach a bhí sna fadhbanna sin nó, fiú dá mba ea, nach bhféadfaí idirghabháil a dhéanamh ina leith i gcás na Gaeilge. Is é an treo nua atá de dhíth anois ná cur leis an sainmhíniú faoinar féidir idirghabháil a dhéanamh ina leith díreach, mar a rinneadh i gcás an mhíbhuntáiste oideachasúil mar shampla, a leathnaigh de réir a chéile an sainmhíniú de ghníomh oifigiúil a d'fhéadfaí a dhéanamh. Ceann de na tascanna atá le déanamh, mar shampla, ná bealaí a fháil chun freastal ar riachtanais agus ar pheirspictíochtaí an dá phríomhpháirtí leasmhara a bhfuil a rannchuidiú i bhforbairt inniúlachta sa Ghaeilge ríthábhachtach, múinteoirí agus tuismitheoirí. Ar ámharaí an tsaoil, níl aon

díospóid faoi chuspóir deiridh na dtuismitheoirí agus na múinteoirí – go mbainfeadh an dalta inniúlacht amach sa Ghaeilge. D’fhéadfadh ról a bheith ag taighde sa réimse seo agus fillfidimid níos deireanaí sa chaibidil seo ar thionscadal taighde agus forbartha ar éirigh leis rannpháirtíocht níos mó a chur chun cinn (Harris & Murtagh, 1999).

Ar shlí amháin, is éard atá san athrú atá á áiteamh anseo ná go dtabharfadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta aitheantas níos soiléire dá ról déach ó thaobh oideachais agus cothabháil teanga agus pleanáil teanga atá cheana aici, agus go dtabharfadh sí faoin ról sin ar shlí níos iomláine. Aithnítear go hidirnáisiúnta agus in Éirinn go mbraitheann an obair phleanála Gaeilge cuid mhór ar an gcóras oideachais (Ó Riagáin, 1997). Dá bhrí sin, tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i ndáiríre i lár báire ó thaobh an obair náisiúnta pleanála teanga agus cothabhála teanga cheana féin. Ní shin le rá gur féidir na deacrachtaí atá ann a réiteach go tapaidh nó go héasca nó fiú gur leor gníomh oifigiúil amháin. Ach chothódh athrú i bpeirspictíocht faoi nádúr agus scóip na freagartha oifigiúla deiseanna nua do ghníomh dearfach.

Polasaí oideachais teanga agus struchtúir oideachais atá ag athrú

Gné eile den fhreagairt oifigiúil a chaithfear a mheas ná an raibh ceangal ag mórathruithe a tharla sa riarachán oideachais go náisiúnta sna 1980idí agus 1990idí ar aon slí leis an meath san inniúlacht. Sa bhliain 1985, forbraíodh curaclam na Gaeilge agus na cúrsaí comhrá Gaeilge a bhí in úsáid an tráth sin faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a d’fhorbair an curaclam atá faoi láthair ann, agus foilsíodh é i 1999. Cé gur mhaoinigh an Roinn tionscadal i lár na 1990idí chun forbairt a dhéanamh ar bhunábhair chumarsáide agus moltaí do chúrsaí nua maidir le múineadh na Gaeilge ag an mbunleibhéal (Harris et al 1996 a, b), níor léir ar feadh roinnt mhaith ama go díreach cén ról a bheadh ag an Roinn i ndáil le hábhair nua mhúinteoireachta a chur ar fáil nó a mhaoiniú a luaithe a bheadh an curaclam curtha i bhfeidhm. Ina dhiaidh sin, chuir foilsitheoirí tráchtála cúrsaí nua Gaeilge ar fáil do ghnáthscoileanna agus bhunaigh an Roinn tionscadal (*Scéim na nDearthóirí*) inar thosaigh grúpa múinteoirí ag obair ar ábhair Ghaeilge a fhorbairt do scoileanna Gaeltachta agus do scoileanna lán-Ghaeilge.

I rith na tréimhse céanna, rinneadh atheagar ó bhonn ar chigireacht na scoileanna mar chuid de mhór-athstruchtúrú agus athscrúdú rólanna laistigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta a tionscnaíodh sa Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (Rialtas Níos Fearr a Sheachadadh: An Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí, 1996). Dhaingnigh cinneadh an Rialtais i 2001 Tuarascáil Cromien (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) ar fheidhmiú an próisis seo agus leag bealach amach chun dlús a chur faoi athrú laistigh den Roinn ina n-athrófaí an bhéim ó riarachán ó lá go lá ar an gcóras oideachais go dtí béim ar chroí-cheisteanna ar nós déanamh polasaí, pleanáil chun cinn, cuntasacht, rialú cáilíochta, agus monatóireacht agus meastóireacht ar an gcóras. Ag an tráth sin freisin sannadh raon feidhmeanna tábhachtacha nua i ndáil leis an nGaeilge san oideachas, lena n-áirítear ábhair a sholáthar trí Ghaeilge, ar chomhlacht reachtúil nua *An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*. Tá freagracht as *Scéim na nDearthóirí* tógtha ar lámh ag an gcomhlacht sin le gairid.

Nílimid ag ceistiú fiúntas na n-athruithe struchtúrtha agus institiúideacha sin, ná ar a dtionchar dearfach ar an oideachas i gcoitinne, ach ní miste a mheas an dea-ní a bhí iontu ar gach slí i leith na Gaeilge. Ar mhó na buntáistí a tugadh don Ghaeilge, ar nós

próiseas comhairliúcháin níos leithne faoinar forbraíodh an curaclam, níos mó páirtithe leasmhara páirteach ann, ná cailleadh na cosanta a bhí ag an Teanga faoi na seansocruithe? Chomh fada agus a bhí an Ghaeilge suite i dtimpeallacht lárnach cinnteoireachta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, bhí ard-tosaíocht ag an teanga agus ba bheag iomaíocht curaclaim a bhain di. Mar a d'áitíomar níos túisce, tá tacaíocht oifigiúil agus institiúideach den chineál sin ríthábhachtach don Ghaeilge. Chinntigh freagracht ó lá go lá as gach gné den teanga laistigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus laistigh den chigireacht – mar ábhar scoile agus mar theanga náisiúnta – gur aithníodh fadhbanna a bhí ag teacht chun cinn go tapaidh, bhí suíomh na freagrachta ó thaobh gnímh de soiléir, d'fhéadfaí cinntí maidir le freagairt a dhéanamh go tapaidh agus ba léir na ceangail idir gnéithe oideachais agus chothabháil teanga na bhfadhbanna. Buntáiste eile a bhí leis an bhfreagracht ó lá go lá, díreach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta as an nGaeilge i rith na tréimhse sin ná gur sholáthair sí tiomantas oifigiúil níos infheicthe agus ceannaireacht i ndáil leis an teanga, agus léirigh ar shlí dhíreach cár luigh úinéireacht na bhfadhbanna éagsúla agus na saincheistanna éagsúla, agus cé a bhí freagrach astu. Ní raibh na socruithe nua, a bhí níos tarmligthe agus a tháinig i bhfeidhm i ndeireadh na 1980idí agus sna 1990idí, cibé faoi na fiúntais eile a bhí ag gabháil leo, chomh hoscailte do ghníomh pras, comhordaithe ag leibhéal náisiúnta. Ba mhór an fhadhb é sin i rith tréimhse, de réir dealraimh, agus sinn ag breathnú siar air, tréimhse ina raibh gá le gníomh práinneach.

Ní hé atá á áiteamh againn go rachfaí siar ar an dul chun cinn oideachais agus ar an athchóiriú struchtúrtha, ach moltar comparáid a dhéanamh idir an córas tacaíochta don Ghaeilge a bhí ann sna 1970idí agus sna 1980idí agus an rud atá anois i dtimpeallacht nua institiúideach 2006. Ceann de na príomhfadhbanna i rith na hidirthréimhse seo chuig an gcóras níos oscailte, tarmligthe, solúbtha agus speisialtachta atá anois againn, ná nach raibh creat mion polasaí ann ina bhféadfaí éifeachtacht na socruithe nua seo ó thaobh na Gaeilge a mheas. Chinnteodh creat den sórt sin, a leagfadh síos spriocanna, próisis agus struchtúir agus a chlúdóidh cothabháil teanga agus gnéithe oideachais den cheist, leanúnachas agus comhtháthú níos mó ó thaobh na hoibre sa réimse sin. Is cosúil go mbeadh dearbhú polasaí, comhpháirtíocht agus clár oibre comhaontaithe do ghníomh ar chuid de na príomh-mhéireanna a bheadh riachtanach le teacht in áit an chineál córais lárnaithe agus docht a bhí tráth ag tabhairt tacaíochta don Ghaeilge. Cé gurb í an Roinn Oideachais agus Eolaíochta atá freagrach agus cuntasach i ndeireadh thiar as an nGaeilge faoi na socruithe nua, chabhródh polasaí mion faoin nGaeilge san oideachas chun rólanna difriúla na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ghníomhaireachtaí eile atá freagrach as an teanga a shainmhíniú níos soiléire agus a chinntiú go mbeidh dóthain airgid agus pleanála ann don tasc atá idir lámha. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh sé soiléir cé chomh forghníomhach a bheidh an ról atá beartaithe a bheith ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta amach anseo i ndáil leis an nGaeilge. Bhainfeadh seo le fadhbanna a bheidh ag teacht chun cinn i dtaca leis an nGaeilge a bhrath go luath agus freagairt a cheapadh dóibh

Moltaí

Cleachtadh fadtréimhseach i bpleanáil oideachais agus teanga

Is féidir freagra leordhóthanach ar na fadhbanna a bhaineann leis an meath i leibhéal inniúlachta daltaí agus an t-éadóchas atá ag méadú i measc múinteoirí a thógáil ar an anailís atá díreach curtha i láthair. Is í an cheist lárnach ná aitheantas a thabhairt do

chastacht na faidhbe agus an sainmhíniú uirthi atá againn faoi láthair a leathnú. Is é an dara mór-riachtanas ná plean gníomhaíochta leordhóthanach a fhorbairt a bheidh in ann freastal a dhéanamh ar an réimse deacrachtaí atá sainaitheanta sa staidéar seo agus i dtaighde roimhe seo.

Molaimid go mbeadh múineadh agus foghlaim na Gaeilge sa bhunscoil faoi réir cleachtadh fadtréimhseach i bpleanáil oideachais agus teanga, a chlúdóidh Gaeilge mar ábhar ach ní amháin sin ach úsáid na Gaeilge níos forleithne sa scoil agus an t-idirghníomhú casta idir Gaeilge a fhoghlaim agus na tacaíochtaí atá ar fáil sa bhaile agus sa phobal. Bheadh taighde, forbairt agus obair chruthaitheach i gceist agus iad leagtha amach chun réiteach a sholáthar do na dúshláin a eascraíonn as an staid shochtheangeolaíochta ina bhfeidhmíonn scoileanna go fírinneach. Bheadh sé riachtanach na gnéithe oideachais den cheist a chur san áireamh mar aon leis an aidhm náisiúnta an dátheangachas a chur chun cinn chomh maith le húsáid na Gaeilge a dhéanamh níos forleithne. Tá pleananna agus tionscnaimh leathana den chineál ginearálta sin á bhfeidhmiú faoi láthair i dtíortha mar an Bhreatain Bheag (Edwards, 2005) agus Ceanada (Rialtas Cheanada, 2003).

Cé go mbaineann an tuarascáil seo leis an nGaeilge ag an mbunleibhéal, is léir go mbeadh cleachtadh pleanála teanga den chineál atá molta i bhfad níos éifeachtaí dá nglacfaí leis ag gach leibhéal oideachais. Bheadh sé níos éifeachtaí fós dá mbeadh comhaontú dearfa polaitiúil faighte ag leibhéal náisiúnta roimh ré i ndáil lena spriocanna agus leis an bpróiseas feidhmithe (mar a rinneadh i gcás *Action Plan for Official Languages* Rialtas Cheanada). Cé go bhfuil creat dlí agus bunreachtúil chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa chóras oideachais ann cheana, bíonn réimse mór doiléireachta ann faoin méid ba chóir nó is féidir a dhéanamh ó thaobh gnímh oifigiúil de. Is minic go ndéanann sé sin deacair do ranna rialtais agus do chomhlachtaí reachtúla gníomhú le dóthain cinnteachta ó thaobh cheapadh agus fheidhmiú na dtionscnamh nua a bhfuil gá leo. Thabharfadh an próiseas a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar phlean náisiúnta, agus comhaontú polaitiúil a fháil do spriocanna agus d'fheidhmiú an phlean, áfach, níos mó soiléireachta agus fuinnimh don fhiontar ina iomláine. Thabharfadh sé tuiscint don phobal ar chomh mór agus atá an obair atá le déanamh agus ar na bearta a bheadh de dhíth chun go n-éireodh léi.

Bheadh cur chuige forghníomhach i gceist leis na chéad chéimeanna praiticiúla sa chleachtadh pleanála – na fadhbanna agus na féidearthachtaí atá ann i ndáil le múineadh agus foghlaim na Gaeilge sa bhunscoil a dhéanamh amach; a bhfuil uaidh mhúinteoirí, thuismitheoirí agus daltaí i ndáil leis an nGaeilge a fháil amach; na tionscnaimh a dtacódh múinteoirí agus thuismitheoirí leo; gach a dteastaíonn ó na múinteoirí ó thaobh ábhair de. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh i bpáirt trí phróiseas comhairliúcháin a bhfuil tuairisc thíos air, trí scéimeanna píolótacha a bhunú, agus trí thaighde a choimisiúnú chun bealaí nua chun freagairt do na fadhbanna a aithnítear a imscrúdú. Cé go bhfuil roinnt athruithe diúltacha tarlaithe a bheadh deacair a athrú ar ais anois (m.sh. laghdú ar an gcroí-am don Ghaeilge atá tarlaithe cheana féin), is é an aidhm ba chóir a bheith ann ná cúiteamh a dhéanamh astu sin, mar shampla, trí chur leis an méid múinteoireachta trí mheán na Gaeilge, trí thionscnaimh agus cláir thuismitheoirí a fhorbairt agus trí dheiseanna a thabhairt do mhúinteoirí a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Tá roinnt moltaí i ndáil leis na trí réimse atá díreach luaite forbartha thíos. Déanfar moltaí freisin faoi mhonatóireacht, meastóireacht agus forbairt trialach.

Ábhar múinteoireachta/ ábhair trí Ghaeilge.

Caithfidh dearbhú ar an ról traidisiúnta a bhí ag gnáthscoileanna i ndáil leis an nGaeilge chomh maith le bealaí nua a shainathint chun tacú leo a bheith mar spriocanna ag aon chlár oibre do ghníomh ionas, mar ghrúpa, go bhféadfaidh siad ar a laghad na leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a bhain siad amach san am a caitheadh a bhaint amach. Agus sin á dhéanamh, caithfear a admháil go bhféadfadh raon sách mór a bheith ann maidir le chomh huailmhianach agus a d'fhéadfadh scoileanna difriúla a bheith i leith na Gaeilge. Ba chóir dúinn díriú ar an uas-chlár Gaeilge atá gach scoil, agus gach dream tuismitheoirí, toilteanach a chur i bhfeidhm. Sa chás gur féidir béim speisialta ar chur ar an nGaeilge i scoil ar leith mar gheall ar dhearcadh agus móitivéisean an mhúinteora féin, agus sa chás go dtugann dearcaí tuismitheoirí áitiúla an deis sin a dhéanamh, ba chóir go mbeadh teacht go héasca ar thacaíocht, struchtúir, oiliúint agus ábhair chun an leas is fearr a bhaint as an deis sin agus chun clár níos uailmhianaí a thabhairt i gcrích.

Is léir go bhfuil go leor den deis sin ann nach bhfuil úsáidte faoi láthair. Taispeánann an suirbhé a bhfuil tuairisc anseo uirthi go dtacódh 24% de na tuismitheoirí i scoileanna nach múintear aon ábhar trí Ghaeilge iontu faoi láthair le hábhar amháin nó péire a mhúineadh trí Ghaeilge. Fiú mura mbeadh ach mionlach beag de leanaí atá ag foghlaim Gaeilge faoi láthair mar chroí-ábhar i ngnáthscoileanna páirteach i gclár 'leathnaithe' den chineál seo (nó i gclár níos uailmhianaí de pháirt-tumoideachas nó de luath-tumoideachas a bhfuil tuairisc thíos air) d'fhéadfadh an éifeacht fhoriomlán ar inniúlacht na ndaltaí go náisiúnta a bheith an-mhór. Sin mar gheall ar an líon absalóideach leanaí a bheadh i gceist leis. Caithfear a admháil go neamhbhalbh chomh maith leis sin, ar ndóigh, nach mbeadh spéis ag go leor múinteoirí agus tuismitheoirí sa chineál seo cláir beag ná mór. Sna cásanna sin, caithfear cuir chuige eile a lorg chun tacú le hinniúlacht daltaí sa Ghaeilge a fhorbairt.

Ba chóir dhá chur chuige leathana i dtreo na sprice maidir le leathnú a dhéanamh ar an méid múinteoireachta trí Ghaeilge a fhorbairt:

- (a) cur chun cinn a dhéanamh ar ábhar amháin nó dhá ábhar, nó codanna d'ábhair, a mhúineadh trí Ghaeilge i ngnáthscoileanna – *croí-chlár leathnaithe*.
- (b) *cinéilacha idirmheánacha den tumoideachas* a fhorbairt, nach mbeidh chomh huailmhianach leis an gcur chuige lán-tumoideachas sna scoileanna lán-Ghaeilge ach a bheidh níos uailmhianaí ná an clár leathnaithe ábhair-amháin.

Tá na cláir idirmheánacha sin réasúnta coitianta in áiteanna eile (féach Swain & Johnson, 1997) agus cuireann siad leis an inniúlacht sa dara teanga, ag léiriú na n-uaireanta breise d'fhíorthéagmháil cumarsáide leis an teanga. Ceann de phríomhbhuntaistí na gclár sin, ar ndóigh, ná go mbaineann siad uaireanta teagmhála breise amach gan baint den am a chaitear le hábhair scoile eile. Tá na cuir chuige sin anois mar chuid de ghluaiseacht oideachais níos mó atá ag feidhmiú faoin scáth ginearálta d'*fhoghlaim lánpháirtithe ábhair agus teanga* (Marsh, 2002) agus atá ag fáil tacaíochta go gníomhach ó Rannán Pholasaí Teanga Chomhairle na hEorpa.

Croí-chlár leathnaithe Gaeilge

Tá dhá chur chuige atá beagán difriúil óna chéile laistigh den rogha seo. Baineann ceann amháin leis an deis a thabhairt do ghnáthscoileanna (m.sh. trí ábhair, oiliúint nó tacaíocht a sholáthar) múineadh trí Ghaeilge ar bhonn neamhfhoirmiúil, gan clár sainiúil 'leathnaithe' a chur ar fáil. B'fhéidir gurbh fhearr le go leor múinteoirí tosú ar an tslí sin. Mar a léirigh an tionscadal a bhfuil tuairisc thíos air, áfach, is féidir leis an

dearcadh faoinar féidir a bhaint amach athrú a luaithe agus a bhaintear triail as cur chuige nua. Mar rogha air sin, d'fhéadfaí clár leathnaithe a chur chun cinn ar bhealach níos oscailte, leis an scoil ag léiriú go bhfuil clár den sórt sin á chur ar fáil agus tacaíocht na dtuismitheoirí á lorg aici.

D'fhéach mórthionscadal taighde agus forbartha ar Eolaíocht agus Ealaín a mhúineadh trí Ghaeilge do leanaí i rang a trí agus i rang a ceathair i ngnáthscoileanna a rinneadh le blianta beaga anuas an cur chuige sin (Harris & Mac Giollabhuí, 1998a,b,c; Harris & Murtagh, 1999). Toradh lárnach a fuarthas ná go raibh dhá riachtanas ann chun go mbeadh múineadh trí Ghaeilge inmharthana agus tarraingteach: (a) ábhair shainoiriúnaithe a bheith forbartha agus (b) ceardlanna nó oiliúint a bheith ar fáil do mhúinteoirí. Tá polasaí ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis na blianta an mhúinteoireacht trí Ghaeilge a spreagadh go ginearálta. Roimh an tionscadal taighde agus forbartha seo, áfach, níor cuireadh ábhair trí Ghaeilge, a bhí dírithe go speisialta ar riachtanais daltaí i *ngnáthscoileanna*, agus ar riachtanais na múinteoirí a bhí ag tabhairt faoi mhúineadh trí mheán na Gaeilge don chéad uair, ar fáil riamh. Tháinig na múinteoirí a bhí rannpháirteach sa tionscadal ó réimse leathan gnáthscoileanna, scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste san áireamh. Ní raibh aon taithí ar mhúineadh trí mheán na Gaeilge roimhe sin ag a bhformhór mór agus níor mhúin aon duine acu Eolaíocht riamh.

Bhí roinnt míreanna i ngach ceacht i lámhleabhar an mhúinteora, lena n-áirítear liosta de na príomh-mhíreanna foclóra a bhí i gceist (Gaeilge agus Béarla), liosta d'abairtí neamhfhoirmiúla nó cora cainte a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don mhúinteoir le linn an cheachta, imlíne ar na príomhchéimeanna sa cheacht (le léaráidí de ghnáth) agus script iomlán don mhúinteoir. Ba é an aidhm ná teacht roimh chuid de na deacrachtaí a bheadh ann mar gheall ar chumas teoranta teanga na ndaltaí, agus bealaí a mholadh a bhféadfaí teacht as na deacrachtaí sin. Thug an t-ábhar ullmhaithe, a raibh sé ar intinn go n-úsáidfeadh agus go n-oiriúnódh múinteoirí é mar ba chúil leo, saoirse dóibh ó chuid de na cinntí a bhí le déanamh ó nóiméad go nóiméad faoin gceacht a bhí le múineadh. Thug sé sin an deis dóibh aird níos mó a thabhairt ar dhinimicí an tseomra ranga agus níos mó dá gcuid fuinnimh cruthaíochta a chaitheamh le freagairt do riachtanais na ndaltaí a bhí ag foghlaim trí Ghaeilge den chéad uair riamh.

Ar cheann de thorthaí an staidéir a bhfuil impleachtaí acu don chur chuige seo a fhorbairt níos ginearálta ná gur athraigh tuairimí go leor de na múinteoirí rannpháirteacha faoi chomh deacair a bheadh sé múineadh trí Ghaeilge le himeacht ama: d'éirigh siad níos dearfaí agus níos díograisí faoi de réir mar a fuair siad níos mó taithí. Ach gan an tacaíocht agus an bailíochtú piaraí a sholáthraíonn scéim chuimsitheach den chineál seo – áit a gcomhroinneann múinteoirí a dtaithí le dul i ngleic le dúshlán oideolaíochta – d'fhéadfadh múinteoirí aonair ag gníomhú leo féin a cheapadh go bhfuil sé ródheacair tabhairt faoi mhúineadh trí Ghaeilge. Ceann de na tionscnaimh is soiléire a d'fhéadfaí a dhéanamh go luath amach anseo, dá bhrí sin, ná an cur chuige seo a leathnú chuig réimsí ábhair eile agus chuig leibhéil ranganna eile agus ceardlanna a sholáthar mar chuid den scéim chuimsitheach pháilótach, ionas go mbeidh múineadh trí Ghaeilge i ngnáthscoileanna ina rogha níos fírinne a d'fhéadfaí a dhéanamh agus ina rogha níos inmharthana.

Cláir tumoideachais idirmheánacha Gaeilge

Chun cur go mór le hinniúlacht daltaí sa Ghaeilge ag an mbunleibhéal ar bhonn náisiúnta, áfach, bheadh sé riachtanach an méid múinteoireachta trí mheán na Gaeilge (agus an líon uaireanta teagmhála teanga) a ardú go mór. Rinneadh éileamh roinnt uaireanta roimhe seo ar réimse clár tumoideachais dátheangach nó idirmheánach den chineál seo don Ghaeilge (Harris, 1984; Harris & Murtagh, 1999; Mac Mathúna, 1985). Bheadh na cláir idirmheánacha sin níos uailmhianáí ná clár Gaeilge-mar-ábhar nó clár Gaeilge-leathnaithe ach ní bheadh siad chomh huailmhianach le clár iomlán tumoideachais lán-Ghaeilge. Athraíonn siad ó lán-tumoideachas go dtí páirt-tumoideachas ag ranganna difriúla sa bhunscoil agus déantar iad a shainmhíniú trí na ranganna ina bhfeidhmítear an chomhchuid lán-tumoideachais. Ar na nithe a d'fhéadfaí a dhéanamh tá *luath-thumoideachas*, *meán-tumoideachas*, *tumoideachas déanach* agus *páirt-tumoideachas*. D'fhéadfadh luath-thumoideachas a bheith comhdhéanta de lán-tumoideachas Gaeilge suas go dtí, abair, deireadh rang a trí nó rang a ceathair, ansin laghdú go dtí páirt-tumoideachas (50% trí mheán na Gaeilge) nó b'fhéidir díreach go dtí an gnáthchlár trí mheán an Bhéarla faoi rang a sé. D'fhéadfadh meán-tumoideachas nó tumoideachas déanach a bheith comhdhéanta den Ghaeilge mar ábhar amháin (nó 50% trí mheán na Gaeilge) go dtí rang a trí, ansin athrú go dtí lán-tumoideachas trí mheán na Gaeilge don chuid eile. Is éard a bhíonn i gceist le páirt-tumoideachas ná 50% de theagasc trí mheán na Gaeilge an bealach ar fad tríd an mbunscoil.

Bheadh pleanáil nár bheag, ullmhú ábhar agus oiliúint múinteoirí riachtanach, áfach, chun na féidearthachtaí sin a fhorbairt ina bhfíor-roghanna cláir. Chaithfeadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta féin dul san fhiontar maidir leis na cláir nua seo a chur chun cinn ó tharla nach bhfuil aon ghrúpa cosúil le Gaelscoileanna ann a bhíonn ag cur cláir thumoideachais idirmheánacha chun cinn, nó ag bunú cláir den sórt sin, faoi láthair. Bheadh gá freisin le foireann Ceannairí Tionscadail chun an rogha a chur chun cinn i measc múinteoirí agus scoileanna agus chun bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt ábhar. Bheadh tábhacht le nasc le taighdeoirí nó teangeolaithe feidhmeacha i rith na tréimhse a mbeadh na cláir á bhforbairt den chéad uair freisin. D'fhéadfadh píolótú ar na roghanna tumoideachais idirmheánacha seo i ngnáthscoileanna cur freisin leis an taithí i scoileanna Gaeltachta, agus tairbhe a bhaint as an taithí sin, mar go mbíonn ar an gcuraclam go minic freastal ar riachtanais chainteoirí dúchais Gaeilge agus Béarla sa seomra ranga céanna. D'fhéadfadh sé go n-éileodh forbairt na gclár sin freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar churaclam na Gaeilge atá cheana ann chun freastal orthu.

Dá nglacfaí leis an gcur chuige seo, d'fhéadfadh go mb'fhiú machnamh ar struchtúr nasctha scaoilte ar a laghad a chruthú do ghrúpaí múinteoirí le saineolas atá cheana ann agus atá ag déileáil le teanga sa bhunscoil. Is iad na grúpaí saineolais (i) an grúpa nua atá molta chun cláir tumoideachais idirmheánacha a fhorbairt (ii) *Scéim na nDearthóirí* atá i mbun ábhair a tháirgeadh (iii) *Na Cuiditheoirí* a thugann tacaíocht ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal an mhúinteora agus (iv) Ceannairí Tionscadail na Nua-Theangacha i dTionscnamh na Bunscoile atá bunaithe i Lárionad Oideachais Chill Dara agus a nascann míreanna de thacaíocht scoile/múinteora, táirgeadh ábhair, oiliúint inseirbhíse agus cur chun cinn na nua-theangacha go ginearálta i mbunscoileanna. Ós rud é go bhfuil roinnt gnéithe de na rólanna agus na tascanna seo ag teacht isteach ar a chéile ag an leibhéal scileanna agus eolais (m.sh. tacaíocht múinteora trí chuartheanna scoile, forbairt ábhar, oiliúint inseirbhíse agus cur chun

cinn ar chuir chuige nua múinteoireachta nó roghanna cláir), is é is dóichí go mbainfeadh siad tairbhe as taithí agus saineolas a chomhroinnt.

Bheadh ráiteas faoi pholasaí foriomlán faoin nGaeilge san oideachas ríthábhachtach dá mbeadh cineálacha idirmheánacha den tumoideachas le cur chun cinn go láidir, mar go gcaithfí a inmhianaithe agus atá an fás leanúnach ar chur chuige lán-tumoideachais na scoileanna *lán-Ghaeilge* atá cheana ann a dhearbhu go soiléir agus tacú leis. Níor chóir cláir tumoideachais idirmheánacha a chur chun cinn ar shlí a bhainfeadh an bonn den chur chuige lán-Ghaeilge.

Rannpháirtíocht tuismitheoirí agus aonrú scoileanna i ndáil leis an nGaeilge

Ba chóir iarracht chomhbheartaithe a dhéanamh chun straitéisí a shainaithe chun an bhearna idir an baile agus an scoil a laghdú agus chomh gearrtha amach, nó uaigneach, a bhíonn múinteoirí gnáthscoileanna maidir le forbairt inniúlacht leanaí sa Ghaeilge a laghdú. Ní bhraitheann go leor cineálacha de thacaíocht tuismitheoirí, tacaíocht nach bhfuil ann, (féach Caibidil 7, agus Harris & Murtagh, 1999) in aon bhealach díreach ar chumas na dtuismitheoirí sa Ghaeilge ann féin, agus is é is dóichí gur fachtóirí eile is cúis lena mífhonn – amhras faoi úsáid agus tábhacht na Gaeilge, easpa feasachta faoin éifeacht a bhíonn ag gan tacaíocht a thabhairt don fhiontar oideachais an Ghaeilge a fhoghlaim, nó easpa eolais ar an tslí is fearr le cabhrú lena leanaí leis an nGaeilge. Caithfear tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na hiarmhairtí oideachais sainiúla a bhíonn ann dá leanaí féin nuair nach dtugtar ach tacaíocht phatuar do phróiseas foghlama na Gaeilge nó go gcoinnítear tacaíocht siar go hiomlán. Agus iad i bprionsabal aontaithe leis an nóisean go bhfoghlaimedh a gcuid leanaí Gaeilge, agus ansin fanacht neodrach faoi fhiúntas agus rathúlacht an fhiontar, agus an fanacht amach uaidh sin a chur i dtuiscint dá leanaí, is mó go mór an seans go dteipfidh ar an bhfiontar.

Táimid ag moladh, dá bhrí sin, go mbeadh sraith tionscadal taighde agus forbartha ann, ag obair i gcomhar le tuismitheoirí agus múinteoirí, a dhéanfadh iniúchadh ar bhealaí chun tuismitheoirí a thabhairt níos gaire do gach a dtarlaíonn sa rang Gaeilge. Tá rannpháirtíocht i bhfoghlaim na Gaeilge *labhartha*, croí an cheachta Gaeilge, thar a bheith tábhachtach agus cothaíonn sé deacrachtaí speisialta. Áitíonn Harris agus Murtagh (1999) gurb éard atá de dhíth i gcás na Gaeilge labhartha ná corrrthascanna agus gníomhaíochtaí a bhíonn bunaithe ar an mbaile agus a fhónann do cheann nó níos mó de na feidhmeanna seo a leanas: tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin tslí a múintear an Ghaeilge agus an méid a bhíonn foghlamtha ag an leanbh; an deis a thabhairt don leanbh a bheith ag déanamh go maith os comhair na dtuismitheoirí, agus a (h)inniúlacht i labhairt na Gaeilge a léiriú; ócáidí a sholáthar do thuismitheoirí le haitheantas agus moladh a thabhairt d’inniúlacht an linbh i bhfoghlaim na Gaeilge; agus tuismitheoirí a spreagadh le bheith níos rannpháirtí i bhfoghlaim Gaeilge an linbh.

Tugtar sampla den chineál tionscnaimh atá de dhíth i dtionscadal píolótach a rinneadh roinnt blianta ó shin agus a chruthaigh torthaí a bhfuil gealladh fúthu (Harris & Ó Cathalláin, 1999). Forbraíodh na hábhair píolótacha ina dhiaidh sin isteach i gclár níos mó (Harris & Ní Fhearghail, 2003). Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal píolótach bunaidh ná leabhrán a chur ar fáil do thuismitheoirí agus aonaid cheachta chumarsáideacha a fhorbairt a rinne amach rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa bhaile roimh ré agus a d’fhéach leis an rannpháirtíocht sin a éascú. Bhí roinnt scoileanna as

réimse imthosca sóisialta agus oideachais páirteach ann. Go bunúsach, d'iarr an tionscadal ar na daltaí tasc simplí ach suimiúil a dhéanamh sa bhaile a raibh rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i gceist leis ar feadh tamaillín agus a bhí nasctha leis an gceacht Gaeilge. Cuireadh cúnaimh pictiúrtha ar fáil ar gach ábhar scríofa Gaeilge a thug an leanbh abhaile chun an tasc a dhéanamh níos simplí. Fiú amháin i gcásanna a raibh an chaint leis na tuismitheoirí sa bhaile i mBéarla, measadh go raibh an toradh sásúil sa mhéid gur éirigh leis nasc ríthábhachtach díreach tuismitheoirí a chruthú leis na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl sa rang Gaeilge ar scoil. Sampla amháin den chineál tasc baile-bhunaithe a úsáideadh ná 'suirbhé' simplí de cheist amháin nó de dhá cheist i nGaeilge: m.sh. cén dá chlár teilifíse is fearr leis na tuismitheoirí. Bhain tascanna eile le daltaí, i gcomhar lena dtuismitheoirí, ainm i nGaeilge a chumadh dá dteach féin; faisnéis a bhailiú ó thuismitheoirí nó seantuismitheoirí faoi áitainmeacha a bhaineann lena n-óige; grianghraf den leanbh mar pháiste á roghnú ag an dalta nó ag na tuismitheoirí a bheadh le húsáid arís i gcluiche tomhais ar scoil ina ndéanfadh na daltaí iarracht a gcomrádaithe ranga a nascadh le gach grianghraf. Cé nach bhfreagraíonn na tuismitheoirí go léir do thionscnaimh den sórt sin, tá fianaise ann go ndéanann go leor sin agus go bhfuil tairbhe go fírinneach ann ó thaobh móitivéisean an dalta de.

Tacaíocht do mhúinteoirí

Is acmhainn an-tábhachtach don Ghaeilge iad na múinteoirí ar roinnt bealaí – a gcumas Gaeilge féin atá os cionn an mheáin, a dtiomantas pearsanta i leith na teanga agus a ról gairmiúil ina múineadh. Caithfear mar sin rannpháirtíocht iomlán maidir le riachtanais, cuir chuige agus tionscnaimh a shainmhíniú i gcás aon chlár athnuachana.

Caithfear dhá cheist mhóra maidir le múinteoirí agus múineadh na Gaeilge ag an mbunleibhéal a scrúdú. Baineann an ceann is mó a bhfuilimid dírithe air sa chaibidil seo le saincheisteanna ar nós sásamh i múineadh na Gaeilge, dearbhú ar ról na ngnáth-bhunscoileanna maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt, agus cineálacha cláir, tacaíocht agus ábhair a chruthú a cheadódh leibhéal fiúntach inniúlachta daltaí a fhorbairt. I measc na spriocanna don todhchaí tá:

- (a) cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir an dícheall a chuireann múinteoirí i ngnáthscoileanna isteach i múineadh na Gaeilge agus an leibhéal dul chun cinn a bhaintear amach sa seomra ranga;
- (b) a chinntiú go bhfuil freagracht as cur chun cinn na teanga á comhroinnt níos forleithne agus níos cothromaí;
- (c) aitheantas flaithiúil a thabhairt do dhícheall agus d'inniúlacht na múinteoirí i ndáil leis an nGaeilge sna gnáthscoileanna;
- (d) oiliúint agus tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do mhúinteoirí a bhíonn páirteach i dtionscnaimh nua a bhaineann leis an nGaeilge.

Baineann an dara saincheist le hinniúlacht na múinteoirí féin sa Ghaeilge, a n-oideachas teanga bunaidh, agus na deiseanna le haghaidh tuilleadh oiliúna, feabhas a chur ar inniúlacht, agus ag úsáid na Gaeilge atá acu cheana. Léiríonn na sonraí atá curtha i láthair i gCaibidil 7 a bhaineann le measúnú na múinteoirí féin ar a n-inniúlacht labhartha, deiseanna chun an Ghaeilge atá acu a chleachtadh, agus ar a dtoilteanas cúrsa a dhéanamh chun feabhas a chur ar a n-inniúlacht go bhfuil riachtanais agus deiseanna suntasacha ann. Maidir leis an oiliúint thosaigh múinteora, is cuid suntas go molann an tAontas Eorpach go gcaithfeadh ábhair mhúinteoirí

tréimhse shubstaintiúil ama i gcróidhúiche na spriocteanga ina mbeidh siad ag múineadh faoi dheireadh (Coimisiún na gComhphobal Eorpach, 2003).

Monatóireacht, meastóireacht agus forbairt trialach

Léiríonn na torthaí a bhfuil tuairisc anseo orthu, chomh maith le suirbhéanna inchomparáide a rinneadh i ndeireadh na 1970idí agus sna 1980idí, an tábhacht a bhaineann le meastóireacht agus monatóireacht leanúnach ag leibhéal an chórais i gcás na Gaeilge, ionas go bhféadfar na fadhbanna atá ag teacht chun cinn a aithint go luath. D'fhéadfaí an obair a athrú amach anseo gach cúpla bliain idir staidéir níos doimhne ar na próisis mhúinteoireachta agus foghlama agus suirbhéanna bunaithe ar shamplaí móra ionadaíochta cosúil leis an gceann atá déanta anseo.

Anois ó tá *Curaclam na Bunscoile* á fheidhmiú tá sé tábhachtach go ndéanfaí é a mheas go críochnúil ar bhonn leanúnach ar fud réimse scoileanna. Níl múineadh teanga cumarsáideach bunaithe ar theoiric nó ar mhodh amháin ach ar 'mholl smaointe saoráideach agus athraitheach' (Mitchell, 1994) atá go láidir agus go lag ann. Tá difríocht idir múinteoirí, mar shampla, sa mhéid a ghlacann siad le gníomhartha agus prionsabail chumarsáideacha éagsúla. Ar aon nós, tá forbairtí nua in oideolaíocht agus in úsáid ábhar ag teacht go seasta as taighde in inniúlacht dara teanga sa seomra ranga.

Tá sé rithábhachtach go ndéanfaí amach in imeacht ama an tslí a bhfuil an curaclam á chur i bhfeidhm, cad iad na próisis foghlama sa seomra ranga a atáthar a chur chun cinn, cé chomh sásta a bhíonn múinteoirí agus daltaí leis na hábhair agus na gníomhartha atá molta, agus cé chomh héifeachtach agus atá an clár nua ó thaobh inniúlacht chumarsáide sa teanga a fhorbairt. Ba chóir ábhair nua a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus ba chóir forbairtí a bhfuil gealladh fúthu ar nós Portfóilió Teanga Eorpach (Comhairle na hEorpa, 2004a; Little 2003; Little & Perclova, 2001) a ghlacadh níos forleithne agus ba chóir a rannchuidiú a mheas.

I gcás suirbhéanna amach anseo caithfear tabhairt faoi athbhreithnithe substaintiúla ar na trialacha atá cheana ann, go háirithe triail Éisteachta na Gaeilge agus triail Labhartha na Gaeilge, agus fós líon dóthanach míreanna a choinneáil chun go bhféadfar comparáidí a dhéanamh le suirbhé 2002. B'fhearr go gcuirfeadh na hionstraimí seo ar ár gcumas daltaí a bhfuil leibhéil an-éagsúla inniúlachta sa Ghaeilge acu a chur ar an scála aonair, ionas go bhféadfaí íomhá chomhleanúnach mhion a sholáthar d'inniúlacht sa Ghaeilge i ngnáthscoileanna, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta. Bheadh sé inmhianaithe an obair fhorbartha trialach seo a shuíomh laistigh den Chomh-Chreat Eorpach (CCE) do mhúineadh teanga agus do thástáil teanga a bhfuiltear ag glacadh níos mó agus níos mó leis mar an córas tagartha caighdeánach sa réimse seo (Comhairle na hEorpa, 2001; Trim, 2002). Táthar ag dul chun cinn le comhchuibhiú agus calabhrú na scálaí nua agus na scálaí atá cheana ann do mheasúnú teanga i ndáil leis an CCE i go leor tíortha anois. Ciallaíonn sé seo má táimid chun an creat céanna a úsáid i bhforbairt scálaí nua don Ghaeilge, go gcuirfidh sé go mór lenár gcumas a bheith páirteach i measúnuithe náisiúnta comparáideacha d'fhoghlaim an dara teanga ar fud na hEorpa, rud a tharlóidh de réir dealraimh anois. I bprionsabal, d'fhéadfadh na sonraí a chuireann measúnuithe idirnáisiúnta den sórt sin ar fáil comhthéacs léirmhínteach i bhfad níos

mó a sholáthar a bhféadfaí chomh maith agus a éiríonn le múineadh agus foghlaim na Gaeilge laistigh dóibh a mheasúnú²⁸.

Forbairt agus feidhmiú polasaí

Is dealraitheach gur ceist don Roinn Oideachais agus Eolaíochta iad na príomh-mhíreanna d'fhorbairt agus d'feidhmiú polasaí atá molta anseo: sainmhíniú ar a gcaithfear a dhéanamh, grinnscrúdú ar ról na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i leith comhlachtaí eile i ndáil leis an nGaeilge, polasaí oideachais teanga don Ghaeilge a fhorbairt, plean gníomhaíochta a chur le chéile maidir le múineadh agus foghlaim na teanga i mbunscoileanna agus an plean sin a chur i bhfeidhm. Is cosúil go mbeadh fiúntas freisin, ón ghearrtárma go dtí an meántárma, i gcoiste nó grúpa a bheith laistigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta a bheadh ag déileáil go díreach leis na ceisteanna seo. Is é an éifeacht a bheadh aige sin ná go gcuirfí an chinnteoireacht faoin nGaeilge arís eile ag an leibhéal ard ag a mbíodh sí riamh.

Fiú agus polasaí á chomhordú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ní gá, ar ndóigh, go stopfadh sin í ó chur chuige comhpháirtíochta idirghníomhaíoch leathan a ghlacadh, agus na múinteoirí a bheith ina chroílár. Sa chomhthéacs sin, ba chóir a thabhairt ar aird freisin gur iarr an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar Chomhairle na hEorpa *Próifíl Polasaí Oideachas Teanga* a chumadh d'Éirinn (Beacco & Byram, 2003; Chomhairle na hEorpa, 2004b). Is léir go gcuirfidh an próiseas, ina n-ullmhóidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Tuarascáil Tíre, go mór le forbairt polasaí. Ní dhéanfaidh obair Chomhairle na hEorpa, áfach, in áit scrúdú níos mionsonraithe ar raon iomlán saincheisteanna a bhaineann leis an nGaeilge, agus go háirithe an Ghaeilge i mbunscoileanna, atá de dhíth anois. Beidh an Tuarascáil Tíre a ullmhófar sna himthosca atá ann faoi láthair teoranta ag an leibhéal taighde agus smaointeoireachta atá sa réimse sin cheana féin. Is é an pointe ná go gcaithfear iad sin a leathnú go mór.

Tá roinnt tionscnamh sainiúil eile a d'fhéadfaí a mheas agus sinn ag freagairt do thorthaí an staidéir seo. Rud amháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ná tús a chur le próiseas comhairliúcháin ina mbeadh, in imeacht tréimhse ama, na bunscoileanna go léir sa tír san áireamh ann, agus go ndíreoidís ar a dtaithe ó thaobh mhúineadh na Gaeilge le blianta beaga anuas, agus go n-úsáidfidís b'fhéidir achoimre ar na torthaí atá tuairiscithe anseo mar phointe amháin tosaithe. Bhí próiseas comhairliúcháin an-úsáideach den chineál seo ann tar éis fhoilsiú na chéad tuarascála ar an gcéad trí shuirbhé náisiúnta ar an nGaeilge i mbunscoileanna i dtús na 1980idí (Harris, 1984). B'fhiú freisin breathnú ar an bhfiúntas a bhainfeadh le grúpa múinteoirí a bheith ag obair le teangeolaithe feidhmeacha nó speisialtóirí eile i bhforbairt cuid de na tionscnaimh a bheidh riachtanach.

Caithfidh mír nó eileimint láidir de ghníomh dearfach a bheith in aon phlean a n-éireoidh leis agus a thagann ón bpróiseas machnaimh agus comhairliúcháin seo. Ar deireadh thiar, is í an cheist ná an measaimid go bhfuil an Ghaeilge sách tábhachtach le go dtabharfaí an oiread airde uirthi ag an leibhéal is airde sa chóras oideachais agus

²⁸ B'fhéidir go bhféadfaí cur leis an bhfaisnéis a fhaightear ó mheasúnuithe náisiúnta ar shlí úsáideach dá mbeadh rochtain ag múinteoirí freisin ar réimse trialacha caighdeánaithe agus ionstraimí eile chun monatóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim na Gaeilge ag leibhéal ranga agus scoile. Cuireann an foilseachán a eisíodh le déanaí *Próifílí measúnachta don Ghaeilge sna scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge* (Ó Siaghail & Déiseach, 2004) an fhéidearthacht seo chun cinn go mór.

a thugaimid ar mhórdhúshláin oideachais eile, ar nós míbhuntáiste nó combhionannas rochtana ar oideachas tríú leibhéal. Fadhbanna iad seo, cosúil le go leor gnéithe de mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge, lena mbaineann gné láidir shóisialta lasmuigh de shaol na scoile. I bhfreagairt ar chruacheisteanna den sórt sin, is é an dearcadh a glacadh le gairid leis, agus an ceart ag daoine, murar thug na chéad iarrachtaí nó na chéad phleananna an toradh a bhí de dhíth, go gcaithfí cur chuige eile, níos fearr a thriail. Níl freagraí teoranta a thuilleadh do thionscnaimh chúnga, aon uaire. Táthar ag baint trialach go seasta as bealaí nua chun mórfhadhbanna oideachais agus sóisialta a réiteach agus bítear ag súil i gcónaí go n-éireoidh leis an bhfiontar i ndeireadh thiar. Éilfonn na dúshláin atá á gcruthú ag an nGaeilge sna bunscoileanna freagra straitéiseach lena mbaineann an phráinn chéanna, an tiomantas céanna agus an gníomh leanúnach céanna.

Tagairtí

- Agresti, A., & Finlay, B. (1997). *Statistical methods for the social sciences* (3rd ed.). Boston, MA: Prentice Hall.
- An Coimisinéir Teanga. (2004). *Tuarascáil Tionscnaimh*. Baile Átha Cliath: Údar.
- Angoff, W.H. (1971). Scales, norms and equivalent scores. In R.L.Thorndike (Ed.), *Educational measurement* (2nd ed.) (pp. 508-600). Washington, DC: American Council on Education.
- Archer, P. (1999). Review of Morgan, M., Hickey, B. L., Kellaghan, T., Cronin, A., & Millar, D. Report to the Minister for Education on the international adult literacy survey: Results for Ireland. *Economic and Social Review*, 30, 337-341.
- Archer, P., & Weir, S. (in press). *Addressing disadvantage: A review of the international literature and of strategy in Ireland. Report to the Educational Disadvantage Committee*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.
- Beacco, J.C., & Byram, M. (2003). *Guide for the development of language education policies in Europe: From linguistic diversity to plurilingual education*. Strasbourg: Comhairle na hEorpa.
- Bloom, B.S. (1974). Time and learning. *American Psychologist*, 29, 682-688.
- Bord na Gaeilge: An Coiste Comhairleach Pleanála. (1986). *Irish and the education system: An analysis of examination results*. Baile Átha Cliath: Údar.
- Bourdieu, P. (1986). The forms of capital. In J.E. Richardson (Ed.), *Handbook of theory for research in the sociology of education* (pp. 241-258). Westport CT: Greenwood Press.
- Burstall, C. (1975). Factors affecting foreign language learning: A consideration of some relevant research findings. *Language Teaching and Linguistics Abstracts*, 8, 105-125.
- Burstall, C. (1979). Primary French in the balance. In J. Pride (Ed.), *Sociolinguistic aspects of language learning and teaching* (pp. 136-143). Oxford: Oxford University Press.
- Canadian Parents for French (CPF). (2004). *The state of French second-language education in Canada 2004*. Faighte i Meitheamh 2005 ó <http://www.cpf.ca/english/Resources/FSL2004/2004%20Index.htm>
- CLAR (Committee on Irish Language Attitudes Research). (1975). *Report*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Collins, L., Halter, R., Lightbown, P., & Spada, N. (1999). Time and the distribution of L2 instruction. *TESOL Quarterly*, 33 (4), 655-680.
- Coimisiún na gComhphobal Eorpach. (2003). *Promoting language learning and linguistic diversity: An action plan 2004-2006. Communication from the commission to the council, the European Parliament, the Economic and Social Committee and the Committee of the Regions*. An Bhruiséil: An Oifig um Fhoilseacháin Oifigiúla na gComhphobal Eoprach.
- Cosgrove, J., Kellaghan, T., Forde, P., & Morgan, M. (2000). *The 1998 national assessment of English Reading with comparative data from the 1993 assessment*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.

- Cosgrove, J., Shiel, G., Sofroniou, N., Zastrutzki, S., & Shortt, F. (2004). *Education for life: The achievements of 15-year olds in Ireland in the second cycle of PISA*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.
- Council of Europe. (2001). *Common European framework of reference for languages: Learning, teaching, assessment*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Rannán Pholasaí Teanga Chomhairle na hEorpa. (2004a). *European Language Portfolio (ELP) Principles and guidelines (with added notes)*. Strasbourg: Comhairle na hEorpa faighte i mBealtaine 2005 ó <http://culture2.coe.int/portfolio//documents/Principles%20and%20Guidelines%20rev%20June%202004%20-%2027%20juillet%202004.doc>
- Rannán Pholasaí Teanga Chomhairle na hEorpa. (2004b). *Languages, diversity, citizenship. Language education policy profiles: Guidelines and procedures*. Strasbourg: Comhairle na hEorpa.
- Cummins, J. (1984). *Bilingualism and special education: Issues in assessment and pedagogy*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Curtain, H. (2000). Time as a factor in early start programmes. In J. Moon & M. Nickolov (Eds.), *Research into teaching English to young learners. International perspectives* (pp. 87-120). Pécs: University Press.
- Day, E. M., & Shapson, S. (1991). Integrating formal and functional approaches in language teaching in French immersion: An experimental study. *Language Learning*, 41, 25-58.
- Delivering Better Government: Strategic Management Initiative: (1996). *Second report to Government of the co-ordinating group of secretaries: A programme of change for the Irish civil service*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.
- An Roinn Oideachais (1971). *Primary School Curriculum: Teacher's Handbooks (2 Volumes)*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais. (1978). *Lá faoin tuath/Sean Neidí: Cúrsa comhrá Gaeilge le haghaidh ranganna sinsearacha*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais, Aonad Forbartha an Churaclaim, An Rannóg Bhunoideachais. (1980). *Tuairisc ar theagasc na matamaitice sna bunscoileanna (an dara eagrán)*. Baile Átha Cliath: Údar.
- An Roinn Oideachais, Aonad Forbartha an Churaclaim, An Rannóg Bhunoideachais. (1985). *Tuairisc ar theagasc na matamaitice i rang VI (1984)*. Baile Átha Cliath: Údar.
- An Roinn Oideachais. (1986). *Tuarascáil staitistiúil (Statistical report) 1985/1986*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais. (1994). *Gender equity. Action research report. Exploring the gender gap in primary schools*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (1996). *Revision of circular 18/79 on exemption from the study of Irish in national schools*. Ciorclán 12/96. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2000). *Review of Department's operations, systems and staffing needs (Cromien Report)*. Faighte i Meitheamh 2005 ó http://www.education.ie/servlet/blobServlet/des_cromien_report.pdf
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2001). *Tuarascáil staitistiúil (Statistical report) 2000/2001*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2002). *Tuarascáil staitistiúil (Statistical report) 2001/2002*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2003). *Tuarascáil staitistiúil (Statistical report) 2002/2003*. Baile Átha Cliath: Oifig an Ard-Chláraitheora
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2005). *DEIS (Delivering Equality of Opportunity in Schools). An action plan for educational inclusion*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Du Toit, M. (Ed). (2003). *IRT from SSI: Bilog-MG, multilog, parscale, testfact*. Lincolnwood, IL: Scientific Software International Inc.
- Edwards, V., & Pritchard Newcombe, L. (2005). When school is not enough: New initiatives in intergenerational language transmission in Wales. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 8, 298-312.
- Ellis, R. (1994). *The study of second language acquisition*. Oxford: Oxford University Press.
- Embretson, S.E., and Reise, S.T. (2000). *Item response theory for psychologists*. London: Lawrence Erlbaum Associates.
- Fontes, P., & Kellaghan, T. (1977). *The new primary school curriculum: Its implementation and effects*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.
- Fontes, P., Kellaghan, T., & O'Brien, M. (1981). Relationships between time spent teaching, classroom organization, and reading achievement. *Irish Journal of Education*, 15(2), 79-91.
- Gardner, R.C., & Lambert, W.E. (1972). *Attitudes and motivation in second language learning*. Rowley, MA: Newbury House.
- Genesee, F. (1976). The role of intelligence in second language-learning. *Language Learning*, 26, 267-80.
- Genesee, F. (1987). *Learning through two languages: Studies of immersion and bilingual education*. Cambridge, MA: Newbury House.
- Goldstein, H. (1987). *Multilevel models in educational and social research*. London: Griffin.
- Government of Canada: Privy Council Office (2003). *Action plan for official languages*. Faighte i Meitheamh 2005 ó <http://www.pcobcp.gc.ca/aia/default.asp?Language=E&Page=ActionPlan>
- Greaney, V. (1978). Trends in attainment in Irish from 1973 to 1977. *Irish Journal of Education*, 12, 22-35.
- Greaney, V., & Kellaghan, T. (1984). *Equality of opportunity in Irish schools: A longitudinal study of 500 students*. Baile Átha Cliath: Educational Company of Ireland.
- Hannan, D., Smyth, E., McCullagh, J., O' Leary, R., & McMahon, D. (1996). *Coeducation and gender equality: Examination performance, stress and personal development*. Baile Átha Cliath: Oak Tree Press.
- Harley, B. (1989). Functional grammar in French immersion: A classroom experiment. *Applied Linguistics*, 10, 331-359.
- Harris, J. (1982). Achievement in spoken Irish at the end of primary school. *Irish Journal of Education*, 16, 85-116.

- Harris, J. (1983). Relationships between achievement in spoken Irish and demographic, administrative and teaching factors. *Irish Journal of Education*, 17, 5-34.
- Harris, J. (1984). *Spoken Irish in primary schools*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J. (1988). Spoken Irish in the primary school system. *International Journal of the Sociology of Language*, 70, 69-87.
- Harris, J. (1991a). Second and foreign languages in primary education: Issues and research. Part 1. In Irish National Teachers' Organisation (Ed.), *Foreign language teaching in primary schools: Issues and research*. Baile Átha Cliath: Cumann Múinteoirí Éireann.
- Harris, J. (1991b). The contribution of primary schools to the maintenance of Irish. In S. Kroon & K. Jaspaert (Eds.), *Ethnic minority languages and education* (pp. 87-105). Amsterdam: Swets & Zeitlinger.
- Harris, J. (1992). Foreign languages in primary schools: Weighing the evidence. *Teangeolas*, 30/31, 15-27.
- Harris, J. (1996). Teagasc na Gaeilge sa bhunscoil tríd an gcur chuige cumarsáideach: Tionscadal taighde agus forbartha de chuid ITÉ. *Teangeolas*, 35, 22-36.
- Harris, J. (1997). Speaking proficiency in Irish in primary school children: Educational and sociolinguistic factors. In W. Wolck & A. De Houwer (Eds.), *Plurilingual XVIII: Recent studies in contact linguistics*. An Bhruiséil: Lárionad Taighde ar Itiangachas ag Ollscoil Chaitliceach na Bruiséile.
- Harris, J. (2002). Research, innovation and policy change: Lessons from the ITÉ evaluation of the Irish programme at primary level. In J. M. Kirk & D. P. Ó Baoill (Eds.), *Language planning and education: Linguistic issues in Northern Ireland, the Republic of Ireland and Scotland* (pp. 82-99). Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.
- Harris, J. (2005). The role of ordinary primary schools in the maintenance and revival of Irish. In J. Cohen, K. McAlister, K. Rolstad, & J. MacSwan (Eds.), *ISB4: Proceedings of the 4th international symposium on bilingualism* (pp. 964-977) Somerville, MA: Cascadilla Press.
- Harris, J., & Mac Giollaí, S. (1998a). *Bain triail as! Eolaíocht trí Ghaeilge do na gnáthscoileanna. Lámhleabhar an mhúinteora*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., & Mac Giollaí, S. (1998b). *Bain triail as! Eolaíocht trí Ghaeilge do na gnáthscoileanna. Leabhar an dalta*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., & Mac Giollaí, S. (1998c). *Lean den ealaín! Ealaín trí Ghaeilge do na gnáthscoileanna. Lámhleabhar an mhúinteora*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., & Murtagh, L. (1987). Irish and English in Gaeltacht primary schools. In G. Mac Eoin, A. Ahlqvist, & D. Ó hAodha (Eds.), *Third International Conference on Minority Languages: Celtic papers. Multilingual Matters*, 32, 104-124. Clevedon: Multilingual Matters.
- Harris, J., & Murtagh, L. (1988a). *Ability and communication in learning Irish. Tuarascáil Neamhfhóilsithe*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

- Harris, J., & Murtagh L. (1988b). National assessment of Irish-language speaking and listening skills in primary-school children: Research issues in the evaluation of school-based heritage-language programmes. *Language, Culture and Curriculum*, 1(2), 85-130.
- Harris, J., & Murtagh, L. (1996). Topic and language activity in teaching Irish at sixth grade in primary school: A classroom observation study. In T. Hickey & J. Williams (Eds.), *Language, education and society in a changing world* (pp. 209-220). Clevedon: Multilingual Matters.
- Harris, J., & Murtagh, L. (1997). Speech and silence in the Irish language class. In A. Ahlqvist, & V. Capkova (Eds.), *Dán do oide* (pp. 221-241). Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., & Murtagh, L. (1999). *Teaching and learning Irish in primary schools*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., Murtagh, L., Hickey, M., De Nais, D., & O Domhnalláin, T. (1978/1985) *Béaltrial Ghaeilge Institiúid Teangeolaíochta Éireann 6. (Lámhleabhar an scrúdaitheora, freagarleabhar, agus 2 théip)* (*The Institiúid Teangeolaíochta Éireann oral Irish Test 6. Examiner's handbook, answer book and 2 tapes*). Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., & Ní Fhearghail, L. (2003). *Éist liom, labhair liom*. Unpublished report. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., & Ó Cathalláin, S. (1999). *A partnership approach to developing parental support for Irish in primary school*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., Ó Néill, P., Uí Dhufaigh, M., & O Súilleabháin, E. (1996a). *Cúrsaí nua Gaeilge na bunscoile: Moltaí agus ábhar samplach. Imleabhar 1: Naíonáin Shóisearacha – Rang 2*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., Ó Néill, P., Uí Dhufaigh, M., & O Súilleabháin, E. (1996b). *Cúrsaí nua Gaeilge na bunscoile: Moltaí agus ábhar samplach. Imleabhar 2: Rang 3-6*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Hox, J. (2002). *Multilevel analysis: Techniques and applications*. Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum Associates.
- INTO (Cumann Múinteoirí Éireann): Coiste Oideachais. (1976). *Primary school curriculum: Curriculum questionnaire analysis*. Baile Átha Cliath: Údar.
- INTO (1985a). *The Irish language in primary education: Summary of INTO survey of teachers' attitudes to the position of Irish in primary education*. Baile Átha Cliath: Údar.
- INTO (1985b). *The Irish language in primary schools: Summary of the main findings of a survey of public attitudes by the Market Research Bureau of Ireland*. Baile Átha Cliath: Údar.
- INTO (1985c). *Survey of teachers' attitudes to the Irish language*. Baile Átha Cliath: Údar.
- INTO (1996). *Primary school curriculum: An evolutionary process*. Baile Átha Cliath: Údar.
- INTO (1998a). *Irish in the primary school: A discussion document*. INTO Consultative Conference on Education, Limerick. Baile Átha Cliath: Údar.

- INTO (1998b). *The curriculum for primary schools. Background paper*. INTO Consultative Conference on Education, Limerick. Baile Átha Cliath: Údar.
- INTO (2004). *Language in the primary school: An INTO discussion document*. Baile Átha Cliath: Údar.
- Johnstone, R. (2002). *Addressing 'the age factor': Some implications for language policy*. (Guide for the development of Language Education Policies in Europe: From Linguistic Diversity to Plurilingual Education. Reference study). Strasbourg: Comhairle na hEorpa.
- Kellaghan, T. (2001a). Reading literacy standards in Ireland. *Oideas*, 49, 7-20.
- Kellaghan, T. (2001b). Towards a definition of educational disadvantage. *Irish Journal of Education*, 32, 3-22.
- Kellaghan, T., Madaus, G.F., & Airasian, P.W. (1982). *The effects of standardized testing*. London: Kluwer-Nijhoff Publishing.
- Kellaghan, T., Macnamara, J., & Neuman, E. (1969). Teachers' assessments of the scholastic progress of pupils. *Irish Journal of Education*, 2, 95-104.
- Kellaghan, T., McGee, P., Millar, D., & Perkins, R. (2004). *Views of the Irish public on education: 2004 survey*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.
- Kellaghan, T., Sloane, K., Alvarez, B., & Bloom, B.S. (1993). *The home environment and school learning: Promoting parental involvement in the education of children*. San Francisco: Jossey-Bass.
- Kish, L. (1965). *Survey sampling*. New York: Wiley.
- Kowal, M., & Swain, M. (1997). From semantic to syntactic processing: How can we promote it in the immersion classroom? In R. K. Johnson & M. Swain (Eds.), *Immersion education: International perspectives* (pp. 284-309). Nua Eabhrac: Cambridge University Press.
- Little, D. (2003). *Languages in the post-primary curriculum: A discussion paper*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.
- Little, D., & Perclová, R. (2001). *European Language Portfolio: Guide for teachers and teacher trainers*. Strasbourg: Comhairle na hEorpa.
- Livingston, S.A., & Zieky, M.J. (1982). *Passing scores: A manual for setting standards of performance on educational and occupational tests*. Princeton, NJ: Educational Testing Service.
- Longford, N. (1993). *Random coefficient models*. Oxford: Clarendon Press.
- Lyster, R. (1987). Speaking immersion. *Canadian Modern Language Review*, 43, 701-711.
- Lyster, R. (1993). *The effect of functional-analytic teaching on aspects of sociolinguistic competence: A study in French immersion classes at the grade eight level*. Ph.D. thesis, University of Toronto (Ontario Institute for Studies in Education).
- Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & Ní Mhainín, T. (2005). *Staid reatha na scoileanna Gaeltachta 2004*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Mac Mathúna, L. (1985). The potential for Irish-English dual-medium instruction in the primary school. *Teanga*, 5, 57-71.
- Maccoby, E.E., & Jacklin, C.N. (1974). *The psychology of sex differences*. Stanford, CA: Stanford University Press.

- Macnamara, J. (1966). *Bilingualism and primary education: A study of Irish experience*. Edinburgh: University Press.
- Marsh, D. (2002). *CLIL (Content and Language Integrated Learning): The European dimension. Actions, trends and foresight potential*. Jyväskylä: University of Jyväskylä.
- Martin, M., & Kellaghan, T. (1977). Factors affecting reading attainment in Irish primary schools. In V. Greaney (Ed.), *Studies in reading* (pp. 92-104). Baile Átha Cliath: Educational Company of Ireland.
- McGee, P. (1977). An examination of trends in reading achievement in Dublin over a ten-year period. In V. Greaney (Ed.), *Studies in reading* (pp. 27-35). Baile Átha Cliath: Educational Company of Ireland.
- Mislevy, R. J., & Bock, R. D. (1990). *BILOG 3: Item analysis and test scoring with binary logistic models* (2nd ed.). Mooresville, IN: Scientific Software.
- Mitchell, R. (1994). The communicative approach to language teaching: An introduction. In A. Swarbrick (Ed.), *Teaching modern languages*. London: Routledge/Open University.
- Morgan, M., Hickey, B., & Kellaghan, T. (1997). *International adult literacy survey: Results for Ireland. Report to the Minister for Education*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- NCCA (National Council for Curriculum and Assessment). (1999a). *Curaclam na bunscoile: Gaeilge: Teanga*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- NCCA. (1999b). *Curaclam na bunscoile: Gaeilge: Teanga: Treoirín do Mhúinteoirí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- NCCA. (1999c). *Curaclam na bunscoile: Réamhrá. Primary school curriculum: Introduction*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ní Mhóráin, M. (2005, July). *An gá le curaclam don chainteoir dúchais Gaeilge*. Páipear a cuireadh i lathair ag comhdháil idirnáisiúnta Chonradh na Gaeilge ar Cheist na Teanga i gCóras Oideachais na hÉireann, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- Ó Domhnailláin, T., & Ó Gliasáin, M. (1976). *Audio-visual methods v. a.b.c methods in the teaching of Irish*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Fathaigh, M. (1991). *Learning Irish in second level schools: Attitudes, motivation and achievement*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge.
- Ó Riagáin, P. (1982). The influence of the social factors on the teaching and learning of Irish. In W.F. Mackey *et al.* (Eds.), *Contemporary perspectives on the teaching of Irish*. Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge.
- Ó Riagáin, P. (1986). *Public and teacher attitudes towards Irish in the schools. A review of recent studies. Occasional Paper 6*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Riagáin, P. (1997). *Language policy and social reproduction: Ireland 1893-1993*. Oxford: Clarendon Press.
- Ó Riagáin, P., & Harris, J. (1993). Ireland: Multilingual policies in Irish first and second level schools. In U. Ammon, K. J. Mattheier, & P. Nelde (Eds.), *Multilingual concepts in the schools of Europe. Sociolinguistica 7* (pp. 152-161).

- Ó Riagáin, P., & Ó Gliasáin, M. (1979). *All-Irish primary schools in the Dublin area*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Riagáin, P., & Ó Gliasáin, M. (1994). *National survey on languages 1993: Preliminary report*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Siaghail, G., & Déiseach, C. (2004). *Próifílí measúnachta don Ghaeilge sna scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge: Lámhleabhar*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.
- OECD (Organisation for Economic Cooperation and Development)/Statistics Canada (2000). *Literacy in the information age: Final report of the International Adult Literacy Survey*. Paris: OECD.
- Postlethwaite, T.N. (1995). Calculation and interpretation of between-school and within-school variation in achievement. In OECD, *Measuring what students learn* (pp. 81-91). Paris: OECD.
- Pritchard, R. (1987). Boys' and girls' attitudes towards French and German. *Educational Research*, 29 (1), 65-72.
- Shiel, G., & Kelly, D. (2001). *The 1999 national assessment of mathematics achievement*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.
- Shiel, G., Cosgrove, J., Sofroniou, N., & Kelly, A. (2001). *Ready for life: The literacy achievements of Irish 15-year olds in an international context*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.
- Skehan, P. (1990). The relationship between native and foreign language learning ability: Educational and linguistic factors. In H. Dechert (Ed.), *Current trends in European second language acquisition research* (pp. 83-106). Clevedon: Multilingual Matters.
- Spolsky, T. (2004). *Language policy*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Swain, M. (1981). Linguistic expectations: Core, extended and immersion programs. *Canadian Modern Language Review*, 37, 486-497.
- Swain, M. (1985). Communicative competence: Some roles of comprehensible input and comprehensible output in its development. In S. Gass & C. Madden (Eds.), *Input and second language acquisition* (pp. 235-253). Rowley, MA: Newbury House.
- Swain, M. (1993). The output hypothesis: Just speaking and writing aren't enough. *Canadian Modern Language Review*, 50, 158-164.
- Swain, M., & Carroll, S. (1987). The immersion observation study. In B. Harley, P. Allen, J. Cummins, & M. Swain (Eds.), *The development of bilingual proficiency: Final report, Vol. 2*, (pp. 190-341). Toronto: Ontario Institute for Studies in Education. Modern Language Centre.
- Swain, M., & Johnson, R. K. (1997). Immersion education: A category within bilingual education. In R.K. Johnson & M. Swain (Eds.), *Immersion education: International perspectives* (pp. 1-18). New York: Cambridge University Press.
- Trim, J. (2002). *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment. Guide for users*. Strasbourg: Comhairle na hEorpa.
- Weir, S. (2001). The reading achievement of primary school pupils from disadvantaged backgrounds. *Irish Journal of Education*, 32, 23-43.
- Westat. (2000). *WesVar complex samples 4.2*. Rockville, MD: Údar.

